



# Ár gCóras a Athchóiriú chun Cúram níos Fearr a chur ar Fáil



# 2023 Sracfhéachaint



**5.3 milliún**

duine ina gcónaí in Éirinn, ardú de ▲ 97,000 duine i 12 mí



**37%** ▲ ardú ar an líon daoine 65 bliain d'aois nó os a chionn ó 2014



**84.3 bliain**

ionchas saoil na mban;

**80.5 bliain**

ionchas saoil na bhfear



Tá an líon daoine a fhaigheann bás de bharr na hailse níos airde anseo ná an meán san AE, agus is ailse is cúis le **29%** de na básanna go léir



Fuair **89.4%** de leanaí 24 mí d'aois vacsaín don bhruitíneach, don leicneach, agus don bhruitíneach dhearg (MMR) (► mar an gcéanna le 2022 ach ▼ 6% faoi bhun sprioc 2023)



D'éirigh **57.5%** díobh siúd a chaith tobac agus a d'fhreastail ar chlár scoir as tobac laistigh de cheithre seachtaine (▲ 16% d'ardú ar 2022 agus ▲ 20% os cionn sprioc 2023)



Ráta **65.7%** ráta a d'fhreastail ar scagthástáil BreastCheck (▼ 13% faoi líon 2022 agus ▼ 6% faoi bhun sprioc 2023)



**83.8%** ar liostaí feithimh i gcomhair measúnaithe teanga agus urlabhra ≤ 52 seachtain (▼ 5% níos ísle ná 2022 agus ▼ 16% faoi bhun sprioc 2023)



**95,962** líon iomlán atreuithe chuig na Foirne Idirghabhála Pobail (▲ 14.5% os cionn 2022 agus ▲ 18% os cionn sprioc 2023)



**1.12 milliún** teagmháil le DT (GP) Lasmuigh de Ghnáth Uaireanta Oibre (▼ 2% faoi bhun 2022 agus ▼ 2% faoi bhun sprioc 2023)



**1.61 milliún** duine a raibh cártaí leighis acu ar an 31 Nollaig (▲ 3% os cionn 2022 agus ▼ 1% faoi bhun sprioc 2023)

Tá tuilleadh eolais faoinár ngníomhaíochtaí i 2023 in Aguisín 3 den Tuarascáil seo.

# 2023 Sracfhéachaint



**55,652** duine ag fáil tacaíocht baile, níl uaireanta na bPacáistí Dianchúraim Baile san áireamh (▼ 1% faoi bhun 2022 ach ► ag teacht le sprioc 2023)



**4,471** leaba faoi Scéim Tacaíochta Tithe Altranais, in aonaid phobail fadchónaithe (▲ 1% os cionn 2022 ach ▼ 1% faoi bhun sprioc 2023)



**68.7%** atreoruithe / atreoruithe in athuair ar tugadh a gcéad choinne dóibh agus a chonaic an Fhoireann Ginearálta Mheabhairshláinte Pobail d'Aosaigh laistigh de 12 seachtain (▼ 2% faoi bhun 2022 agus ▼ 8% faoi bhun sprioc 2023)



**3.54 milliún**

uair an chloig tacaíochta baile curtha ar fáil do dhuine faoi mhíchumas (▲ 5% os cionn 2022 agus ▲ 13% os cionn sprioc 2023)



Bhog **70** duine amach as suíomh comhchónaithe go suíomh pobail (▲ 100% os cionn 2022 ach ▼ 4% faoi bhun sprioc 2023)



**8,472** iarratas ar mheasúnú do riachtanais leanaí faighte (▲ 25% os cionn 2022 agus ▲ 29% faoi bhun sprioc 2023)



**45,424** seisiún faoisimh lae do dhaoine faoi mhíchumas (▲ 60% os cionn 2022 agus ▲ 86% faoi bhun sprioc 2023)



**160** áit éigeandála nua curtha ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas (▲ 55% os cionn 2022 agus ▲ >100% os cionn sprioc 2023)

# 2023 Sracfhéachaint



**95.9%** den líon daoine a d'fhreastail ar Rannóga Éigeandála (RÉ), sa RÉ <24 uair an chloig (► mar an gcéanna le 2022 agus ▼1% faoi bhun sprioc 2023)



**73.6%** do dhaoine ag feithimh <9 mí i gcomhair chóireáil roghnach (othar cónaitheach) agus 81.6% ag feithimh i gcomhair chóireáil roghnach (cás lae) (▼18% agus ▼9% faoi seach faoi bhun sprioc 2023; ní thig comparáid a dhéanamh le 2022 – méadrach nua do 2023)



**86.6%** ag feithimh <15 mí lena gcéad choinne a fháil le seirbhís sna Rannóga Seachtracha (▼4% faoi bhun sprioc 2023; ní thig comparáid a dhéanamh le 2022 – méadrach nua do 2023)



**3.65 milliún** a d'fhreastail den chéad uair nó a d'fhill ar chlinicí seachtracha (▲7% os cionn 2022 agus ▲8% os cionn sprioc 2023)



**1.36 million** freastal nua ar RÉ (► mar an gcéanna le 2022 ach ▲1% os cionn sprioc 2023)



**1.7%** líon daoine a tháinig ar ais san ospidéal céanna do chóireáil máinliachta laistigh de 30 lá i ndiaidh dóibh a bheith scaoilte amach (► mar an gcéanna le 2022 ach ▲15% os cionn sprioc 2023)

Tá tuilleadh eolais faoinár ngníomhaíochtaí i 2023 in Aguisín 3 den Tuarascáil seo.

# Clár

## GUID I

<b>1</b>	<b>Forléargas</b>	<b>3</b>
1.1	Ráiteas ón gCathaoirleach	4
1.2	Athbheithniú an Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin	6
<b>2</b>	<b>An Cúlra</b>	<b>9</b>
2.1	Ár bhFís i ndáil le Seirbhís Sláinte na h Éireann	10
2.2	Coinníollacha a Leagan Síos d'Athrú Rathúil	12
2.3	Comhpháirtíocht lenár nOthair agus Úsáideoirí na Seirbhísí	16
2.4	Sláinte an Phobail	18
2.5	Na Príomhdhúshláin i 2023	22
<b>3</b>	<b>Súil siar ar an mBliain – Feidhmíocht agus Príomhspricanna a Baineadh amach</b>	<b>25</b>
3.1	Rochtain ar Chúram a Fheabhsú	26
3.2	Príomhsheirbhísí a Neartú	30
3.3	Éifeachtúlacht maidir lenár nAcmhainní	38
3.4	Iontaoibh agus Muinín a Chothú	42
3.5	Gradaim Sármhaitheasa na Seirbhíse Sláinte 2023	46
<b>4</b>	<b>Bainistíocht agus Cuntasacht</b>	<b>51</b>
4.1	Tuarascáil um Rialachas agus Chomhaltaí an Bhoird 2023	52
<b>5</b>	<b>Aguisíní</b>	<b>67</b>
Aguisín 1:	Struchtúr na hEagraíochta agus Soláthar na Seirbhísí	68
Aguisín 2:	Sonraí Caiteachais agus Acmhainní Daonna	70
Aguisín 3:	Plean Seirbhíse Náisiúnta 2023, Scórchárta Náisiúnta agus Príomhghníomhaíochtaí	71
Aguisín 4:	Bonneagar Caipitil	78
Aguisín 5:	Tuairisc de réir cheanglais Alt 55 den Acht Sláinte 2004 (Gearáin)	83
Aguisín 6:	Tuarascáil Bhliantúil – Nochtaí Cosanta 2023	86
Aguisín 7:	Tuarascáil um Bainistiú Riosca	91
Aguisín 8:	Sceideal – Tinreamh, Táillí agus Costais an Bhoird agus na gCoistí	95
Aguisín 9:	Comhlíonadh Reachtach	99
Aguisín 10:	Gluais Téarmaí	100

## GUID II

<b>6</b>	<b>Rialachas Airgeadais</b>	<b>105</b>
	Forléargas ar Fheidhmíocht agus Airgeadas 2023	106
	Ráiteas ar Rialú Inmheánach	110
	Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais	129
	Ráitis Airgeadais	134
	Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	139
	Aguisíní	168



# 1 Forléargas

1.1 Ráiteas ón gCathaoirleach

1.2 Athbhreithniú an Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin



## 1.1 Ráiteas ón gCathaoirleach



Mar chathaoirleach FnaSS, is cúis áthais dom an Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais FnaSS don bhliain 2023 a chur i láthair.

Baineann ár gcuid seirbhísí sláinte amach torthaí atá níos fearr ná a bhaintear amach san Eoraip, ina lán cásanna. Aithníonn an pobal caighdeán an chúraim shláinte a chuireann FnaSS agus ár gcomhpháirtithe ar fáil sna seirbhísí pobail agus sna hospidéal. Tuairiscíonn ráta an-ard de mhuintir na hÉireann go mbraitheann siad go bhfuil a riocht sláinte an-mhaith, sin an ráta is airde san Aontas Eorpach. Tá Éire freisin i measc grúpa beag de sheacht dtír de chuid an AE ina bhfuil ionchas saoil, ag tráth a mbreithe, os cionn 82 bliain.

Tá sé seo amhlaidh mar thoradh ar fheabhsuithe suntasacha ar rátaí básmaireachta i gcás a lán de na cúiseanna coitianta báis, le deich mbliana anuas. Is údar mór misnigh é gur tharla sé seo in ainneoin na paindéime COVID-19 agus léiríonn sé seasmhacht agus neart ár seirbhísí sláinte.

Is é an dúshlán atá romhainn anois ná a chinntiú go leanfar le torthaí dearfacha, den chineál sin, ó thaobh sláinte na ndaoine ach ag an am céanna beidh muid ag obair le chéile chun dul i ngleic le heasnaimh aitheanta sna seirbhísí a chuireann isteach ar rochtain na seirbhísí agus ar chaighdeán an chúraim. Is í an fhís atá againn maidir le sábháilteacht othar ná go bhfaighidh gach othar, a úsáideann seirbhísí um chúram sláinte agus sóisialta, cúram ar bhealach chomh sábháilte agus is féidir. Mar sin féin, teipeann go tubaisteach ar chóireáil uaireanta agus déantar dochar do dhaoine dá bharr seo. Is ábhar aiféala agus imní do gach duine i FnaSS agus sa chóras i gcoitinne iad na teipeanna seo. Nuair a tharlaíonn nithe den chineál sin, bíimid, mar Bhord, ag súil go gcuirfear prionsabal an Nochtadh Oscailte i bhfeidhm ar fud FnaSS agus ár gcomhpháirtithe maoinithe. Bíimid ag súil freisin go bhfoghlaimfeofar ceachtanna cuí agus go gcuirfear bearta ceartúcháin i bhfeidhm chun a chinntiú nach dtarlóidh eachtraí den chineál seo chomh minic.

Tá a lán oibre le déanamh fós chun rochtain ar sheirbhísí ospidéal a chinntiú nuair a bhíonn siad de dhíth ar dhaoine, ar nós, rochtain ar sheirbhísí um chúram sceidealaithe agus neamhsceidealaithe, rochtain ar sheirbhísí a thacaíonn le dínit agus príobháideacht agus nuair a bhíonn daoine ag streachailt leis an saol, rochtain ar sheirbhísí meabhairshláinte agus míchumais - go háirithe do leanaí agus do dhaoine óga chomh maith le rochtain ar thacaíochtaí ionas go mbeidh daoine aosta ábalta maireachtáil go neamhspleách sa phobal agus cúram cónaithe ar ardchaighdeán a bheith ar fáil dóibh, nuair is gá.

Seoladh an *Treochlár um Fheabhsú Seirbhíse 2023-2026 Seirbhísí Míchumais do Leanáí agus Daoine Óga*, i mí Dheireadh Fómhair 2023. Tá tús curtha le feidhmiú an chláir agus leanfar leis. Tá foireann náisiúnta cliniciúil agus bhainistíochta speisialta bunaithe againn don tSeirbhís Mheabhairshláinte Leanáí agus Ógánach (CAMHS). Tugtar tús áite chomh maith do luath-idirghabhálacha agus rochtain fheabhsaithe ar sheirbhísí meabhairshláinte, atá dírithe ar an duine, de réir an bheartais um Chomhfhís: Beartas Meabhairshláinte do Chách agus leanfar leis an gcur chuige sin.

Táimid tar éis díriú níos fearr ar leasú na liostaí feithimh agus cúram práinneach, agus léiríodh é seo i *bPlean Oibriúcháin um Chúram Práinneach agus Éigeandála FnaSS 2023* agus sa *Plean Gníomhaíochta um Liostaí Feithimh*.

Táimid tar éis cur chuige a athrú maidir le Pleananna bliantúla Geimhridh agus anois tá pleananna i bhfeidhm don bhliain ar fad chun cúram neamhsceidealaithe a bhainistiú agus foilsíodh *Plean Oibriúcháin um Chúram Práinneach agus Éigeandála FnaSS 2023*, i mí Iúil. Tháinig laghdú 7.5% ar líon na n-othar ar thralaithe in ospidéal i 2023, i gcomparáid le 2022. Rinne FnaSS dul chun cinn níos mó ina leith seo sa dara leath de 2023, agus tháinig laghdú 20% ar líon na n-othar ar thralaithe ó mhí Iúil 2023, i gcomparáid leis na sé mhí chéanna i 2022.



Cé go bhfuil an iomarca othar fós ar thralaithe ag feitheamh le leaba othar cónaitheach, tá sé tábhachtach a rá go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta i mbliana agus tuigimid an tréaniarracht atá déanta chun an feabhas seo a bhaint amach.

Cuireann an Plean Gníomhaíochta um Liostaí Feithimh leis an dul chun cinn a baineadh amach i 2021 agus 2022 mar chuid den chur chuige ilbhliantúil, ar chuir an tAire Sláinte tús leis, chun liostaí feithimh agus amanna feithimh ospidéil a laghdú go leanúnach agus chun bogadh níos gaire d'uas-amanna feithimh, mar atá leagtha amach i *Sláintecare* a bhaint amach. Tugaimid tús áite i gcónaí don iarracht chun líon na ndaoine ar liostaí feithimh a laghdú, chomh maith leis an tréimhse a bhíonn siad ar na liostaí, agus leanfaimid orainn ag brú cur chuige comhtháite maidir le cúram othar ar fud na suíomhanna pobail agus géarchúraim. Rinneadh dul chun cinn le roinnt blianta anuas, maidir le tréimhsí feithimh othar agus ár liostaí feithimh a laghdú, in ainneoin an éilimh as cuimse a bhí ar sheirbhísí cúraim sceidealaithe. Fáiltimid roimh an dul chun cinn atá déanta agus leanfaimid ag brú tuilleadh feabhsuithe chun cinn.

Fáiltimid go háirithe roimh fheidhmiú na gconarthaí nua do chomhairleoirí poiblí amháin, a chuir, i dteannta an ardaithe ar líon na gcomhairleoirí, acmhainn shuntasach nua leighis san áireamh inár seirbhísí. Táimid ag tnúth go gcuirfidh an acmhainn seo dlús le breis gníomhaíochta, agus dá bharr, go laghdófar amanna feithimh do chúram sceidealaithe, sa bhliain amach romhainn. Tá dóthain comhairleoirí ag feidhmiú de réir an chonartha nua in a lán ospidéal agus suíomhanna cúram sláinte eile. Beidh bainistíocht agus ceannaireacht chliniciúil FnaSS ag obair lena chinntiú go mbainfear leas iomlán as na comhairleoirí nua seo i ngach ospidéal agus suíomh, lena chinntiú go mbainfidh othair leas iomlán as cinnteoirí sinsearach a bheith ar dualgas ar feadh tréimhsí níos faide sa lá, agus ag an deireadh seachtaine, chomh maith.

Bhí Cúram Pobail níos fearr, ríomhShláinte, Straitéisí Cliniciúla Náisiúnta, agus sábháilteacht othar fós mar thosaíochtaí ar ár gclár oibre i rith na bliana. D'oibrigh an Bord agus na Coistí le bainistíocht shinsearach FnaSS chun feabhsuithe a chinntiú ar fud an chórais ionas go mbeadh taithí agus torthaí níos fearr ag othair agus úsáideoirí na seirbhísí sa tseirbhís sláinte agus cúraim shóisialta agus tá sé beartaithe againn níos mó dul chun cinn a dhéanamh sna réimsí seo i rith na bliana atá romhainn.

Rinne FnaSS dul chun cinn maidir leis na sé Réigiún Sláinte nua, ag teacht lenár gclár oibre leasaithe. Tá feidhmiú na Réigiúin Sláinte an-tábhachtach chun *Sláintecare* a chur i bhfeidhm. Le blianta fada, rinne ár nGrúpaí Ospidéal agus ár nEagraíochtaí Sláinte Pobail freastal ar dhaoine a bhí grúpáilte ar bhealaí éagsúla, ag clúdach réimsí éagsúla agus de réir seirbhísí a bhí á mbainistiú ar bhealaí éagsúla. De bharr an chur chuige réigiúnach nua, déanfar seirbhísí a chomhtháthú, chomh maith le soiléireacht a chur ar fáil i ndáil le bealaí cúraim agus dearáí seirbhíse, a bheith bunaithe i ndáiríre ar riachtanais dhaonra an réigiúin ar leith. Dearadh na struchtúir nua i 2023, agus ceapfar foireann do na struchtúir sin sa bhliain atá romhainn. Níos tábhachtaí fós, léireofar dearadh na bpróiseas, na mbealaí agus na n-acmhainní a theastaíonn chun cúram comhtháite, bunaithe ar fhianaise a chur ar fáil don daonra.

Chomh maith le dearadh na struchtúr réigiúnach, tháinig athruithe i FnaSS láir i 2023. Fáiltíodh roimh Bernard Gloster mar ár bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin nua. I measc na dtascanna a ndeachaigh sé ina mbun ar dtús, rinneadh na feidhmeanna láir a athmhúnlú le go mbeidís ag teacht le samhail nua bunaithe ar na Réigiúin.

Tá na nithe seo a leanas ar chuid de na dúshláin atá romhainn agus muid ag cur an athchóirithe a theastaíonn i bhfeidhm chun cúram sláinte uilíoch a bhaint amach; brúnna déimeagrafacha, dúshláin airgeadais, fadhbanna a bhaineann le hearcú, oiliúint agus foireann cháilithe a choinneáil, an gá le níos mó infheistíochta sa teicneolaíocht, agus na fadhbanna atá fós ag baint le COVID-19. I ndeireadh na dála, ní féidir a leithéid de dhúshláin a réiteach mura mbíonn gach duine a bhfuil tionchar acu (idir foireann agus othair / úsáideoirí na seirbhísí) páirteach sa réiteach – i ndearadh agus i gcur i bhfeidhm an chúraim araon.

Ní bheadh an dul chun cinn atá á fheiceáil againn indéanta gan ár gcomhpháirtithe, go háirithe eagraíochtaí deonacha, ina measc gníomhaireachtaí Alt 38 agus 39 a bhfuil ról lárnach acu i soláthar cúram sláinte agus sóisialta. Murach ár gcomhpháirtithe, ní bheadh rath ar ár n-iarrachtaí, agus ní fhéadfaí dul i ngleic leis na dúshláin atá romhainn ar fad.

Thar ceann an Bhoird, gabhaim buíochas le Stephen Donnelly, an tAire Sláinte, Roderic O'Gorman, an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, agus na hAiri Stáit sa dá Roinn mar aon lena gcuid oifigeach. Thug siad an deis dúinn seirbhísí breise a chur ar fáil chun freastal ar mhóréileamh na n-aosach agus na ndaoine óga agus chun seirbhísí a oiriúnú do riachtanais na ndaoine is leochaill. Tá ár mbuíochas ag dul do díobh agus táimid tiomanta a chinntiú go mbainfear an leas is fearr as na hacmhainní a tugadh dúinn chun níos mó feabhsuithe a bhaint amach.

Ba mhaith leis an mBord buíochas ar leith a ghabháil leis an bhfoireann go léir atá ag obair in ospidéal, i suíomhanna pobail agus lenár seirbhísí tacaíochta as a n-iarrachtaí ollmhóra ionas go mbeadh ar ár gcumas ábalta na feabhsuithe atá le feiceáil a bhaint amach agus gabhaimid buíochas leo chomh maith as a dtiomantas leanúnach i ndáil le dul i ngleic leis na dúshláin seo arís i 2024. Ní mór aitheantas a thabhairt do shaothar chomhpháirtithe úsáideoirí na seirbhísí agus na n-othar le linn fhorbairt na seirbhíse mar bhí a n-ionchur, a cuireadh ar fáil ar bhonn deonach go minic, suntasach agus oiliúnach i rith na bliana. Tá an dul chun cinn atá déanta i 2023 agus na torthaí leanúnacha do mhuintir na hÉireann mar thoradh ar shaothar comhchoiteann gach duine agus seirbhís ar fud an chórais ar fad. Míle buíochas.

Táimid ag súil le bheith ag obair as láimh a chéile arís i 2024 mar chuid dár n-aistear i dtreo athchóiriú inbhuanaithe nuálach, ina mbeidh ár n-othair agus úsáideoirí na seirbhísí lárnach.



**Ciarán Devane**  
Cathaoirleach

## 1.2 Athbhreithniú an Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin



Táimid ag foilsiú Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte don bhliain 2023 agus muid ag tabhairt aghaidh ar bhliain eile ina mbeidh dúshlán oibriúcháin, chomh maith le hathruithe móra atá á ndéanamh chun cabhrú linn freastal ar na dúshlán sin amach anseo.

Ag deireadh mo chéad 12 mhí mar Phríomhfheidhmeannach, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo siúd go léir a mbímid ag brath orthu chun ár seirbhísí a chur ar fáil, ina measc, ár bhfoireann agus ár n-eagraíochtaí comhpháirtíochta, as a gcuid oibre agus a dtiomantas leanúnach. Is í an fhís atá againn ná seirbhís sláinte poiblí nua-aimseartha a chur ar fáil do chách. Seirbhís ina mbeidh rochtain chothrom, tapa agus trédhearcach ag gach duine ar chúram d'ardchaighdeán, san áit agus ag an am a mbíonn sé ag teastáil uathu. Is iad ár bhfoireann agus ár gcomhpháirtithe atá ag saothrú chun an fhís sin a fhíorú.

Tharla athruithe tábhachtacha i 2023 maidir leis an dóigh a gcuirimid seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta ar fáil, mar atá sonraithe i gClár an Rialtais agus sa Chlár Beartais *Sláintecare*. Chuireamar tús le bunú sé Réigiún Sláinte nua FnaSS, agus tá sé beartaithe an próiseas a chur i gcrích i 2024. Tá an t-athrú seo, mar aon leis an athrú ar mhéid, ar chuspóir agus ar fheidhm FSnaS ag an leibhéal náisiúnta (Lár) deartha chun cúram comhtháite, cinnteoireacht éifeachtach agus fócas áitiúil a bhaint amach. Tá athrú mór tagtha ar an eagraíocht le 18 bliain anuas.

Ní athrú struchtúrach an príomhspríoc atá leis an athchóiriú seo. Tá sé seo á dhéanamh againn chun a chinntiú gur seirbhís sláinte aonair a bheidh i gceist, a chuirfidh cibé cúram a theastaíonn ó dhaoine ar fáil dóibh ag an am ceart agus san áit cheart. Nuair a labhraímid faoi 'cúram comhtháite', sin é atá i gceist againn.

Mar atá in a lán de chórais cúram sláinte nua-aimseartha, tá dúshlán nua chomh maith le sean-dúshlán romhainn. Tá daonra na hÉireann ag fás agus tá daoine ag maireachtáil níos faide agus iad níos sláintiúla ná a leithéidí i bhformhór na dtíortha eile san AE. Fáiltítear go mór roimhe seo, ach cruthaíonn sé dúshlán dúinn toisc nach mór dúinn a chinntiú go dtiocfaidh feabhas ar ár seirbhísí riachtanacha chun coinneáil suas leis an éileamh a bhaineann leis an athrú seo. De bharr na bhfeabhsuithe suntasacha ar chláir chliniciúla, nuálaíochtaí nua, teicneolaíocht agus athchóiriú eagraíochtúil, creidimid go gcinnteofar torthaí níos fearr dár n-othair agus d'úsáideoirí na seirbhísí.

I gcomhthéacs na deise seo maidir le cúram sláinte a fheabhsú go leanúnach, táim dírithe go mór ar an ngá atá ann le níos mó a dhéanamh leis na hacmhainní atá againn. Tá méadú mór tagtha ar mhaoiniú an rialtais don tseirbhís sláinte le blianta beaga anuas, ach tá an costas a bhaineann leis an gcúram is fearr a chur ar fáil don daonra, ag dul i méid. Tá dúshlán mór ag baint le boilsciú i gcomhthéacs an chúraim sláinte. Tá arduithe tagtha ar chostais fuinnimh ar fud an domhain agus an mhíshocracht eacnamaíoch agus coimhlíntí idirnáisiúnta leanúnacha, chomh maith le dúshlán fadtéarmacha COVID-19, fadhbanna i ndáil le hearcú agus coinneáil foirne agus imní maidir leis an aeráid, mar dhúshlán romhainn ar fad.

Déanfaidh na bealaí nua chun déileáil le tinnis, ar a dtugtar conair chúraim nuachóirithe athrú ar an mbealach a ndéanaimid freastal ar an daonra. Dá bharr seo, bainfear úsáid as na nuálaíochtaí is déanaí chun cúram sláinte a chur ar fáil d'othair. Cuirfidh réimse forbairtí i gcúram príomhúil faoin gceannteideal Cúram Pobail Feabhsaithe cóireáil chuí ar fáil do níos mó agus níos mó daoine sa phobal, gar don bhaile, seachas inár n-ospidéal ghéarmhíochaine.

Bíonn daoine go fóill, agus ní gan ábhar, ag díriú ar ár n-ospidéal ghéarmhíochaine, maidir leis an taithí a bhíonn ag daoine a fhreastalaíonn ar rannóga éigeandála agus óna nglactar isteach san ospidéal iad, agus díritear chomh maith ar na daoine atá ag fanacht le cúram sceidealaithe, i gcásanna áirithe ar feadh tréimhse atá i bhfad rófhada. Tá líon na ndaoine a fhreastalaíonn ar ár n-ospidéal, cibé acu i gcásanna éigeandála nó le haghaidh coinní agus cleachtais sceidealaithe, ag méadú go leanúnach i 2024. Is dúshlán mór dúinn na hacmhainní a theastaíonn a chur ar fáil don chóras ospidéal géarmhíochaine a bhainistiú, i gcomhthéacs an éilimh atá ag méadú de shíor.

Táimid tiomanta chomh maith i leith mheabhairshláinte ár ndaonra a fheabhsú. Tugann muid tús áite do luath-idirghabháil i gcás leanaí agus ógánach, feabhas a chur ar luath-idirghabhálacha do sheirbhísí meabhairshláinte d'aoisigh agus feabhas a chur ar rochtain ar sheirbhísí meabhairshláinte a bhíonn dírithe ar an duine. Aistríodh seirbhísí speisialaithe Míchumais Pobalbhunaithe chuig an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige i mí an Mhárta 2023 agus fuarthas faomhadh an Rialtais i rith na bliana don *Phlean Gníomhaíochta do Sheirbhísí Míchumais 2024-2026* atá, mar aon leis an *Treochlár um Fheabhsú Seirbhíse 2023-2026*, *Seirbhísí Míchumais do Leanaí agus Ogánaigh*, mar bhonn agus mar thaca i ndáil le forbairtí na seirbhísí riachtanacha. Ina theannta sin, tá líon na ndaoine níos sine ag fás; cuirimid fáilte roimh chomh rathúil agus atá rátaí ionchais saoil, ach ní mór dúinn a chinntiú go dtugaimid aire dár ndaoine aosta agus go bhfreagraímid dóibh, mar bíonn a lán díobh lag agus leochaileach, de bharr a bheith buailte ag galair ainsealacha.

Cé go bhfuil muid ag dul i ngleic le dúshlán mhóra, tá go leor nithe bainte amach againn i 2023. Cé gur tháinig ardú níos mó ar an líon othar ar liostaí feithimh ná mar a bhíothas ag súil leis, bhaineamar i bhfad níos mó daoine de na liostaí ná mar a bhí leagtha amach mar sprioc againn. Faoi dheireadh na bliana, laghdaigh muid líon na liostaí feithimh tuairim is 2.7%, agus laghdaíodh an meánfhad feithimh go dtí seacht mí go leith. Táimid ag tabhairt isteach teicneolaíochtaí níos nuálaí ar nós, Treochlár Teileashláinte FnaSS; tá sé beartaithe againn cur leis na feabhsuithe seo sna míonna agus sna blianta amach romhainn.

Tá ról an-tábhachtach ag soláthraithe deonacha i soláthar seirbhísí sa tseirbhís sláinte agus sa chúram sóisialta. Ní mór dúinn comhpháirtíocht, comhoibriú agus obair chomhtháite a fheabhsú ina leith seo. Tugaimid tús áite chomh maith do chomhpháirtíocht le hothair, lena chinntiú go gcloistear céard atá le rá ag othair agus ag úsáideoirí na seirbhísí agus go mbíonn éifeacht i ndáiríre agus tionchar fiúntach ag an taithí a bhíonn acu ar dhearadh, ar sheachadadh agus ar mheasúnú na seirbhísí.

Ní amháin go léirítear cuntasacht sa Tuarascáil Bhliantúil seo ach tugann sí léargas freisin ar an gcaoi a n-oibríonn FnaSS. Tugtar léargas sna leathanaigh seo ar fhairsinge agus ar chastacht na hoibre a bhfuil muid, mar eagraíocht, bródúil as a dhéanamh dár muintir ar fad. Tá sé mar aidhm ag ár bplean athchóirithe, a bhfuil dlús curtha faoi, an fhís a fhíorú i dtaca le seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta na hÉireann a athchóiriú.

Léiríonn an tuarascáil seo saothar FnaSS don bhliain 2023. Cheana féin i 2024, tá dul chun cinn maith déanta againn maidir le bliain eile seirbhíse a sholáthar, le níos mó acmhainní ná mar a bhí againn riamh, níos mó éilimh, níos mó dúshlán maidir le dóthain fórsa oibre chomh maith le leibhéal athraithe as cuimse, ar mhaithe le leas an phobail. Nuair a bheidh muid ag tuairisciú an chéad uair eile, beidh muid ag súil le tuilleadh feabhsuithe maidir le rochtain ar sheirbhísí, torthaí níos fearr ó na seirbhísí sin, sábháilteacht fheabhsaithe i ndáil leis an gcúram a chuirimid ar fáil agus táirgiúlacht níos fearr i dtaca leis an tslí a n-úsáidimid na hacmhainní atá againn.



**Bernard Gloster**  
*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*



## 2 An Cúlra

- 2.1 Ár bhFís i ndáil le Seirbhís Sláinte na h Éireann
- 2.2 Coinníollacha a Leagan Síos d'Athrú Rathúil
- 2.3 Comhpháirtíocht lenár nOthair agus Úsáideoirí na Seirbhísí
- 2.4 Sláinte an Phobail
- 2.5 Na Príomhdhúshláin i 2023

## 2.1 Ár bhFís i ndáil le Seirbhís Sláinte na h Éireann

Tá ár gclár oibre maidir le hathrú dearfach sláinte agus cúraim shóisialta ag teacht le *Clár an Rialtas: Ár dTodhchaí Le Chéile, Sláintecare*, na *Prionsabail Chomhpháirtíochta* (Aibreán 2023), *Plean Corparáideach FnaSS 2021-2024* agus *Plean Forfheidhmithe Réigiúin Sláinte FnaSS* (Iúil 2023).

Níl ár gcóras reatha inbhuanaithe de bharr ár ndaonra a bheith ag dul i méid, agus an méadú atá ag teacht ar riachtanais cúram sláinte agus sóisialta mar gheall ar an daonra a bheith ag dul in aois agus méadú ar ghalair ainsealacha. Táimid ag forbairt ár samhla cúraim chun dul i ngleic leis seo, agus táimid ag díriú ar aistriú cúraim ón ospidéal go dtí an pobal agus an baile, chomh maith le sláinte agus folláine a chothú.

Léiríonn *Plean Corparáideach FnaSS 2021-2024* ár dtiomantas maidir le hÉirinn níos sláintiúla a chruthú, ina bhfaighidh daoine an cúram ceart, ag an am ceart agus san áit cheart. Beidh an bhunspríoc i ndáil le bogadh i dtreo cúram sláinte uilíoch san áireamh nuair a bheidh ár bPlean Corparáideach nua á ulmhú i 2024.





## Plean Seirbhíse Náisiúnta 2023 – Príomhstraitéisí

Leagtar amach sa *Phlean Seirbhíse Náisiúnta 2023* (NSP 2023) feidhmiú an tríú bliain den *Phlean Corparáideach 2021-2024*. Thug an PSN cuntas ar chineál agus ar líon na seirbhísí sláinte agus sóisialta atá beartaithe do 2023 bunaithe ar bhuiséad de €21.6bn, méadú tuairim is €1bn ar an mblain roimhe sin. I measc na bpríomhspriocanna do 2023, bhí:

- An Clár um Chúram Pobail Feabhsaithe a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear líonraí cúram sláinte pobail agus foirne speisialtóra pobail, a oibreoidh ar bhealach comhtháite chun cúram ó thús go deireadh a chur ar fáil, daoine a choinneáil amach as na hospidéal, ag glacadh le cur chuige um chúram ‘sa bhaile ar dtús’
- Conairí cúraim nuachóirithe a fhorbairt, príomhghné de chuid an *Phlean Gníomhaíochta um Liosta Feithimh 2023*, rogha tosaigh maidir le cúram comhtháite a chur ar fáil agus cuid thábhachtach do na Réigiúin Sláinte nua
- Tús áite a thabhairt do luath-idirghabháil um meabhairshláinte leanaí agus ógánach, feabhas a chur ar luath-idirghabhálacha do sheirbhísí meabhairshláinte d’aoisigh agus rochtain ar sheirbhísí meabhairshláinte atá dírithe ar an duine a fheabhsú tríd is tríd
- Príomhseirbhísí tacaíochta sláinte agus sóisialta a theastaíonn ó dhaoine faoi mhíchumas a chur ar fáil trí chur chuige incriminteach a leagann síos bonn daingean chun seirbhísí a fhorbairt, ionas go dtiocfaidh feabhas ar eispéireas úsáideoirí na seirbhíse
- Na cineálacha iompraíochtaí sláinte a théann i bhfeidhm go díúltach ar shláinte in Éirinn a mhaolú, ar nós, caitheamh tobac agus ólachán per capita chomh maith leis an méadú as cuimse atá ag teacht ar fhadhbanna an iomarca meáchain agus murtaill, go háirithe i measc leanaí
- Feabhsuithe a chur chun cinn i ndáil le slándáil agus seasmhacht an bhonneagair náisiúnta. atá ríthábhachtach do sholáthar seirbhísí riachtanacha
- Leanúint ag stiúradh athchóirithe um leigheas sláinte poiblí chun seirbhís sláinte poiblí atá solúbtha, dinimiciúil, bunaithe ar fhianaise agus ar fhaisnéis a chur ar fáil
- Ardáin teicneolaíochta a sheachadadh le cur ar chumas an chórais cúram sláinte daoine a choinneáil sláintiúil sa bhaile, a oiread agus is féidir, ag cinntiú comhtháthaithe laistigh agus ar fud na seirbhísí pobail, ospidéal agus soláthraithe sainchúraim eile
- Ár gcur chuige maidir le pleanáil an fhórsa saothair, earcaíocht, uasóiliúint agus soláthar seirbhíse gairmiúla a

nuachóiriú ar bhealach gníomhach ionas go mbeadh fonn ar dhaoine muid a roghnú mar fhostóir, trí ionad oibre atá sásúil agus tairbheach a sholáthar dár sócmhainn is luachmhaire – ár ndaoine.

**I dteannta an PSN, d’ullmhaigh FnaSS Plean Caipitil chomh maith, agus leagadh amach na hinfheistíochtaí caipitil a theastaíonn ar fud suíomhanna príomhúla, pobail agus géarchúraim. Ba 1,157m an buiséad caipitil a cuireadh ar fáil do FnaSS i 2023 agus cuireadh €140m de sin i leataobh go sonrach i gcomhair tionscadail teicneolaíochta na faisnéise agus cumarsáide (TFC) (tá mionsonrú ina leith seo sa bPlean Caipitil ríomhShláinte agus TFC).**

Tugann tuairisc Scórchárta Straitéiseach an Bhoird (BSS) uasdátú do Bhord FnaSS gach mí maidir leis an dul chun cinn atá déanta de réir phríomhchláir / thosaíochtaí straitéiseacha don bhliain féilire, ag teacht le cuspóirí agus spriocanna PSN agus Plean Corparáideach FnaSS. Foilsítear (SSB) BSS ar shuíomh gréasáin FnaSS gach mí.

*Tá breis sonraí maidir le cur i gcrích PSN 2023 le fáil i gCuid 3 den Tuarascáil Bhliantúil seo.*

## 2.2 Coinníollacha a Leagan Síos d'Athrú Rathúil

I 2023, rinneamar dul chun cinn suntasach i dtaobh athraithe agus athchóirithe sa tseirbhís sláinte. Táimid ag athrú struchtúir na heagraíochta, agus é mar aidhm againn feabhas a chur ar thaithí na ndaoine ar a bhfreastalaímid.


### Is é ár sprioc ná seirbhísí comhtháite áitiúla a chur ar fáil níos gaire do bhaile

Is cumasóir bunriachtanach maidir le cúram sláinte uilíoch agus *Sláintecare* a chur i bhfeidhm atá i gceist le hathstruchtúir FnaSS i sé réigiún oibre chun seirbhísí a chur ar fáil:

- A bheidh comhtháite, pleanáilte agus curtha ar fáil go háitiúil
- Beidh sé níos éasca ag othair agus a dteaghlaigh rochtain a fháil ar na seirbhísí agus a mbealach a dhéanamh ina leith
- Ar fáil níos gaire do bhaile do na hothair nuair a bhíonn na seirbhísí sin de dhíth orthu – an cúram ceart, san áit cheart ag an am ceart.

Déanfar Clár na Réigiún Sláinte a chur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe ilbhliantúil ó 2024 agus tá roinnt príomhréimsí bunúsacha a ndearnadh dul chun cinn ina leith i 2023 anseo:

- Bunaíodh Foireann Chlár na Réigiún Sláinte FnaSS ag tús 2023 chun maoirseacht a dhéanamh ar dheardh agus ar chur i bhfeidhm an struchtúir nua réigiúnach agus na samhlacha oibriúcháin i gcomhairle le príomhpháirtithe leasmhara ar fud na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta, ina measc, othair agus úsáideoirí na seirbhísí, eagraíochtaí deonacha, lucht acadúil agus lucht déanta beartas
- D'fhorbair agus d'aontaigh Bord FnaSS *Plean Forheidhmithe Réigiún Sláinte FnaSS*, a leagann amach cuspóirí, gníomhartha rithábachtacha agus amlínite chun an clár a chur chun cinn, agus fuarthas tacaíocht ó pháirtithe leasmhara ina leith seo. D'fhógair an tAire Sláinte gur cheadaigh an Chomh-Aireacht an plean i mí Iúil 2023



- I gcomhar le príomhpháirtithe leasmhara, rinneadh dul chun cinn ar an obair ar chomhdhearadh Samhail um Sheachadadh Seirbhísí Comhtháite (ISD) ardleibhéil, ag obair ar dtús ar an gcineál struchtúr is oiriúnaí chun cúram comhtháite a sholáthar do phobail áitiúla laistigh de na réigiúin. Glaofar Limistéir Shláinte Chomhtháite orthu seo agus díreoidh siad ar shláinte daonra de thart ar 300,000 ar fud na réimsí cúraim a chuirimid ar fáil, gach céim ó chúram

chun maireachtáil go sláintiúil sa bhaile go cúram othar cónaitheach

- Críochnaíodh measúnú tionchair thíreolaíoch i mí Iúil, chun tacú leis an aistriú go dtí Réigiún Sláinte a bheidh nua ó thaobh na tíreolaíochta
- Comhaontaíodh ainmneacha nuashonraithe agus athbheithnithe do gach ceann de na Réigiún Sláinte bunaithe ar aiseolas ón bpobal agus ón bhfoireann araon



- Forbraíodh creat chun tacú le Réigiúin Sláinte maidir le feidhmiú na struchtúr agus na mbealaí nua oibre, lena n-áirítear bunú na Moil Athraithe agus Nuálaíochta. Cuirfidh na moil seo leis an saineolas bainistíochta athraithe atá riachtanach agus tabharfaidh siad le chéile iad chun tacú le foirne agus seirbhísí na líne thosaigh chun cuspóirí *Sláintecare* a bhaint amach.

### Comhdhearadh na samhla réigiúnaí i gcomhar le hothair, eagraíochtaí deonacha agus comhpháirtithe eile

Ba phríomhthosaíocht a bhí ann agus bhí sé ríthábhachtach éisteacht leis na hothair, úsáideoirí na seirbhísí agus na heagraíochtaí comhpháirtíochta agus a smaointe a chur san áireamh i ndearadh na Réigiúin Sláinte, chun a chinntiú go mbeidh seirbhísí dírithe ar an othar againn ar deireadh thiar.

I 2023:

- Chuathas i gcomhairle le breis is 5,700 páirtí leasmhar, . B'ionadaithe othar agus úsáideoirí na seirbhísí a bhí i dtuairim is 10% díobh sin

- Reáchtáladh roinnt ceardlann le hionadaithe othar agus úsáideoirí na seirbhísí agus príomhpháirtithe leasmhara chun comhdhearadh a leagan amach maidir le cur chuige chun comhpháirtíocht othar agus úsáideoirí na seirbhísí a chinntiú, sna Réigiúin Sláinte nua

- Ullmhaíodh straitéis agus cur chuige um chomhdhearadh, 'Comhpháirtíocht Othar agus Úsáideoirí na Seirbhísí i nDearadh Réigiúin Sláinte', chun rannpháirtíocht othar agus úsáideoirí na seirbhísí a chinntiú ag gach leibhéal, lena n-áirítear, moltaí faoi na ceanteidil seo a leanas:

1. Ionadaithe othar agus úsáideoirí na seirbhísí
2. Taithí na n-othar agus úsáideoirí na seirbhísí a fheabhsú
3. Rialachas agus cuntasacht a fheabhsú

- Ina dteannta siúd atá luaite thuas, cinntíodh go mbeadh othair agus úsáideoirí na seirbhísí mar bhaill de Ghrúpaí Rialachais Clár ionas go mbeadh ionchur acu i gcinnteoireacht maidir leis an gclár ag an leibhéal is airde.

### Socruithe rialachais a bhunú chun dlús a chur le feidhmiú athchóirithe

Tá na hathruithe maidir le socruithe rialachais cúram sláinte á ndearadh ionas go mbeidh daoine ábalta teacht ar ár seirbhísí ar bhealach níos éasca, agus chun cúram níos comhtháite, cuntasacht níos láidre, agus níos mó trédhearcachta a chur chun cinn ar fud na hearnála. Tá sé mar aidhm aige sin athrú agus nuálaíocht a chothú ar leibhéal áitiúil chun seirbhísí ar ardchaighdeán a chur ar fáil don phobal, bunaithe ar riachtanas, agus go mbeadh áit níos fearr ag ár bhfoireann oibre chomh maith.

Beidh sé mar aidhm ag na Réigiúin Sláinte cothromaíocht a bhaint amach idir an gá atá le comhsheasmhacht náisiúnta agus neamhspleáchas réigiúnach níos fearr, agus cuntasacht a bhaineann leis seo a bheith níos gaire don líne thosaigh. Tuairisceoidh Oifig Feidhmiúcháin Réigiúnacha (OFR) go díreach chuig an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus beidh siad mar chuid lárnach d'Fhoireann Cheannaireachta Shinsearach FnaSS, ag cur ionchur ó na Réigiúin san áireamh i bhforbairt beartas agus caighdeán náisiúnta. Gheobhaidh gach OFR tacaíocht ó Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin réigiúnach (EMT) a cheapfar i rith 2024.

### Clár Sláinte na Réigiún – Aistear Ilbhliantúil



## 2.2 Coinníollacha a Leagan Síos d'Athrú Rathúil

Chun a chinntiú go bhfuil an leibhéal cuí údaráis agus rialaithe oibriúcháin mar a beartaíodh ag na Réigiúin Sláinte agus chun tacú le cinnteoireacht níos cuíchóirithe, tá gá le hathrú bunúsach ar chuspóir agus ar fheidhm FnaSS Láir. Beidh freagracht agus cuntasacht ar FnaSS as a chinntiú go bhforbrófar caighdeáin, treoirlínte agus samhlacha cúraim atá comhsheasmhach ar bhonn náisiúnta i gcomhar leis na Réigiúin Sláinte, agus a chinntiú go bhfuil tacaíochtaí cuí ar fáil dóibh.

I 2023:

- Críochnaíodh an próiseas earcaíochta i gcomhair seisear OFR (REO) nua i mí na Nollag, agus cúigear OFR le bheith ina bpost faoi Mhárta 2024 agus an OFR deiridh le tosú in Aibreán 2024
- Chuaigh obair ar aghaidh ar fhorbairt struchtúr FBF (EMT) na Réigiúin Sláinte le hionchur ó na príomhpháirtithe leasmhara go léir. Comhaontaíodh samhail ardleibhéil agus tabharfar chun críche é i ndiaidh ionchur na nOifigeach Feidhmiúcháin Réigiúnach

- Rinneadh athbhreithniú agus ullmhaíodh plean don FnaSS Láir nua, a leanfaidh ar aghaidh ag feidhmiú na seirbhísí sin is fearr a choinneáil agus a bhainistiú ag leibhéal náisiúnta agus a chinnteoidh go dtacaíonn na seirbhísí sin go héifeachtach leis na réigiúin. Dearfar an chuid eile den FnaSS Láir chun na feidhmeanna a bhaineann le Pleanáil, Cumasú, Bainistíocht Feidhmíochta agus Ráthaíocht (PEPA) a chomhlíonadh.

### Ár mbonneagar digiteach a nuachóiriú chun comhtháthú níos fearr a chumasú

Beidh ríomhShláinte ina cumasóir ríthábhachtach chun cúram sláinte níos fearr agus níos cliste a sholáthar agus muid ag dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le mórchlár oibre athchóirithe. Beifear ag soláthar nuálaíochtaí agus réitigh a mbeidh rochtain, éifeachtúlacht agus caighdeán an chúraim níos fearr de thoradh orthu.

Tá tírdhreach ollmhór teicneolaíochta ag tacú le riar an chórais sláinte. Seo í an timpeallacht oibriúcháin TFC is mó sa Stát. I measc na bpríomhthosaíochtaí i 2023 bhí:

- Céim 2 de chlár O365 a chur ar fáil dár bhfórsa saothair digiteach
- Clár ascnamh digiteach HealthIRL feidhmithe i réimsí níos leithne

- Seoladh *Treochlár Teileashláinte FnaSS 2024-2027*
- Cur i bhfeidhm leanúnach na Seirbhísí cúram speisialaithe – Córas Bainistíochta Cliniciúil
- Críochnú an phlean tionscadail Taifead Leictreonach Sláinte de chuid Shláinte Leanáí Éireann.

Cinntíonn feidhmiú leanúnach an Phlean Caipitil ríomhShláinte agus TFC go bhfuil na réitigh atá á gcur i bhfeidhm faoi láthair ar fud na tíre ag soláthar bonn agus taca i gcomhair breis forbartha agus nuálaíochta agus tacóidh sé le bunú na Réigiúin Sláinte agus sa deireadh le cúram comhtháite othar-lárnach a chur ar fáil. Tá cinntí níos cliste agus feabhsuithe inbhuanaithe mar thoradh ar éabhlóid na teicneolaíochta sa chúram sláinte.

De réir mar a lean an eagraíocht ag forbairt go digiteach, socraíodh agus comhaontaíodh fis agus treo um ríomhShláinte chun bainistíocht agus úsáid níos fearr a bhaint as faisnéis sláinte, agus rochtain níos éasca ag cliniceoirí agus othair ar an bhfaisnéis sin, ag teacht le beartas an rialtais. Tacaíonn Coiste Teicneolaíochta agus Athchóirithe Bhord FnaSS freisin le cumas bunathraithe ríomhShláinte.

*Tá breis eolais faoi príomhthionscnaimh ríomhShláinte le fáil i gCuid 3.3.*





# Cúram

## 2.3 Comhpháirtíocht lenár nOthair agus Úsáideoirí na Seirbhísí

Bíonn gá le caidreamh comhoibríoch, comhionann in aon fhíor-chomhpháirtíocht agus bíonn rath ar chomhpháirtíocht den chineál sin i gcultúr comhoibrítheach. Tugtar cuireadh d'ionadaithe othar ar bhoird, ar phainéil chomhairleacha, ar ghrúpaí oibre straitéise, ar fhoirne tionscadail, agus ar chomhairlí ospidéil ionas go mbeadh comhpháirtíocht leis na daoine a úsáideann ár seirbhísí cúram sláinte agus sóisialta.

Mar eagraíocht, tuigimid, má oibrímid i gcomhpháirtíocht leis an bpobal agus, go sonrach, le húsáideoirí na seirbhísí, go mbeidh seirbhísí atá dírithe ar an duine atá comhtháite níos fearr, níos nuálaí againn agus bainfear torthaí níos fearr amach dá bharr seo. Mar sin, tugann FnaSS tús áite do chomhpháirtíocht othar chun a chinntiú go n-éistear leis na hothair agus le húsáideoirí na seirbhísí agus go mbíonn éifeacht agus tionchar ceart, fiúntach ag a dtaithe siúd ar dhearadh, ar sheachadadh agus ar mheasúnú na seirbhísí.

- Bunaíodh an fheidhm um Eispéireas Othar agus Úsáideoirí na Seirbhísí (PSUE) i FnaSS chun mol láraithe a chur ar fáil do gach straitéis PSUE, modheolaíochtaí feidhmithe agus oiliúint abhcóideachta, chomh maith le mol láraithe d'aiseolas ó othair agus

úsáideoirí na seirbhísí. Soláthraíonn sé treoir shaineolach do réimsí seirbhíse agus brúnn sé feidhmiú caighdeánaithe clár feabhsaithe PSUE ar aghaidh chun eispéireas iomlánaíoch a thomhas, monatóireacht a dhéanamh ina leith seo agus feabhas réamhghníomhach a chur ar aistear an othair agus úsáideoirí na seirbhísí, ó thús go deireadh

- Is comhthionscnamh é an Clár Náisiúnta um Eispéiris Chúraim idir FnaSS, an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) agus an Roinn Sláinte (DoH) a fhéachann le feabhas a chur ar chaighdeán na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta in Éirinn, trí cheisteanna a chur ar dhaoine faoina dtaithe cúraim agus ansin gníomhú de réir an aiseolais a fhaightear

Ó bunaíodh an clár i 2017, rinneadh cúig shuirbhé éagsúla, agus rinneadh Suirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Othar Cónaithe cúig huaire le linn na seacht mbliana sin. Díríodh ar bhás agus caillteanas sa suirbhé Náisiúnta ar Eispéireas um Méala Máithreachais agus sa suirbhé Náisiúnta Deireadh Saoil, a rinneadh i 2023 tríd an gclár. Bhí na suirbhéanna seo an-dúshlánach d'othair, úsáideoirí na seirbhísí agus dá ngaolta agus dá gcairde a ghlac páirt i ngach ceistneoir suirbhé. Is é ról na foirne PSUE ná éisteacht leis na hothair, freagairt don mhéid a atá á rá acu agus feabhas a chur ar an taithe cúraim. Oibríonn an fhoireann PSUE i gcomhpháirtíocht leis an bhfoireann curaím i ngach suíomh cúraim chun aiseolas othar a chur san áireamh sna pleananna a ullmhófar.



Christine Fenton, Urlabhraí Comhpháirtíochta, ag comhrá le Bernard Gloster, POF, ag an gcomhdháil

### Comhdháil Comhpháirtíochta Othar agus Pobail

I mí Dheireadh Fómhair, reáchtáladh an chéad Chomhdháil Náisiúnta bhliantúil FnaSS ar Chomhpháirtíocht Othar agus Pobail. Tugadh urlabhraithe othar, gairmithe cúram sláinte, lucht déanta beartas agus páirtithe leasmhara le chéile. Tá seirbhísí FnaSS ag úsáid samhail na comhpháirtíochta le hothair níos minice chun a chinntiú go gcloistear glórtha othar agus go mbíonn fíor-thionchar tairbheach ag eispéireas na n-othar ar na seirbhísí. Is éard atá i gceist le fíor-chomhpháirtíocht ná dul i gcomhairle leis na hothair go luath, go mbíonn siad páirteach i gcomhdhearadh na seirbhísí, go ndéantar maoirseacht ar fheidhmiú agus go ndéantar athbhreithniú ar thorthaí ionas go dtiocfaidh athrú dearfach de thoradh an phróisis. Ag labhairt dó ag an gcomhdháil, dúirt Bernard Gloster, POF, *“Beidh comhpháirtíocht le hothair agus úsáideoirí na seirbhísí (agus a dteaghlach, cúramóirí agus lucht tacaíochta) mar bhunchloch maidir leis an tslí a n-oibrímid ar fud ár gcóras sláinte agus ár n-earnáil sláinte i gcoitinne”*.

## Féinabhcóideacht

Reáchtáil Seirbhísí um Chúram Sláinte Pobail FnaSS an Cabhán, Dún na nGall, Liatroim, Muineachán, Sligeach (CH CDLMS) imeacht foghlama féinabhcóideachta i gcomhar le Cónaidhm Míchumais na hÉireann. D'fhreastail daoine aonair a fhreastalaíonn ar sheirbhísí míchumais, príomhoibríthe, baill foirne ó sheirbhísí míchumais, éascaitheoirí agus baill foirne ó sheirbhísí tacaíochta eile de chuid FnaSS ar an imeacht. Dúirt Ceannaire Sheirbhísí Míchumais FnaSS, CH CDLMS, Edel Quinn, go bhfuil *“féinabhcóideacht lárnach chun a chinntiú go gcloisimid guthanna daoine faoi mhíchumas agus muid ag pleanáil seirbhísí chun iarracht a dhéanamh na seirbhísí is fearr agus is féidir a chur ar fáil”*.



Joe Fallon, Gerry McCormick, Rose McDermott, Paul Meehan agus Gabriel Friel

I 2023, thug oifig PSUE cuireadh dár gcomhpháirtithe othar, trí Fhóram na nOthar, a bheith páirteach i nGrúpa Stiúrtha Suirbhé um Eispéreas Cúraim FnaSS. Is í an sprioc atá againn a chinntiú go bhfuil ár gcomhpháirtithe othar páirteach i bpleanáil agus i gcinnteoireacht ag gach céim den Chlár Náisiúnta um Eispéreas Cúraim

- De bharr bhunú na sé Réigiún Sláinte cúram sláinte agus sóisialta cuirfear cúram sláinte agus sóisialta cuimsitheach comhtháite, ar chaighdeán den chéad scoth, bunaithe ar an duine ar fáil trí ailíniú a dhéanamh ar na seirbhísí géarchúraim agus pobalbhunaithe. I rith na bliana, rinne Foireann Clár na Réigiún Sláinte, i gcomhar le hothair agus úsáideoirí na seirbhísí, moladh maidir le cur chuige do Chomhpháirtíocht Othar agus Úsáideoirí na Seirbhísí i nDearadh na Réigiún Sláinte. Ag tús 2024, cheadaigh Grúpaí Rialachais na Réigiún Sláinte an togra i bprionsabal agus tá tús curtha le hobair chun feidhmiú a phleanáil
- Tá sé chomhpháirtí othar páirteach i bhforbairt Phlean Forfheidhmithe Straitéiseach Sláinte Dhigiteach FnaSS, a bhfuil sé mar aidhm aige

na hathruithe maidir le cúram sláinte agus cúram sóisialta a léiriú níos fearr, agus an ról ríthábhachtach a bheidh ag teicneolaíocht agus digitiú i múnú chóras cúram sláinte na hÉireann sa todhchaí. Chomh maith leis sin, reáchtáil an Roinn Sláinte seisiún chomhairliúcháin i mí na Bealtaine maidir le Creat Straitéiseach nua um Shláinte agus Chúram Sóisialta Digiteach a fhorbairt do 2023-2030 agus d'fhreastail 16 chomhpháirtí othar ar na seisiúin

- Ar an 21 Samhain, d'fhreastail 35 comhpháirtí othar, foireann FnaSS agus foireann na Roinne Sláinte ar cheardlann ar Fhorbairt Chreat Straitéiseach nua *Sláintecare 2024-2027*. Chuir Oifig Bainistíochta an Chláir *Sláintecare* sonraí nua ar fáil maidir leis an dul chun cinn atá déanta i leith *Sláintecare* go dtí seo, chomh maith le bunphrionsabail agus príomhthosaíochtaí do 2024-2027. Ina dhiaidh sin reáchtáladh ceardlann chun treoir a thabhairt maidir leis na chéad chéimeanna eile i bhforbairt an chreata
- Bunaíodh an Grúpa Stiúrtha, Níos Fearr le Chéile i 2023, agus díriodh as an nua ar acmhainní foghlama a chomhdhearadh don chomhpháirtíocht, agus bunaíodh grúpa oibre chun é seo a chur chun cinn i rith 2024.


De bharr bhunú na sé Réigiún Sláinte cúram sláinte agus sóisialta cuirfear cúram sláinte agus sóisialta cuimsitheach comhtháite, ar chaighdeán den chéad scoth, bunaithe ar an duine ar fáil, trí ailíniú a dhéanamh ar na seirbhísí géarchúraim agus pobalbhunaithe.

## 2.4 Sláinte an Phobail

Ní mór pleanáil do chúram sláinte agus sóisialta a bheith bunaithe ar thuiscint maidir leis an daonra agus ar an dóigh a bhfuil sé ag athrú. Measadh go raibh 5.28 milliún duine ina gcónaí in Éirinn i mí Aibreáin 2023, sin ardú 97,600 duine ó Aibreán 2022, arbh é an t-ardú ba mhó ar an daonra é i rith 12 mhí ó 2008. Tá fás le feiceáil i ngach aoisghrúpa agus réigiún. Tá an fás daonra is suntasaí le feiceáil i measc aoisghrúpaí níos sine. Rugadh 54,493 leanbh sa bhliain 2023; Cé go bhfuil ár ráta breithe níos airde ná tíortha eile san Eoraip, tá laghdú tagtha ar líon bliantúil na mbreitheanna agus tá an ráta torthúlachta in Éirinn laghdaithe le deich mbliana anuas agus meastar go leanfaidh an laghdú sin ar aghaidh. De réir Suirbhé Éire Shláintiúil 2023, dúirt 86% den daonra go bhfuil a gcaighdeán beatha go maith nó go han-mhaith agus ní dúirt ach 5% den daonra go bhfuil a gcaighdeán beatha go dona nó an-dona.

Is é an meastachán is déanaí maidir le hionchas saoil in Éirinn ná 80.5 bliain i measc na bhfear agus 84.3 bliain i measc na mban. Is fiú a rá go bhfuil tionchar ag an gceantar ina maireann daoine in Éirinn ar ionchas saoil agus tá sé suntasach go bhfuil ionchas saoil ina measc siúd a chónaíonn i gceantair faoi mhíbhuntáiste cúig bliana níos lú ná an meán.

Fíor 1: Daonra iomlán na hÉireann, 1951-2023




Foinse Sonraí: An Phríomh-Oifig Staidrimh

### Tharla arduithe maidir le hionchas saoil le deich mbliana anuas de bharr laghdú básmhaireachta ó ghalair imshruthaithe, galair iscéimeach croí agus stróc, san áireamh.

Ba ghalair imshruthaithe an príomhchúis le básanna in Éirinn go dtí 2019, ach tháinig laghdú ar an ráta seo le deich mbliana agus anois tá na galair seo ar an dara cúis is coitianta le básanna agus tá básanna de bharr ailse sa chéad áit.

Tá rátaí ailse in Éirinn níos airde ná an meán san Aontas Eorpach (AE) agus ba í an ailse an chúis ba mó le básmhaireacht, i.e. ba í an ailse ba chúis le breis is 29% de na básanna ar fad i 2020. Is ailse scamhóg an chúis báis is coitianta fós. Is ailse scamhóg is cúis le bás amháin as gach cúig bhás le hailse. Ba ghalair imshruthaithe (thart ar 27% de na básanna go léir) agus galair riospráide (10%) an dara agus an tríú príomhchúis le básmhaireacht i 2020.

**Fíor 2: Príomhchúiseanna Báis, céatadán, 2022, aois 65 agus os a chionn**




## An pobal ag dul in aois agus caithfear tacaíocht a thabhairt dóibh

Ar an meán, bíonn saol níos faide agus níos sláintiúla ag daoine in Éirinn ina seanaois ná a bhíonn ag a leithéidí i bhformhór na dtíortha eile san AE agus caithfeann fir agus mná in Éirinn, i gcomparáid le meán an AE, an chuid is mó dá saol, i ndiaidh dóibh 65 bliain d'aois a bhaint amach, gan aon mhíchumas. (Fíor 3). Idir 2019 agus 2021, tháinig laghdú de bhliain amháin ar líon na mblianta a chaith daoine i ndea-shláinte tar éis dóibh 65 bliain a bhaint amach. Mar sin féin, tháinig feabhas ar ár rangú i measc an AE27, agus Éire anois sa dara háit anois, i ndiaidh na Sualainne.

Tá ardú 37% tagtha ar an daonra atá 65 bliain d'aois agus os a chionn ó 2014. Tá sé seo i bhfad níos airde ná meánmhéadú (16.5%) san AE. Ní mór dúinn pleanáil mar is cuí a chinntiú chun tacú lenár ndaonra aosta ionas go mbeidh ar a gcumas fanacht gníomhach ina bpobail agus ina dtithe chomh fada agus is féidir. Thuairiscigh Staidéar Fadaimseartha ar Aosú in Éirinn (TILDA) i 2020 go raibh 74% de dhaoine os cionn 58 bliain d'aois ag fulaingt le níos mó ná galar amháin. Meastar go méadóidh an líon daoine os cionn 50 bliain d'aois a bheidh ag fulaingt le galair ainsealacha go dtí os cionn 1.1 milliún faoi 2030. Ina theannta sin, léirigh

**Fíor 3: Maireann muintir na hÉireann níos faide agus bíonn siad níos sláintiúla ná a leithéidí sa gcuid is mó de thíortha an AE**



suirbhé TILDA, a rinneadh thar na blianta fada, méadú ar an líon daoine os cionn 50 bliain d'aois atá ag maireachtáil faoi leochaileacht ó 12.7% i 2009 / 2010 go 19.0% i 2016. Tagann méadú ar an leochaileacht le haois agus baineann riosca suntasach leis m.sh bíonn sé mar chúis le titim, mar aon le meath meabhairshláinte agus cognaíochta, chomh maith le míchumas i measc daoine fásta atá níos sine, agus dá bharr seo

bíonn gá le breis seirbhísí cúram sláinte agus sóisialta a bheith ar fáil. Ina theannta sin, tá sé tuartha i *Straitéis Náisiúnta na hÉireann maidir le Néaltrú*, 2014 go bhféadfadh ardú go dtí os cionn 150,000 duine a theacht ar líon na ndaoine a bheidh ag maireachtáil le néaltrú faoi 2046 agus go mbeadh impleachtaí suntasacha ag baint leis seo do sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta.



# 5.3 milliún

Duine ina gcónaí in Éirinn, ardú de ▲ 97,000 duine i 12 mí

### Tosca Sóisialta maidir le sláinte agus grúpaí imeallaithe

Braitheann dea-shláinte na ndaoine ar an timpeallacht shóisialta. Tá idircheangal idir an bhochtaineacht, an stádas socheacnamaíoch agus an tsláinte, agus dá bharr sin tá sé an-tábhachtach go mbeadh bunghnéithe maidir le dea-shláinte san áireamh i bpleanáil agus soláthar seirbhísí sláinte, agus baineann a lán de na bunghnéithe sin, leis an saol lasmuigh den chúram sláinte féin. Bíonn tionchar ag príomhthreochtaí i mbeartais ar nós, tithíocht, fostaíocht, oideachas agus caighdeán an aeir ar an tsláinte. Bíonn tionchar ag na treochtaí seo ar shaol na ndaoine, agus is féidir le heispéireas luath sa saol cabhrú le dea-shláinte nó a mhalairt, níos deireanaí sa saol.

Cé go bhfuil céatadán na leanaí atá faoi bhuntáiste fós ard ó 2020, tá méadú tagtha ar líon na ndaoine atá faoi mhíbhuntáiste in aoisghrúpaí eile. Tá an scéal níos measa de bharr arduithe móra ar phraghsanna atá daoine ag ioc ar earraí agus seirbhísí tomhaltais. Tháinig ardú 7.8% ar an bPraghasinnéacs Tomhaltóirí idir Eanáir 2022 agus Eanáir 2023; Sa bhliain suas go mí Eanáir, bhí na harduithe ba mhó le feiceáil i gcás tithíochta, leictreachais, gáis agus breoslaí eile, bia agus deochanna neamh-mheisciúla.

Bíonn riachtanais chasta sláinte ag grúpaí imeallaithe nó grúpaí atá eisiata go sóisialta agus bíonn torthaí sláinte níos measa acu de réir réimse táscairí, ina measc, galar ainsealach, galracht, básmhaireacht agus sláinte féintuairiscithe. Tá dúshlán mór ag baint le daoine gan dídean in Éirinn le breis agus 13,000 duine gan dídean. Is minic a bhíonn fadhbanna sláinte casta agus ainsealacha ag daoine gan dídean, mar shampla, fadhbanna meabhairshláinte agus andúile, agus bíonn bac orthu maidir le rochtain a fháil ar chúram sláinte cuí. Is minic a bhíonn éagothroime sláinte tromchúiseach i measc phobal an Lucht Siúil agus na Romach, as a dtagann torthaí sláinte níos measa, ionchas saoil níos ísle agus básmhaireacht naíonán níos airde, i gcomparáid leis an bpobal i gcoitinne. Mar thoradh air seo, is gnách go mbíonn Lucht Siúil na hÉireann i bhfad níos óige ná an daonra i gcoitinne, agus gan ach 4.5% díobh 65 bliain d'aois nó os a chionn, i gcomparáid le 15.1% i measc an daonra ginearálta de réir Dhaonáireamh 2022.

Cé go bhfuil roinnt tosca ann atá ina gcúis leis na difríochtaí i stádas sláinte i measc na ngrúpaí sóisialta, is féidir le rochtain chúil ar sheirbhísí sláinte a bheith cuidiúil. Ag deireadh na bliana 2023, bhí cárta leighis ag 1.6 milliún duine (30% den daonra) in Éirinn chun a chur ar a gcumas rochtain a fháil ar sheirbhísí (ina measc, seirbhísí Dochtúra Teaghlaigh (DT (GP) agus seirbhísí oidis). Bhí cárta cuairte DT (GP) ag breis agus 630,000 a thugann rochtain, saor in aisce ar chúram Dochtúra Teaghlaigh). Ina theannta sin, is féidir go leor galair agus básanna roimh am a chosc trí dhírú ar chúram coisctheach agus iompraíochtaí sláinte, ina measc gníomhaíocht choirp, bia sláintiúil, óige shláintiúil, meabhairshláinte agus folláine, aosú dearfach agus rialuithe maidir le tobac, alcól, drugaí.







# Comhbhá

## 2.5 Na Príomhdhúshláin i 2023

Dúshláin a bhaineann le cúram sláinte uilíoch a chur ar fáil: brúnna déimeagrafacha, dúshláin airgeadais, fadhbanna a bhaineann le hearcú, oiliúint agus coinneáil foireann cháilithe, an gá le níos mó infheistíochta sa teicneolaíocht, agus na fadhbanna oidhreachta a bhaineann le COVID-19. I ndeireadh na dála, ní féidir dúshláin den sórt sin a réiteach ach trí gach duine a bhfuil a bhfuil baint acu leis an gcóras, ina measc, an fhoireann, othair agus úsáideoirí na seirbhísí, a bheith páirteach sa réiteach – i ndearadh agus i gcur i bhfeidhm an chúraim araon.



# 3.65 milliún

A d'fhreastail den chéad uair nó a d'fhill ar chlinicí othar seachtrach

(▲ 7% os cionn 2022 agus  
▲ 8% os cionn sprioc 2023)

### Dúshláin a bhaineann le tréchar sa chóras a mbíonn tionchar acu ar liostaí feithimh agus rochtain

Chun an cúram ceart a chur ar fáil, ag an am ceart agus san áit cheart, tá gá le seirbhísí cúí agus leanúnacha a bheith ar fáil sa phobal, gar don áit a bhfuil othair agus úsáideoirí na seirbhísí ina gcónaí. In éagmais na seirbhísí seo, tá inní fós maidir le moill mhór inár n-ospidéal, mar shampla, liostaí feithimh do chúram sceidealaithe agus feithimh fhada i rannóga éigeandála (ED), go háirithe i gcás dhaoine aosta agus iad siúd a bhfuil riachtanais níos casta acu. Tháinig laghdú ar liostaí feithimh i 2022, agus i 2023, chonacthas líon othar ní ba mhó ná a chonacthas i 2022, i ngach réimse agus sháraigh sé na leibhéil ghníomhaíochta a bhí mar sprioc sa PSN (NSP) 2023. Thacaigh an maoiniú breise a cuireadh ar fáil i *bPlean Gníomhaíochta um Liostaí Feithimh 2023* (WLAP) leis an ardú gníomhaíochta seo. Tá dúshláin fós ag baint le feidhmíú PGLF (WLAP), áfach, ar nós COVID-19 / fliú / galair riospráide a bhíonn ag borradh go rialta, chomh maith le brúnna eile ar RÉ, chomh maith leis an líon ard atreoruithe.

**Sa tréimhse idir 2017 go 2023, tháinig ardú ó 1.25 milliún go 1.69 milliún ar an líon a d'fhreastail i gcomhair chúram neamhsceidealaithe, sin ardú 35%**

Tugann FnaSS tús áite do ghníomhaíochtaí chun dul i ngleic leis na dúshláin i gCúram Práinneach agus Éigeandála (UEC). Tá méadú mór tagtha ar an líon daoine a fhreastalaíonn ar RÉ in Éirinn le blianta beaga anuas de bharr chúinsí éagsúla, ina measc, fás déimeagrafach, an daonra ag dul in aois agus galair ainsealacha. Tá an fás is mó le tabhairt faoi deara san aoisghrúpa os cionn 75 bliain. Cuireann ár bhFoirene UEC cúram d'ardchaighdeán agus tarthála ar fáil do thuairim is 1.69 milliún cás in aghaidh na bliana. Cuireann an fás seo ar éileamh, chomh maith le dúshláin a bhaineann le hacmhainní eile an chórais sláinte, brú leanúnach ar ár seirbhísí. Cuireann an plódú a tharlaíonn in RÉ leis an riosca go ndéanfaí díobháil d'othair, úsáid neamhéifeachtúil as acmhainní agus cruthaíonn sé timpeallacht oibre dheacair don fhoireann.

In ainneoin an méid atá ráite thuas, tháinig laghdú 8% ar líon na n-othar ar thralaithe in RÉ i 2023, i gcomparáid le 2022, agus bhí laghdú 22% le feiceáil idir Iúil agus Nollaig. Bímid atá ag obair i gCúram Práinneach agus Éigeandála dírithe i gcónaí ar thaití na n-othar agus a dteaghlach a fheabhsú.

## Easpa foirne agus meascán scileanna sa bhfórsa oibre, chun freastal ar riachtanais éagsúla an daonra atá ag fás

Tá dúshlán mór ag baint le hearcú agus coinneáil foirne inár gcóras sláinte agus cúraim shóisialta, ní hamháin in Éirinn ach ar fud an domhain. Tá iarrachtaí tréana á ndéanamh chun dul i ngleic le dúshlán chasta maidir le planáil fórsa saothair agus earcaíochta agus ag an am céanna rinneadh sáirarrachtaí chun an fórsa oibre atá againn a choinneáil. Táthar ag díriú go príomha ar a chinntiú go bhfuil na scileanna cuí a theastaíonn ag an bhfoireann a earcaítear, agus go mbíonn an deis acu a ngairm a chleachtadh chomh maith agus is féidir agus go spreagtar iad chun poist a ghlacadh sna réimsí is mó a bhfuil gá leo. Is ceart a rá go bhfaightear níos mó iarratas i gcomhair poist inár seirbhísí géarchúraim ná mar a fhaightear do phoist i seirbhísí sa phobal.

## Brú airgeadais ag sárú éilimh ar sheirbhísí


Tá dúshlán mór ag baint leis an gcostas i ndáil le seirbhísí reatha a chur ar fáil ag an leibhéal reatha, i gcomhthéacs an mhaoinithe iomláin a bheidh ar fáil don tseirbhís sláinte i 2024. Déanfar an riosca airgeadais seo a bhainistiú trí mheascán nithe, idir, bainistíocht stuama chun cur le táirgiúlacht an oiread agus is féidir, an clár oibre athchóirithe leanúnach, agus comhoibriú lenár gcomhghleacaithe sa dá Roinn Rialtais. Tá méadú suntasach tagtha ar an gcostas a bhaineann le cúram sláinte a chur ar fáil le tamall anuas. Bhí dúshlán as cuimse ag baint le costais boilscithe de bharr arduithe ar chostas fuinnimh agus ar chostais chúraim shláinte eile. Tá gá dúinn oibriú níos cliste, trínár n-acmhainní reatha a bharrfheabhsú trí bhealaí éagsúla agus feabhsaithe chun freastal ar an dúshlán a bhaineann le héileamh, a sháraíonn go mór an méid atá ar fáil. Deimhneoidh muid go n-oibreoidh ár bpríomhrialuithe bainistíochta airgeadais go héifeachtach, agus ag an am céanna go mbainfear úsáid as acmhainní ar bhealaí níos éifeachtúla.



# 1.61 milliún

Duine a raibh cártaí leighis acu ar 31 Nollaig

(▲ 3% os cionn 2022 agus ▼ 1% faoi bhun sprioc 2023)





## 3 Súil siar ar an mBliain – Feidhmíocht agus Príomhspríocanna a Baineadh amach

- 3.1 Rochtain ar Chúram a Fheabhsú
- 3.2 Príomhsheirbhísí a Neartú
- 3.3 Éifeachtúlacht maidir lenár nAcmhainní
- 3.4 Iontaoibh agus Muinín a Chothú
- 3.5 Gradaim Sármhaitheasa na Seirbhíse Sláinte 2023

## 3.1 Rochtain ar Chúram a Fheabhsú

Leagann an Plean Seirbhíse Náisiúnta (PSN) bliantúil amach conas a chuirtear cuspóirí agus cumasóirí ár bPlean Corparáideach i bhfeidhm don bhliain. Tugtar cuntas ar chineál agus ar mhéid na seirbhísí cúram sláinte agus sóisialta a chuirfeadh ar fáil ar son an mhaoinithe atá tugtha dúinn agus an líon foirne a bhíonn ar fáil.

Déantar feidhmíocht oibriúcháin a thomhas go príomha ar bhonn an méid a baineadh amach i gcomparáid lenár bPlean Corparáideach agus an PSN don bhliain atá i gceist, agus tá cuntas maidir le 2023 sa chuid seo den tuarascáil.

Is é ár bpríomhchuspóir a chinntiú go gcuirtear cúram ar fáil d'othair a bhfuil sé de dhíth orthu, ag an am ceart, san áit cheart agus chomh gar don bhaile agus is féidir. Chun seo a dhéanamh, ní mór dúinn seirbhísí a sholáthar atá níos comhtháite agus níos comhordaithe, mar shampla, leanúnachas cúraim a chur ar fáil do dhaoine a bhfuil riachtanais chasta phráinneacha agus éigeandála acu ar fud an chórais cúram sláinte ar fad.

### Cúram Práinneach agus Éigeandála

- Forbraíodh *Plean Oibriúcháin um Chúram Práinneach agus Éigeandála FnaSS 2023* chun gluaiseacht othar trí na conairí cúraim a fheabhsú, trí úsáid a bhaint as gníomhaíochtaí spriocdhírthe agus príomhtháscairí feidhmíochta gaolmhara (KPI) a thagann leis na ceithre príomhcholún seo a leanas:
  - Oibríochtaí seachanta ospidéal
  - Oibríochtaí na Roinne Éigeandála (ED).
  - Oibríochtaí in ospidéal
  - Oibríochtaí i ndáil le scaoileadh amach as ospidéal
- Cé gur tháinig laghdú 22% ar líon na n-othar a taifeadh ar thralaithe sa dara leath de 2023, i gcomparáid leis an tréimhse chéanna i 2022, dírimid i gcónaí ar eispéireas na n-othar agus a dteaghlaigh i gcúram práinneach agus éigeandála (UEC) a fheabhsú
- Bunaíodh clár an UEC chun plean ilbhliantúil trí bliana a ullmhú, a leagann amach fíis mheántéarmach agus treo-chlár chun seirbhísí UEC

a fheabhsú, do na hothair agus don fhoireann. Ina theannta sin, tá Pleananna UEC ag teacht leis na Réigiúin Sláinte nua, le gach ceann de na hospidéal ina bhfuil RÉ agus na réimsí seirbhíse pobail a bhaineann leo curtha san áireamh chomh maith le ceann do Shláinte Leanaí Éireann (CHI), ullmhaithe agus aontaithe ag Foirne Bainistíochta UEC

- Rinneadh 282 aistriú orgán i rith na bliana (méadú 13% ar 2022), de bharr fhlaitiúlacht 95 duine a fuair bás agus 30 deontóir orgáin bheo, agus a dteaghlaigh. Rinneadh 191 aistriú duán, seacht n-aistriú croí, 24 aistriú scamhóg, 54 aistriú ae agus sé aistriú paincréas sna trí ionad aistriúcháin náisiúnta
- I mí Aibreáin, osclaíodh foirgneamh nua naoi stór ar airde go hoifigiúil in Ospidéal Ollscoile an Mater Misericordiae (MMUH) i mBaile Átha Cliath, ina bhfuil 98 leaba nua, agus an tAonad Leithlise Náisiúnta san áireamh. Freastalóidh sé ar 5,000 othar breise gach bliain, ina measc, othair mhórthráma. Chuir an MMUH aonad ardspleáchais um chúram chriticiúil ina bhfuil 16 leaba (HDU) san fhoirgneamh nua agus tá siad ag athchumrú a n-aonad dianchúraim (ICU) chun 16 leaba ICU a chur ar fáil sa bhreis ar an 25 leaba atá acu faoi láthair. Tosóidh siad seo ag feidhmiú i gcéimeanna i 2024
- D'oscail Ospidéal Ollscoile Shligigh síneadh nua 290 méadar cearnach a cuireadh leis an Aonad Dianchúraim (ICU) ina bhfuil ceithre sheomra leithlise en-suite le háiseanna

gaolmhara, agus cuireadh dhá leaba bhreise leis an Aonad Ardspleáchais Cúraim, agus dá bharr seo bhí deis ann athchumrú a dhéanamh ar an spás um chúram chriticiúil agus cuireadh ceithre leaba ICU agus ceithre leaba HDU ar fáil

- Cuireadh sé leaba um chúram chriticiúil breise ar fáil i 2023 faoi Chéim 1 den Plean Straitéiseach um Chúram Criticiúil, a d'fhág go raibh 329 leaba um chúram chriticiúil ar fáil faoi dheireadh na bliana. Tá sé beartaithe 22 leaba cúraim chriticiúil bhreise a chur ar fáil i 2024. Leanadh le pleanáil i rith na bliana maidir leis na 106 leaba atá beartaithe i gCéim 2 den Plean Straitéiseach Náisiúnta um Chúram Criticiúil
- Leanadh le bunú córas tráma cuimsitheach in dhá Líonra Tráma réigiúnacha – Líonraí Tráma Lárnach agus Líonra Tráma an Deiscirt. Chuir an MMUH tús le seirbhís tráma d'othair laistigh dá cheantar feidhme féin i 2022, a leathnaíodh i mí Iúil 2023 chun glacadh le haistríthe othar mórthráma ó ospidéal eile sa Líonra Tráma Lárnach. Chuir Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh (CUH) tús le seirbhísí tráma i mí an Mheithimh 2023 trí ghlacadh le hothair mhórthráma laistigh de 45 nóiméad d'am taistil ón ospidéal, chomh maith le hatreoirithe ó speisialtóirí laistigh de Líonra Tráma an Deiscirt
- Chun aistríthe othar tráma idir-ospidéal chuig na Mórionaid Tráma a éascú, cuireadh tús le Seirbhís Atreoirithe Aistríthe Idir-Ospidéal le líne theileafóin tiomnaithe ag an Ionad Náisiúnta Oibríochtaí Éigeandála. Tá tús áite



# 95.9%

## Díobh siúd a d'fhreastail ar Rannóga Éigeandála (RÉ) sa RÉ <24 uair an chloig

(▶ mar an gcéanna le 2022 agus ▼ 1% faoi bhun sprioc 2023)

tugtha don tseirbhís seo, mar aon le feidhmiú pleanáilte um Uirlis Tríáise Tráma (a forbraíodh i gcomhar leis an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna (NAS)) agus Beartas um Aistriú Cúraim agus Imeachta, lena chinntiú go mbainfidh na hothair is measa atá gortaithe leas as rochtain luath ar sheirbhísí tráma ar ardchaighdeán san ionad cuí, ag teacht lena riachtanais chúraim.

### An tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna

- Tháinig an líon glaonna is mó riamh isteach chuig an Ionad Náisiúnta Oibríochtaí Éigeandála sa NAS le linn tréimhse naoi lá sa chéad leath d'Eanáir nuair a fuarthas níos mó ná 2,000 glao in aghaidh an lae. San iomlán, freagraíodh beagnach 400,000 glao éigeandála otharchair i 2023 (méadú 3% ar 2022)
- I mí an Mhárta, osclaíodh stáisiún nua otharcharranna NAS FnaSS sa Mhuileann gCearr, in ionad na bunáite a bhí ann roimhe sin ar champas Ospidéal Réigiúnach an Mhuilinn gCearr. Beidh seirbhísí éigeandála, áiseanna riaracháin agus cóiríochta foirne sa stáisiún nua seo
- De bharr Pathfinder, cuireadh conairí nua cúraim ar fáil. Seo seirbhís a ceapadh chun cúram sábháilte a chur ar fáil do dhaoine aosta, a chuireann glao ar 999 / 112, ina dtithe féin. Beidh sé ag feidhmiú beo i nGaillimh agus i gCiarráí, agus tá sé i bhfeidhm i mBaile Átha Cliath, Corcaigh, Port Láirge, Cill Chainnigh, Luimneach agus Dún na nGall cheana féin. De thoradh ar an tseirbhís seo bíonn acmhainn níos mó i RÉ chun cúram a thabhairt d'othair eile. Faoi Pathfinder tugtar cúram don chohórt othar seo sa bhaile, á nascadh le réimse leathan seirbhísí ospidéal agus seirbhísí pobail eile. Le linn na chéad ocht mí de 2023, d'fhreastail an tseirbhís ar 2,874 glao amach. Bhí 42% de na hothair a bhí i gceist in ann fanacht

sa bhaile, ag baint leasa as bealaí eile cúraim seachas dul chuig an ospidéal

- Leanadh ag earcú do Mhol Clínicíúil an SNO (NAS) le fócas ar Éisteacht agus Cóireáil agus chuir cohórt nua foirne tús le Céim Mháistreachta san Eolaíocht i gCleachtas Paraimhíochaine Speisialaithe i mí Mheán Fómhair
- Rinneadh breis agus 34,000 aistriú idir-ospidéal (ardú 52% ar 2022) agus bhainistigh an tSeirbhís Idirmheánach cúraim 77% de ghlaonna aistrithe othar
- Seoladh feachtas fógraíochta nua ar an raidió agus ar na meáin shóisialta chun poist sa SNO a fhógairt agus chun tacú le hearcú agus le hoiúint mac léinn agus paraimhíochaineoirí cáillithe, chun dul i ngleic le heasnamh acmhainne i gcomparáid leis an éileamh
- Leanadh ag forbairt speisialtachaí teicniúla agus struchtúir lánacha chun fás SNO sa toadhchá a éascú, chomh maith lena ailíniú le struchtúir gheografacha *Sláintecare*.

### Athchóiriú um Chúram Sceidealaithe agus an Plean Gníomhaíochta um Liostaí Feithimh

- I mí an Mhárta, foilsíodh an *Plean Gníomhaíochta um Liostaí Feithimh 2023*, inar leagadh amach clár chun laghdú leanúnacha a dhéanamh ar líon na ndaoine ar liostaí feithimh agus laghdú ar amanna feithimh a bhaint amach, agus ag an am céanna díriodh ar athchóiriú a dhéanamh i ndáil le cumas na seirbhísí a sholáthar, agus cúram sceidealaithe. I measc phríomhspríocanna an phlean a baineadh amach i 2023, bhí:
  - Baineadh os cionn 1.737 milliún othar de liostaí feithimh gníomhacha, rud a sháraigh an sprioc 5% a bhí beartaithe a bhaint de na liostaí. Mar thoradh air seo baineadh 177,000 othar breise de liostaí feithimh na n-ospidéal géarmhíochaine i gcomparáid le 2022. Ag an am céanna cuireadh

1.718 milliún othar leis an liosta feithimh, rud a sháraigh go mór na réamh-mheastacháin. Ba é an glantoradh, áfach, ná laghdú foriomlán de bheagnach 19,000 othar faoi dheireadh 2023, i gcomparáid leis an tréimhse chéanna i 2022

- Freastalaíodh ar 85.8% d'othair laistigh d'uas-amanna feithimh a bhí leagtha amach sa PSN (NSP) 2023 faoi dheireadh mhí na Nollag, rud a léiríonn feabhas de 6.3%
- Tháinig laghdú ar líon na n-othar a bhí ag feitheamh níos faide ná na spriocanna atá leagtha amach i *Sláintecare*, feabhas 4.9% ar ghnóthachtáil *Sláintecare*
- Cuireadh 14,700 babhta breise cúraim ar fáil sa phobal
- Cuireadh seacht gcinn de chonairí cúraim nuachóirithe i bhfeidhm ar fud na tíre chun rochtain ar sheirbhísí cúraim sceidealaithe a fheabhsú agus chun amanna feithimh a laghdú. Cuireadh 38,000 babhta cúraim othar ar fáil (Bealtaine-Nollaig) agus tá tús curtha le tuairiscíú gníomhaíochta ina leith seo
- Rinneadh dul chun cinn mór maidir le tionscnaimh athchóirithe, ina measc: Athbhreithniú a thionscain Othar curtha i bhfeidhm i 22 ospidéal, chun coinní athbhreithnithe othar seachtrach nach bhfuil gá leo a laghdú; Tá Príomhoifigí Atreoraithe i 11 ospidéal chun liostaí feithimh a chur le chéile; agus tá an tionscnamh 'Níor Fhreastail' (DNA) curtha i bhfeidhm ar fud 24 suíomh chun líon na DNA a laghdú
- Bhí ar chumas roinnt ospidéal measúnuithe fíorúla a dhéanamh ar bhriseadh cnámh, agus dá bharr seo bhí othair nach raibh orthu ach mionghortú ábalta cúram a fháil níos gaire do bhaile.

## 3.1 Rochtain ar Chúram a Fheabhsú

Tá rátaí ailse níos airde anseo ná an meán san Aontas Eorpach agus is í an cúis bháis i 29% de chásanna



### Seirbhísí Ailse


- Seoladh an *Plean Náisiúnta um Chosc ar Ailse Chraicinn 2023-2026*, ag cur leis an bplean atá againn cheana féin chun feacht maidir le bearta chun riosca um ailse chraicinn a laghdú, agus béim ar leith á chur ar leanaí, ógánaigh agus daoine fásta óga, daoine a bhíonn ag obair lasmuigh, chomh maith le himreoirí spóirt, caitheamh aimsire agus turasóireacht
- I mí na Bealtaine, seoladh Samhail Chúraim do sheirbhísí Síoc-Oinceolaíochta d'othair, ó bheirtear iad go dtí go mbíonn siad 24 bliain d'aois, agus dá dteaghligh. Is é príomhaidhm na samhla ná treoiphean a ullmhú maidir le seirbhísí tacaíochta síceasóisialta agus síceolaíochta do leanaí, d'ógánaigh agus do dhaoine fásta óga a bhfuil ailse orthu
- Osclaíodh, ar bhonn céimneach, Ionad Oinceolaíochta Radaíochta nua sa ghrúpa ospidéal Saolta, i.e. in Ospidéal na hOllscoile Gaillimh, ag cur ardchóireáil radaiteiripe ar fáil d'othair le hailse, chomh maith le rochtain níos fearr do chách, i gceantair an Iarthair agus an Iarthuaiscirt
- I mí an Mheithimh, seoladh an tSamhail Chúraim Ailse Oidhreachtuil, chun soiléire a sholáthar maidir le struchtúr agus rialachas na seirbhísí ailse oidhreachtuil in Éirinn
- Foilsíodh *Creat Leantach Féinbhainistithe Srathaithe an NCCP ar Mharthanais le hAilse (NCCP Cancer Survivorship Stratified Self-Managed Follow up Framework)* i mí an Mheithimh, ionas go bhféadfá saol na n-othar le hailse a fheabhsú agus a n-eispéreas agus rochtain ar chúram d'ardchaighdeán a fheabhsú. Cuireadh tús le Céim 1 den chonar cúraim seo i gceithre ionad ailse d'othair le hailse próstataigh
- Cuireadh le Comhaontas na nIonad Tacaíochta Ailse Pobail ag ailíniú le Treoir Dea-Chleachtais an Chláir Náisiúnta Rialaithe Ailse (NCCP), ag cur tacaíochta ar fáil do dhaoine fásta le hailse chomh maith le leanaí le hailse agus a dteaghligh
- Tá seirbhís triáise teileafóin ghéar-oinceolaíochta ar fáil, á bhainistiú ag altrá, i ngach ceann de na 26 ospidéal a chuireann cóireálacha ailse ar fáil agus bhí tionchar mór ag an áis seo maidir le laghdú an líon daoine le hailse a fhreastalaíonn ar sheirbhísí RÉ, ar bhonn náisiúnta
- Foilsíodh treoirlínte an CTRA (NCCP) maidir le (i) cóireáil othar a bhfuil ailse brollaigh orthu: oinceolaíocht radaíochta agus (ii) faireachas iarchóireála ar othair le hailse próstataigh, agus foilsíodh 26 réim nua náisiúnta teiripe shistéamach frith-ailse chomh maith
- Cuireadh tús leis an tseirbhís nua Teiripe Radanúicléide um Ghabhdóir Peiptíde (Peptide Receptor Radionuclide Therapy) i gcomhair siadáí néara-inchríneacha in Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann
- I gcomhréir leis an *Straitéis Náisiúnta Ailse 2017-2026*, tá Conairí Náisiúnta Othar á bhforbairt i gcomhair urchóideacha haemaiteolaíochta ar leith, agus tá na conairí cúraim i gcomhair Leioicéime Géar-Limfeablastach agus Leioicéime Ghéarmhialóideach ar fáil ar líne anois
- Tá an Córas Faisnéise Náisiúnta ar Ailse (NCIS) ar fáil anois i 16 ospidéal ar fud na tíre, ina measc cúig cinn de na hionaid ailse, agus cuireadh seacht n-ospidéal eile leo seo i 2023
- Leanann ag feidhmiú an *Chreata um Chúram agus Tacaíocht d'Ógánaigh agus do Dhaoine Fásta Óga (AYA) le hAilse in Éirinn 2021-2026*. Tá forbairt na seirbhíse AYA áitiúil á gcur chun cinn i ngach réigiún agus tá spás aitheanta do na trí mhol réigiúnacha agus do Cheannairí Cliniciúla, Speisialtóirí Altranais Cliniciúla agus Cruinnithe Foirne Ildisciplíneach / tacaíocht bainistíochta sonraí sna poist.

### Máinliacht gan ghearradh in Ospidéal na hOllscoile Gaillimh

Tá Ospidéal na hOllscoile Gaillimh ar na chéad ospidéal in Éirinn a thug isteach máinliacht íosionrach 'gan ghearradh' chun cabhrú le caoi a chur ar an achalasia, is rud neamhchoitianta é seo a chuireann bac ar mhatáin an éasafagas íochtair agus is é is cúis le diosfaige nó deacrachtaí le slogadh. Ba é an tUasal Paul Carroll, Máinlia Éasafagagastrach Comhairleach agus Ginearálta a rinne an mháinliacht. Cleachtann seisean go háirithe ar mháinliacht íosionrach agus máinliacht ionscópach i gcomhair ailse éasafagagastrach agus galar neamhurchóideach. Ghabh sé buíochas lena fhoireann as a dtacaíocht agus dúirt "Tá lúcháir orm go pearsanta gur éirigh liom an cleachtas seo a thabhairt isteach in Éirinn, do chóireáil an ghalair seo".







# Iontaoibh

## 3.2 Príomhsheirbhísí a Neartú

Is mian linn seirbhísí a chur ar fáil ionas go gcoimeádfar daoine sláintiúil, agus is mian linn dul i ngleic le héagthroime sláinte agus díriú ar chothú sláinte. Tá sé ríthábhachtach ár spleáchas ar an tsamhail chúraim ospidéal-lárnach reatha a laghdú agus acmhainní breise a chur ar fáil sa phobal chun fíis an chúraim shláinte uilíoch a bhaint amach. De bharr go bhfuil ár ndaonra ag dul in aois agus méadú tagtha ar mhinicíocht galair ainsealacha, tá sé tábhachtach go laghdófaí an brú ar ár gcóras ospidéal agus déanfar é seo toisc go mbeidh rochtain thapa ar chúram pobail agus príomhúil, ailínithe le cleachtas na ndochtúirí teaghlaigh, agus déanfar na seirbhísí a chur ar fáil gar do bhaile, ach chomh maith leis sin cuirfidh an tsamhail seo ar chumas daoine maireachtáil go maith, agus go folláin agus a bheith páirteach ina bpobal.

### Feabhas a chur ar Bhearta um Chosc galar agus Luath-idirghabhálacha

#### Sláinte agus Folláine

- Tá tionscnaimh chun dul i ngleic le héagthroime sláinte i bhfeidhm i.e. 20 Pobal Sláintiúla *Sláintecare*. Ina measc seo tá seirbhísí chun éirí as caitheamh tobac, Bia Sláintiúil a Ullmhú go hÉasca, oideasú sóisialta agus cúrsaí tuismitheoireachta chun díriú ar idirghabháil luath-óige
- Chríochnaigh níos mó ná 3,000 ball foirne an oiliúint ghairid idirghabhála ríomhfhoghlama Making Every Contact Count (méadú 30% ar 2022)
- Críochnaíodh dearadh um sheirbhísí bainistíochta meáchain, atá bunaithe sa phobal, do leanaí agus daoine óga agus bunaíodh seirbhísí i gCúram Sláinte Pobail an Oirdheiscirt, i gCúram Sláinte Pobail Bhaile Átha Cliath Theas, Chill Dara agus Iarthar Chill Mhantáin
- Bhain 4,000 úsáideoir seirbhíse úsáid as na seirbhísí um oideasú sóisialta arna maoiniú ag FnaSS. Ba iad na cúiseanna ba choitianta le hatreorú ná aonrú sóisialta (63%) agus meabhairshláinte (13%)
- Bunaíodh dhá Sheirbhís Chomhtháite Alcóil phobalbhunaithe i gCúram Sláinte Pobail an Iarthar Láir agus i gCúram Sláinte Pobail Chorcaí-Chiarraí agus críochnaíodh comhairliúchán le húsáideoirí seirbhíse agus a dteaghlaigh i gcomhpháirtíocht le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
- Tacaíodh le breis agus 19,000 duine chun iarracht a dhéanamh éirí as caitheamh tobac ar fud suíomhanna pobail agus ospidéal, agus ar an teiléafón, ar an Stoplíne Náisiúnta. Tugadh isteach cógas chun cabhrú le daoine éirí as an tobac agus ba mhór an chabhair é sin, Ba ghníomh tábhachtach é seo i ndáil le Treoirínte Chliniciúla na Roinne Sláinte maidir le hÉirí as Caitheamh Tobac
- Ordaíodh breis agus 108,000 fearas tástála um ionfhabhtú gnéas-tarchurtha (STI) le húsáid sa bhaile, rud a chuir feabhas ar rochtain ar thástáil STI in Éirinn. Bhuaigh an tionscnamh seo an catagóir um Nuálaíocht i gCúram Sláinte agus Leighis ag Gradaim Chúraim Sláinte na hÉireann 2023
- Ceadaíodh cógas Próifíolacsas Réamh-nochta (PrEP) saor in aisce do bhreis is 6,800 duine (úsáideoirí nua agus úsáideoirí a d'fhill ar ais) chun víreas easpa imdhíonachta daonna (VEID) a chosc. Dáileadh PrEP do bheagnach 5,300 duine ar a laghad uair amháin i rith na bliana tríd an gclár náisiúnta; agus dáileadh PrEP ar bhreis is 1,300 de na daoine seo den chéad uair. Ina theannta sin, soláthraíodh breis agus 1.3 milliún coiscín agus os cionn 660,000 saic bealaidh do sheirbhísí / eagraíochtaí tríd an tSeirbhís Náisiúnta Dáileacháin Coiscíní, soláthraíodh breis agus 1.3 milliún coiscín agus os cionn 660,000 saicín bealaidh do sheirbhísí / eagraíochtaí.

Seoladh *Plean Forfheidhmithe um Éire Shláintiúil 2023-2027 na Seirbhíse Sláinte* i mí Iúil 2023. Le cur leis an obair a rinneadh le blianta beaga anuas chun sláinte agus folláine a chur chun cinn, gealltar sa phlean go bhfeabhsófar tionscnaimh folláine go leanúnach ar fud réimsí éagsúla beartais ar nós, tobac, alcól, meabhairshláinte agus folláine, sláinte ghnéis, Making Every Contact Count, sláinte agus folláine na foirne, agus bia sláintiúil agus maireachtáil ghníomhach. Beidh comhpháirtíocht leanúnach FnaSS len a lán páirtithe leasmhara agus comhpháirtithe ar nós gníomhaireachtaí maoinithe, Tusla, údaráis áitiúla agus eagraíochtaí pobail lárnach i gcur chun feidhme an phlean seo.

## Seirbhís Sláinte Comhshaoil

- Cuireadh rialuithe oifigiúla i gcrích maidir le hiompórtáil bia ag calafoirt agus aerfoirt, chomh maith le freagairt d'iarratais bhreise ar theastais easpórtála bia, a d'eascair as imeacht na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach
- Seachadadh clár reachtúla iniúchta, faireachais, samplála agus imscrúdaithe ar bhonn measúnaithe riosca maidir le sábháilteacht bia, leapacha gréine, alcól, táirgí cosmaideacha, tobac agus toitíní leictreonacha.

## An tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála

- Seoladh straitéis nua cúig bliana, *Roghnaigh Scagthástáil, Is Féidir Linn Dífríocht a Dhéanamh Le Chéile*, a dhíríonn ar an dochar a dhéanann galair a laghdú, trí bhearta coiscthe agus luathbhraite. Bíonn an tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála ag obair lenár líonra Comhpháirtíochta Othar agus Poiblí chun rialachas, cáilíocht agus cothromas i ndáil le scagthástáil a fheabhsú, agus chun feachtas sláinte a fheabhsú, ionas go dtuigfidh níos mó daoine an tábhacht agus na buntáistí a bhaineann le scagthástáil rialta
- Tá taighde nua foilsithe ag an tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála a léiríonn an éifeacht chosanta dhearfach atá ag an vacsaín HPV ar ghalar ceirbheacsach in Éirinn. I mí Eanáir, chomhoibrigh CervicalCheck leis an Oifig Náisiúnta Imdhíonta agus an NCCP chun treochlár na hÉireann a fhoilsiú, maidir le deireadh a chur le hailse ceirbheacs mar fhadhb sláinte poiblí faoi 2040. Léiríonn an treochlár an dul chun cinn atá déanta go dtí seo, agus stiúran sé an treo a rachaimid amach anseo
- Mar atá sonraite sa *Straitéis Náisiúnta Ailse 2017-2026*, táimid ag cur leis an raon aoise de réir a chéile, ag brath ar na hacmhainní a bhíonn ar fáil, lena chinntiú go dtugtar cuireadh do gach duine idir 55 agus 74 bliain d'aois i gcomhair scagthástála putóige. I 2023, chuir BowelScreen, an clár náisiúnta scagthástála FnaSS um ailse putóige, síneadh leis an raon aoise agus dá bharr seo tugadh

cuireadh d'fhir agus do mhná ó 59 bliain d'aois an tástáil sa bhaile a dhéanamh. Tá sé seo saor in aisce

- Leanadh ar aghaidh le feidhmiú an chórais faisnéise cliant agus raideolaíochta nua don chlár BreastCheck chun éifeachtúlachtaí i bpróisis chliniciúla, oibriúcháin agus bhainistíochta a fheabhsú. Taifeadadh gur ghlac líon ard ban páirt inár suirbhé maidir le heispéireas othar an chlár BreastCheck agus táimid ag baint úsáide as an bhfaisnéis seo chun feabhsúcháin a dhéanamh ar chaighdeán ár seirbhísí
- Tá RetinaScreen Diaibéiteach i mbun scagthástála le deich mbliana, agus bhain os cionn 800,000 duine a bhfuil diaibéiteas orthu leas as tástáil scagthástála reitineapaite saor in aisce le linn na tréimhse seo. I rith 2023, seoladh tionscnamh scagthástála nua: cuireann a seirbhís mháithreachais nó a n-altra diaibéiteach nó a ndochtúir ospidéal mná atá ag iompar clainne agus a bhfuil diaibéiteas orthu ar aghaidh chuig an gclár RetinaScreen Diaibéiteach anois, mar chuid dá measúnú tosaigh. Go dtí seo, ghlac tuairim is 400 duine páirt sa chonair toirchis, agus tháinig ardú 25% ar líon na gclárúcháin nua don chlár i 2023.

## Sláinte Poiblí

- Cuireadh tús le cúram ó fhoirne ildisciplíneacha faoi stiúir comhairleoirí ar fud na réimsí um Fheabhsú Sláinte, Feabhsú Seirbhíse Sláinte agus Faisnéise Sláinte, agus dírodd ar dtús ar an gcéad dréachtú ar Chreat Measúnaithe Riachtanas Sláinte agus Próifílí Daonra chun tacú le cur i bhfeidhm *Sláintecare*
- Leanadh le feidhmiú Straitéis Cosanta Sláinte 2022-2027 Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, lena n-áirítear ullmhú agus freagairt do bhagairt sláinte poiblí agus mórtheagmhais i ndáil le gach cineál contúirt. I measc na bpríomhghéalltanais a cuireadh ar fáil, bhí Mol Sonraí um Fhógra Víreas Riospráide nua, a thabharfaidh na sonraí is déanaí maidir le cásanna de COVID-19, fliú agus víreas sincítiach

riospráide in Éirinn; obair leanúnach ar aistriú iomlán Tástáil agus Rianú COVID-19 chuig samhail oibriúcháin um ghnó mar is gnách; agus soláthar Chórais TF um Bainistíú Cásanna agus Teagmhais a chur chun cinn

- Leanadh ar aghaidh le feidhmiú an Chlár Vacsaínithe COVID-19, an clár imdhíonta do pháistí agus Clár Vacsaínithe HPV, Catch-Up Laura Brennan ar fud na tíre. Leathnaíodh seachadadh an chlár vacsaínithe LAIV (vacsaín don fhliú - sprae sróine) do leanaí idir dhá bhliain agus 17 bliain d'aois. Tairgeadh vacsaíní sna scoileanna do naíonáin shóisearacha agus do dhaití na Chéad Bhliana ar fud na tíre, agus ceadaíodh athruithe ar sheachadadh an chlár scoile, ceadaíodh 4-in-1 agus na vacsaíní don bhruiteach, don leicneach agus don bhruiteach dhearg do mhic léinn sa chéad téarma den bhliain acadúil
- Thacaigh Sláinte Leanaí Sláinte Poiblí agus an Clár Náisiúnta um Leanbh Sláintiúil le leanaí agus tuismitheoirí. Rinne siad seo idirghabhálacha éifeachtacha chun sláinte a chosaint agus a chothú, chomh maith le riachtanais sláinte a aithint go luath agus torthaí díobhálacha a chosc.



# 89.4%

Fuair an céatadán sin leanaí 24 mí d'aois vacsaín don bhruiteach, leicneach agus don bhruiteach dhearg (MMR).

(► mar an gcéanna le 2022 ach ▼ 6% faoi bhun sprioc 2023)

## 3.2 Príomhsheirbhísí a Neartú



# 95,962

lomlán na n-atreoruithe  
chuig Foirne  
Idirghabhála Pobail

(▲ 14.5% os cionn 2022 agus  
▲ 18% os cionn sprioc 2023)

### Seirbhísí Pobail a Fheabhsú

#### Seirbhísí Cúraim Príomhúil agus Clár um Chúram Pobail feabhsaithe

##### Seirbhísí Cúraim Príomhúil:

- Fuair foirne idirghabhála pobail (CITs), a sholáthraíonn seirbhís mhearfhreagartha agus comhtháite ar feadh tréimhse ghearr shonrach beagnach 96,000 atreorú i 2023 (14.5 níos airde ná mar a bhíodas ag súil leis)
- Rinneadh breis agus 1.1m teagmháil le Seirbhísí Dochtúirí Teaghlaigh (GP) lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre i rith na bliana (2% ní ba lú ná 2022)
- Thosaigh naoi n-ionad cúraim phríomhúil breise ag feidhmiú agus de thoradh air seo tá feabhas curtha ar rochtain d'othair agus d'úsáideoirí na seirbhísí ar chúram atá dírithe ar an duine, níos gaire don bhaile.
- Rinneadh feabhsuithe suntasacha maidir le rochtain othar ar chúram, agus baineadh breis agus 10,000 úsáideoirí seirbhísí de liostaí feithimh, de bharr thionscnaimh cúraim phríomhúil.

- Soláthraíonn Pacáistí Cúraim Baile Péidiatrach cúram do leanaí a bhfuil riachtanais chasta acu ina dtithe féin. Faomhadh 349 pacáiste den chineál seo suas go dtí an 31 Nollaig
- Tá obair ag leanúint ar aghaidh i gcomhar le ríomhShláinte ar fhorbairt Chórais Chomhtháite Cásbhainistíochta Pobail (ICCMS) chun tacú le cur chuige caighdeánaithe maidir le bailiú sonraí, tomhais gníomhaíochtaí agus torthaí, agus tá sé beartaithe tús a chur le feidhmiú an chórais i 2024.

##### Clár um Chúram Pobail Feabhsaithe:

- Leathnaíodh amach Clár um Chúram Pobail Feabhsaithe (ECC), bhí siad seo a leanas ag feidhmiú i 2023:
  - 96 as 96 líonra cúram sláinte pobail (CHNs) agus táthar ag leanúint leis an obair lena chinntiú go mbeidh siad seo ag feidhmiú go hiomlán
  - 24 de 30 foireann speisialtóirí pobail (CSTs) i gcomhair an Chláir Cúraim Comhtháite do Dhaoine Aosta (ICPOP)
  - 24 de 30 FSP (CST) i gcomhair an Chláir Chomhtháite um Ghalair Ainsealacha (ICPCD)



An tÚinéir, Anne Costello agus baill foirne ón Tara Care Centre, Bré, Co. Chill Mhantáin, a bhaineann úsáid as an tseirbhís

### Seirbhís Soghluaiste X-gha, bunaithe sa phobal

De bharr chomh rathúil is a bhí an tionscadal píolótach, tá FnaSS ag cur le seirbhís náisiúnta mearfhreagartha pobalbhunaithe X-ghathaithe d'othair níos sine i dtithe altranais, in áiseanna pobail agus ina dtithe féin. Ciallaíonn sé seo gur féidir X-gha a dhéanamh ar othair san áit ina bhfuil siad ina gcónaí, in ionad dul chuig an ospidéal. Soláthraíonn an tseirbhís shoghluaiste raon de scrúduithe X-gha, m.sh ar chorróga / peilbheas, glúine, caol na láimhe agus gualainn. Má thiteann othar aosta, nó má tá X-ghathú cliabhraigh ag teastáil, tiocfaidh an fhoireann dhiagnóiseach ar an láthair agus déanfar scrúdú X-gha in áit chónaithe an othair agus beidh an tuairisc réidh le roinnt leis an dochtúir atreoraithe laistigh de chúpla uair an chloig. Tá breis agus 600 dochtúir teaghlaigh tar éis atreorú a dhéanamh chuig an tseirbhís seo agus léirigh na torthaí gur seachnaíodh nach mór 4,500 aistriú chuig ospidéal suas go dtí mí Iúil.



# 55,652

## Daoine aosta ag fáil tacaíocht baile, gan Pacáistí Dianchúraim Baile curtha san áireamh

(▼ 1% faoi bhun 2022 ach ag teacht le sprioc 2023)

- Maidir le Líonraí Cúraim Sláinte Pobail (CHN), bhí beagnach 1.2 milliún teagmháil ag othair leis na seirbhísí teiripe, gach cineál teiripe, mar shampla, fisiteiripe, teiripe shaothair, teiripe urlabhra agus teanga, cosliacht agus diaitéitic (méadú 11% ar 2022)
- Bhí os cionn 97,000 teagmháil ag othair leis na Foirne Speisialtóirí Pobail ICPOP. Astu sin, scaoileadh 74% abhaile, glacadh 6% isteach in ospidéal géarmhíochaine, agus glacadh 3% isteach i gcúram fadtéarmach. Rinneadh athbheithniú ar 12% de na hothair (sprioc 10%) ar an lá céanna / an chéad lá eile tar éis atreoraithe, rud a léiríonn go ndearna an fhoireann athbheithniú ar chásanna níos práinní. Bhí Scór Anbhanne Cliniciúil 5-9 ag 65% (sprioc 55%) de na daoine a ndearna Foirne Speisialtóirí Pobail measúnú orthu (ag taispeáint go raibh siad níos laige) agus léiríonn sé seo go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh maidir le tús áite a thabhairt d'othair atá níos laige agus dóibh siúd le fadhbanna níos casta agus mar sin seachnaítear an gá iad a aistriú chuig ionaid ghéarmhíochaine
- Shínigh 92% de dhochtúirí teaghlaigh an conradh um bainistiú galar ainsealach (CDM) agus i rith na bliana rinne Dochtúirí Teaghlaigh athbheithniú ar nach mór 549,000 othar a bhfuil galar ainsealach orthu faoin gclár. Ina theannta sin, tar éis atreoraithe, chonaic FSP (CST) ICPCD 151,000 othar. Tugtar cúram iomlán do 91% d'othair a bhfuil galar ainsealach orthu i gcúram príomhúil anois agus ní bhíonn orthu freastal ar an ospidéal chun a ngalar ainsealach a bhainistiú go leanúnach. Léiríodh in anailís a rinneadh le déanaí faoin gclár, gur tháinig laghdú 16% ar an líon othar le galair ainsealacha a chuaigh isteach in ospidéal idir 2019 agus 2023, rud a léiríonn an tionchar dearfach atá i gceist le bainistiú othar a bhfuil galar ainsealach orthu sa phobal. Tháinig laghdú mór ar rátaí athiontrála 30 agus 90 lá, idir 2019 agus 2023 (24% agus 23% faoi seach) chuig ospidéal, toisc bhainistiú um Ghalar

- Ainsealach. Tá sé seo i gcomhthéacs laghdúithe 5% agus 7% (faoi seach) ar rátaí athiontrála 30 agus 90 lá maidir le cásanna um scaoileadh amach ó chuile chineál míochaine le linn na tréimhse céanna ama
- Bhí rochtain dhíreach ag Dochtúirí teaghlaigh ar sheirbhísí diagnóisice pobail (ina measc, X-gha, Tomagrafaíocht Ríomhairithe (CT), Íomháu Athshondais Mhaighnéadaigh (MRI), X-gha i ndáil le dlús na gcnámh (DEXA), seirbhís ultrafhuaimne, peiptídí natrúiríseacha cineál N-teirminéal pro-B (NT- proBNP), macallagram (ECHO) agus Spiriméadracht) i ndáil le 500,000 tástáil i 2023. Laghdaigh an rochtain seo go suntasach an gá le hatreorú ar aghaidh chuig seirbhísí géarmhíochaine
  - Cuireadh tús le feidhmiú Fhoirm Atreoraithe Healthlink ECC do Dhochtúirí Teaghlaigh chun tacú le cur i bhfeidhm an chonair chúraim (uile) ó thús go deireadh trí phlé clínicíúil foirne iildisciplíneach a chumasú de bharr phróiseas atreoraithe cuíchóirithe na Líonraí Cúraim Sláinte Pobail agus Foirne Speisialtóirí Pobail.

### Ionchuimsiú Sóisialta

- Leanadh den obair chun Clár um Siamsaíocht Oíche Níos Sábháilte FnaSS a chur ar fáil ag trí fhéile i 2023. Bhain an pobal leas as faisnéis agus as tacaíocht agus bhí deis ag daoine drugaí a thabhairt ar lámh lena seiceáil ag an suíomh ina raibh siad
- I mí Lúnasa, i gcomhar le hOifig Náisiúnta um Ionchuimsiú Sóisialta FnaSS, tugadh isteach Nalox-Home in Ospidéal San Séamas chun nalocsóin a chur ar fáil d'othair atá i mbaol ródháileog opióideach a thógáil nuair a scaoiltear amach as an ospidéal iad
- Chuir an tionscnamh píolótach um Chúram Comhtháite agus Bainistiú Cásanna, ar chomhiarracht a bhí ann idir Feidhmeannas do Dhaoine gan Dídean i Réigiún Bhaile Átha Cliath agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, tacaí um bainistiú cásanna ar fáil do bhreis is 1,500 duine a bhí gan dídean

- Cuireadh tús le pleananna gníomhaíochta mionsonraithe náisiúnta agus áitiúla a chur i bhfeidhm ar aon dul leis an *bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Shláinte an Lucht Siúil, 2022-2027*
- Cuireadh tús le hobair ar fhorbairt Chlár Oiliúna Náisiúnta FnaSS um Fhoréigean Baile, Gnéis agus Inscne (DSGBV) chun freagairt chomhtháite agus chomhordaithe na hearnála sláinte maidir le Foréigean Baile, Gnéis agus Inscne, a chinntiú.

### Seirbhísí Sláinte d'imirceigh, teifigh agus iarratasóirí ar chosaint

- Nuashonraíodh an Cúnamh Ilteangach Éigeandála chun tacú le foireann an Líne Thosaigh, agus iad ag plé le hothair a bhféadfadh bacainní teanga a bheith orthu agus iad ag teacht chuig RÉ nó ospidéal máithreachais
- Daingníodh an tSamhail Seachadta Seirbhíse um Vacsaíniú Cúitimh do Dhídeanaithe agus d'Iarratasóirí ar Chosaint i mí Feabhra agus cuireadh i bhfeidhm go náisiúnta í chun imdhíonadh aois-oiriúnach a thairiscint do Thairbhíthe um Chosaint Shealadach agus d'Iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta (suas go dtí 23 bliana d'aois), ar aon dul le sceideal Chlár Imdhíonadh Paistí na hÉireann.

### Seirbhísí do Dhaoine Aosta

- Fuair beagnach 55,000 duine aosta os cionn 20 milliún uair an chloig tacaíochta baile i rith na bliana (6% d'ardú agus 1% d'íslíú faoi seach i gcomparáid le 2022)
- Ceadaiódh do bhreis is 10,000 duine aosta in ospidéal ghéarmhíochaine aistriú chuig cúram idirtréimhseach agus aistríodh iad go dtí suíomhanna cúraim eile (méadú 10% ar 2022). Ina theannta sin, cuirtear athshlánú othar cónaitheach pobail ar fáil chun tacú le daoine aosta teacht chucu féin agus folláine coirp a fháil ar ais agus maireachtáil chomh neamhspleách agus is féidir

## 3.2 Príomhsheirbhísí a Neartú

- Cuireadh maoiniú ar fáil do breis is 23,000 duine i gcomhair chúram cónaitheach factéarmach faoin Scéim Tacaíochta do Thithe Altranais (ardú 2% ar 2022)
- Tá os cionn 300 ionad cúram lae do dhaoine aosta tar éis oscailt arís anois tar éis a bheith dúnta de bharr shrianta COVID-19
- Leanadh den obair, i rith na bliana, chun tacú le daoine a bhfuil néaltrú ag dul dóibh, trí bhearta oideachais agus oiliúint phobail
- Tá tús curtha le conair nua, atá dírithe go sonrach orthu siúd a chónaíonn i dtithe altranais, chun feabhas a chur ar chúram do dhaoine fásta níos sine atá ag aistriú ó ospidéal ghéarmhíochaine go tithe altranais (mar iontrálacha nua), rud a laghdóidh an baol go mbeidh ar na daoine seo dul ar ais san ospidéal
- Tá obair ag leanúint ar aghaidh i dtaca le sonraíocht chóras TFC do sheirbhísí tacaíochta baile. Cuirfidh an córas seo ar chumas FnaSS soláthar seirbhíse tacaíochta baile a chosaint, mar táthar den tuairim go n-achtófar rialacháin reachtúla i ndáil le tacaíocht baile.

### Cúram Maolaitheach agus Deireadh Saoil

- Rinneadh an chéad Suirbhé Náisiúnta ar Dheireadh Saoil chun ceachtanna a fhoghlaim ó eispéiris daoine i ndáil le cúram deireadh saoil agus chun feabhas a chur ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil do dhaoine atá ag fáil bháis agus dá ngaolta araon. Soláthróidh torthaí an tsuirbhé náisiúnta seo, atá le foilsiú i 2024, faisnéis luachmhar maidir le caighdeán an chúram a chuirtear ar fáil ag deireadh saoil, agus gheofar tuiscint ar na rudaí atá ag obair go maith, chomh maith leis na réimsí ina bhfuil gá le feabhsuithe a chur i bhfeidhm
- Ceadaíodh sonrú nua do cheithre sholáthraí ospise deonacha, Ionad Cúram Marymount, Ionad Cúram Milford, Ospis na Gaillimhe agus Ospis Naomh Proinsias, agus aistríodh iad ó chomhaontuithe leibhéal seirbhíse Alt 39 go comhaontuithe Alt 38

Soláthróidh sé seo samhail chúram inbhuanaithe do sheirbhísí sainchúram mhaolaithigh d'aoisigh in Éirinn agus cinnteoidh sé go gcuirfear na príomhsheirbhísí sin ar fáil sa toadhcháil.

- I rith na bliana, cuireadh cúram speisialaithe maolaitheach ar fáil do:
  - 14,227 duine ina dtithe féin (ardú 5% ar 2022)
  - 13,840 othar in ospidéal ghéarchúram (ardú 2% ar 2022)
  - 4,159 duine in ionaid chúram mhaolaitheach d'othair chónaithe (ospisí) (ardú 12% ar 2022)
- Ina theannta sin, gach mí chuireamar cúram ar fáil do leanaí a bhfuil tinnis orthu a chiorraíonn a saol, mar seo a leanas:
  - Chuir Comhordaitheoirí Altraí Cliniciúla tacaíocht ar fáil do 320 leanbh sa bhaile gach mí (ardú 7% ar 2022)
  - Fuair 65 leanbh cúram maolaitheach speisialaithe i Sláinte Leanaí Éireann, in Ospidéal Chromghlinne agus Ospidéal Shráid an Teampaill gach mí (ardú 8% ar 2022)
  - Cuireadh 65 leanbh isteach in Ospis Leanaí Laura Lynn gach mí (ardú 23% ar 2022).

### Seirbhísí Meabhairshláinte

- Tá Grúpa Maoirseachta Náisiúnta bunaithe chun a chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm Clár Feabhsaithe Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh. Tá Oifig Mheabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh FnaSS, a bunaíodh i mí Mheán Fómhair, freagrach as an gclár a chur i bhfeidhm a chuireann san áireamh moltaí ó thuarascálacha éagsúla, ina measc, an *Tuarascáil ar an Athbhreithniú ar Sheirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh Limistéar MHS Chontae A (Tuarascáil Maskey)*, *Tuarascáil um Iniúchadh Náisiúnta um Chloí le Treoirínte Oibríocháin CAMHS*, *Tuarascáil ar Oideas i Seirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh (CAMHS) Torthaí ó*

*Iniúchadh Náisiúnta Iúil-Nollaig 2021*, agus an *tAthbhreithniú Neamhspleách ar sholáthar Seirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh (CAMHS) sa Stát leis an gCigire Seirbhísí Meabhairshláinte*.

Faoi dheireadh na bliana, as na 105 gníomh a moladh, bhí 57 fós á gcur i gcrích agus 27 curtha i gcrích

- Tá an tSamhail Cúram um Sheirbhísí Réitigh Géarchéime seolta agus tá tús curtha le seirbhísí speisialaithe a chur i bhfeidhm, ar bhonn píolótach, laistigh de sheirbhísí meabhairshláinte pobail áirithe chun diantacaíochtaí, a bheidh dírithe ar an duine, a chur ar fáil go tapa ar feadh tréimhse ghairid. Leis seo déantar cúram malartach a thairiscint seachas an t-othar a chur isteach in ionad cónaitheach
- Tá dhá cheann de na cúig mhól CAMHS atá beartaithe ag feidhmiú go hiomlán agus tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le plean monatóireachta agus meastóireachta do na móil
- I rith na bliana, socraíodh fostaíocht do 458 duine tríd an tseirbhís Tacaíochta Socrúcháin do Dhaoine
- Cuireadh 70 oibrí deonach breise leis an bpainéal comhshaothair d'oibrítithe deonacha meabhairshláinte atá ag gabháil d'obair fheabhsaithe seirbhíse, agus ghlac breis is 21,000 duine páirt i gclár oideachais téarnaimh
- Thacaigh clár teiripe cognaíoch iompraíochta treoraithe ar líne i ndáil le dúlagar nó imní le beagnach 8,000 duine agus tháinig breis is 90% de na hatreuirthe ó Dhochtúirí Teaghlaigh
- Cuireadh oiliúint maidir le bearta um chosc ar fhéinmharú agus iarghabháil ina leith seo ar fáil do bhreis is 13,500 duine lena n-áirítear na chéad fhreagróirí, eagraíochtaí neamhrialtasacha, eagraíochtaí pobail, gairmithe agus oibrítithe deonacha
- Foilsíonn Oifig Náisiúnta FnaSS um Fhéinmharú a Chosc (NOSP) Tuarascáil Bhliantúil gach bliain ina ndéantar achoimre ar chláir oibre agus caiteachais, agus is feidir féachaint air ag an nasc seo: [NOSP annual reports](#)



An tAire Rabbitte i dteannta fhoireann agus úsáideoirí seirbhísí ag oscailt oifigiúil Mol um Ionchuimsiú Sóisialta, An Clochán Liath

## Cuidíonn an mol le ceangal a chothú idir úsáideoirí óga seirbhísí agus a bpobal

Cothaíonn Mol um Ionchuimsiú (CI), a osclaíodh le gairid sa Chlochán Liath i nDún na nGall le hionchuimiú agus caidrimh a fhorbairt i measc úsáideoirí seirbhísí. Is seirbhís fágála scoile í atá á reáchtáil ag FnaSS do dhaoine fásta óga faoi mhíchumas intleachtúil, agus iad ag aistriú chuig seirbhísí do dhaoine fásta. Oibríonn an Mol go dlúth leis na daoine fásta óga seo chun neamhspleáchas a chothú, spriocanna pearsanta a leagan síos, agus tacú leo a saol a chaitheamh ar an tslí is mian leo féin, le tacaíocht ó fhoireann comhordaithe seirbhíse lae FnaSS agus tairiscintí treorach ó na foirne sin. Dúirt Deborah Smith, Comhordaitheoir Mol CI, an Clochán Liath, *“Tá ár suíomh lárnach ar fáil do chách agus mothaíonn daoine go bhfuil baint agus páirt acu leis an bpobal. Tá ceangal dáiríre againn leis an bpobal timpeall orainn. De bharr go bhfuil muid cóngarach don bhaile, chuir sé ar chumas úsáideoirí na seirbhíse imeascadh sa phobal áitiúil agus caidrimh a chothú”*.

- Foilsíodh ceithre thuarascáil ráithiúla i 2023 ar dhul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm an bheartais náisiúnta meabhairshláinte, Comhfhis, bunaithe ar nuashonruithe rialta ó bhreis is 20 ceannaire feidhmiúcháin ar fud FnaSS. Tá FnaSS freagrach as 82 as 100 moladh sa bheartas.

### Sláinte na mBan

- Seoladh sraith nua de Threoirínte Cleachtas Cliniúla um Chnámhseachas agus Ghinéiceolaíocht, a chlúdaigh réimsí éagsúla de chúram máithreachais agus gíniceolaíochta ar nós, fuiliú iarmheanapásach, marbh-bhreith, breith faighne tar éis gearradh

Caesarach, agus rith fola iarthuisimidh. Tá moltaí cliniúla atá cothrom le dáta sna treoirínte seo, bunaithe ar fhianaise maidir le cúram a thabhairt do mhná i seirbhísí máithreachais agus gíniceolaíochta, agus cuireann siad cur chuige caighdeánaithe chun cinn ar fud na tíre

- I mí Mheán Fómhair, cuireadh cóireáil um Atáirgeadh Daonna Cuidithe (AHR) atá maoinithe go poiblí ar fáil den chéad uair in Éirinn. Déantar an chonair cúraim seo a bhainistiú trí na sé mhol torthúlachta réigiúnacha poiblí atá ag feidhmiú ar fud na tíre. Tig leo atreoruithe a dhéanamh chuig soláthraithe príobháideacha ADC (AHR) atá údaraithe ag FnaSS

- Leanadh le hobair chun Plean Gníomhaíochta Sláinte na mBan 2022-2023 de chuid na Roinne Sláinte a chur chun cinn, ina measc, cuireadh leis an scéim frithghiniúna saor in aisce agus cuirtear frithghiniúint saor in aisce ar fáil anois do mhná idir 17-30 bliain d’aois. Ó cuireadh tús leis, bhain breis agus 170,000 bean leas as an scéim

- Tá sé cinn déag de chlinic gíniceolaíochta um chúram siúlach ‘feicthe agus cóireáil faighte’ i bhfeidhm faoi láthair, agus osclaíodh ceithre cinn díobh i 2023. Tá trí sheirbhís eile á bhforbairt faoi láthair.

## 3.2 Príomhsheirbhísí a Neartú

### Seirbhísí Míchumais

- Ullmhaíodh agus foilsíodh *Treochlár FnaSS um Fheabhsú Seirbhíse 2023-2026, do Sheirbhísí Míchumais do Leanaí agus do Dhaoine Óga*, i 2023. Is clár é seo atá dírithe go sonrach ar sheirbhísí a fheabhsú, seirbhísí a bheidh ar ardchaighdeán, éasca le teacht orthu, comhionann agus tapa a chur ar fáil do leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais chasta acu, lena n-áirítear tacaíochtaí chun feabhas a chur ar fhreagairtí do na leanaí seo agus dá dteaghlach
- Cuireadh leis na hacmhainní i seirbhísí speisialaithe míchumais sa phobal i réimsí na seirbhísí lae, faoisimh, cúram cónaithe agus cúntóirí pearsanta, ina measc, cuireadh 160 áit cónaithe nua um Thosaíocht 1 ar fáil



**3.54  
milliún**

Uair an chloig tacaíochta baile curtha ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas

(▲ 5% os cionn 2022 agus  
▲ 13% os cionn sprioc 2023)

- Rinne Foireann Cobhsaíochta agus Inbhuanaithe FnaSS dul chun cinn suntasach maidir le hanailís ar na dúshláin a bhaineann le seirbhís agus maoiniú san earnáil mhíchumais. Críochnaíodh Measúnú Tionchair Inbhuanaitheachta (SIA) le móreagraíocht 38 mar chuid den chlár chun forbheathnú cuimsitheach agus trédhearcach a chur ar fáil maidir le seirbhísí reatha, an tsamhail, soláthar foirne, cistiú agus riachtanais acmhainní a bhaineann leis na seirbhísí seo chomh maith le meicníochtaí rialachais. Rinneadh dul chun cinn freisin ar an bpróiseas SIA le heagraíocht Alt 39 agus tacaíodh leis na hathbhreithnithe seirbhíse i gcás roinnt soláthraithe eile. Ullmhaíodh tuarascálacha foghlama maidir leis an bpróiseas SIA freisin chun príomhfhaisnéis agus na ceachtanna a foghlaimíodh a scaipeadh
- Thosaigh an Líonra um Athshlánúchán Cliniciúil Bainistithe (MCRN) ag feidhmiú sna suíomhanna píolótacha i gCúram Sláinte Pobail an Oirthir agus i gCúram Sláinte Pobail Bhaile Átha Cliath Theas, Chill Dara agus Iarthar Chill Mhantáin, agus rinneadh gach atreorú i gcomhair néara-athshlánúchán sna hEagraíochtaí Cúram Sláinte Pobail seo tríd an gComhordaitheoir Athshlánúcháin MCRN. Cuireadh tús chomh maith i 2023 le Foirne Néara-Athshlánúcháin Pobail i gCúram Sláinte Pobail an Iarthair, i gCúram Sláinte Pobail Chorcaí Chiarraí, i gCúram Sláinte Pobail an Oirthir agus i mBaile Átha Cliath Theas, i gCúram Sláinte Pobail Chill Dara agus Iarthar Chill Mhantáin
- Bunaíodh 69 Fóram Teaghlach nua agus cúig Ghrúpa Ionadaíochta Teaghlach chun rannpháirtíocht na n-úsáideoirí seirbhíse agus teaghlach a chinntiú i bhforbairt sheirbhísí na bhFoirene um Líonra Míchumais Leanaí ag leibhéil náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla
- Rinneadh dul chun cinn ar chóras monatóireachta a fhorbairt chun an comhlíonadh maidir le 'Caighdeán Eatramhacha do Threonna Nua' a mheas chun cabhrú le páirtithe leasmhara seirbhísí agus tacaíochtaí

a chur ar fáil de réir na físe agus na gcuspóirí sonraithe atá leagtha amach sna Treonna Nua agus sna tuarascálacha um Luach ar Airgead

- Seoladh an *Plean Gníomhaíochta do Sheirbhísí Míchumais 2024-2026* i mí na Nollag inar leagadh amach clár uailmhianach chun seirbhísí a leathnú ar feadh na trí bliana amach romhainn. Léiríonn an plean gníomhaíochta an chéad chéim d'fheidhmiú an Athbhreithnithe ar Acmhainn Míchumais agus leagtar amach ann raon gníomhartha atá deartha chun rochtain níos fearr a thabhairt do dhaoine ar sheirbhísí míchumais, agus torthaí maithe a bhaint amach i ndáil le soláthar na seirbhísí, trí athrú straitéiseach agus pleanáil agus bainistíocht níos fearr a chumasú bunaithe fhaisnéis agus córais níos fearr.

### Caighdeán Cliniciúil agus Sábháilteacht Othar

- Tá fiche sé conair chúraim nua-aimseartha curtha i bhfeidhm anois, agus bhí os cionn 38,000 teagmháil othar i gceist i ndáil leis na seacht gconair thosaíochta. Déanann na conairí seo athchóiriú ar sheirbhísí cúraim sceidealaithe ionas go bhfaigheann daoine rochtain ar sheirbhísí níos tapúla, agus ionas go mbíonn feabhas ar chaighdeán na seirbhísí chomh maith le cúram a chur ar an othar san áit is fearr dó / di
- Bunaíodh oifig nua Insamhlaithe um Nuálaíocht Chliniciúil, ina bhfuil an Clár Nuálaíochta Spark chun tacú le hoibríthe cúram sláinte an líne thosaigh agus iad i mbun gníomhaíochta nuálaíochta agus chun timpeallacht foghlama nua a sholáthar chun tacú le dul chun cinn i seachadadh cúram sláinte
- Tá 73% de na gníomhartha atá i bPlean Gníomhaíochta FnaSS um Rialú Ionfhabhtuithe in aghaidh Ábhar Frithmhiocróbach (AMRIC) 2022-2025 críochnaithe, agus tá 22% eile ar siúl
- An Treoirlíne Chliniciúil Náisiúnta uimh. 30: Foilsíodh Cosc agus Rialú Ionfhabhtuithe agus 79 treoirlíne





eile maidir le rialú ionfhabhtuithe / maoirseachta frithmhiocróbacha chun tacú le cleachtas atá bunaithe ar fhianaise

- Bhí faireachas agus monatóireacht ar bun maidir le hionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte agus ar úsáid antaibheathach, chun tacú le feabhsuithe i gcúram othar in ospidéal agus i suíomhanna pobail
- Bunaíodh foirne cúraim infhéitheach in ocht n-ospidéal géarmhíochaine chun tacú le feabhsuithe i gcúram líne forimeallach agus laghduithe ar ionfhabhtuithe fola a bhaineann le línte, agus an tionchar ar an méid laethanta a úsáidtear leapa sna hospidéal
- Bunaíodh an Clár Ionfhabhtaithe um chréacht Máinliachta, foilsíodh creatlach agus bunaíodh córas bailithe sonraí i gcomhar leis an Oifig Náisiúnta um Iniúchadh Cliniciúil, Iniúchadh Briseadh Corróg
- Cuireadh feabhas ar cháilíocht agus sábháilteacht trí fheidhmiú *Straitéis Sábháilteachta Othar FnaSS 2019-2024*. Baineann sé seo le feabhas a chur ar phróisis agus ar thorthaí cúraim i réimsí mar othrais brú / bainistiú créachta, titimí, seipsis, othar atá ag dul in olcas, agus sábháilteacht cógais. Chomh maith:
  - Seoladh an Pointe Iontrála Leictreonach in ocht suíomh ospidéal chun tuairisciú agus anailís teagmhais a chúchóiriú
  - Seoladh an t-ardán um Shábháilteacht Othar le Chéile, atá dírithe ar cheachtanna a fhoghlaim i ndáil leis na seirbhísí, mar aon le faisnéis a roinnt agus seirbhísí a fheabhsú tar éis teagmhais dhíobhálacha tromchúiseacha
  - Críochnaíodh an chéim chomhdhearaidh den Chreat Náisiúnta um Inniúlacht Cháilíochta agus Sábháilteacht Othar
  - D'fhoilsigh an Lárionad Náisiúnta um Iniúchadh Cliniciúil a chéad Iniúchadh *Cliniciúil Náisiúnta ar Thriásáil sna Rannóga Éigeandála 2023*, chomh maith le tacú le roinnt iniúchtaí agus clárlanna náisiúnta

- Chun tacú le daoine aosta maireachtáil go neamhspleách ina dtithe agus ina bpobail féin chomh fada agus is féidir, bhunaigh an Clár Cliniciúil Náisiúnta do Dhaoine Aosta i gcomhair le hAoisbhá Éireann Éire a Thacaíonn (Comhairle Chontae na Mí) 31 clár áitiúil um Thithe Sláintiúla Aoisbhácha. Ceapfar 31 comhordaitheoir chun tacaíocht a thabhairt do dhaoine aosta a bhfuil tithe acu agus déanfaidh naonúr Nascóir Pobail daoine aosta a scaoiltear amach as CST a chur i dteagmháil le tacaíochtaí neamhleighis ina bpobal áitiúil, de réir mar a théann siad in aois nó mar gheall ar bhreiteacht éigin
- Seoladh roinnt samhlaigh cúraim, a leagann amach conairí cúraim atá soiléir agus comhtháite, ina measc, an *tSamhail Chúraim do Dhaoine ar a bhfuil Neamhord Meabhrach agus Neamhord um Úsáid Substaintí araon (Dé-Dhiagnóis)* a mholann seachadadh comhtháite seirbhísí, agus an *tSamhail Chúraim um Athshlánúchán Comhtháite Cairdiach 2023* a chuireann seirbhís ar ardchaighdeán, cothrom agus dírithe ar an duine, ar fáil d'othair athshlánúcháin cairdiacha
- D'éascaigh tionscnaimh bhainistíochta maidir le raon leathan galar géarmhíochaine agus máinliachta an bealach ionas gur tháinig ardú ar líon na n-othar (19.4%) a chuaigh go díreach chuig / trí chonairí géarchúraim leighis, agus bhí siad seo ábalta RÉ a sheachaint, chomh maith le hamanna feithimh a bhaineann leis
- Bunaíodh 34 Chlinic Triáise mhatánchnámharlaigh (MSK) sa phobal d'othair ar liostaí feithimh ortaipéideacha agus réamaiteolaíochta. Dá mbarr seo bhí níos mó daoine in ann an cúram seo a fháil, nach mbíodh ar fáil ach amháin in ospidéal roimhe seo
- Foilsíodh Tuarascáil na nOspidéal-Samhail 3, a rinne imscrúdú ar na dúshláin maidir le hearcú agus coinneáil comhairleoirí i measc na speisialtachtaí go léir in ospidéal

Samhail 3. Rinneadh sraith moltaí chun dul i ngleic le fadhbanna áirithe. Ina theannta sin, tháinig méadú 4% ar an líon mac léinn iarchéime leighis i 2023 le méadú iomlán de 25% ar líon na ndochtúirí cláraithe ar chlár oiliúna iarchéime le cúig bliana anuas

- Chuaigh obair chun cinn chun seirbhísí ardchleachtóirí altranais agus cnáimhseachais a fhorbairt ar fud an chórais cúram sláinte, rud a d'fhág go raibh 1,228 ardchleachtóir ann ag deireadh mhí na Nollag, arb ionann é agus 2.6% den fhórsa oibre altranais agus cnáimhseachais
- Mar fhreagra ar iarratais ar Altraspeisialtóirí Cliniciúla breise agus Speisialtóirí Cnáimhseachais Cliniciúla, forbraíodh agus cuireadh i bhfeidhm conair ghairme a thacóidh leis na seirbhísí chun breis foirne a fháil
- Rinneadh dul chun cinn le cur i bhfeidhm Chéim I agus II de na Creataí um Líon Foirne Altranais Sábháilte agus Meascán Scileanna in ospidéal, agus cuireadh 25 áit bhreise ar fáil i gcomhair oiliúint fhochéime altraí agus cnáimhseach
- Críochnaíodh an Creat um Ardchleachtas do Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (HSCP) chun eolas a sholáthar d'ullmhú beartais atá riachtanach chun tacú le feidhmiú Ard-Chleachtas HSCP
- Cuireadh tús le cúig phríomhshruth oibre chun tacú leis an socrúchán cleachtas oideachas atá rithábhachtach chun an fórsa saothair a bheidh ar fáil a mhéadú: rialachas, sonraí, feidhmiú an Chreat Cáilíochta Náisiúnta HSCP d'Oideachas Cleachtas Inbhuanaithe, cuireadh na buntáistí a bhaineann le socrúchán mac léinn in iúl, chomh maith le hoiliúint chun tacú le baill foirne a sholáthraíonn socrúcháin
- Chuir maoiniú breise ar chumas HSCP tabhairt faoi oiliúint iarchéime nach raibh rochtain air roimhe seo. Cuireadh maoiniú ar fáil do os cionn 450 HSCP chun tuairim is 40 cúrsa éagsúil a dhéanamh in 14 institiúid ardoideachais, ag díriú ar réimsí tosaíochta na seirbhíse sláinte.

## 3.3 Éifeachtúlacht maidir lenár nAcmhainní

Tá sé ríthábhachtach, ar mhaithe le hinbhuanaitheacht, éifeachtúlacht as cuimse a bhaint amach maidir le leibhéil infheistíochta chun cúram a chur ar fáil i dtimpeallacht chasta airgeadais agus oibriúcháin. Tá sé riachtanach go n-oibreodh muid ar bhealach níos cliste le héifeachtúlacht a bhaint amach maidir lenár n-acmhainní reatha, trí bhealaí éagsúla, níos fearr a úsáid chun freastal ar dhúshlán an éilimh, a sháraíonn an méid atá ar fáil go mór. Tá ár n-oibríthe agus ár bhfoirne i gcoilár ár seirbhíse sláinte náisiúnta agus leanfaimid ag forbairt, ag tacú agus ag coinneáil ár bhfoirne reatha chomh maith le dul i bhfeidhm ar ghlúin nua d'fhostaithe cúram sláinte. Is cumasóir ríthábhachtach í an tsláinte dhigiteach maidir le cúram sláinte a chur ar fáil, ag soláthar nuálaíochtaí agus réitigh ar a bhfuil ar a gcumas rochtain, éifeachtúlacht agus caighdeán an chúraim a fheabhsú.



Rinneadh dul chun cinn maidir le soláthar leapacha, le 254 leaba géarmhíochaine breise, ina measc, 16 leaba cúraim chriticiúil chomh maith le 366 leaba pobail athsholáthair.

### Airgeadas agus Soláthar Náisiúnta

- Thosaigh an Córas Comhtháite Bainistithe Airgid agus Soláthair ag feidhmiú i mí Iúil chun tacú le feabhsuithe ar thuariscíú airgeadais, ina measc, anailís agus réamhaisnéis. Tugadh rochtain do nach mór 4,000 úsáideoir sa chéad cheann de chúig ghrúpa atá le cur chun feidhme
- Rinneadh dul chun cinn ar chur i bhfeidhm *Phlean Forfheidhmithe an Chláir um Chistiú Bunaithe ar Ghníomhaíochtaí (ABF) 2021-2023*, lena n-áirítear Clár Clinicí Othar Seachtrach atá bunaithe ar TF a fhorbairt, agus clár píolótach RÉ a chur i gcrích
- Rinneadh dul chun cinn ar fheidhmiú *Phlean Soláthair Corparáideach FnaSS 2022-2024*, tá soláthar glas le feidhmiú agus próiseas athbhreithnithe bliantúil an Ráitis um Rialú Inmheánach le cur ar fáil ar bhonn ráithiúil
- Tar éis seoladh na Rialachán Airgeadais Náisiúnta athnuaite atá éasca le húsáid, cuireadh sraith seimineár gréasáin, oiliúint agus acmhainní eile a bhaineann leo ar fáil
- Cuireadh críoch le cur i bhfeidhm Clár Náisiúnta Comhtháite na dTaifead Foirne agus Párolla i réigiún an deiscirt agus cuireadh 18,500 fostaí breise leis. Cuireadh tús le plé le FnaSS an Iarthair agus an Oirthuaiscirt maidir le dul chun cinn a dhéanamh i dtaca leis an gclár a

fheidhmiú. Tá cás gnó á fhorbairt anois chun an clár a chur i bhfeidhm i ngach gníomhaireacht Alt 38.

### Acmhainní Daonna Náisiúnta

- Leanadh ag cur leis an bpleanáil agus acmhainn earcaíochta tríd an tsamhail oibriúcháin earcaíochta déabhlóidithe. Cuireadh tacaíocht ar fáil ina leith seo nuair a seoladh an chéad straitéis um acmhainní lucht saothair 'Acmhainní a chur ar fáil dár dTodhchaí'
- Seoladh Mol Gairme FnaSS chun feabhas a chur ar straitéisí chun iarrthóirí a mhealladh i gcomhair gach réimse gairme. Bronnadh gradam um thionscnamh Acmhainní Daonna is Fearr san Earnáil Phoiblí ar an Mol seo ag Gradaim Ceannaireachta agus Bainistíochta AD 2023
- Leanadh ag tacú le seirbhísí maidir le hearcaíocht idirnáisiúnta chun cur le rochtain ar raon níos leithne iarrthóirí domhanda. Forbraíodh painéil ghníomhaireachta freisin chun freastal ar asláithreachtaí gan choinne nó ar ardú éilimh
- Forbraíodh cumasóirí cleachtais earcaíochta cáilíochta ó thús go deireadh, ina measc, leathanaigh ar shuíomhanna gréasáin earcaíochta atá leagtha amach chun faisnéis spriocdhírthe, tacaíocht agus treoir ghairmiúil i ndáil le AD maidir le hearcaíocht chomhlíontach a chur ar fáil do gach seirbhís earcaíochta agus Acmhainní Daonna (AD)

- Forbraíodh prótacal náisiúnta um Alt 19 den *Acht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin* chun cabhrú le bainisteoirí FnaSS cloí leis an gceanglas dlíthiúil maidir le hábhair imní ar bith a thuairiscí do Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána
- Cuireadh seirbhísí tacaíochta d'fhostaithe ar fáil, ina measc, oibríodh chun moltaí an *Athbhreithnithe ar Ról agus Feidhm Cúntóirí Cúraim Sláinte* a chur i bhfeidhm trí Chlár um Chúntóirí Cúraim Sláinte
- Leanadh le tacaíochtaí d'oiliúint agus d'fhorbairt, lena n-áirítear feidhmiú leanúnach, forbairt bhreise agus leathnú ar an bpróiseas gnóthachtála feidhmíochta. Tá ardú leanúnach ag teacht ar an líon daoine a fhaigheann rochtain ar dheiseanna oiliúna agus forbartha HseLanD, ar líne. I measc na bhforbairtí eile bhí:
  - Feidhmiú trí chohóirt de phríomhchlár Acadamh Ceannaireachta na Seirbhíse Sláinte
  - Seoladh Scoláireacht AD nua FnaSS den Fhoras Riaracháin
  - Cuireadh tús le cohórt 3 de chlár náisiúnta cóitseála creidiúnaithe de chuid chónaidhm cóitseála idirnáisiúnta
  - Cuireadh le cóitseáil duine le duine agus cóitseáil foirne
- Seoladh Creat um Fhorbairt Chumas Acmhainní Daonna agus Ceannaireacht Cultúir
- *Foilsíodh Cultúr Eagraíochtúil – Treoir don tSeirbhís Sláinte* le cur ar chumas na foirne tuiscint níos fearr a fháil ar na gnéithe a chuireann le cultúr eagraíochtúil
- Foilsíodh clár ríomhfhoghlama um Éagsúlacht, Comhionannas agus Ionchuimsiú agus cuireadh ar fáil é ar HSeLanD i dteannta Líonra Éagsúlachta Cultúir nua d'fhostaithe ó chúlraí eitneacha agus cultúir éagsúla
- Leanadh le digitiú na bpróiseas AD. Forbraíodh earcaíocht dhigiteach, córais phárolla, bainistíocht pearsanra agus réitigh um bainistiú cáipéisí, mar aon le hoiliúint chun tacú leis

an bhfoireann cur lena scileanna digiteacha

- Leanadh den rannpháirtíocht chun creataí caidrimh thionsclaíoch a chomhaontú agus a fheidhmiú, ina measc, comhaontú na seirbhísí poiblí agus feidhmiú na gconarthaí nua do dhochtúirí comhairleacha
- Leanadh ag feidhmiú mholtaí an Tascfhórsa dochtúra ospidéal neamhchomhairleach (NCHD) agus sheol Aonad Sláinte agus Folláine san Ionad Oibre FnaSS Mol Sláinte agus Folláine speisialtóra NCHD.

## Bonneagar agus Trealamh

- Leanadh le dul chun cinn gach tionscadal a bhí geallta de réir conarthaí, chuathas i ngleic le hábhair mar chomhlíonadh agus riosca aitheanta, cuireadh leis an eastát cúram sláinte atá ann cheana agus cuireadh bonneagair ar fáil i gcomhair seirbhísí chun cur le seirbhísí pobail agus géarmhíochaine, agus é mar aidhm níos fadtéarmaí an t-eastát cúram sláinte a nuachóiriú chun rochtain a fheabsú d'úsáideoirí na seirbhísí
- Cuireadh tús le feidhmiú *Threochlár um Dhícharbónú Bonneagair FnaSS*, atá ag teacht le *Straitéis um Ghníomhú ar son na hAeráide FnaSS 2023-2050*, chun éifeachtúlacht fuinnimh níos fearr a bhaint amach agus ionas go mbeidh eastát cúram sláinte níos inbhuanaithe
- Tacaíodh le tionscadail tosaíochta an Rialtais, lena n-áirítear forbairt leanúnach an ospidéal nua leanaí agus cur chun cinn an phróisis tairisceana don Ospidéal Náisiúnta Máithreachais i ndiaidh ceadú Rialtais a fháil don chás gnó deiridh
- Cuireadh tús le cuardach foirne dearaidh chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le forbairt na n-ospidéal nua um chúram roghnach ag na suíomhanna roghnaithe i gCorcaigh agus i nGaillimh
- Rinneadh dul chun cinn ar fhorbairtí leanúnacha maidir le breis leapacha, le 254 leaba géarmhíochaine breise agus athsholáthair san iomlán, ina

measc, 16 leaba cúraim chriticiúil, chomh maith le 366 leaba pobail athsholáthair

- Tacaíodh le príomhthionscnaimh atá ag teacht le cúram sláinte uilíoch a chumasú sna réimsí ECC, cúram príomhúil, seirbhísí daoine aosta agus seirbhísí meabhairsláinte. Tógadh naoi nIonad Cúraim Phríomhúil nua
- Tionscnaíodh agus forbraíodh clár um mol máinliachta do Bhaile Átha Cliath Thuaidh, Baile Átha Cliath Theas, Corcaigh, Port Láirge, Luimneach agus Gaillimh
- Leanadh le seachadadh leanúnach an chlár athsholáthair trealamh leighis ionas go mbeidh seirbhísí othar sábháilte agus ar ardchaighdeán.



# 86.6%

ag feithimh <15 mí lena gcéad choinne a fháil le seirbhís sna Rannóga Seachtracha

(▼ 4% faoi bhun sprioc 2023; ní thig comparáid a dhéanamh le 2022 – méadrach nua do 2023)

### 3.3 Éifeachtúlacht maidir lenár nAcmhainní

#### Aip ‘Aistear Beag’ le leanaí a ullmhú d’obráidí

Forbraíodh aip ‘Aistear Beag’ chun cabhrú le leanaí idir 3 agus 12 bliana d’aois ullmhú le haghaidh obráidí agus chun a n-imní a mhaolú roimh thréimhse san ospidéal. Tá raon 360 céim san aip ar na réimsí go léir a dtabharfaidh na leanaí cuairt orthu san ospidéal, chomh maith le faisnéis úsáideach faoi anéistéseolaíocht atá curtha in oiriúint d’aois an linbh. Dúirt an Dr Vinod Sudhir, Anéistéseolaí Comhairleach in Ospidéal Ollscoile Portiuncula, agus é ag míniú an chúis ar cuireadh an aip le chéile *“gur fíor-fheiniméan é imní réamh-obráide i measc leanaí agus tuismitheoirí, sula dtéann na leanaí faoi ainéistése ginearálta. Forbraíodh an aip chun cabhrú leis an taithí a bhíonn ag leanaí in ospidéal a athrú de bharr go mbíonn siad cumasaithe agus tugtar an fhaisnéis dóibh, a theastaíonn uathu chun a n-imní a mhaolú ar bhealach spráil idirghníomhach”*.



#### ríomhShláinte

- I ndiaidh feidhmiú rathúil Chéim 1 den chlár O365, i gCéim 2 cumasaíodh breis agus 80% dár bhfórsa saothair digiteach le huirlisí comhoibríthe agus soghluaisteacha atá sábháilte agus nua-aimseartha. Bhain 54,600 ball foirne úsáid as Office 365 agus Microsoft Exchange Online i 2023
- Leanadh agus athbhunaíodh an clár ascnamh digiteach HealthIRL, an bhunchloch i gcomhair claochlú digiteach agus cibearshláid níos fearr. I 2023, bhí aitheantas sábháilte sa néalchóras ag 59,100 úsáideoir breise de chuid FnaSS breise
- Seoladh Treochlár Teileashláinte FnaSS 2024-2027: Bonn agus Taca le Teilea-shláinte a Leabú agus a Leathnú, inar leagadh amach an treochlár chun todhchaí cúram sláinte a athrú ó bhonn, trí thorthaí, taithí agus sábháilteacht a fheabhsú d’othair agus don fhoireann
- Leanadh den obair chun dul i ngleic le torthaí an athbheithnithe iar-theagmhais tar éis chibirionsaí coiriúil contí. Leanadh le feidhmiú céimneach na bhfeabhsuithe ar shlándáil agus seasmhacht an bhonneagair atá ríthábhachtach go náisiúnta, mar aon le feachtas a neartú maidir le bagairtí cibearshláidála ar fud na heagraíochta, m.sh. trí cheardlanna freagartha i ndáil le cibeartheagmhais a chur ar fáil. Chomh maith le cibear-chosaint, díreann go príomha ar nuachóiriú an eastáit teicneolaíochta chun na rioscaí gnó agus cibear-chosanta a bhaineann le húsáid teicneolaíochta oidhreacht a mhaolú
- Cuireadh tús le feidhmiú NCIS sna suíomhanna seo a leanas – Otharlann Theas Ospidéal Ollscoile Victoria, Ospidéal Uí Chonghaile, Baile Bhlainséir, Ospidéal Ginearálta an Chabháin, Ospidéal Ollscoile na Trócaire, Ospidéal Mhuire Lourdes Droichead Átha, Ospidéal Ginearálta Naomh Lúcas Ceatharlach, Cill Chainnigh agus Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann

- Leanadh le cur i bhfeidhm na Seirbhísí Cúraim Speisialaithe – Córas um Bainistiú Cliniciúil curtha i bhfeidhm go rathúil in Ospidéal Náisiúnta Meabhairshláinte Fóiréinsí
- Críochnaíodh plean tionscadail Taifead Sláinte Leictreonach SLÉ (CHI) agus earcaíodh na hoibríthe tosaigh agus cuireadh oiliúint orthu chun tús a chur leis an bplean forfheidhmithe
- Cuireadh soláthar ICCMS chun cinn chun tuilleadh eolais a chur ar fáil do phleanáil seirbhíse, do mheasúnú riachtanas, do mheastóireacht agus do chinntí um chothromú acmhainní ar fud na seirbhísí
- Críochnaíodh feidhmiú an Chórais Chomhtháite Bainistíochta Airgeadais C i nGrúpa 1 (FnaSS an Oirthir) agus tá obair ar siúl maidir le suíomhanna i nGrúpa 2.
- Forbraíodh Aimsitheoir Limistéir FnaSS, i gcomhar le cúram príomhúil, chun atreorúithe a éascú. Rinneadh timpeall 35,000 idirghníomhaíocht leis ó seoladh é i mí Mheán Fómhair. Bunaíodh clár oiliúna freisin don ardán Health Atlas Ireland agus cuireadh i bhfeidhm é chun cabhrú le húsáideoirí an Aimsitheora i gcoitinne
- Rinne an Clár um Shamhail Seirbhíse Comhtháite athbhreithniú ar an bhfreagairt ar bhorradh geimhridh 2022 / 2023 agus cuireadh torthaí ar fáil chun bonn eolais a chur faoi phleanáil ullmhachta don todhchá. Ina theannta sin, seachadadh Próifíl Ilbhliantúil um Éileamh Neamhsceidealaithe agus Cúraim Éigeandála agus tuarascáil ar an Dealramh maidir le Borradh Geimhridh 2023 / 2024.

## Seirbhís Aisíocaíochta um Chúram Príomhúil

### Taighde agus Fianaise

- Rinneadh dul chun cinn maidir le feidhmiú *Chreat Náisiúnta FnaSS um Rialachas, Bainistíocht agus Tacaíocht do Thaighde* le forbairt na spriocshamhail oibríochta
- Rinneadh dul chun cinn maidir le caighdeánú náisiúnta na mbeartas, na dteimpléad agus na hoiliúna, ina measc, seoladh *Bheartas Náisiúnta FnaSS um Thoilíú i dTaighde Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh*
- Cuireadh tús le feidhmiú Stór Lárnach Náisiúnta FnaSS beo ar shuíomh Gréasáin FnaSS. Seo í an fhoinsé iontaoifa aonair chun rochtain, stóráil agus bainistiú cáipéisí maidir le beartais náisiúnta, cleachtais, prótacail, treoirlínte (PPPGs) agus treoirlínte cliniciúla FnaSS. Bhain os cionn 30,000 duine úsáid as faoi mhí na Nollag
- Seoladh treoir phraiticiúil, *Conas Beartais, Cleachtais, Prótacail agus Treoirlínte Neamhchliniciúla FnaSS a Fhorbairt*, agus bhí an treoir seo éigeantach maidir le forbairt gach PPPG náisiúnta agus treoirlínte cliniciúla FnaSS
- Tugadh aisíocaíochtaí do thuairim is 6,600 conraitheoir agus próiseáladh tuairim is 100 milliún éileamh ar sholáthar seirbhísí sláinte don phobal
- Rinneadh leathnú ar scéim na gcártaí cuairte DT (GP) saor in aisce, ina measc, cuireadh cártaí cuairte DT (GP) saor in aisce ar fáil do leanáí idir sé agus seacht mbliana d'aois agus cuireadh na hathruithe ar thairseacha ioncain i bhfeidhm maidir le cártaí cuairte DT (GP) i gcás dhaoine aonair idir ocht mbliana agus 69 bliain d'aois
- Bainistíodh na hathruithe ar an scéim frithghiniúna saor in aisce
- Rinneadh measúnú agus aisíocaíocht maidir le hiarratais do dhrugaí nua agus úsáidí nua maidir le drugaí reatha, de réir nósanna imeachta comhaontaithe, agus rinneadh bainistiú ar aisíocaíocht don Cariban® (docsolaimín / píreadocsáin) trí shocrú eisceachtúil.

## Bainistíocht Éigeandála

- Leanadh den obair ar fud FnaSS agus ar bhonn idirghníomhaireachta agus idir-rannach chun tacú le pleanáil agus ullmhacht i ndáil le móréigeandálaí, ina measc, comhairle agus treoir a sholáthar don cheannaireacht agus tacaíochtaí don Fhoireann Náisiúnta Bainistithe Géarchéime agus Foirne Náisiúnta Bainistithe Géarchéime Limistéir nuair ba ghá
- Leanadh den rannpháirtíocht le príomhghníomhaireachtaí freagartha agus le ranna rialtais chun dualgais FnaSS a chomhlíonadh mar atá leagtha amach sa *Chreat um Bainistíocht Móréigeandála, 2006* agus *Bainistíocht Straitéiseach Éigeandála, Struchtúir agus Creat Náisiúnta, 2017*, chomh maith le hoibleagáidí reachtúla maidir le láithreáin Seveso, ceadúnú imeachtaí faoin aer, aerfoirt, tolláin bóthar agus tolláin iarnróid
- Dréachtaíodh Beartas agus Lámhleabhar Leanúnachais Gnó FnaSS, le cur i bhfeidhm go luath i 2024, agus ullmhaíodh Plean Oibríochta um Paidéim FnaSS nua i gcomhar le Cosaint Sláinte Náisiúnta
- Seachadadh réimse oiliúna agus cleachtaí ar fud na tíre, dhá chleachtaidh réamh-ospidéil agus dhá chleachtaidh ospidéil ghéarmhíochaine san áireamh, ag baint úsáide as an gCóras Oiliúna Emergo
- Tacaíodh leis an saothar maidir leis an dóiteán in Ospidéal Ginearálta Loch Garman mar aon leis an bpróiseas aisghabhála ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta araon. Thacaigh Bainistíocht Éigeandála FnaSS an Deiscirt leis an saothar maidir leis na tuilte i Mainistir na Corann, Co. Chorcaí
- I gcomhar le Cosaint Sláinte, ospidéil ghéarmhíochaine, agus an SNO (NAS), rinneadh pleanáil do Ghalair Thógálacha le Drochiarmhairtí (HCID), lena n-áirítear aistriú othar HCID chuig saoráidí leithlise sa stát agus chuig áiseanna leithlise sa Ghearmáin.

## 3.4 Iontaoibh agus Muinín a Chothú

Caithfidh muinín agus iontaoibh a bheith ag daoine as ár seirbhísí. Tá an tábhacht, a bhaineann le feabhsú caighdeáin, sábháilteacht othar agus soláthar cúraim sábháilte, lárnach i ngach rud a dhéanaimid; ní de bhreis ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil atá i gceist, ach, mar chuid den bhealach a gcuirimid seirbhísí ar fáil. Neartaítear é seo trí oibriú le hothair / úsáideoirí na seirbhísí agus le chéile agus ceachtanna a fhoghlaim óna chéile maidir le cúram a dhearadh, a chur ar fáil, a mheas agus a fheabhsú go leanúnach (féach Cuid 2.3 chun breis faisnéise a fháil ar rannpháirtíocht úsáideoirí na seirbhísí).



Os cionn

**70**  
**milliún**

Cuairt ar shuíomhanna  
gréasáin HSE.ie

### Cumarsáid

- Tugann feachtais FnaSS eolas maidir le feabhas a chur ar iompraíocht sláinte. Tugtar eolas trí QUIT, vacsaíniú agus feachtais eile, agus rinneadh os cionn 3.5 milliún teagmháil i ndáil leo seo i rith 2023
- Tugadh 70 milliún cuairt ar shuíomhanna Gréasáin HSE.ie agus chuidigh seo le rochtain phoiblí, comhpháirtíochta agus othar chun faisnéis sláinte ar ardchaighdeán a fháil. Chomh maith leis sin, d'fhorbair ár bhfoireann dhigiteach suíomh Gréasáin nua HSE.ie do sheirbhísí réigiúnacha agus náisiúnta, ag tacú leis na Réigiúin Sláinte atá chun tosú ag feidhmiú i 2024, agus rinne siad obair ar an Aip Sláinte, atá le heisiúint i 2024 freisin
- Leanadh leis an iarracht chun tuiscint an phobail ar obair FnaSS a mhéadú trí ábhair nuachta, agus bíonn imeachtaí agus scéalta a bhaineann le FnaSS clúdaithe ar bhonn seachtainiúil sna meáin nuachta
- Tugadh aitheantas do Rannóg Cumarsáide FnaSS nuair a bronnadh Gradam Sármhaitheasa ar an rannóg ag Gradaim na hInstitiúide um Chumarsáid Inmheánach 2023, de bharr a gcuid oibre i ndáil le faisnéis ar líne a chur ar fáil, a bhfuil sé éasca ag an bhfoireann teacht air
- Foilsíodh *Straitéis Chumarsáide FnaSS 2023-2025* nua. Tá sé deartha chun ár gcuid oibre a threorú, muinín a thuilleamh i FnaSS agus tacú le bunú foirne cumarsáide réigiúnacha nua sna Réigiúin Sláinte.

### Acht na dTeangacha Oifigiúla

- De réir mar a cheanglaítear faoi *Acht na dTeangacha Oifigiúla (arna Leasú) 2021*, ní mór go mbeadh gach comhartha ag saoráidí FnaSS i nGaeilge agus i mBéarla agus, cé go gcomhlíonann go leor suíomhanna é seo, rinneadh roinnt gearán faoi sháruithe ar an Acht i rith 2023
- Tá feachtais faisnéise poiblí FnaSS ar bhealaí teilifíse, raidió agus eile ar fáil anois i nGaeilge agus i mBéarla
- Tá postáil amháin as gach cúig phostáil ar na meáin shóisialta ó chuntais FnaSS i nGaeilge, agus tá leathanach Facebook i nGaeilge ag FnaSS
- Tá Mol Foghlama Gaeilge cruthaithe laistigh den Chrios Aimsithe ar HseLanD, agus tá rochtain oscailte don fhoireann ar fad
- Forbraíodh aistriúchán deimhnithe maidir le gach teideal poist agus grádchóid de chuid FnaSS, agus tá sé ar fáil ar HseLanD agus ar shuíomh Gréasáin FnaSS
- Fógraíonn foirne earcaíochta FnaSS poist i nGaeilge agus i mBéarla.

## Clár Maoirseachta Uisce

Chomhoibrigh Rannóg Chaipitil agus Eastáit FnaSS le hUisce Éireann, agus a gcomhpháirtithe oideachais, 20FIFTY Partners, i seoladh an Chláir Maoirseachta Uisce chun cleachtais inbhuanaitheachta a chur i bhfeidhm in ospidéal ar fud na hÉireann. Mar chuid den tionscadal píolótach, cuirfidh ospidéil i gCabhán, i gCo. Lú, sa Tulach Mhór agus i gCiarraí clár i bhfeidhm chun tacú le saoráidí le seasmhacht straitéiseach um riosca uisce agus cuirfear oiliúint bhainistíochta ar fáil maidir le ceithre cholún na Maoirseachta Uisce (cainníocht, cáilíocht, comhshaol agus rialachas) chun uisce a chur ar fáil ar an suíomh agus maolú a dhéanamh ar rioscaí criticiúla a bhaineann le huisce. Cabhróidh an tionscadal seo freisin le cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach i dtéarmaí bainistithe uisce, mar atá san áireamh i *Straitéis um Ghníomhú ar son na hAeráide FnaSS 2023-2050*, a foilsíodh le déanaí.



Paul de Fréine, Ceannasaí Caipitil agus Eastáit FnaSS; Niall Gleeson, POF Uisce Éireann; Bernard Gloster, POF, FnaSS; Christine Crawford, Uisce Éireann

## Freagrachtaí Sóisialta Ginearálta

### Oifig Náisiúnta do Bheartas um Chomhionannas agus Cearta an Duine

- Cuireadh tús le feidhmiú an *Achta um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) 2015* i mí Aibreáin. De bharr an Achta, rinneadh athruithe suntasacha ar chleachtas sláinte agus cúraim shóisialta agus ar reachtaíocht, beartais, nósanna imeachta agus cleachtais eile. Chuir an Oifig Náisiúnta um Chomhionannas agus Cearta an Duine maoirseacht straitéiseach agus treoir ar fáil i gcomhair forálacha an Achta a chur i bhfeidhm, iad seo a leanas san áireamh:
  - Cuireadh 58 seisiún faisnéise agus ceithre sheimineár gréasáin ar fáil don fhoireann, agus d'fhreastail tuairim is 1,500 duine ar gach seimineár gréasáin
  - Seoladh clár ríomhfhoghlama le trí mhodúl ar HSeLanD

- Tugadh tacaíocht maidir le 168 ceist chasta a bhain le Cinnteoireacht Chuidithe (ADM).
- Seoladh clár náisiúnta meantóireachta um Chinnteoireacht Chuidithe (ADM) agus ghlac 500 duine ar fud gach CHO agus Grúpa Ospidéal páirt ann
- Cuireadh tús le nuashonrú ar *Bheartas Náisiúnta um Thoilíú FnaSS 2022* chun forálacha an *Achta um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) 2015* a chur san áireamh, agus leanadh leis an gclár ríomhfhoghlama a chur i bhfeidhm don fhoireann
- Cuireadh tús le taighde chun tacú le hathbhreithniú ar an mbeartas Ná Déan Iarracht ar Athbheochan (DNA-CPR) chun tacú le leasú córasach ar an mbeartas i 2024.

## Sláinte Domhanda

- Tugadh tabhartais thábhachtacha cúram sláinte do thíortha i ngátar, mar chuid den Chlár Sláinte Domhanda, ina measc, soláthairtí agus trealamh leighis riachtanach don Úcráin agus don tSúdáin, chun cuidiú leis na géarchéimeanna daonnúla a d'eascair as coimhlintí. I measc na n-earraí a cuireadh ar fáil, bhí otharcharranna, soláthairtí leighis agus ábhair intomhalta, trealamh leighis agus leapacha
- Leanadh le clár chomhoibríthe déthaobhacha leis na seirbhísí sláinte i Mósaimbíc, san Aetóip, sa Tansáin, sa tSaimbia agus sa tSúdáin
- Forbraíodh comhpháirtíochtaí nua idir institiúidí cúram sláinte na hÉireann agus a gcomhghleacaithe san Afraic chun seirbhísí sláinte a neartú agus slándáil maidir le sláinte a fheabhsú
- Leanadh ar aghaidh ag roinnt eolais agus saineolais le tíortha ar ioncam íseal agus ar mheánioncam, agus bhí sé seo dírithe ar chaighdeán agus sábháilteacht cúram sláinte a fheabhsú.

## 3.4 Iontaoibh agus Muinín a Chothú

### Aeráid, Fuinneamh agus Inbhuanaitheacht

- Seoladh *Straitéis um Ghníomhú ar son na hAeráide FnaSS 2023-2050* i mí an Mheithimh. Leagtar amach clár uailmhianach chun na spriocanna náisiúnta atá leagtha amach i *bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023* an Rialtais a chur i gcrích, chun neodracht astaíochtaí a bhaint amach do FnaSS faoi 2050 agus cúram sláinte a sholáthar a bheidh inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil agus na sochaí de
- Lean an rannóg Caipiteal agus Eastáit le feidhmiú Threochlár um Dícharbónú Bonneagair FnaSS, chun na spriocanna a bhaineann le fuinneamh agus na ceanglais shainordaithe i *bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide* de chuid an Rialtais a bhaint amach
- Leanadh le hoiliúint maidir le caomhnú uisce agus bainistíú dramhaíola tríd an gClár Cúraim Sláinte Glas
- Bunaíodh os cionn 130 foireann fuinnimh i suíomhanna FnaSS, eagraíochtaí Alt 38 agus Alt 39 agus ainmníodh oifigigh fuinnimh sna suíomhanna seo
- Leanadh le tionscadail larfheistithe Éadomhain ar fud na tíre agus d'éirigh go maith leo
- Cuireadh an Clár Píolótach um Fuinneamh larfheistithe, Pathfinder, i bhfeidhm. Tá sé dírithe ar réitigh, costais agus gníomhartha a dhéanfar sa todhchaí a threorú, agus ullmhaíodh dréacht-tuarascáil chomh maith
- Glacadh agus cuireadh i bhfeidhm modheolaíocht um Dhearadh Tíosach ar Fuinneamh ina bhfuil dearadh neodrachta ó thaobh carbóin de san áireamh ann, do gach foirgneamh nua agus foirgneamh athsholáthair i *bPlean Caipitil FnaSS*
- Cuireadh comhaontú comhpháirtíochta maoinithe caipitil trí bliana i bhfeidhm i gcomhar le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI). I 2023, infheistíodh €23.1m i laghdú fuinnimh agus i dtionscnaimh inbhuanaitheachta bonneagair eile
- Forbraíodh uirlis measúnaithe inbhuanaitheachta ar líne i gcomhair suíomhanna cúram sláinte níos lú, agus cuireadh tacaíocht agus treoir maidir le laghdú fuinnimh, carbóin, uisce agus dramhaíola ar fáil do na suíomhanna seo.

### Úsáid Fuinnimh FnaSS 2022 agus 2021 \*(Riachtanas Príomhfhuinneamh Iomlán)

Cineál	Úsáid 2022	Úsáid 2021
Leictreachas	435,844,076 kWh	449,232,274 kWh
Teirmeach	592,129,810 kWh	591,469,293 kWh
Iompar	58,989,696 kWh	51,806,396 kWh
Úsáid Fuinnimh Iomlán FnaSS 2020	1,086,963,582 kWh	1,092,507,964 kWh
Feabhas maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh ó bhonnlíne 2009	19.9 %	16%
Gás Ceaptha Teasa (GHG) Iomlán	202,122 tCO <sub>2</sub>	210,341 tCO <sub>2</sub>

Astaíochtaí Ghás Ceaptha Teasa Iomlán – athrú ó bhonnlíne GCT (GHG) (2016-2018 ar an meán) 11.9% de laghdú

\* Tuairiscíonn Eagraíochtaí Alt 38 / 39 díreach chuig (ÚFIE) SEAI agus níl siad san áireamh sna figiúirí seo.

Foinse na Sonraí: Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI)







# Foghlaim

## 3.5 Gradaim Sárhmaitheasa na Seirbhíse Sláinte 2023

Rinne FnaSS ceiliúradh ar nuálaíocht na foirne ag Gradaim bhliantúla Sárhmaitheasa na Seirbhíse Sláinte a bhí ar siúl i dTeach Farmleigh ar an 30 Samhain 2023. Tugann na gradaim deis chun samplaí den obair iontach a tharlaíonn gach lá ar fud ár seirbhís sláinte a thaispeáint agus a cheiliúradh. Tá sé mar aidhm leo foireann na seirbhíse sláinte a spreagadh agus a ghríosadh chun cúram agus seirbhísí othar a fhorbairt agus a fheabhsú.

### Buaiteoirí na gCatagóirí



**Úsáid a bhaint as Réiteach Digiteach**  
Feidhmíocht um Úsáid Leapacha i gCúram Sláinte Pobail  
*Foireann um Dhaoine Aosta agus Sláinte Dhigiteach CHO1*



**Nuálaíocht i Seachadadh Seirbhíse**  
Tionscnamh Imobráide a chur i bhfeidhm ar fud Ghrúpa Ospidéal an Iardheiscirt / Deiscirt  
*Grúpa Ospidéal an Iardheiscirt / Theas*



**Eispéireas Othar a Fheabhsú**

Forbairt ar Chlinic Foirne Ildisciplíneach iarbheithe chun tacú le mná tar éis eispéireas breithe a raibh tráma ag baint leis: An Clinic Lavender  
*Ospidéal Máthreachais na hOllscoile, Luimneach*



**Sláintecare – Cúram Ceart, Áit Cheart, Am Ceart**  
 Foireann um Réiteach Géarchéime (Meabhairshláinte) a fhorbairt  
*Seirbhísí Meabhairshláinte Shligigh Liatroma*



**Sármhaitheas i gCáilíocht agus Sábháilteacht Othar**  
 Comhordú Cúraim Chasta – Samhail Inaistrithe Cúraim do Ghalair Neamhchoitianta  
*Sláinte Leanáí Éireann, Cromghlinn agus 22q Éire*

### 3.5 Gradaim Sármaidheasa na Seirbhíse Sláinte 2023

#### Iomaitheoirí sa Bhabhta Ceannais

##### Catagóir: Úsáid a bhaint as Réiteach Digiteach

Cuireann réiteach náisiúnta TF ‘Health Course Manager’ feabhas ar chaighdeán na seirbhíse a chuirtear ar fáil	Aip Dhochtúirí Neamh-Chomhairleacha Ospidéal na hOllscoile, Luimneach	Ag baint úsáide as ardán Teletherapy chun feabhas a chur ar sheirbhís a chuirtear ar fáil do dhaoine leis an nGalar Parkinson
Bogearraí méadrachta cúraim phríomhúil a úsáid sa tseirbhís altranais sláinte poiblí	Córas Bainistíochta SOS Chill Chainnigh	Réiteach Bainistíochta Inslíne forbartha agus curtha i bhfeidhm i dTaifead Leictreonach Othar
Córas bainistíochta tacaíochta baile do dhaoine aosta agus daoine faoi mhíchumas	A Bheith ar an Eolas faoi Thráma -bunéolas maidir le tráma síceolaíoch	An tSraith ‘Learning to Talk’

##### Catagóir: Barr feabhais i ndáil le Caighdeán agus Sábháilteacht

Feabhas a chur ar aga freagartha otharchair d’othair a fhreastalaíonn ar OOC (CUH) i gcomhair cúram éigeandála agus práinneach	Rátaí rátaí a bhaineann le troimbeambólacht fhéitheach in Ospidéal Ginearálta Bheantraí	Foireann sícoinceolaíochta bunaithe in ospidéal
1 Márta 2023 – Freagairt Foirne i ndáil le Teagmhas Urghnách, an dóiteán in Ospidéal Loch Garman	Smaoineamh ar Rámhaille – feidmiú straitéisí oideachais, scagthástála agus bainistíochta	An Clár Náisiúnta um Ionfhabhtú a Chosc agus a Rialú Cleachtóirí um Cheangail sna Seirbhíse Pobail
Wellness Walkway; Ag cur na taighde i bhfeidhm	Creidiúnú á úsáid chun feabhsú caighdeán a chothú ar bhonn leanúnach	Caighdeánú um támhú aireachtálach i rannóg ionscópachta

##### Catagóir: Feabhsú Eispéireas na nOthar

Tacaíochtaí ilmheán do leanáil agus do theaghlaigh	Bianna múnlaithé /i bpiobáin curtha ar fáil do dhaoine le IDDSI Leibhéal 4 diosfaige	Bainistiú um chóireáil ailse: aistriú ón ospidéal go dtí an pobal (faoi stiúir ANP)
Tionscadal Rainbow Ospidéal Ollscoile Ros Comáin	Rochtain ar sheirbhíse a fheabhsú do dhaoine a bhfuil diaibéiteas cineál 2 orthu	Tacú le hothair dul i dtaithe agus oiriúnú do mhaireachtáil tar éis ailse
Seirbhís sholúbtha shofhreach ildisciplíneach um neamhord gluaiseachta do Chorcaigh-Ciarraí	Grúpa Siúlóide Bhaile an Teampaill	Plean d’othair a bhriseann corróg – Cúram sa Phobal i ndiaidh na n-othar a scaoileadh amach go luath as ospidéal

##### Catagóir: Nuálaíocht i ndáil le Seachadadh Seirbhíse

Cumarsáid agus ceangal trí ghrúpa ceoil	Limféidíme a bhaineann le hailse a bhrath go luath i gcás othar le hailse brollaigh agus othair gínéiceolaíochta	Forbairt ar Chlár Nuálach um Eolaí Míochaine Imbheirthe Speisialaithe
Calraiméadracht indíreach a chur san áireamh i gcleachas diáiteach san aonad dianchúraim	Conair luath-chúraim ildisciplíneach um airtríteas athlastach luath	Seirbhís fhiacloireachta éigeandála do dhaoine fásta i dTuaisceart Bhaile Átha Cliath
Comhiarracht ‘Alt’ – conair guailí	Conair scagthástála do leanáil faoi 3, An Roinn Teiripe Uirlabhra agus Teanga, Baile Átha Cliath Láir Thuaidh	Seirbhís do theaghlaigh, do lucht tacaíochta agus do chúramóirí chun tuiscint a thabhairt dóibh maidir le meabhairshláinte

## Iomaitheoirí sa Bhabhta Ceannais

### Catagóir: Cúram Ceart, Áit Cheart, Am Ceart

Seirbhís chomhtháite cliseadh croí Dhún na nGall	Clinicí athscagthástála amhairc	Cúram súl a thabhairt do phobal cúram sláinte uile Bhaile Átha Cliath Theas, Chill Dara agus Chill Mhantáin Thiar
Pobail a chruthú ina mbeidh daoine le néaltrú páirteach	Tionscadal Discover Recover Theatre – clár téarnaimh agus feasachta meabhairshláinte	Clinic 'Best Foot Forward'
WellComm Active – Bíonn Pobail Ghníomhacha ina bPobail Fholláine	Clinic Cothú Cíche Well Baby	Clinic Cos an Iarthar Láir, seirbhís chomhtháite ildisciplíneach do mheasúnú agus do sholáthar ortóise agus coisbheart

Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoi na Gradaim Sármhaitheasa, FnaSS ar [hse.ie](https://www.hse.ie)





## 4 Bainistíocht agus Cuntasacht

### 4.1 Tuarascáil um Rialachas agus Chomhaltaí an Bhoird 2023



## 4.1 Tuarascáil um Rialachas agus Chomhaltaí an Bhoird 2023

Feidhmíonn FnaSS raon leathan feidhmeanna reachtúla a bhféadfadh impleachtaí suntasacha a bheith acu do dhaoine aonair agus don phobal i gcoitinne.

Tá cuspóir agus feidhmeanna reachtúla FnaSS sonraithe in Alt 7 den *Acht Sláinte 2004* (arna leasú). Go háirithe, ceanglaítear ar FnaSS seirbhísí sláinte agus sóisialta pearsanta a bhainistiú agus a sholáthar, nó socrú a dhéanamh go seachadfar na seirbhísí seo thar a gceann, de réir na n-acmhainní atá ar fáil. Is é cuspóir FnaSS na hacmhainní atá ar fáil a úsáid ar an mbealach is tairbhí, is éifeachtaí agus is éifeachtúla chun sláinte agus leas an phobail a fheabhsú, a chothú agus a chosaint agus aird á tabhairt ar bheartais an Rialtais / Aireachta ag an am céanna. Tá FnaSS freagrach don Aire Sláinte agus don Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (CEDIY) agus cuireann an eagraíocht comhairle ar fáil dóibh de réir mar is cuí. Féadfaidh an Bord na hAirí a chur ar an eolas, i scríbhinn, maidir le haon ábhar a mheasann sé gur gá aird na nAirí a tharraingt air.

### Ról Bhord FnaSS

Mar chomhlacht rialaithe FnaSS, tá an Bord cuntasach don Aire Sláinte agus don Aire LCMLÓ as a chuid feidhmeanna a chur i gcrích, agus as dearbhuithe a thabhairt go bhfuil rudaí á ndéanamh ar bhealach comhlíontach agus go bhfuil cuspóirí á mbaint amach. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) cuntasach freisin agus tuairiscíonn sé / sí don Bhord agus tá sé freagrach ar riarachán agus gnó na heagraíochta a bhainistiú agus a rialú go ginearálta.

Tá Bord FnaSS freagrach as gníomhaíochtaí FnaSS a threorú agus a stiúradh. Cé go bhféadfaidh an Bord feidhmeanna áirithe a fhágáil faoin bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, ach fós féin, bíonn an dualgas ar an mBord maidir le maoirseacht a dhéanamh agus a bheith cuntasach maidir le comhlíonadh na bhfeidhmeanna a fhágtar faoin bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin.

Ní mór don Bhord a chinntiú go bhfuil Plean Corparáideach FnaSS agus aon phleanáil straitéiseach ag teacht le *Sláintecare* agus le Ráiteas Straitéise na Roinne Sláinte, a mhéid is ábhartha, agus go bhfuil sé i gcomhréir le sainordú reachtúil FnaSS.

Ní mór don Bhord gníomhú ar bhonn eitice agus é ar an eolas go hiomlán, de mheon macánta, le dícheall agus cúram cuí, agus ar mhaithe le leas FnaSS, agus aird chuí á tabhairt ar a chuid freagrachtaí faoin dlí agus ar na cuspóirí atá leagtha síos ag an Rialtas. Déanann an Bord iarracht forbairt acmhainneachta FnaSS a chur chun cinn agus inniúlacht na ceannaireachta agus na foirne, san áireamh. Tá an Bord freagrach as a chinntiú go mbíonn an POF agus an bhainistíocht shinsearach cuntasach as a gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh go héifeachtach.

Oibríonn an Bord go dlúth leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus leis an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin (EMT), agus sásaíonn an Bord é féin, ar bhonn leanúnach, go bhfuil FnaSS á réachtáil go maith agus go mbíonn sé cuntasach as a fheidhmíocht. Tá an Bord tiomanta do chinntiú go bhfeidhmíonn FnaSS mar eagraíocht an-trédhearcach agus go gcuirtear faisnéis ar ardchaighdeán ar fáil faoi gach gné dá fheidhmíocht.

### Comhdhéanamh agus Struchtúr an Bhoird

Is é an tAire Sláinte a cheapann comhaltaí an Bhoird tar éis dul i gcomhairle leis an Aire LCMLÓ. Bíonn beirt chomhalta ar a laghad ar an mBord a bhfuil, i dtuairim an Aire, taithí nó saineolas ar abhcóideacht acu i ndáil le hábhair a mbíonn tionchar acu ar othair nó úsáideoirí na seirbhísí; beirt ghairmí sláinte atá ag cleachtadh nó a chleacht sa bhfad a caitheadh mar ghairmí sláinte, sa stát nó lasmuigh de; agus duine amháin ar a laghad a bhfuil taithí aige / aici ar chúrsaí airgeadais.

### Cothromaíocht Inscne ar an mBord

Déanfaidh an tAire a dhícheall, chomh maith agus is féidir, a chinntiú go mbeidh cothromaíocht idir líon na bhfear agus na mBan mar chomhaltaí Boid. Ar an 31 Nollaig 2023, bhí cúigear (42%) ban agus seachtar (58%) fear ar an mBord. Mar sin tá an Bord ag comhlíonadh sprioc an Rialtais maidir le hionadaíocht 40% ar a laghad a bheith ag an dá inscne ar Bhoird Stáit.



## Cruinnithe Boird

De réir Sceideal 2, alt 2A den Acht Sláinte 2004, (arna leasú le hAlt 32(b) den Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas) 2019), ceanglaítear ar an mBord cruinniú amháin ar a laghad a thionól i ngach ceann de 11 mí i rith na bliana

Don tréimhse Eanáir-Nollaig 2023, bhí 18 cruinniú ag Bord FnaSS, bhí 11 cruinniú míosúil acu chomh maith le 7 gcrúinniú breise.

## Comhaontuithe Maoirseachta

Is cáipéis í an Comhaontú Maoirseachta a leagann amach an caidreamh idir an Roinn Sláinte, an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus FnaSS. Leagtar amach ann freisin na socruithe maoirseachta agus na freagrachtaí atá ar an dá pháirtí. D'ullmhaigh an Roinn Sláinte agus FnaSS agus an RLCMLÓ an cháipéis seo i gcomhpháirt le chéile, agus tá sí sínithe ag POF agus Cathaoirleach FnaSS, Ard-Rúnaí na Roinne, agus ag an Aire Sláinte. Tá an Comhaontú Maoirseachta idir an RLCMLÓ agus FnaSS á dhréachtadh agus tá sé beartaithe é a chur i gcrích go luath i 2024. Tá an dá roinn agus FnaSS freagrach as Athbhreithniú Bliantúil a dhéanamh ar an gcomhaontú seo.

## Cruinnithe leis na hAí

### Cruinniú Ardleibhéil ag na hAí leis an mBord

Buaileann na hAí leis an mBord gach bliain chun feidhmíocht, rialachas, saincheisteanna straitéiseacha, tosaíochtaí beartais agus athchóirithe na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a athbhreithniú agus a phlé. I 2023, bhuail an tAire Sláinte leis an mBord ar 20 feabhra agus leis an Aire LCMLÓ agus an tAire Míchumais ar an 31 Bealtaine.

### Cruinnithe gach Ráithe

Bíonn cruinnithe ag an gCathaoirleach leis an mBeirt Aí gach ráithe chun athbhreithniú a dhéanamh ar ábhair a bhaineann le feidhmíocht, dul chun cinn an Phlean Seirbhíse Náisiúnta (NSP), pleanáil agus feidhmiú athchóirithe agus comhlíonadh rialachais agus aon ábhar eile a thagann chun cinn. Freastalaíonn Príomh- Oifigeach Feidhmiúcháin FnaSS agus Ard-Rúnaí na Roinne ar na cruinnithe seo.

## Forbairt an Bhoird

I rith 2023, reáchtáil an Bord ceardlann éascaithe chun róil agus freagrachtaí maidir le pleananna oibre an Bhoird agus na gCoistí a phlé agus a chomhaontú, chomh maith le comhaontuithe tosaíochtaí straitéiseacha a bhí le plé ag an mBord i rith 2023. Ar an 28 Meán fóimhair 2023, reáchtáil an Bord ceardlann ar rialachas a bhí éascaithe go seachtrach, ag teacht le Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

## Éifeachtúlacht an Bhoird

Gach bliain, déanann an Bord athbhreithniú ar a feidhmíocht féin agus déantar féinmheasúnú bliantúil ar a feidhmíocht agus ar feidhmíocht choistí an Bhoird

## Cód Rialachais FnaSS

De réir Alt 35 den Acht Sláinte 2004 (arna leasú), tá Cód Rialachais i bhfeidhm ag FnaSS a shonraíonn na prionsabail agus na cleachtais a bhaineann le dea-rialachas. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar an gCód Rialachais faoi láthair agus foilseofar leagan uasdátaithe i 2024.

## Oibleagáidí Cuntasachta Reachtúla

### An Plean Corparáideach 2021-2024

De réir na n-oibleagáidí cuntasachta reachtúla atá orthu, chuir an Bord Plean Corparáideach 2021-2024 i bhfeidhm agus ghlac an Bord leis seo i mí Iúil 2020 agus rinne an tAire é a fhaomhadh i mí Feabhra 2021.

Tá Plean Corparáideach nua á ullmhú faoi láthair agus tá sé beartaithe é a fhoilsiú i Ráithe 4 2024

### Plean Seirbhíse Náisiúnta FnaSS 2023

De réir Acht Sláinte 2004 (arna leasú), ullmhaíodh Plean Seirbhíse Náisiúnta FnaSS 2031 mar fhreagra ar an Litir Chinnidh agus ar an Ráiteas Bliantúil ar Thosaíochtaí, a fuarthas ón Aire Sláinte i mí Dheireadh Fómhair 2022.

Ghlac an Bord leis an bPlean Seirbhíse Náisiúnta (NSP) 2023 ar an 10 Samhain 2022 agus ghlac an Bord le PSN leasaithe, ar iarratas ón Aire ar an 3 Márta 2023. Rinne an tAire é a fhaomhadh ar an 16 Márta 2023. Faomhadh Plean Caipitil do bhonneagar / trealamh, Plean Caipitil TFC agus Plean Caipitil ríomhShláinte chomh mar chuid de cháipéisí PSN (NSP) 2023.

### Scórchárta Straitéiseach Bhord FnaSS

Úsáidtear Scórchárta Straitéiseach an Bhoird (BSS) chun faisnéis a chur ar fáil do na hAí / Ranna ar dhul chun cinn a rinneadh maidir le príomhchlár / tosaíochtaí. Ullmhaítear an scórchárta do Bhord FnaSS ar bhonn míosúil. Is uirlis thábhachtach tuairiscithe agus dearbhaithe atá sa Scórchárta don Bhord.

I gcás gach tosaíocht ar leith, cuireann an Scórchárta an dul chun cinn a rinneadh gach mí ar fáil i gcoinne táscairí feidhmíochta ábhartha agus méid na spriocanna tábhachtacha agus nithe insoláthartha a baineadh amach.

I gcomhthéacs an ullmhúcháin do 2024, rinne an Bord i R4 2023 athbhreithniú ar an BSS san fhoirm ina bhfuil sé faoi láthair, agus aontaíodh go gcuirfí leagan feabhsaithe nuashonraithe i bhfeidhm i 2024.

## Bainistiú Riosca

Tá freagracht iomlán ar an mBord as beartais agus nósanna imeachta um bainistiú riosca agus as spriocleibhéil inghlacthachta riosca FnaSS a shonrú. Tá freagracht air freisin maidir lena dhearbhu an cineál agus méid na rioscaí straitéiseacha a thoillean sé a ghlacadh chun a chuspóirí straitéiseacha a bhaint amach.

## 4.1 Tuarascáil um Rialachas agus Chomhaltaí an Bhoird 2023

Taifeadtar príomhrioscaí straitéiseacha na heagraíochta mar a shonraíonn FBF (EMT) iad ar Chlár Rioscaí Corparáideacha FnaSS. Sanntar gach riosca ar leith do bhall ar leith den Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin mar beidh sé / sí mar chomhordaitheoir i ndáil leis an riosca sin agus sanntar gach riosca do cheann de na cúig choiste Boird a dhéanann maoirseacht ar rioscaí straitéiseacha FnaSS. Tá an fhreagracht fhoriomlán maidir le creat riosca FnaSS sannaithe don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca (ARC) thar ceann an Bhoird.

Fuair an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca uasdátú agus tuairiscí míosúla ar bhainistiú rioscaí i rith 2023. I R4 2023, phléigh an CIR (ARC) athbhreithniú ar an gcur chuige maidir le Coistí an Bhoird i leith maoirseacht riosca. Táthar ag súil le toradh an athbhreithnithe seo go luath i 2024.

### Bainistíocht Airgeadais

An Córas Rialaithe Inmheánach: Tá an córas rialaithe inmheánaigh leagtha amach sa chaoi go bhfuil sé in ann rioscaí a bhainistiú agus a laghdú seachas fáil réidh le rioscaí go hiomlán agus mar sin tá an t-athbhreithniú ar an gcóras rialaithe inmheánaigh leagtha amach chun dearbhú réasúnta, ach ní dearbhú iomlán a thabhairt maidir le héifeachtacht. Tá an córas rialaithe inmheánaigh leagtha amach lena chinntiú go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh mar is cuí, agus go gcoiscítear nó go mbraítear earráidí agus mírialtachtaí go pras. Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha freisin chun a chinntiú go bhfuil prótacail agus beartais chúil i bhfeidhm agus go bhfuil sé ag feidmiú go héifeachtach i gcomhthéacs sábháilteachta cliniciúla agus othar. Tacaíonn córas réasúnta maidir le rialú inmheánach le bainistiú airgeadais ceart.

Tá dearbhairte faighte ag an mBord ó CIR (ARC) go bhfuil córas cuí i bhfeidhm ag FnaSS chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na nósanna imeachta maidir le bainistiú agus rialú riosca. Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh bunaithe ar an obair a dhéanann iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha chomh maith.

### Cód rialachais, Eiticí in Oifigí Poiblí agus Nochtadh Leasanna Breise Chomhaltaí an Bhoird, agus Nochtadh Cosanta

Sonraíonn an tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus an tAcht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí 2001 (na hAchtanna um Eitic) oibleagáidí reachtúla a bhaineann le comhaltaí Boird agus fostaithe. Comhlíonann an Bord na hAchtanna um Eitic agus Cód Rialachais FnaSS.

Chomh maith leis na hAchtanna um Eitic, déanann comhaltaí Boird nochtadh bliantúil ar aon choinbhleacht leasa a d'fhéadfadh a bheith ann nó atá ann. Tá comhaltaí Boird freagrach as Rúnaí an Bhoird a chur ar an eolas ar bhonn leanúnach má fhaigheann siad amach faoi aon athrú ar a gcúinsí maidir le coinbhleachtaí leasa.

Bíonn dearbhuithe leasa mar mhír bhuan ar an gclár ag gach cruinniú Boird agus Coiste.

*Tá an sceideal tinrimh, táillí agus costais le fáil in Aguisín 8 den Tuarascáil Bhliantúil seo.*

### Coistí an Bhoird

Bhunaigh an Bord cúig Choiste chun cúnaimh agus comhairle a thabhairt dó maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna. Feidhmíonn ceithre cinn de Choistí an Bhoird mar chomhairleoirí agus níl aon údarás acu maidir le feidhmiúchán. Tá comhaltaí Boird agus comhaltaí seachtracha san áireamh ar na coistí. De bharr go bhfuil comhaltaí seachtracha ceaptha ar na coistí, cinntítear ionadaíocht chúil d'othair agus d'úsáideoirí na seirbhísí.

Tá roinnt feidhmeanna sonracha ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca agus tá bunús reachtach leo siúd a bhaineann le hiniúcháireacht..

Seo a leanas Coistí an Bhoird:

- An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca
- An Coiste Daoine agus Cultúir
- An Coiste Feidhmíochta agus Pleanála
- An Coiste Sábháilteachta agus Cáilíochta
- An Coiste Teicneolaíochta agus Trasfhoirmithe.

### An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

Bunaíodh an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca agus táthar á choimeád de réir Alt 40H den *Acht Sláinte 2004* (arna leasú ag Alt 23 den *Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas) 2019*. Foráiltear sa reachtaíocht go bhfuil ról maoirseachta agus comhairleoireachta maidir le bainistiú riosca ag an gCoiste Iniúcháireachta. Mar sin, nuair a bunaíodh é i 2019, glaoth an 'Coiste Iniúcháireachta agus Riosca' air chun cúraimí an choiste a léiriú, ina n-íomláine.

Faoin reachtaíocht reatha, bíonn ar an gCoiste na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Comhairle a thabhairt don Bhord agus don POF faoi chúrsaí airgeadais a bhaineann lena fheidhm
- Tuairiscí i scríbhinn a chur ar fáil don Bhord agus don POF ar a laghad uair sa mbliain maidir leis na hábhair sin agus gníomhaíochtaí an Choiste an bhliain roimhe sin, agus cóip den tuarascáil sin a chur faoi bhráid an Aire

Tá réimse feidhmeanna faoi chúram an Choiste, ina measc, ábhar a bhaineann le hairgeadas, reachtaíocht, comhlíontacht agus rialachas mar atá leagtha amach sa reachtaíocht.

Chun tacú lena théarmaí tagartha reachtúla, foráiltear i dTearmaí Tagartha an Choiste (ToR), arna fhaomhadh ag an mBord ar an 26 Iúil 2019, (agus a leasaíodh ina dhiaidh sin), go leathnófar ról an Choiste chun na réimsí seo a leanas a chur san áireamh:

- Comhairle a thabhairt don Bhord agus don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin maidir le cúrsaí airgeadais agus gníomhaíochtaí tuairiscithe gaolmhara a chur i gcrích
- Athbhreithniú a dhéanamh ar oiriúnacht bheartais chuntasaíochta FnaSS, na Ráitis Airgeadais Bhliantúla, an Tuarascáil Bhliantúil agus na dearbhuithe rialachais corparáideacha atá riachtanach

- Maoirseacht a dhéanamh ar oibriúchán rialuithe inmheánacha FnaSS agus comhairle a thabhairt maidir le hoiriúnacht, éifeachtacht agus éifeachtúlacht nósanna imeachta de chuid FnaSS maidir le soláthar poiblí agus le fáil, sealbhú agus diúscairt sócmhainní
- Maoirseacht agus comhairle a chur ar fáil maidir le feidhm Iniúcháireachta Inmheánaí FnaSS
- Athbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe i gcomhair iniúcháireachtaí inmheánacha agus seachtracha, agus ar thorthaí na n-iniúcháireachtaí sin agus ar fhreagra na bainistíochta maidir leis na moltaí agus na pointí a eascraíonn astu
- Maoirseacht agus comhairle a chur ar fáil maidir le feidhmiú Chreat Bainistíochta Riosca FnaSS agus gníomhaíochtaí a bhaineann leis
- Maoirseacht agus comhairle a chur ar fáil maidir le beartais fhrithechalaíoch, maoirseacht ar oibriúchán na mbeartas agus na bpróiseas um nochtadh cosanta, agus socruithe le haghaidh imscrúduithe speisialta, scrúduithe a dhéanamh ar chonarthaí, feidhm um dhéileáil le réadmhaoin agus an eastáit, agus maoirseacht ar fheidhmeanna um chomhlíonadh
- Róil agus freagrachtaí ar bith eile atá tarmligthe ag Bord FnaSS don Choiste.

Tá dualgas ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin a chinntiú go gcuirtear tuarascálacha iniúcháireachta, pleananna iniúcháireachta agus tuarascálacha míosúla uile na Feidhmeannachta ar chaiteachas ar fáil don Choiste. Chomh maith leis sin, má bhíonn cúis aige nó aici a bheith in amhras go bhfuil aon chúbláil airgid de chuid na Feidhmeannachta i gceist, nó go bhféadfadh sé gur tharla aon chomhshó calaíoch nó gur baineadh mí-úsáid as maoin na Feidhmeannachta, tá sé de dhualgas air tuairisc faoi seo a thabhairt don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca chomh luath agus is féidir. Ina theannta sin, tabharfaidh an POF faisnéis don Choiste maidir le haon airgeadas nó nós imeachta a bhaineann le hairgeadas a bhfuil gá leis chun go mbeadh an Coiste ábalta a fheidhmeanna a chomhlíonadh.

### Comhaltaí an Choiste

Sonraítear sa reachtaíocht gur chóir go mbeadh triúr comhalta Boird ar a laghad ar an gCoiste agus go mbeadh ceathrar ar a laghad, i dtuairim an Bhoird, a mbeadh na scileanna agus an taithí ábhartha acu chun feidhmeanna an Choiste a chomhlíonadh, agus duine amháin díobh sin ar a laghad ag a mbeidh cáilíocht ghairmiúil sa chuntasáíocht nó san iniúcháireacht.

Ceapadh Brendan Whelan mar Chathaoirleach an Choiste ar an 19 Aibreán 2023.

Comhaltaí an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca i rith na bliana 2023:

- Brendan Whelan, Cathaoirleach an Choiste agus Comhalta Boird
- Brendan Lenihan, Cathaoirleach an Choiste agus Comhalta Boird (d'éirigh sé as ar an 25 Márta 2023)
- Fergus Finlay, Comhalta Boird

- Michelle O'Sullivan, Comhalta Boird
- Ann Markey, Comhalta Seachtrach (d'éirigh sí as ar an 31 Márta 2023)
- Colm Campbell, Comhalta Seachtrach (d'éirigh sé as ar an 24 Meitheamh 2023)
- Pat Kirwan, Comhalta Seachtrach
- Martin Pitt, Comhalta Seachtrach (d'éirigh sé as ar an 5 Márta 2023)
- John Moody, Comhalta Seachtrach (thosaigh sé ar an 15 Meán Fómhair 2023)
- Éimear Fisher, Comhalta Seachtrach (thosaigh sí ar an 15 Meán Fómhair 2023)
- Sharon Keogh, Comhalta Seachtrach (thosaigh sí ar an 15 Meán Fómhair 2023).

### Lucht Bainistíochta a d'Fhreastail

D'fhreastail Joseph Duggan, a ghlac ról an Stiúrthóra Náisiúnta um Iniúcháireacht Inmheánach ar an 16 Eanáir 2023, agus a thuairiscíonn go díreach don Choiste, ar chruinnithe an CIR (ARC), agus thuairiscigh sé go rialta ar obair an Rannáin Iniúcháireachta Inmheánaí. Bhí an Príomhoifigeach Airgeadais, an Príomhoifigeach Cúnta Airgeadais, an Príomh-Oifigeach Straitéise, an Príomhoifigeach Riosca, agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Ghrúpa Ospidéal Bhaile Átha Cliath Lár Tíre ar chruinnithe an choiste. Ba iadsan na baill d'Fhoireann Shinsearach Bainistíochta FnaSS a bhí sannta ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin chun cúnaimh a thabhairt don Choiste. I rith na bliana, thug an Coiste cuireadh do chomhaltaí breise den Fhoireann Shinsearach Bainistíochta freastal ar a gcruinnithe agus cur i láthair a dhéanamh, agus iarradh tuilleadh faisnéise agus soiléirithe, nuair ba ghá.

### Clár Oibre

D'aontaigh an Coiste plean oibre mionsonraithe do 2023 chun dul i ngleic leis na príomhróil agus na príomhchúraimí atá air, ar bhealach córasach cuimsitheach..

Chomhlíon an Coiste a fhreagrachtaí mar a bhí beartaithe. Le linn na 9 gcruinniú a bhí ag an gCoiste, rinne comhaltaí an Choiste maoirseacht agus plé ar réimse ábhar, ar nós, athbhreithniú ar thuarascálacha iniúcháireachta inmheánaí, bhí 165 tuarascáil iniúcháireachta i gceist i rith na bliana, lena n-áirítear tionscadail oibríochtúla, TFC agus tionscadail speisialta. Is ar an gCoiste Sábháilteachta agus Cáilíochta atá an fhreagracht as athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar thoradh iniúchtaí cúram sláinte. Cuireadh achoimrí, príomhthorthaí na dtuarascálacha um Iniúcháireacht Inmheánach agus an staid maidir le feidhmiú mholtaí iniúcháireachta faoi bhráid an Choiste.

I rith na bliana, cuireadh Tuarascáil Bhliantúil 2022 ón Rannán Iniúcháireachta Inmheánaí agus Plean Bliantúil um Iniúcháireacht Inmheánach 2023 faoi bhráid an Choiste ina raibh athbhreithniú lár bliana ar an bPlean agus rinne an Coiste é seo a fhaomhadh. De réir dea-chleachtais, bhí cruinniú ag an gCoiste i seisiún próbháideach leis an Stiúrthóir Náisiúnta um Iniúcháireacht Inmheánach, gan an lucht bainistíochta feidhmiúcháin i láthair.

## 4.1 Tuarascáil um Rialachas agus Chomhaltaí an Bhoird 2023

D'ordaigh an coiste chomh maith go ndéanfaí athbhreithniú straitéiseach ar fheidhm um Iniúchóireacht Inmheánach, le bheith críochnaithe i 2024.

I rith na bliana, rinne an Coiste maoirsiú ar Bheartas agus Nósanna Imeachta Bainistíochta Riosca Fiontraíochta 2023 FnaSS agus mhol sé don Bhord é a fhaomhadh, bhreithnigh sé an CRC (CRR) agus cuireadh tuarascálacha ráithiúla faoi bhráid an Bhoird. Rinne an Coiste maoirsiú ar athbhreithniú ó bhun ar rioscaí corparáideacha agus ar CRR i gcomhar leis an bPríomhoifigeach Riosca.

De réir an phlean oibre, rinne comhaltaí an Choiste athbhreithniú ar Ráitis Airgeadais Bhliantúla agus ar Chuntais Speisialta Reachtaíochta FnaSS, a cuireadh faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (ARC&C). Chomh maith le nuashonruithe míosúla caiteachais, ina measc, an t-easnamh airgeadais atáthar a thuar ag deireadh na bliana, rinne an Coiste athbhreithniú ar na Meastacháin i gcomhair Leibhéal na Seirbhísí Reatha do 2024. Tugadh nuashonrú don Choiste maidir le Próiseas Athbhreithnithe um Dearbhaithe Rialuithe 2022, Córas Comhtháite Bainistíochta Airgeadais agus Soláthar, cúrsaí Cánach, Tuarascáil um Threalamh Cosanta Pearsanta agus rinneadh maoirseacht ar an gclár aistrithe baincúireachta (Banc Uladh dúnta). Tugadh nuashonrú don Choiste maidir leis an bhFéinmheasúnú um Chomhlíonadh Soláthair, stádas na bPríomhthosaíochtaí i *bPlean Soláthair Corparáideach FnaSS 2022-2024* agus eolas maidir le Dul Chun Cinn an chláir trí bliana um Fheabhsú ar Rialuithe Inmheánacha. Rinne an Coiste athbhreithniú freisin ar an gcaibidil airgeadais i NSP 2023.

I rith na bliana, rinne an Coiste maoirseacht ar sheachadadh an Phlean Caipitil, ina measc, an tOspidéal Náisiúnta Máithreachais in Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann agus na Socruithe um Rialachas Cláir, Géarchóiríocht d'Othair Chónaitheacha a bhaineann le Leapacha Breise ar bhun Práinne agus fuair an coiste tuarascálacha ráithiúla maidir le húdarás tarmilgthe i gcás idirbhearta réadmhaoinne faoi luach an mhargaidh (idir €2m agus €10m agus idirbhearta de luach íseal / ainmniúil CAT 3a). Sholáthair an Coiste grinnscrúdú réamh-Bhoird ar chonarthaí ábhartha agus ar mhaoin ar luach os cionn €10m. Tugadh eolas don Choiste maidir le Tionscadal Ospidéal na Leanaí agus an Plean um Dhearbhú Cláir.

I rith na bliana, rinne an Coiste athbhreithniú ar chur i bhfeidhm an Bheartais Choinneála Taifead Cúraim Sláinte, tuarascálacha ar chúrsaí dlíthiúla straitéiseacha agus an tsamhail acmhainní do sheirbhísí dlí i FnaSS, agus ar an Tuarascáil Bhliantúil um Nochtadh Cosanta 2022, mar a foráladh faoin *Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú) 2022*, a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2023.

### Coiste Daoine agus Cultúir

Ghlac an Coiste Daoine agus Cultúir le plan oibre mionsonraithe don tréimhse 2023. De réir Théarmaí Tagartha an Choiste, rinne comhaltaí maoirseacht, monatóireacht agus plé ar raon leathan ábhar.

I rith na bliana díródh go háirithe ar phleanáil, dearadh agus feidhmiú Réigiúin Sláinte nua FnaSS.

Fuair an Coiste eolas ón rannóg Cumarsáide Inmheánach ar a gcuid gníomhaíochtaí reatha, agus an méid a chuir nó a chuirfidh Cumarsáid Inmheánach ar fáil don eagraíocht. Cuireadh tuairiscí agus mionteagasc ar fáil maidir le straitéis chumarsáide chuimsitheach chun tacú le feidhmiú na Réigiúin Sláinte, ar chomhoibriú le ríomhShláinte chun córas ríomhphoist foirne nua a fhorbairt, ar Chúram Pobail Feabhsaithe, Cúram Comhtháite, agus *Sláintecare* mar aon le seisiúin fhaisnéise ar réimsí a bhaineann le haiseolas um Shuirbhé Foirne, Suirbhé um Ghníomhú ar son na hAeráide, Gradaim Sármhaitheasa Sláinte, Grad Link agus Ceiliúradh Bród.

Chuir an Stiúrthóir Náisiúnta Acmhainní Daonna (NDHR) tuarascálacha ar fáil don Choiste faoi dhó gach mí, ag leagan amach nuashonruithe agus mionteagasc maidir le gach mórgníomhaíocht AD laistigh den tréimhse lena mbaineann; Bhí dhá Dheais Acmhainní Daonna ag gabháil leis an tuarascáil seo, a dhear agus a ndearna an Coiste feabhas a chur orthu i 2023, chun sonraí a chur ar fáil maidir le hearcaíocht, neamhláithreach, láimhdeachas foirne, feidhmíocht agus cuntasacht, sláinte agus sábháilteacht (cúiseanna le diobháil), oiliúint éigeantach, Clár Cúnamh d'Fhostaithe, Clár Athchóirithe agus Acmhainní. Thug na sonraí deis don Choiste monatóireacht a dhéanamh ar gníomhaíocht agus réimsí a aithint ina raibh gá le tuilleadh anailíse agus grinnscrúdaithe. Úsáideadh é chun tuilleadh plé a dhéanamh agus chun ceisteanna a ardú i réimsí ar leith.

Coinníodh an Coiste ar an eolas freisin maidir leis na mórfheachtais earcaíochta, go háirithe i gcomhair gairmithe leighis, altranaís, agus sláinte agus cúraim shóisialta, agus i gcomhair post forbartha nua.

I mí an Mhárta, thug an Coiste cuireadh do roinnt ceannasaithe de chuid AD ó Ghrúpaí Ospidéal agus Eagraíochtaí Cúram Sláinte Pobail (CHO) chun cur i láthair a dhéanamh don Choiste maidir le roinnt de na tacaíochtaí atá ar fáil don fhoireann, a chuireann le meanma na foirne agus le seachadadh na seirbhísí. I mí Mheán Fómhair, tháinig roinnt Príomhfheidhmeannaigh ó Ghrúpaí Ospidéal agus CHO i láthair an Choiste chun dul i ngleic le himní faoi shárú spriocanna earcaíochta sa Straitéis Pá agus Uimhreacha 2023.

Rinne an Coiste athbhreithniú ar dul chun cinn an chonartha nua *Sláintecare* do chomhairleoirí poiblí amháin agus fuarhas nuashonruithe rialta ar idirbheartaíocht a bhí dírithe ar chomhaontú a bhaint amach maidir leis an gconradh nua. Phléigh an coiste chomh maith moltaí a d'eascair ó Thuarascáil na nDochtúirí Ospidéal Neamhchomhairleacha (NCHD) Aibreán 2023 agus tugadh aiseolas maidir le forbairt an Phlean do Lucht Oibre AD a thacaíonn leis an bPlean Seirbhíse Náisiúnta 2024. Lean an Coiste ag déanamh monatóireachta ar mholtaí iniúchta a bhaineann le hAcmhainní Daonna ar nós a chinntiú go gcomhlíontar reachtaíocht um Thús Áite do Leanaí san eagraíocht.

Faoin gCreat Bainistíochta Riosca, rinne an Coiste monatóireacht ar Riosca 9 – Sláinte, Folláine, Seasmhacht agus Sábhálteacht na foirne, Riosca 16 – Fórsa Oibre agus Earcaíocht, agus Riosca 19 – Sábhálteacht, Sláinte agus Folláine agus rinneadh athbheithniú chomh maith ar roinnt grinntuarascálacha ar shláinte. agus folláine, suirbhé foirne, Straitéis Pá agus Uimhreacha 2024 agus soláthar foirne altranaís sábháilte. Ghlac comhaltaí an Choiste páirt freisin i mbreithiúnas ar Ghradaim Sármhaitheasa na Seirbhíse Sláinte 2023.

Rinne an Coiste athbheithniú ar fheidhmíocht na heagraíochta maidir le fostú daoine faoi mhíchumas. Bhuail an Cathaoirleach agus NDHR leis an Údarás Náisiúnta Míchumais i mí na Samhna. Rinne an Coiste athbheithniú ar a fheidhmíocht féin i mí an Mhárta agus tháinig an coiste le chéile sé bhabhta i rith na bliana.

### Comhaltaí

Comhaltaí an Choiste Daoine agus Cultúir i rith na bliana 2023:

- An Dr Yvonne Traynor, Cathaoirleach agus Comhalta Boird
- Aogán Ó Fearghail, Comhalta Boird
- Brendan Whelan, Comhalta Boird
- Dr Sarah McLoughlin, Comhalta Boird
- Matt Walsh, Comhalta Boird (ceapadh é ar an 15 Bealtaine 2023)
- Michelle O'Sullivan, Comhalta Boird
- Bernie O'Reilly, Comhalta Seachtrach
- Deirdre Cullivan, Comhalta Seachtrach

Níl an Coiste freagrach as aon fheidhmeanna a bhaineann le feidhmiúchán agus níl aon chumhachtaí feidhmiúcháin aige. Tá sé mar chuspóir aige deimhnithe a sholáthar agus moltaí a chur faoi bhráid an Bhoird ar ábhair a bhaineann le daoine agus cultúr

### Coiste Pleanála agus Feidhmíochta

Is é ról an Choiste Pleanála agus Feidhmíochta (Feidhmíochta agus Seachadta go dtí Feabhra 2023) comhairle a chur ar an mBord maidir le gach ábhar a bhaineann le feidhmíocht sa tseirbhís sláinte agus a chinntiú go mbeidh feidhmíocht den chéad scoth i ngach réimse ábhartha den scórchárta tomhaiste comhaontaithe chun taithí níos fearr a chinntiú d'othair agus d'úsáideoirí na seirbhísí.

Tugann an Coiste comhairle agus déanann sé maoirseacht straitéiseach ar chúrsaí a bhaineann le pleanáil, forbairt agus monatóireacht i leith pleananna ábhartha lena chinntiú go bhfuil cuspóirí an Bhoird á mbaint amach acu. San áireamh, go háirithe tá an NSP bliantúil, Tuarascáil Bhliantúil FnaSS, agus nuashonruithe ar phleananna corparáideacha agus straitéiseacha, de réir mar is gá.

Díríonn an Coiste freisin ar na príomhréimsí gnóthachtála feidhmíochta, feabhsaithe agus foghlama i gcomhthéacs na gcreata cuntasachta cuí. Baineadh úsáid as cur chuige incriminteach agus leanúnach chun scórchárta cuimsitheach a fhorbairt chun dul chun cinn a thomhas agus chun feidhmíocht an chórais sláinte agus cúraim shóisialta a thomhas, a threorú

agus a thuairisciú. Oibríonn an Coiste leis an bhFeidhmeannacht chun an cur chuige seo a bheachtú ar bhonn leanúnach. Níl an Coiste freagrach as aon fheidhm a bhaineann le feidhmiúchán agus níl aon chumhachtaí feidhmiúcháin aige.

Ghlac an Coiste le plean oibre don bhliain 2023 inar leagadh amach míreanna seasta agus fócais, mar shampla, dréachtú *Thuarascáil Bhliantúil FnaSS 2022, Plean Seirbhíse Náisiúnta 2024* (lena n-áirítear Plean Caipitil 2024 agus Plean Caipitil ríomhShláinte agus TFC 2024) chomh maith le monatóireacht ar na rioscaí ar CRC (CRR) atá faoi chúram an choiste agus na rialuithe a bhaineann leo.

### Comhaltaí

Comhaltaí an Choiste Pleanála agus Feidhmíochta i rith 2023:

- Fergus Finlay, Cathaoirleach agus Comhalta Boird
- An Dr Sarah McLoughlin, Comhalta Boird
- Brendan Whelan, Comhalta Boird
- Anne Carrigy, Comhalta Boird
- An Dr Sarah Barry, Comhalta Seachtrach
- Joan Johnston, Comhalta Seachtrach (thosaigh sí ar an 27 Eanáir 2023).

Bhí 13 cruinniú ag an gCoiste i 2023. D'fhreastail an Príomhoifigeach Oibríochtaí (COO) agus Príomhfheidhmeannach Ghrúpa Ospidéal Saolta ar na cruinnithe. Ba iadsan na baill d'Fhoireann Shinsearach Bainistíochta FnaSS a bhí sannta ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin chun cúnaimh a thabhairt don Choiste. I rith na bliana, thug an Coiste cuireadh do chomhaltaí breise den FBF freastal ar a chuid cruinnithe agus cur i láthair a dhéanamh, agus iarradh tuilleadh eolais agus soiléirithe, nuair ba ghá. D'ullmhaigh agus chuir an Cathaoirleach tuairimí faoi bhráid an Bhoird thar ceann an Choiste i ndiaidh fhormhór na gcruinnithe.

### Míreanna Seasta ar an gClár Oibre

Bhí maoirseacht feidhmíochta ina mhír sheasta ar an gclár oibre ag gach cruinniú míosúil. Bhí na nithe seo a leanas i gceist: Tuarascáil Feidhmíochta an COO, Tuarascáil PTF (KPI) Ardeibhéil (Tuarascáil Seirbhíse Oibríocháin roimhe seo), Próifíl Feidhmíochta, agus miontuairiscí an Ghrúpa Maoirseachta Feidhmíochta Náisiúnta. Fuair an Coiste Tuarascáil Mhíosúil Gheimhridh / NSP na hOifige Bainistíochta Tionscadal suas go dtí Meán Fómhair 2023 freisin. Thug na cáipéisí seo na sonraí don Choiste a theastaíonn, chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht FnaSS i gcomparáid le spriocanna NSP sna príomhréimsí feidhmíochta. Tugadh dearbhú don Bhoird i gcomhréir lena fheidhmíocht monatóireachta feidhmíochta de bharr bhreithnithe an Choiste ar na cáipéisí seo. Níorbh fhéidir an dearbhú sin a thabhairt i mí na Samhna agus i mí na Nollag 2023 de bharr nach bhféadfaí na sonraí a bhí ag teastáil a fháil de bharr ghníomhaíocht thionsclaíoch an cheardchumainn Fórsa.

Ag gach cruinniú freisin, chuir an Stiúthóir Náisiúnta Cumarsáide an Coiste ar an eolas faoi na nithe is mó a raibh tionchar acu ar FnaSS, a raibh aird na meán orthu.

## 4.1 Tuarascáil um Rialachas agus Chomhaltaí an Bhoird 2023

### Réimsí Fócais

Gach mí, breathnaíodh ar réimse fócais ar leith a chuirfeadh ar chumas an Choiste tuiscint níos fearr a fháil ar réimse áirithe seirbhíse, agus tugadh deis don Choiste tuairimí a thabhairt nuair ab fhéidir agus nuair ba chúil. Bhí na réimsí seo a leanas san áireamh: cúram neamhsceidealaithe, ionchuimsiú sóisialta, seirbhísí míchumais, cleachtas Dochtúirí Teaghlaigh (ginearálta), seirbhísí ailse, seirbhísí meabhairshláinte, seirbhísí do dhaoine aosta, ionscópacht, agus an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna. Coinníodh an Coiste ar an eolas agus tugadh uasdátú go rialta chomh maith maidir le míreanna ar nós fheidhmí na Réigiún Sláinte, an Creat Cuntasachta Feidhmíochta 2023, feidhmí *Sláintecare*, Creat Measúnaithe Feidhmíochta na gCóras Sláinte, agus aistriú na feidhme míchumais ón Roinn Sláinte go dtí an RLCMLÓ. Le linn roinnt de na cruinnithe, phléigh an Coiste an *Treochlár um Fheabhsú Seirbhíse 2023-2026 Seirbhísí Míchumais do Leanaí agus do Dhaoine Óga*, rinneadh moltaí maidir le tuilleadh feabhais, agus moladh an Treochlár don Bhord lena cheadú.

### Coiste Sábháilteachta agus Cáilíochta

Is é ról an Choiste Sábháilteachta agus Cáilíochta ná maoirsiú straitéiseach a dhéanamh ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm clár agus straitéisí náisiúnta a bhaineann le clár oibre sábháilteachta agus cáilíochta FnaSS, ag tagairt go sonrach do *Straitéis um Shábháilteacht Othar FnaSS 2019-2024*. Ghlac an Coiste le plan oibre mionsonraithe don bhliain 2023 a leag amach na míreanna seasta ar an gclár oibre agus pléadh go sonrach gealltanais difriúil de chuid Straitéis um Shábháilteacht Othar gach dara mí.

### Comhaltaí

Comhaltaí an Choiste Sábháilteachta agus Cáilíochta i 2023:

- An tOllamh Deirdre Madden, Cathaoirleach agus Comhalta Boird
- An tOllamh Fergus O’Kelly, Comhalta Boird
- An Dr Yvonne Traynor, Comhalta Boird
- Anne Carrigy, Comhalta Boird
- Margaret Murphy, Comhalta Seachtrach
- Jacqui Browne, Comhalta Seachtrach
- An Dr Cathal O’Keeffe, Comhalta Seachtrach
- An Dr Anne Kilgallen, Comhalta Seachtrach
- Mary Culliton, Comhalta Seachtrach.

Tá na scileanna agus an taithí ábhartha ag gach comhalta den choiste chun feidhmeanna an Choiste a chomhlíonadh. Bhí 12 cruinniú ag an gCoiste i rith 2023.

D’fhreastail Príomhoifigeach Cliniciúil FnaSS (CCO), le tacaíocht ón Stiúrthóir Cliniciúil Náisiúnta, Sábháilteacht agus Cáilíocht Othar, ar chruinnithe míosúla i rith na bliana. Chuir an Stiúrthóir Cliniciúil Náisiúnta tuairiscí i láthair maidir le dul chun cinn obair na hoifige sin i dtaca le feidhmí na Straitéise Sábháilteachta Othar. Thug an Coiste cuireadh do chomhaltaí breise d’Fhoireann Bhainistíochta Shinsearach FnaSS freastal ar a gcruinnithe agus cur i láthair a dhéanamh, nuair ba ghá.

### Míreanna Seasta ar an gClár Oibre

Gach mí, rinne an Coiste athbhreithniú ar thuarascáil ón POC, a sholáthar faisnéis ar ghníomhaíochtaí faoi chúram Oifig an POC.: Bhí na réimsí seo a leanas san áireamh: víris gheimhridh, clár teiripice, clár vacsáinthe, an tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála, Clár Náisiúnta Sláinte na mBan agus na Naíonán – Clár Foirne Tacaíochta um Theagmhas Cnámhseachais, Clár Náisiúnta Cúraim Ailse, athbhreithniú scolóise i Sláinte Leanaí Éireann (CHI) Sráid an Teampaill, Athbhreithniú histeapaiteolaíochta Ospidéal Ollscoile Phort Láirge, Tascfhórsa NCHD na Roinne Sláinte, Athbhreithniú ar Fhoirceannadh Toirchis, An Clár Náisiúnta Ailse, valpróait sóidiam, agus Tuarascáil Mazars ar Phróisis Nua Leigheasra Ospidéal Samhail 3.

D’iarr an Coiste nuashonruithe sonracha trí Thuarascáil an CCO agus chuir sé go mór le roinnt ábhar ardleibhéal trí mhaoirseacht agus dlús a chur le nithe den chineál seo. San áireamh anseo, bhí: athchumrú Ospidéal Mhuire na hUaimhe, seirbhísí in Ionad Owenacurra, impleachtaí Thuarascáil Cass in Éirinn, an *tAcht um Shábháilteacht Othar (Teagmhais Infhógartha agus Nochtadh Oscalite) 2023*, athbhreithniú ar sheirbhísí ghinéiceolaíochta in Ospidéal Ollscoile Leitir Ceanainn, Straitéis Géineolaíochta agus Géanómaíochta, Tuarascáil Maskey, maidir leis an tseirbhís meabhairshláinte do leanaí agus ógánaigh i gCiarraí Theas, agus coinneáil orgán i CHI.

Fuair an Coiste tuarascáil Phróifíl Cáilíochta míosúil freisin, a thacaíonn le maoirseacht agus le cinnteoireacht trí anailís a dhéanamh agus a chur i láthair, le himeacht ama agus idir seirbhísí, maidir le feidhmíocht i gcomparáid le príomhtháscairí mar a comhaontaíodh idir an Coiste agus an Oifig Cháilíochta agus Sábháilteachta Othar. Bhí tionchar suntasach ag gníomhaíocht thionsclaíoch Fhórsa ar na sonraí a bhí ar fáil don Choiste i R4 2023.

Tá sé mar chuspóir, ag an mír ar an gclár oibre maidir le hEispéireas an Phobail ar Cháilíocht, léargas agus tuiscint shoiléir a chur ar fáil don Choiste ar theagmhais, cibé ar thaití othar, úsáideoir na seirbhísí nó ball foirne laistigh den chóras a bhíonn i gceist. Tá an cineál seo cur i láthair an-tábhachtach don Choiste mar go dtugann siad léargas ar eispéireas sa líne thosaigh agus atá dírithe ar an duine agus fáiltíonn sé roimh na ceachtanna a foghlaimíodh agus na heispéiris chomhroinnte ó chur i láthair den sórt seo. I rith 2023, rinneadh cur i láthair ar théamaí sábháilteacht othar, seirbhísí míchumais, feabhsú cáilíochta, agus cúram créachta.

Fuair an Coiste mionteagaisc thréimhsiúla ar obair an aonaid Iniúchta Cúraim Sláinte de chuid an Rannáin Iniúcháireachta Inmheánaí. Chabhraigh sé seo leis an gCoiste monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmí an phlean Iniúchta Cúraim Sláinte, athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí agus moltaí suntasacha, agus monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhartha a dhéanann an bhainistíocht.

## Réimsí Fócais

Chun a chinntiú go mbeadh maoirseacht agus tuiscint ag an gCoiste ar sheirbhísí agus ar fhadhbanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn do sheirbhísí a bheith á soláthar, rinne réimsí éagsúla seirbhíse cur i láthair mion don Choiste i rith na bliana. San áireamh iontu seo, bhí: Cláir Chliniciúla Náisiúnta, Tuarascáil Bhliantúil um Nochtadh Oscailte, Cosaint, Sláinte an Phobail, Rialachas agus Foghlaim i dtaobh Gearán, Faisnéis maidir le Cáilíocht agus Sábháilteacht Othar, *Plean Forfheidhmithe 'Comhfhís'*, Treochlár Rannpháirtíochta Othar, *Plean Seirbhíse Náisiúnta 2024*, agus an *Straitéis Náisiúnta Máithreachais 2016-2026*. Chomh maith leis sin, chuaigh an Coiste i ngleic leis na rioscaí a chuir CIR faoina chúram.

## Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara Seachtracha / Neamhspleácha

D'fháiltigh an Coiste roimh an deis bualadh freisin le páirtithe leasmhara neamhspleácha agus seachtracha éagsúla i rith na bliana. Rinne siad seo i leanas cur i láthair: Cathaoirleach an Phainéil Náisiúnta Athbheithnithe Neamhspleách, an Oifig Náisiúnta um Iniúchadh Cliniciúil, an Faighteoir Rúnda, an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA), an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát agus Othair ar son Shábháilteacht Othar Éireann.

## An Coiste Teicneolaíochta agus Trasfhoirmithe

Is é ról an Choiste ná maoirseacht a dhéanamh ar Chlár ríomhShláinte, TF agus Cibearthrasfhoirmiú FnaSS chun bonn teicneolaíochta seasmhach atá oiriúnach don todhchaí a chur ar fáil chun seirbhísí sláinte atá cumasaithe go digiteach a sholáthar, agus a chinntiú nach sáraíonn rioscaí TF agus cibearshlándála an leibhéal inghlacthachta riosca mar atá sonraithe. Tá sé mar aidhm ag an gClár ríomhShláinte, TF agus Cibearchlár seirbhísí sláinte a athrú ó bhun. Sa chomhthéacs sin, cinnteoidh an Coiste go ndíreofar pleanáil agus feidhmiú an chlár ar riachtanais na n-othar, úsáideoirí na seirbhísí agus na foirne atá riachtanach maidir le soláthar cúraim sláinte. Nuair a bheidh Réigiúin Sláinte FnaSS i bhfeidhm i 2024, leathnóidh an Coiste a fhócas chun bunathrú ginearálta a chinntiú ar fud na heagraíochta.

## Comhaltaí

Comhaltaí an Choiste Teicneolaíochta agus Trasfhoirmithe i rith 2023:

- Tim Hynes, Cathaoirleach agus Comhalta Boid
- Brendan Whelan, Comhalta Boid
- An tOllamh Fergus O'Kelly, Comhalta Boid
- Barry Lowry, Comhalta Seachtrach
- Martin McCormack, Comhalta Seachtrach
- Rosaleen Killalea, Comhalta Seachtrach
- Derick Mitchell, Comhalta Seachtrach.

Bhí seacht gcrúinniú ag an gCoiste i 2023. D'fhreastail an Príomhoifigeach Faisnéise, an Príomhoifigeach Teicneolaíochta agus Trasfhoirmithe eatrámhach, an Príomhoifigeach Straitéise, agus an Príomhoifigeach um Chúram Sláinte Pobail an Oirdheiscirt ar chruinnithe an Choiste. Ba iadsan na baill d'Fhoireann Shinsearach Bainistíochta FnaSS a bhí sannta ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin chun cúnaimh a thabhairt don Choiste. I rith na bliana, thug an Coiste cuireadh do chomhaltá breise den FBF (EMT) freastal ar a chuid cruinnithe agus cur i láthair a dhéanamh, agus iarradh tuilleadh faisnéise agus soiléirithe, nuair ba ghá.

Déanann an Coiste maoirseacht ar sheachadadh agus ar mhonatóireacht thorthaí chlár mhórsála um thrasfhoirmiú seirbhísí FnaSS agus cinntítear go bhfuil plean oibre an Choiste ag teacht le tosaíochtaí an Bhoird. In ainneoin saineolas teicneolaíochta an Choiste, tá is iad an Bord a shocraíonn cé a dhéanann maoirseacht ar thionscadail chlaochlaithe ar mhórsála nach bhfuil faoi cheannas TF.

Lean an Coiste ag déanamh maoirseachta ar fhreagra FnaSS ar Chibirionsaí Conti agus fuair sé faisnéisiú amlíne iarthegmhais agus faisnéisiú ardleibhéil ó PwC maidir leis an Tuarascáil ar an Athmhéasúnú Neamhspleách ar Chomhtháthú Samhail Aibíochta Cumais NIST FnaSS. Rinne an Coiste maoirseacht chomh maith ar fhorbairt pleananna straitéiseacha a thagann faoina chúram. Áirítear leis seo an Plean Caipitil ríomhShláinte & TFC 2024 agus Plean Forfheidhmithe Straitéiseach Sláinte Digiteach FnaSS.

## Míreanna Seasta ar an gClár Oibre

I rith 2023, d'fhorbair an Coiste a phlean oibre agus dhaingnigh sé a bhealaí oibre. Ag gach cruinniú, faigheann an Coiste tuarascáil ón bPríomh-Oifig um Thrasfhoirmiú Teicneolaíochta, a thugann léargas don Choiste ar chlár ábhartha, a dhéanann siad de réir roinnt téamaí: príomh-spríocanna atá bainte amach ag ríomhShláinte, Run (príomhmhéadracht riachtanach), Grow (príomhchlár ar cumasóirí gnó iad), Transform (Treochlár Forfheidhmithe Straitéiseach Sláinte Digiteach), agus Protect (méadracht a bhaineann le cibear-staidiúir agus gníomhaíochtaí).

Breithníonn an Coiste freisin an mhír de Scórchárta a Bhoird a bhaineann le ríomhShláinte agus soláthraíonn sé aiseolas maidir leis na sonraí a cuireadh ar fáil agus ar na hathruithe atá beartaithe, agus déanann sé monatóireacht ar na rioscaí CRC (CRR) atá curtha faoina chúram agus na rialuithe a bhaineann leo.

## Réimsí Fócais

Ag gach cruinniú, fuair an Coiste mionteagasc ar réimse de ríomhShláinte chun tuiscint níos fearr a fháil ar na tionscadail seo agus ar a dtionchar réamh-mheasta ar sheirbhísí. Bhí na réimsí seo a leanas san áireamh: an Córas Comhtháite Cásbhainistíochta Pobail, Taifid Cúraim Comhroinnte, Feidhmchlár Othar, aistriú seirbhíse chuig HealthIRL, an Clár Oibriúcháin um Sheasmhacht Cliniciúil, agus comhlíonadh TFC i gcomhthéacs na Réigiúin Sláinte. D'fhreastail an Coiste freisin ar an gComhdháil Níos Fearr le Chéile don Chúram Sláinte Digiteach i mí na Nollag 2023 agus léirigh sé tacaíocht do na tionscnaimh a cuireadh i láthair.

## 4.1 Tuarascáil um Rialachas agus Chomhaltaí an Bhoird 2023

### Comhaltaí an Bhoird (ar an 31 Nollaig 2023)



**An tUas. Ciarán Devane**

Cathaoirleach

**Ceapachán:** 28 Meitheamh 2019

**Tréimhse:** 5 bliana

**Scileanna agus Taithí:**

Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar an Ionad um Iontaobhas, Síocháin agus Caidrimh Shóisialta in Ollscoil Coventry. Cathaoirleach ar Clore Social Leadership. Iar-chomhalta de Bhord na Seirbhíse Náisiúnta Sláinte (NHS) i Sasana. Bhí sé ina Phríomhfheidhmeannach ar Macmillan Cancer Support agus ina Phríomhfheidhmeannach ar Chomhairle na Breataine. Rinneadh ridire de sa Ríocht Aontaithe as ucht seirbhíse d'othair le hailse.



**An tOllamh Deirdre Madden**

Leaschathaoirleach

**Ceapachán:** 28 Meitheamh 2019

**Tréimhse:** 5 bliana

**Scileanna agus Taithí:**

Ollamh le Dlí i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh le speisialtóireacht sa dlí agus eiticí a bhaineann le cúram sláinte. Bhí sí ina cathaoirleach ar an gCoimisiún um Shábháilteacht Othar agus Dearbhú Cáilíochta agus bhí sí mar chomhalta ar Bhord ÚFCS (HIQA), Comhairle na nDochtúirí Leighis agus Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh. Tá sí ina comhalta d'Acadamh Ríoga na hÉireann.



**Ms Anne Carrigy**

**Ceapachán:** 12 Márta 2021

**Tréimhse:** 3 bliana

**Scileanna agus Taithí:**

Is Altra í. Bhí sí mar Stiúrthóir Altranais agus Ceann Gnóthaí Corparáideacha in Ospidéal Ollscoile an Mater Misericordiae sular ceapadh ina Stiúrthóir ar Fhoireann Bainistíochta Teagmhais Thromchúiseach FnaSS i agus ina dhiaidh sin mar Cheannasaí Náisiúnta ar Sheirbhísí Ospidéal Ghéarmhíochaine. Bhí sí mar Uachtarán ar Bhord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann agus Cónaidhm Eorpach na nGairmeacha Altranais.



**An tUas Fergus Finlay**

**Ceapachán:** 28 Meitheamh 2019

**Tréimhse:** 5 bliana

**Scileanna agus Taithí:**

Iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Barnardos. Iar-chomhairleoir polaitíochta ina raibh sé mar chomhairleoir ag trí rialtas. Bhí baint aige le hidirbheartaíocht Angla-Éireannach i rith an phróisis síochána, agus bhí sé ar dhuine de dhréachtóirí Fhorógra Shráid Downing. Faoi láthair tá sé ina chathaoirleach ar thascfhórsa Rialtais maidir le fostaíocht do dhaoine faoi mhíchumas agus ina Chathaoirleach ar Bhord Athnuachana Theach an Charnáin.



**An tUas Tim Hynes**

**Ceapachán:** 28 Meitheamh 2019

**Tréimhse 1:** 3 bliana

**Tenure 2:** 5 bliana

**Scileanna agus Taithí:**

Príomhoifigeach Faisnéise Ghrúpa Bhanc-Aontas Éireann. Tá Máistreacht aige i gCeannaireacht Feidhmiúcháin ó Ollscoil Uladh, tá sé cáilithe mar stiúrthóir bainc, agus tá sé mar Chomhalta de Chumann Ríomhaireachta na hÉireann.



**An Dr Sarah McLoughlin**

**Ceapachán:** 28 Meitheamh 2019

**Tréimhse:** 5 bliana

**Scileanna agus Taithí:**

Rannpháirtíocht an Phobail agus Othar (PPI) Comhordaitheoir Trialacha Ailse Éireann. Abhcóide othar le taithí tras-ghalar i gcarthanachtaí a bhaineann le hothair. Céim PhD i dtaighde bithleighis agus tugann sí léachtaí ar uairibh. Ball PPI de Choiste Eitice Taighde Náisiúnta um Fheistí Leighis, Tionscadal Náisiúnta Forbartha Bithbhainc COVID-19, de chuid Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, Guth na nOthar i dTaighde ailse, Cumann na hÉireann um Thaighde ar Ailse, Bord Comhairleach Oideachais Institiúid Ailse Choláiste na Tríonóide San Séamas, Cuibhreannas Ailse na hInstitiúide Náisiúnta Ailse – na hÉireann-Thuaisceart Éireann.





**An tUas Aogán Ó Fearghail**

**Ceapachán:** 28 Meitheamh 2019

**Tréimhse 1:** 3 bliana

**Tréimhse 2:** 5 bliana

**Scileanna agus Taithí:**

Iar-phríomhoide bunscoile, mar Uachtarán ar CLG ó 2015-2018 nuair a thug sé isteach Aonad Cothaithe Sláinte i bPáirc an Chrócaigh agus tionscnaimh eile a dhírigh ar ábhair a bhain le sláinte choirp agus meabhairshláinte. Faoi láthair oibríonn sé mar theagascóir socrúcháin scoile in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.



**An tOllamh Fergus O’Kelly**

**Ceapachán:** 28 Meitheamh 2019

**Tréimhse:** 5 bliana

**Scileanna agus Taithí:**

Dochtúir Teaghlaigh / lia teaghlaigh ar scor agus Ollamh Cliniciúil le Cleachtas Ginearálta / Leighas Teaghlaigh, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Tá sé mar Stiúrthóir ar chlár FnaSS Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath le 18 bliain. Bhí sé mar Uachtarán ar Choláiste Dhochtúirí Teaghlaigh na hÉireann (ICGP) (2015-2016) agus mar chomhalta de Bhord Rialúcháin ICGP (2014-2017).



**Ms Michelle O’Sullivan**

**Ceapachán:** 21 Iúil 2022

**Tréimhse:** 2 bliana

**Scileanna agus Taithí:**

Tá os cionn 21 bliain de thaithí AD(HR) aici ag obair i mbanc infheistíochta ilnáisiúnta. D’éirigh sí as a ról corparáideach agus bhunaigh sí MOS Consulting i 2019. Cóitseálaí / meantóir cáilithe agus creidiúnaithe ag an gComhairle Eorpach um Mheantóireacht agus um Chóitseáil (EMCC) ar leibhéal chleachtóra sinsearach. Faoi láthair, tá sí ina cathaoirleach ar choiste straitéiseach AD Bhord an Cheolárais Náisiúnta.



**An Dr Yvonne Traynor**

**Ceapachán:** 28 Meitheamh 2019

**Tréimhse 1:** 3 bliana

**Tréimhse 2:** 5 bliana

**Scileanna agus Taithí:**

Iar Leas-Uachtarán Ghnóthaí Rialacháin agus Eolaíochta le Kerry Group. Tá PhD sa Cheimic aici ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, mar aon le Diplóma Deimhniú sa Chuntasáiocht agus Airgeadas agus MSc i gCeannaireacht Feidhmiúcháin. Bhí sí mar Chathaoirleach ar Choiste Iníochóireachta, Riosca agus Comhlíontachta Sheirbhís Fhuilistriúcháin na hÉireann.



**An tUas Brendan Whelan**

**Ceapachán:** 12 Márta 2021

**Tréimhse:** 3 bliana

**Scileanna agus Taithí:**

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Fhorais Airgeadais Shóisialaigh. Cathaoirleach Chomhairle na hÉireann do na Cluichí Oilimpeacha Speisialta. Cathaoirleach Chumann Naomh Cairtriona, Cill Mhantáin agus Pátrún Scoil Speisialta Naomh Cairtriona. Iarfeidhmeannach sinsearach i mBanc na hÉireann agus tá sé mar Chomhalta d’Institiúid na mBainc éirí in Éirinn. Tá cáilíochtaí aige sa Tráchtáil agus sa Bhainistíocht.



**An tUas Matt Walsh**

**Ceapachán:** 15 Bealtaine 2023

**Tréimhse:** 1 bhliain

**Scileanna agus Taithí:**

Gairmí AD le taithí, a oibríonn mar Chomhpháirtí Comhlach ag Stratis Consulting. Bhí poist shinsearach AD aige roimhe seo in eagraíochtaí ilnáisiúnta, fostáit agus eagraíochtaí neamhrialtasacha agus d’oibrigh sé i roinnt earnálacha, ina measc, teicneolaíocht, cógaisíocht, agus earnáil cúnamh agus daonnúil. Tá taithí aige mar stiúrthóir neamhfeidhmiúcháin agus saineolas ar rialachas corparáideach. Tá MBA agus MSc aige i bhForbairt Acmhainní Daonna, Ard-Diplóma sa Dlí Fostaíochta Feidhmeach, agus Diplóma i Stiúrthóireacht Cuideachtaí.

## 4.1 Tuarascáil um Rialachas agus Chomhaltaí an Bhoird 2023

### Comhaltaí na Foirne Bainistíochta Feidhmiúcháin (ar 31 Nollaig 2023)



#### An tUas Bernard Gloster

An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

#### Scileanna agus Taithí:

Ghlac Bernard Gloster le post an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin i mí an Mhárta 2023. Bhí sé ag obair sna seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta le breis agus 34 bliain, agus chuaigh sé ag obair arís i FnaSS ón nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, Tusla, áit a raibh sé ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ó Mheán Fómhair 2019. Roimhe sin bhí roinnt post sinsearach bainistíochta aige i FSS, lena n-áirítear Príomhoifigeach Chúram Sláinte Pobail an Lár-larthair FnaSS. B' oibrí cúraim shóisialta an ghairm a bhí aige agus tá MBA aige ó Ollscoil Oxford Brookes agus MSc i gCleachtas Bainistíochta ó UCC.



#### An tUas Mark Brennock

Stiúrthóir Náisiúnta, Cumarsáid

#### Scileanna agus Taithí:

Is é Mark Brennock an Stiúrthóir Náisiúnta Cumarsáide, a stiúránn forbairt agus bainistíocht cumarsáide FnaSS. Tugann sé comhairle agus tacaíocht chomhairliúcháin do bhaill foirne ar fud na heagraíochta. Bhí sé ina Stiúrthóir ar Ghnóthaí Poiblí le Murray, ceann de na gníomhaireachtaí cumarsáide is mó in Éirinn, agus chaith sé 23 bliain ag obair mar iriseoir, leis an Irish Times go príomha.



#### Ms Sandra Broderick

Oifigeach Feidhmiúcháin Réigiúnach Iarthar Láir

#### Scileanna agus Taithí:

Chuir Sandra Broderick tús lena post mar Oifigeach Feidhmiúcháin Réigiúnach, FnaSS an Iarthair- Láir i mí na Nollag 2023. Is altra cáilithe i Sandra, agus tá taithí fhairsing aici maidir le seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a stiúradh agus a sholáthar sa RA agus in Éirinn. D'oibrigh Sandra in Altranais Ginearálta leis an NHS i seirbhísí pobail agus géarmhíochaine, sular bhog sí isteach i ról bhainistíochta cúram sláinte ar fud an NHS, lena n-áirítear, ról chomhairleacha shinsearacha i gcúram sláinte agus sóisialta. Thosaigh Sandra ag obair le FnaSS i 2018 mar Stiúrthóir Cúnta Náisiúnta do Sheirbhísí do Dhaoine Aosta.



#### Ms Mary Day

Stiúrthóir Náisiúnta, Oibríochtaí Géarchúraim

#### Scileanna agus Taithí:

Tá Mary Day ar iasacht mar Stiúrthóir Náisiúnta Oibríochtaí Géarmhíochaine. Roimhe sin bhí sí ina Príomhfheidhmeannach ar Ghrúpa Ospidéal Oirthear na hÉireann, in Ospidéal San Séamas agus in Ospidéal Ollscoile an Mater Misericordiae. Bhunaigh Mary an tAcadamh Lean in Ospidéal an Mater agus rinne sí tuilleadh forbartha ar an gclár feabhsaithe Lean ar fud Ghrúpa Ospidéal Oirthear na hÉireann. Tá cáilíocht BSc (Onóracha) in Altranais Ailse agus MSc i mBainistíocht na Seirbhíse Sláinte aici agus ceapadh í mar Ollamh Comhlach Cúnta i Scoil an Altranais, an Chnáimhseachais agus na gCóras Sláinte UCD i mí na Nollag 2010.



#### Ms Niamh Doody

Bainisteoir Feidhmiúcháin Gnó don POF (CEO)

#### Scileanna agus Taithí:

Is í Niamh Doody Bainisteoir Feidhmiúcháin Gnó don PhríomhOifigeach Feidhmiúcháin. Tá breis agus 24 bliain taithí ag Niamh ag obair in earnáil Sláinte na hÉireann, tar éis di a bheith ag obair roimhe sin sa Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, Tusla, ar feadh cúpla bliain. Bhí roinnt ról bainistíochta corparáid ag Niamh agus roimhe seo d'oibrigh sí mar Oifigeach Cumarsáide le FnaSS an Lár-larthair. Ina ról reatha, dírionn Niamh ar rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha thar ceann an Phríomhfheidhmeannaigh agus FnaSS.



#### An tUas Joseph Duggan

Stiúrthóir Náisiúnta, Iniúchóireacht Inmheánach

#### Scileanna agus Taithí:

Is é Joseph Duggan an Stiúrthóir Náisiúnta um Iniúchóireacht Inmheánach ó Eanáir 2023. Roimhe sin, bhí ról feidhmiúcháin sinsearacha aige i Rialtas Stáit New South Wales (An Astráil), inar dhirigh sé ar iniúchóireacht inmheánach agus riosca i ndáil le sláine. Roimhe seo, sna seirbhísí gairmiúla, bhí sé i gceannas ar gníomhaíochtaí ar fud na hEorpa agus an Réigiúin an Aigéin Chiúin agus na hÁise agus iad seo a leanas faoina chúram: iniúchóireacht inmheánach, bainistíocht riosca oibríocháin agus straitéiseach, agus comhairle rialachais a sholáthar. Tá céimeanna Baitsiléir Tráchtála agus Céim Mháistreachta sa Chuntasaíocht aige. Is Cuntasóir Cairte (FCA) é agus Comhlach d'Institiúid Chánachais na hÉireann (AITI).

**Dr Colm Henry**

Príomhoifigeach Cliniciúil

**Scileanna agus Taithí:**

Is é an Dr Colm Henry Príomhoifigeach Cliniciúil FnaSS. Sular ceapadh ina Phríomhoifigeach Cliniciúil é, bhí sé ina Chomhairleoir Cliniciúil Náisiúnta agus ina Cheannaire ar Ghrúpa d'Ospidéal Ghéarmhíochaine FnaSS agus, roimhe sin, bhí sé ina Cheannaire Náisiúnta ar Chlár um Stiúrtóirí Cliniciúil FnaSS. Ceapadh é ina gheiriatraí comhairleach in Ospidéal Ollscoile na Trócaire i gCorcaigh i 2002 agus bhí sé ina Stiúrtóirí Cliniciúil san ospidéal ó 2009 go 2012.

**Ms Anne Marie Hoey**

Stiúrtóir Náisiúnta, Acmhainní Daonna

**Scileanna agus Taithí:**

Is í Anne Marie Hoey Stiúrtóir Náisiúnta Acmhainní Daonna FnaSS. Tá os cionn 30 bliain de thaithí aici i seirbhísí sláinte na hÉireann, agus bhí roinnt ról bhainistíochta sinsearach a aici, sna hospidéal ghéarmhíochaine éagsúla, seirbhísí pobail agus an tSeirbhís Aisiócaíochta Cúraim Phríomhúil. Tá BSc sa Bhainistíocht aici chomh maith le Céim Mháistreachta i mBainistíocht na Seirbhíse Sláinte ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus tá sí ina Comhalta den Institiúid Chairte Pearsanra agus Forbartha.

**An tUas Patrick Lynch**

Príomhoifigeach Straitéise

**Scileanna agus Taithí:**

Is é Patrick Lynch Príomhoifigeach Straitéise Gníomhach FnaSS ó Dheireadh Fómhair 2023. Is é Príomhoifigeach Riosca FnaSS é freisin. D'oibrigh Patrick i ról bhainistíochta sinsearach éagsúla sa tseirbhís sláinte in Éirinn agus thar lear, i réimsí lena n-áirítear bainistíocht ghinearálta na seirbhíse sláinte, bainistíocht riosca agus teagmhais, pleanáil agus feidhmíocht agus bainistíocht tionscadail agus athraithe. Tá Diplóma larchéime aige i mBainistíocht Córais Sláinte agus Máistreachta i mBainistíocht Athraithe.

**An tUas Damien McCallion**

Príomhoifigeach Oibríochtaí

**Scileanna agus Taithí:**

Is é Damien McCallion Príomhoifigeach Oibríochtaí FnaSS. Roimhe sin, bhí sé ina Stiúrtóir Náisiúnta i gceannas ar fheidhmiú céimneach na gClár Vacsaínithe agus Tástála agus Rianaithe COVID-19 agus tá sé ina Ard-Stiúrtóir ar CAWT (Comhoibriú agus ag Obair le Chéile). Le linn a shaol oibre, bhí roinnt ról shinsearach a aige i réimsí éagsúla, ina measc, sa tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála, TFC, Clár Athchóirithe na Seirbhíse Sláinte, Bainistíocht Éigeandála agus sa tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna, agus tá MSc aige. i mBainistíocht um Athrú agus Nuálaíocht.

**An tUas Stephen Mulvany**

An Príomhoifigeach Airgeadais

**Scileanna agus Taithí:**

Is é Stephen Mulvany an Príomhoifigeach Airgeadais. Tá taithí fhairsing a aige ar phleanáil airgeadais, ar phleanáil oibriúcháin agus ar sholáthar seirbhísí. Is Cuntasóir Deimhneithe (FCCA) é le Diplóma larchéime i mBainistíocht agus Feidhmiú Teicneolaíocht Faisnéise sa Chuntasaíocht, MSc i gCleachtas Bainistíochta, agus tá an cúrsa um Theastas Institiúid na Stiúrtóirí agus Diplóma i Stiúradh Comhlachtaí curtha i gcrích a aige chomh maith.

**An tUas Brian Murphy**

Ceannasaí na nGnóthaí Corparáideacha

**Scileanna agus Taithí:**

Is é Brian Murphy Ceannasaí na nGnóthaí Corparáideacha. Tá os cionn 35 bliain de thaithí a aige ag obair in earnáil sláinte na hÉireann, tar éis dó a bheith ag obair sa Roinn Sláinte roimhe seo. Bhí go leor post a bhain le hoibríochtaí agus straitéis ag Brian le linn na tréimhse seo, ina measc, ról in airgeadas, cúram príomhúil agus pleanáil straitéiseach. Tá céim ag Brian i Staidéar Gnó agus cáilíochtaí larchéime sna hEolaíochtaí Sláinte agus i Straitéis agus Nuálaíocht.

## 4.1 Tuarascáil um Rialachas agus Chomhaltaí an Bhoird 2023

### Comhaltaí na Foirne Bainistíochta Feidhmiúcháin (ar 31 Nollaig 2023)



**An tUas Fran Thompson**  
Príomhoifigeach Faisnéise

**Scileanna agus Taithí:**

Is é Fran Thompson Príomhoifigeach Faisnéise FnaSS a stiúran an t-athrú digiteach i seirbhís sláinte na hÉireann. Tá os cionn 25 bliain de thaithí cheannaireachta aige i ndáil le TFC sláinte agus bhí sé i gceannas ar réimse leathan de chláir straitéiseacha ríomhshláinte agus tá sé dírithe go príomha ar uas-athrú digiteach a chur i gcrích san earnáil sláinte



**An tUas David Walsh**  
Stiúrthóir Náisiúnta um Oibríochtaí Pobail, Scéimeanna agus Aisíocaíochtaí

**Scileanna agus Taithí:**

Is é David Walsh David an Stiúrthóir Náisiúnta um Oibríochtaí Pobail, Scéimeanna agus Aisíocaíochtaí agus tá os cionn 20 bliain caite aige mar bhainisteoir sinsearach sa tseirbhís sláinte. Bhí ról éagsúla aige sna Seirbhísí pobail i rith an ama sin agus, ó 2018, bhí poist éagsúla aige ag leibhéal Stiúrthóra Náisiúnta i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte



**An tUas John Ward**  
Príomhoifigeach um Thrasfhoirmiú Teicneolaíochta

**Scileanna agus Taithí:**

Is é John Ward Príomhoifigeach Eatramhach Teicneolaíochta agus um Thrasfhoirmiú FnaSS. Tá os cionn 25 bliain de thaithí ag John ag obair ar mhórchlár um thrasfhoirmiú teicneolaíochta i réimse tionscal mar a raibh fócas ar leith ar ailtireacht agus forbairt bogearraí nuálacha ceannródaíoch. Tá céim BSc aige san Eolaíocht Ríomhaireachta chomh maith le Diplóma i bhForbairt Gnó Nua. Tá cáilíocht ghairmiúil aige chomh maith i leabharlann um bonneagar teicneolaíochta na Faisnéise(ITIL), Creat Ailtireachta The Open Group (TOGAF) agus Cosaint Sonraí.




**An tUas Liam Woods**  
Stiúrthóir Náisiúnta um Fheidhmiú na Réigiún Sláinte

**Scileanna agus Taithí:**

Is é Liam Woods an Stiúrthóir Náisiúnta um Fheidhmiú na Réigiún Sláinte. Sular thosaigh sé ag obair sna seirbhísí sláinte, d'oibrigh sé san earnáil phríobháideach in eagraíocht chuntasaíochta agus chomhairleachta. Thosaigh sé ag obair leis na seirbhísí sláinte i 1999 mar Stiúrthóir Airgeadais in Údarás Sláinte Réigiúnach an Oirthir. Bhí sé sa phost sin go dtí gur glacadh an tÚdarás sin isteach mar chuid d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i mí Eanáir 2005. Ba é Liam Stiúrthóir Airgeadais FnaSS ar feadh ocht mbliana, bhí sé ina Stiúrthóir Seirbhísí um Ghnó Sláinte ar feadh bliana agus mar Stiúrthóir Seirbhísí Géarmhíochaine ó 2015 go dtí mí Lúnasa 2022. Is céimí de chuid Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath é agus is Cuntasóir Cairte cáilithe é.






## 5 Aguisíní

- Aguisín 1: Struchtúr na hEagraíochta agus Soláthar na Seirbhísí
- Aguisín 2: Sonraí Caiteachais agus Acmhainní Daonna
- Aguisín 3: Plean Seirbhíse Náisiúnta 2023, Scórchárta Náisiúnta agus Príomhghníomhaíochtaí
- Aguisín 4: Bonneagar Caipitil
- Aguisín 5: Tuairisc de réir cheanglais Alt 55 den Acht Sláinte 2004 (Gearáin)
- Aguisín 6: Tuarascáil Bhliantúil – Nochtaí Cosanta 2023
- Aguisín 7: Tuarascáil um Bainistiú Riosca
- Aguisín 8: Sceideal – Tíreamh, Táillí agus Costais an Bhoird agus na gCoistí
- Aguisín 9: Comhlíonadh Reachtach
- Aguisín 10: Gluais Téarmaí

# Aguisín 1: Struchtúr na hEagraíochta agus Soláthar na Seirbhísí

## Struchtúr na hEagraíochta





## Soláthar Cúram Sláinte agus Sóisialta

### Cúram Sláinte Pobail



Clúdaíonn cúram sláinte pobail seirbhísí cúraim phríomhúil, seirbhísí um ionchuimsiú sóisialta, seirbhísí do dhaoine aosta agus cúram maolaitheach, seirbhísí míchumais agus seirbhísí meabhairshláinte do leanáí agus do dhaoine fásta, ina measc, grúpaí imeallaithe agus iad siúd atá ag fulaingt éagothrome sláinte. Cuireann Dochtúirí Teaghlaigh, altraí sláinte poiblí (PHN) agus Gairmithe Sláinte agus Cúram Sóisialta seirbhísí ar fáil trí fhoirne cúraim phríomhúil agus Líonraí Sláinte Pobail. Cuireadh seirbhísí cúram sláinte pobail ar fáil i naoi nEagraíocht Sláinte Pobail (ESP) i 2023, trí mheascán cúraim díreach ó FnaSS agus ó sholáthraithe deonacha seirbhíse Alt 38 agus 39, mar aon le Dochtúirí Teaghlaigh agus soláthraithe próbháideacha. Cuirtear na seirbhísí seo ar fáil do dhaoine i bpobail áitiúla chomh gar do bhaile agus is féidir.

### Cúram in Ospidéal Ghéarmhíochaine

Cé go bhfuil sé mar sprioc againn seirbhísí a sholáthar do dhaoine chomh gar agus is féidir do bhaile, bíonn cásanna ann a mbíonn ar othar dul chuig an ospidéal. Tá sé mar aidhm ag seirbhísí ospidéal géarmhíochaine feabhas a chur ar shláinte an daonra trí réimse leathan seirbhísí sláinte a chur ar fáil, a chuimsíonn luathdhiagnóis, seirbhísí speisialtóra, ina measc, cúram sceidealaithe d'othair chónaitheacha, cúram neamhsceidealaithe / éigeandála, seirbhísí ailse, seirbhísí máithreachais, seirbhísí othar seachtrach agus diagnóisic. I 2023 bhí ospidéal na hÉireann eagraithe i sé Ghrúpa Ospidéal agus Sláinte Leanáí Éireann (CHI) agus chuir foirne ildisciplíneacha cúram ar fáil. Cuireann an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna (NAS) cúram éigeandála réamh-ospidéal, cúram idirmheánach agus seirbhísí aisghabhála cúraim chriticiúil ar fáil.

### I 2024 – Reigiúin Sláinte

Bunaíodh sé Réigiún Sláinte, i mí Feabhra 2024, agus cuirfidh siad cúram ospidéal agus pobail comhtháite ar fáil, ag tacú lenár n-aidhm seirbhís sláinte níos éifeachtaí, níos cuíchóirithe agus níos tairbhí a chur ar fáil. Feidhmeoidh na Réigiúin Sláinte mar chuid de sheirbhís sláinte agus cúraim shóisialta réigiúnach a bheidh neartaithe. Beidh a mbuiséad féin acu, mar aon le foirne ceannaireachta, agus cumas cinnteoireachta níos fearr ar bhonn áitiúil. Tá tuilleadh eolais ina leith seo i gCuid 2.2 den Tuarascáil Bhliantúil seo.



## Aguisín 2: Sonraí Caiteachais agus Acmhainní Daonna

### Miondealú ar Chaiteachas

	2022 €'000	2023 €'000
Caiteachas Iomlán FnaSS i 2023	23,363,470	24,749,003
Caiteachas Iomlán Caipitil i 2023	1,167,610	1,055,736
Caipiteal iomlán do thionscadail TFC	150,581	170,299
Deontais chaipitil iomlán do ghníomhaireachtaí deonacha	531,706	346,792

Foinse sonraí: Airgeadas Náisiúnta

### Párolla

	2022 €'000	2023 €'000
Bille pá iomlán na seirbhíse sláinte (gan soláthraithe seirbhíse deonacha agus aoisiúntas a chur san áireamh)	6,887,445	7,467,042
Bunphá	4,730,778	5,265,552
Líúntais eile	190,614	143,454

Foinse sonraí: Airgeadas Náisiúnta

### Socruithe Rialachais leis an earnáil neamhrechtúil

Maoiniú curtha ar fáil ag FnaSS	2022 €'000	2023 €'000
Ospidéal Dheonacha Ghéarmhíochaine	3,281,290	3,634,936
Gníomhaireachtaí eile	3,060,902	3,108,314
<b>Iomlán</b>	<b>6,342,192</b>	<b>6,743,250</b>

Foinse sonraí: Airgeadas Náisiúnta

### Socruithe maoinithe

Socruithe maoinithe	2022	2023
Líon na ggníomhaireachtaí a fuair maoiniú	2,261	2,286
Socruithe maoinithe ar leith i bhfeidhm	4,845	5,010

Foinse sonraí: Aonad comhlíontachta

## Sonraí maidir le hAcmhainní Daonna

### Cóibhéisí Lánaimseartha (WTEs) de réir catagóir foirne

Catagóir foirne	CL Nollaig 2022	CL Nollaig 2023
Leigheas agus Fiaclóireacht	12,697	13,761
Altranas agus Cnáimsheachas	43,619	46,247
Gairmithe Sláinte agus cúraim shóisialta	19,721	20,785
Bainistíocht agus riarachán	23,156	25,404
Tacaíocht ghinearálta	10,134	10,157
Cúram othar agus cliant	28,418	29,631
<b>Iomlán na seirbhíse sláinte</b>	<b>137,745</b>	<b>145,985</b>

Foinse sonraí: Áireamh Pearsanra na Seirbhíse Sláinte. Figiúirí slánaithe go dtí an CL is gaire.

# Aguisín 3: Plean Seirbhíse Náisiúnta 2023, Scórchárta Náisiúnta agus Príomhghníomhaíochtaí

Nóta: Tá na sonraí tuairiscithe bunaithe ar na sonraí is déanaí a bhí ar fáil ag dáta ullmhaithe na tuarascála seo agus d'fhéadfadh sé nach léirítear an staid ag deireadh na bliana (de bharr go ndéantar sonraí a thuairisciú go riaráisteach)

## Aguisín 3(a) Scórchárta Náisiúnta

Scórchárta Náisiúnta			
Geathramhán an Scórchárta / Réimse tosaíochta	Príomhtháscaire Feidhmíochta	Spríoc PSN 2023	Fíormhéid Tuairiscithe 2023
Cáilíocht agus Sábháilteacht			
<b>Gearáin a fiosraíodh laistigh de 30 lá</b>	% na gearáin a fiosraíodh laistigh de 30 lá oibre tar éis don oifigeach an gearán a admháil	75%	61%
<b>Teagmhais Thromchúiseacha</b>	% athbhreithnithe a cuireadh i gcrích laistigh de 125 lá tar éis don tseirbhís a bheith curtha ar an eolas faoi theagmhas de chatagóir 1	70%	46%
	% de na teagmhais tuairiscithe a cuireadh isteach ar CNBT (NIMS) laistigh de 30 lá tar éis teagmhais a bheith curtha in iúl	70%	79%
	% de na teagmhais go léir a tuairiscíodh mar mhórtheagmhais nó mar theagmhais thromchúiseacha	<1%	0.5%
<b>Rátaí Ionfhabhtuithe a bhain le Cúram Sláinte RICS (HCAI)</b>	Ráta cásanna nua d'ionfhabhtú stafalacocas órga sa sruth fola, a tholg daoine san ospidéal	<0.8 / 10,000 lá ar úsáideadh leapacha	0.8
	Ráta cásanna nua d'ionfhabhtú C. difficile a tolgadh san ospidéal	<2 / 10,000 lá ar úsáideadh leapacha	2.2
<b>Sláinte Leanaí</b>	% de leanaí 24 mí d'aois a bhfuil an vacsaín don bhruitíneach, don leicneach, agus don bhruitíneach dhearg (MMR) faighte acu	95%	89.4%
	% de na leanaí a bhí 12 mí d'aois laistigh den tréimhse tuairiscithe a ndearnadh measúnú sláinte agus forbartha 9-11 mí ASP (PHN) orthu in am nó sula raibh siad 12 mí d'aois	95%	88.4%
	% na leanaí a cothaíodh ar an gcíoch go hiomlán tráth ar thug an ASP cuairt trí mhí don mheasúnú sláinte agus forbartha	36%	32.1%
	% de na leanaí nuabheirthe ar thug ASP cuairt orthu laistigh de 72 uair an chloig ó scaoileadh amach as seirbhísí máithreachais iad	99%	98.6%
<b>Ionscópacht phráinneach laistigh de ceithre seachtaine</b>	Líon na ndaoine nua atá ag feitheamh > ceithre seachtaine le rochtain a fháil ar ionscópacht phráinneach	0	1,266
<b>BreastCheck</b>	% ráta glactha le scagthástáil BreastCheck	70%	65.7%
<b>Máinliacht</b>	% na n-athiontrálacha éigeandála máinliachta chuig an ospidéal céanna laistigh de 30 lá ón am ar ligeadh amach iad	≤2%	1.7%
<b>Leigheas</b>	% na n-athiontrálacha éigeandála leighis chuig an ospidéal céanna laistigh de 30 lá ón am ar ligeadh amach iad	≤11.1%	11.8%
<b>Aistriú Othar ag Ránnóga Éigeandála</b>	% de chriúna otharchair a bhíonn réidh chun glao eile a fháil laistigh de 15 nóiméad i ndiaidh dóibh a n-othar a thabhairt ar lámh go fisiciúil agus go cliniúil ag Ránnóg Éigeandála (ED) nó ospidéal	75%	Níl sonraí ar fáil
<b>Laethanta Leapa SMLO (CAMHS) a úsáideadh</b>	% de laethanta leapa a úsáideadh in Aonaid Ghéarchúraim do Leanaí agus d'Ogánaigh de chuid FnaSS, do líon iomlán na laethanta leapa a d'úsáid leanaí in aonaid ghéarchúraim meabhairshláinte d'othair chónaitheacha	>95%	99.3%

## Aguisín 3: Plean Seirbhíse Náisiúnta 2023, Scórchárta Náisiúnta agus Príomhghníomhaíochtaí

### Aguisín 3(a) Scórchárta Náisiúnta ar lean

Scórchárta Náisiúnta			
Geathramhán an Scórchárta / Réimse tosaíochta	Príomhtháscaire Feidhmíochta	Spríoc PSN 2023	Fíormhéid Tuairiscithe 2023
<b>Seirbhísí Míchumais</b>	Éascú maidir le bogadh daoine ó shuíomhanna comhchónaithe go tsuíomhanna pobail	73	70
<b>Caitheamh Tobac</b>	% de chaiteoirí tobac ar chláir scoir a stop ag caitheamh i dtéarmaí ceithre seachtaine	48%	57.5%
<b>Rochtain agus Comhtháthú</b>			
<b>Liostaí feithimh i gcomhair Teiripe</b>	Fisiteiripe – % ar an liosta feithimh le haghaidh measúnaithe ≤52 seachtain	94%	83.3%
	Teiripe Shaothair – % ar an liosta feithimh le haghaidh measúnaithe ≤52 seachtain	95%	71.4%
	Teiripe Urlabhra agus Theanga – % ar an liosta feithimh do mheasúnú ≤52 seachtain	100%	83.8%
	Cosliacht – % ar an liosta feithimh le haghaidh cóireála ≤52 seachtain	77%	64.4%
	Oftailmeolaíocht – % ar an liosta feithimh le haghaidh cóireála ≤52 seachtain	64%	55.3%
	Éisteolaíocht – % ar an liosta feithimh le haghaidh cóireála ≤52 seachtain	75%	76.2%
	Diaitéitic – % ar an liosta feithimh le haghaidh cóireála ≤52 seachtain	80%	71.1%
	Síceolaíocht – % ar an liosta feithimh le haghaidh cóireála ≤52 seachtain	81%	59.8%
<b>Altranais</b>	% na n-othar nua a glacadh leo mar chásanna altranais agus a chonacthas laistigh de 12 sheachtain	100%	96.1%
<b>Aga aistrithe ón tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna (NAS) chuig RÉ</b>	% d'othar a thagann chuig RÉ ar otharcharr aistrithe, go fisiciúil agus go cliniciúil, laistigh de 20 nóiméad tar éis dóibh RÉ a shroichint	80%	Data Not Available
<b>Tréimhsí Feithimh i Rannóga Éigeandála</b>	% díobh siúd a d'fhreastail ar an RÉ a ligeadh amach nó a tógadh isteach san ospidéal laistigh de shé huair an chloig ón am ar chláraigh siad	70%	57.1%
	% díobh siúd a d'fhreastail ar an RÉ a chaith <24 uair an chloig ann	97%	95.9%
	% díobh siúd a bhí os cionn 75 bliana d'aois agus níos sine a d'fhreastail ar RÉ agus a ligeadh amach nó a tógadh isteach san ospidéal laistigh de shé huair an chloig ón am ar chláraigh siad	95%	36.4%
	% díobh siúd a bhí os cionn 75 bliana d'aois agus níos sine a d'fhreastail ar RÉ agus a ligeadh amach nó a tógadh isteach san ospidéal laistigh de 24 uair an chloig ón am ar chláraigh siad	99%	91.5%

### Aguisín 3(a) Scórchárta Náisiúnta ar lean

Scórchárta Náisiúnta			
Ceathramhán an Scórchárta / Réimse tosaíochta	Príomhtháscaire Feidhmíochta	Spríoc PSN 2023	Fíormhéid Tuairiscithe 2023
<b>Treimhsí Feithimh i gcomhair Gnáthamh Leighis</b>	% de dhaoine fásta atá ag feitheamh <9 mí le haghaidh gnáthamh roghnach (othar cónaitheach)	90%	73.6%
	% de dhaoine fásta atá ag feitheamh <9 mí le haghaidh gnáthamh roghnach (cás lae)	90%	81.6%
	% de leanaí atá ag feitheamh <9 mí le haghaidh gnáthamh roghnach (othar cónaitheach)	90%	63.6%
	% de leanaí atá ag feitheamh <9 mí le haghaidh gnáthamh roghnach (cás lae)	90%	69.3%
	% de na daoine a bhí ag feitheamh <15 mí le haghaidh an chéad rochtain ar sheirbhísí ROS (OPD)	90%	86.6%
	% de na daoine a bhí ag feitheamh <13 seachtaine tar éis atreoraithe le haghaidh ionscópacht ar an drólann nó OGD	65%	66.0%
<b>Amanna Freagartha Otharcharranna</b>	% de stádas clínicíúil teagmhas 1 ECHO ar thug feithicil a iompraíonn othar freagra orthu laistigh de 18 nóiméad agus 59 soicind nó níos lú	75%	72%
	% de stádas clínicíúil teagmhas 1 DELTA ar thug feithicil a iompraíonn othar freagra orthu laistigh de 18 nóiméad agus 59 soicind nó níos lú	45%	46%
<b>Ailse</b>	% d'othair nua a d'fhreastail ar chlinicí mear-rochtana cíche, scamhóg agus próstatach laistigh den tréimhse ama atá molta	95%	79.8%
	% na n-othar atá ag fáil cóireála radaiteiripe radacach ar cuireadh tús lena gcóireáil laistigh de 15 lá oibre tar éis don oinceolaí radaíochta a chur in iúl go raibh siad réidh i gcomhair na cóireála (níl othair chúraim mhaolaitheigh san áireamh)	90%	63.1%
<b>An tSeirbhís Náisiúnta Scághástála</b>	Líon na mban a fuair scagthástáil ceirbheacs shásúil amháin nó níos mó i láthair chúraim phríomhúil	264,000	234,051
<b>Seirbhísí Míchumais</b>	% de mheasúnuithe leanaí a críochnaíodh laistigh de na hamlínte atá sna rialacháin	100%	13.0%
	Líon na n-áiteanna éigeandála nua a cuireadh ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas	43	160
	Líon na dtacaíochtaí faoisimh baile a tugadh i gcásanna éigeandála	447	465
	Líon na seisiún faoisimh lae amháin, a raibh rochtain ag daoine faoi mhíchumas orthu	24,444	45,424
	Líon na ndaoine faoi mhíchumas atá ag fáil seirbhísí faoisimh (MI / uathachas agus míchumas fisiciúil agus céadfach)	5,758	6,137
	An líon seisiún oíche (le nó gan faoisimh) a rochtain daoine atá faoi mhíchumas	129,396	151,123

## Aguisín 3: Plean Seirbhíse Náisiúnta 2023, Scórchárta Náisiúnta agus Príomhghníomhaíochtaí

### Aguisín 3(a) Scórchárta Náisiúnta ar lean

Scórchárta Náisiúnta			
Ceathramhán an Scórchárta / Réimse tosaíochta	Príomhtháscaire Feidhmíochta	Sprioc PSN 2023	Fíormhéid Tuairiscithe 2023
<b>Daoine Aosta</b>	Líon na n-uaireanta tacaíochta baile a cuireadh ar fáil (gan soláthar uaireanta Phacáistí Dianchúraim Baile (IHCP) san áireamh)	23.9m*	22.1m
	Líon na ndaoine atá ag fáil tacaíochta baile (gan soláthar ó Phacáistí Dianchúraim Baile (IHCP) san áireamh) – gach duine á chomhaireamh babhta amháin	55,910	55,652
<b>Meabhairshláinte</b>	% na n-atreoruithe práinneacha chuig Foirne Meabhairshláinte Leanaí agus Ógánach ar freastalaíodh orthu laistigh de thrí lá oibre	≥90%	92.8%
	% na n-atreoruithe / ath-atreoraithe ar tairgeadh an chéad choinne dóibh agus a chonaic an Fhoireann Ghinearálta um Meabhairshláinte Phobail d'Aosaigh laistigh de 12 seachtain	≥75%	68.7%
	% na n-atreoruithe / ath-atreoraithe ar tairgeadh an chéad choinne dóibh agus a chonaic Foirne Meabhairshláinte Phobail um Shíciatracht sna Blianta Níos Déanaí sa Saol, laistigh de 12 seachtain	≥95%	89.4%
<b>Daoine gan Dídean</b>	% na n-úsáideoirí seirbhíse a tógadh isteach i mbrúnna / saoráidí cóiríochta éigeandála do dhaoine gan dídean a ndearnadh measúnú ar a gcuid riachtanas sláinte laistigh de choicís tar éis díobh a bheith glactha isteach	85%	87.4%
<b>Mí-úsáid substaintí</b>	Líon na mí-úsáideoirí substaintí (faoi bhun 18 mbliana) ar cuireadh tús lena gcóireáil laistigh de sheachtain amháin tar éis measúnaithe	100%	94.5%
	% de na mí-úsáideoirí substaintí (os cionn 18 mbliana d'aois) ar cuireadh tús lena gcóireáil laistigh de mhí féilire amháin tar éis measúnaithe	100%	96.1%
<b>Airgeadas, Rialachas agus Comhlíontacht</b>			
<b>Bainistiú Airgeadais</b>	Difríocht glanachaiteachais ón bplean (pá + neamhphá - ioncam)	≤0.1%	Tuairiscithe sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla 2023
<b>Rialachas agus Comhlíontacht</b>	% de luach airgeadúil na socruithe seirbhíse atá sínithe	100%	84.7%
	% de mholtaí de chuid na hiniúcháireachta inmheánaí curtha i bhfeidhm, laistigh de 12 mí ó fuarthas an tuarascáil i gcomparáid le líon iomlán na moltaí	95%	82%
<b>Fórsa Oibre</b>			
<b>Bainistiú tinrimh</b>	% rátaí neamhláithreachta de réir catagóir foirne	≤4%	5.1%

\*Leasaíodh sprioc PNS 2023 i ndáil le uaireanta tacaíochta baile i rith na bliana go 22m

### Aguisín 3(b) Príomhghníomhaíochtaí Eile i 2023

Príomhghníomhaíochtaí Eile i 2023			
Réimse um Soláthar Seirbhísí	Príomhghníomhaíocht	Gníomhaíochtaí beartaithe faoi PSN 2023	Fíormhéid Tuairiscithe 2023
<b>Cur le seirbhísí um Chosc agus Luath-Idirghabhálacha</b>			
<b>Sláinte agus Folláine</b>	Líon na gcaiteoirí tobac atá ag fáil seirbhísí tacaíochta ar líne maidir le héirí as tobac	6,000	7,798
	Líon na mball foirne na líne tosaigh a chríochnaigh an oiliúint ríomhFhoghlama maidir le hidirghabháil ghairid, Making Every Contact Count	5,748	3,062
<b>An tSeirbhís Náisiúnta Scághástála</b>	Líon na mban san aoisghrúpa incháilithe a raibh mamagram iomlán acu	185,000	166,532
	Líon na gcliant a bhfuil tástáil shásúil BowelScreen FIT déanta acu	140,000	149,385
	Líon na gcliant RetinaScreen Diaibéiteach a tástáladh agus ar tugadh toradh deiridh an ghrádaithe	110,000	121,168
<b>Ag Feabhsú Seirbhísí Pobail</b>			
<b>Seirbhísí um Chúram Príomhúil</b>	Líon iomlán na n-atreoruithe chuig Foirne Idirghabhála Pobail	81,372	95,962
	Líon na nglaoanna ar sheirbhís DT (GP) tar éis ghnáthuaireanta oibre	1,143,000	1,120,938
	Altranas – Líon na n-othar feicthe	474,366	411,678
	Teiripí / Seirbhísí Líonra Cúram Sláinte Pobail – Líon na n-othar feicthe	1,597,487	1,394,827
	Fisiteiripe – Líon na n-othar feicthe	587,604	522,059
	Teiripe Shaothair – Líon na n-othar feicthe	389,256	350,886
	Teiripe Urlabhra agus Theanga – Líon na n-othar feicthe	282,312	187,158
	Síceolaíocht – Líon na n-othar feicthe	49,757	41,479
<b>Ionchuimsiú Sóisialta</b>	Líon na mí-úsáideoirí substaintí (faoi bhun 18 bliain) ar tugadh cóireáil dóibh laistigh de sheachtain amháin i ndiaidh measúnaithe	360	346
<b>Seirbhísí do Dhaoine Aosta</b>	Líon na ndaoine atá ag lorg seirbhíse a ndearnadh measúnú orthu ag baint úsáide as Córas Measúnaithe InterRAI Éireann	18,100	3,017
	Líon iomlán na ndaoine a fuair Pacáiste Dianchúraim Baile	235	74
	Líon na n-uaireanta tacaíochta baile a cuireadh ar fáil trí Phacáistí Dianchúraim Baile	360,000	210,550
	Líon na ndaoine a fuair maoiniú faoi Scéim Tacaíochta do Thithe Altranais (STTA) i gcúram cónaitheach fadtéarmach le linn na míosa tuairiscithe	22,712	23,285
	Líon na leapacha STTA in aonaid phoiblí fhadchónaithe	4,501	4,471
	Cúram Cónaithe-Líon na leapacha gearrchónaithe in aonaid phoiblí	2,182	1,601

## Aguisín 3: Plean Seirbhíse Náisiúnta 2023, Scórchárta Náisiúnta agus Príomhghníomhaíochtaí

### Aguisín 3(b) Príomhghníomhaíochtaí Eile i 2023 ar lean

Príomhghníomhaíochtaí Eile i 2023			
Réimse um Soláthar Seirbhísí	Príomhghníomhaíocht	Gníomhaíochtaí beartaithe faoi PSN 2023	Fíormhéid Tuairiscithe 2023
<b>Rochtain níos fearr ar Sheirbhísí Meabhairshláinte, Luath-Idirghabháil san áireamh</b>			
	Líon na ndaoine fásta atreoruithe, feicthe ag na seirbhísí meabhairshláinte	29,482	27,054
	Líon na ndaoine a glacadh isteach in aonaid ghéarchúraim chónaithe do dhaoine fásta	11,460	11,380
	Líon na n-atreoruithe um Shíciatracht sna Blianta is Déanaí sa Saol feicthe ag na seirbhísí meabhairshláinte	9,883	7,740
	Líon na n-atreoruithe SMLÓ (CAMHS) feicthe ag na seirbhísí meabhairshláinte	12,635	12,338
<b>Seirbhísí Speisialtóra Míchumais bunaithe sa Phobal</b>			
	Líon na ndaoine fásta faoi mhíchumas i ngach ESP atá rannpháirteach i bpacáistí um buiséid phearsantaithe	45	137
	Líon na n-áiteanna cónaithe do dhaoine faoi mhíchumas (lena n-áirítear áiteanna nua pleanáilte)	8,305	8,400
	Líon na n-uaireanta seirbhíse cúnamh pearsanta a tugadh do dhaoine fásta faoi mhíchumas fisiciúil agus / nó céadfach	1.77m	1.69m
	Líon na n-uaireanta tacaíochta baile a tugadh do dhaoine faoi mhíchumas	3.12m	3.54m
	Líon na ndaoine faoi mhíchumas atá ag fáil seirbhísí tacaíochta baile (MI / uathachas agus míchumas fisiciúil agus céadfach)	7,326	7,026
	Líon na n-iarratas ar mheasúnú riachtanas leanaí a fuarthas	6,555	8,472
<b>Seirbhísí Géarchúraim a Sholáthar go sábháilte agus in am</b>			
<b>Seirbhísí in Ospidéal Ghéarmhíochaine</b>	Líon a Scaoileadh amach as Ospidéal	634,115	648,812
	Othair Chónaitheacha	1,128,411	1,191,346
	Líon a scaoileadh as ospidéal -Cásanna Lae (scagdhealú, san áireamh)	98,620	107,146
	Leibhéal Gníomhaíochta - Ionscópacht Ghastrastéigeach	455,111	463,227
	Othair chónaitheacha a scaoileadh amach - cúram éigeandála	83,582	86,886
	Othair chónaitheacha a scaoileadh amach – cúram roghnach	1,350,913	1,359,050
	Othair nua a d'fhreastail ar RÉ	112,963	117,394
	Othair a d'fhill ar RÉ in athuair	154,816	165,089
	Líon othar a d'fhreastail ar aonaid do ghortuithe	47,844	49,645
Líon othar eile a d'fhreastail ar an Rannóg Éigeandála	3,389,402	3,651,940	



### Aguisín 3(b) Príomhghníomhaíochtaí Eile i 2023 ar lean

Príomhghníomhaíochtaí Eile i 2023			
Réimse um Soláthar Seirbhísí	Príomhghníomhaíocht	Gníomhaíochtaí beartaithe faoi PSN 2023	Fíormhéid Tuairiscithe 2023
<b>An tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna</b>	Líon iomlán glaonna AS1 agus AS2 (glaonna éigeandála otharchairr)	407,040	398,101
	Líon glaonna le stádas cliniciúil 1 ECHO a tháinig ar an láthair (níl na cinn a cuireadh ar ceal ar an mbealach san áireamh)	6,784	6,528
	Líon glaonna le stádas cliniciúil 1 DELTA a tháinig ar an láthair (níl na cinn a cuireadh ar ceal ar an mbealach san áireamh)	162,180	159,774
Seirbhísí Aisiócaíochtaí um Chúram Príomhúil			
	An líon daoine a raibh cártaí leighis acu ar 31 Nollaig	1,630,367	1,611,187
	An líon daoine a raibh cártaí cuairte Dochtúra Teaghlaigh acu ar an 31 Nollaig	1,069,391	630,475

# Aguisín 4: Bonneagar Caipitil

Leanadh den obair i 2023 chun na tionscadail atá leagtha amach i bPlean Caipitil FnaSS a chur i gcrích. Léiríonn na táblaí thíos na tionscadail sin: (1) a bhí críochnaithe agus ag feidhmiú faoi dheireadh 2023; (2) a bhí críochnaithe faoi dheireadh 2023 agus a bheidh ag feidhmiú i 2024; agus (3) ar cuireadh moill orthu agus táthar ag súil anois go gcríochnófar iad i 2024 / 2025.

## Tionscadail a Críochnaíodh agus a bhí ag Feidhmiú faoi dheireadh 2023

Cúram Sláinte Poiblí		
<b>Seirbhísí Cúram Príomhúil</b> <ul style="list-style-type: none"><li>Co. Mhuineacháin: Ionad Cúraim Phríomhúil ag Ospidéal Naomh Damhnait, Muineachán</li><li>Co. an Chabháin: Cill na Seanrátha Co. an Chabháin: Ionad Cúraim Phríomhúil, comhaontú léasa</li><li>Co. Mhuineacháin: Ionad Cúraim Phríomhúil nua seachadta trí chomhaontú léasa i gCluain Eois</li><li>Co. Shligigh: Ionad Cúraim Phríomhúil Nua do Líonra Cúraim Phríomhúil Shligigh Thuaidh. Réiteach dhá shuíomh é seo ag Droim Chliabh agus ag an nGráinseach</li><li>Co. na Gaillimhe: Feistiú spás oifige ar léas i mBaile an Bhriota chun cóiríocht eatramhach a sholáthar do Chúram Pobail Feabhsaithe, Mol 4</li><li>Co. na Gaillimhe: Athchóiriú ar an Sciathán Thoir, Ionad Naomh Bríd, Béal Átha na Sluaighe chun cóiríocht a sholáthar do Chúram Pobail Feabhsaithe, Mol 5</li><li>Co. Chorcaí: Feistiú an fhoirgnimh ar léas i mBaile an Chollaigh chun cóiríocht a sholáthar do Chúram Pobail Feabhsaithe, Mol 9</li><li>Co. Chiarraí: Ionad Cúraim Phríomhúil Nua seachadta trí chomhaontú léasa in Oileán Chiarraí</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li>Co. Bhaile Átha Cliath: Foirgneamh nua tógtha ar thalamh FSS ag Cluain Sceach chun cóiríocht eatramhach a sholáthar do Chúram Pobail Feabhsaithe, Mol 17</li><li>Co. Bhaile Átha Cliath: Ionad nua um Chúram Príomhúil trí chomhaontú léasa i nGlas Tuathail / An Naigín (Dún Laoghaire)</li><li>Co. Bhaile Átha Cliath: Ionad Cúraim Phríomhúil Nua seachadta trí chomhaontú léasa i gCnoc Lín / Ráth Fearnáin</li><li>Co. Lú: Athchóiriú, athchumrú agus leathnú ar an ionad sláinte atá ann cheana féin chun Ionad Cúraim Phríomhúil a thógáil i mBaile an Ghearlánaigh</li><li>Co. Na Mí: Cúraim Phríomhúil nua seachadta trí chomhaontú léasa san An Inse / Baile an Bhiaitaigh</li></ul> <b>Seirbhísí do Dhaoine Aosta</b> <ul style="list-style-type: none"><li>Co. Dhún na nGall: Soláthar aonad altranais pobail nua 80 leaba i mBéal Átha Seanaidh in áit na leapacha bhí ann cheana féin i Sheil agus ag an gCarraig</li><li>Co. na Gaillimhe: Aonad altranais pobail nua 50 leaba curtha in ionad na cóiríochta reatha i dTuaim (Céim 1 – 25 leaba oscailte)</li></ul>	<b>Seirbhísí Míchumais</b> <ul style="list-style-type: none"><li>Co. na Gaillimhe: Soláthar áiseanna do Sheirbhísí Míchumais, d'Fhoirne Luath-Idirghabhála agus Aois Scoile i dTuaim. Is comhthionscadal é seo leis na Seirbhísí Meabhairshláinte</li></ul> <b>Seirbhísí Meabhairshláinte</b> <ul style="list-style-type: none"><li>Co. Mhuineacháin: Ionad Cúraim Phríomhúil Meabhairshláinte curtha ar fáil mar chuid do Shaoráidí Cúraim Phríomhúil nua in Ospidéal Naomh Damhnait, Muineachán</li><li>Co. Dhún na nGall: Soláthar oibreacha frith-iallach in Aonad Géar-mheabhairshláinte in Ospidéal Ollscoile Leitir Ceanainn</li><li>Co. na Gaillimhe: Soláthar saoráidí don Fhoireann Meabhairshláinte Pobail i dTuaim. Is comhthionscadal é seo leis na Seirbhísí Míchumais</li><li>Co. Thiobraid Árann: Aonad tithíochta éigeandála deich leaba a sholáthar i gCluain Meala chun leapacha a shaoradh in Ospidéal Naomh Lúcas</li><li>Tuaisceart Chathair Bhaile Átha Cliath: Athlonnú Eve Holdings go Bailtíní 1-5 ag Gráinseach Ghormáin chun forbairt Ionad Cúraim Phríomhúil Ghráinseach Ghormáin a éascú</li></ul>

## Tionscadail a Críochnaíodh agus a bhí ag Feidhmiú faoi dheireadh 2023 ar lean

Ospidéal Ghéarchúraim		
<p><b>Grúpa Ospidéal Bhaile Átha Cliath Lártíre</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Co. Bhaile Átha Cliath: Uasghrádú agus athchóiriú Bharda Phádraig in Ospidéal an Choim chun bonneagar agus creatlach spásanna barda ina bhfuil 37 leaba a fheabhsú</li> <li>Co. Bhaile Átha Cliath: Áiseanna saotharlainne eastramhacha nua don tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála Ailse in Ospidéal na mBan sa Choim – foirgneamh nua críochnaithe</li> <li>Co. Uibh Fhailí: Róbat dáileacháin agus oibreacha a bhaineann leis sa chógaslann in Ospidéal Réigiúnach Lár na Tíre, An Tulach Mhór</li> <li>Co. Bhaile Átha Cliath: Gineadóir leictreach agus claochladán a shuiteáil – Céim 1 den chlár athléimneachta leictreachais in Ospidéal Ollscoile Thamhlachta</li> <li>Co. Chill Dara: Tógadh aonad modúlach chun 12 leaba bhreise a sholáthar chun tacú le prótacail leithlise in Ospidéal Ginearálta an Náis</li> </ul>	<p><b>Grúpa Ospidéal Oirthear na hÉireann</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Co. Bhaile Átha Cliath: Athruithe agus athchóiriú ar sheomra féachana an duine éagtha in Ospidéal Naomh Colmcille</li> <li>Co. na Mí: Obair athchóirithe ar chóiríocht bharda na bhfear agus na mban in Ospidéal Mhuire na hUaimhe chun tacú le prótacail um chosc agus rialú ionfhabhtaithe</li> </ul> <p><b>Grúpa Cúram Sláinte na hOllscoile, Saolta</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Co. na Gaillimhe: Athchóiriú na cóiríochta reatha in ROS (OPD) chun 12 leaba en-suite breise a chur ar fáil in Ospidéal Ollscoile Portiuncula</li> <li>Co. na Gaillimhe: Tógáil Sheomra um Scanadh CT nua agus na háiseanna a bhaineann leis sa spás atá ann cheana féin le go bhféadfaí scanóir CT nua a chur in Ospidéal Ollscoile Portiuncula in ionad an scanóir aCT a bhí ann cheana. D'íoc an Clár Náisiúnta um Athsholáthar Trealamh costas an trealamh nua</li> </ul>	<p><b>Grúpa Ospidéal an Deiscirt / Iardheiscirt</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Co. Phort Láirge: Soláthar 2ra Saotharlann um Chataitéarú Cairdiach chun cur leis an tSeirbhís Idirghabhála Cairdiach Diagnóisigh in Ospidéal na hOllscoile, Port Láirge</li> <li>Co. Phort Láirge: Forbairt obrádlainne chun máinliacht catarachta agus cleachtas oftailmeolaíochta eile a éascú in Ospidéal na hOllscoile, Port Láirge</li> <li>Co. Phort Láirge: Aonad Nua d'Othair Sheachtracha ina bhfuil 16 sheomra comhairliúcháin, spásanna comhairliúcháin fíorúla, seomraí cóireála do mhionghnáthaimh agus cóiríocht tacaíochta in Ospidéal na hOllscoile, Port Láirge</li> <li>Co. Chorcaí: Tógáil aonad nua 20 leaba, in áit na cóiríochta atá ann cheana féin agus athchóiriú ar chóiríocht in Ospidéal Naomh Fionnbarrá – 70 leaba san iomlán</li> <li>Co. Chorcaí: Soláthar bloc barda nua 30 leaba, in Ospidéal Ollscoile na Trócaire</li> <li>Co. Thiobraid Árann: Athchóiriú na cóiríochta atá ann cheana féin in Ospidéal Ollscoile Thiobraid Árann chun 33 leaba a chur ar fáil</li> </ul> <p><b>An tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Co. Lú: Stáisiún otharcharranna nua i mBaile Átha Fhirdhia</li> <li>Co. na hIarmhí: Athlonnú stáisiún otharcharranna sa Mhuileann gCearr chun cur in áit na seirbhíse ilroinnte atá ann agus cuireadh pearsanra tacaíochta ar fáil maraon le comhtháthú flit</li> </ul>

## Aguisín 4: Bonneagar Caipitil

### Tionscadail a Críochnaíodh faoi dheireadh 2023 agus a bheidh ag Feidhmiú i 2024

Cúram Sláinte Pobail		
<p><b>Seirbhísí Cúraim Phríomhúil</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Co. Luimnigh: Ionad Cúraim Phríomhúil Nua seachadta trí chomhaontú léasa sa Chaisleán Nua</li> <li>Co. an Chláir: Cóiríocht oifige agus spás cliniciúil feistithe do Chúram Príomhúil in Inis</li> <li>Co. Chorcaí: Ionad Cúraim Phríomhúil nua seachadta trí chomhaontú léasa sa Chóbh</li> <li>Co. Bhaile Átha Cliath: Athchóiriú, athchumrú agus síneadh ar Ionad Cúraim Phríomhúil Chill Bharróg</li> </ul> <p><b>Cúram Pobail Feabhsaithe</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Co. Bhaile Átha Cliath: Athchóiriú ar Aonad 3, Gort na Silíní chun freastal ar Fhoireann ICPOP, Cúram Pobail Feabhsaithe, Mol 20 (Céim 2 – síneadh modúlach in Blackthorn)</li> </ul>	<p><b>Seirbhísí do Dhaoine Aosta</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Co. na Gaillimhe: Aonad altranais pobail nua 50 leaba le cur in ionad na cóiríochta reatha i dTuaim (Céim 2 – 25 leaba oscailte)</li> <li>Co. Chorcaí: Síneadh agus athchóiriú ar Ospidéal Pobail Cheann Toirc chun 31 leaba oiriúnaithe a sholáthar</li> <li>Co. Chorcaí: Síneadh agus athchóiriú ar Ospidéal Pobail Chionn tSáile chun 4 leaba oiriúnaithe a sholáthar</li> <li>Co. Chorcaí: Síneadh agus athchóiriú in Ospidéal Pobail Maigh Chromtha chun 4 leaba oiriúnaithe a chur ar fáil</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Co. Bhaile Átha Cliath: An spás barda atá ann faoi láthair a athrú chun cóiríocht oiriúnaithe a sholáthar agus chun tacú le cúram deireadh saoil in Ospidéal Ríoga Dhomhnach Broc – 16 leaba san iomlán</li> <li>Co. Bhaile Átha Cliath: Athrú agus athchumrú an spáis barda atá ann cheana in Ospidéal Pháirc Bhaile na Lobhar, Baile Átha Cliath chun cóiríocht oiriúnaithe a chur ar fáil agus bonneagar meicniúil agus leictreach a uasghrádú – 40 leaba san iomlán</li> <li>Co. Lú: Cóiríocht nua a thógáil agus síneadh ag nascadh Ospidéal Boyne View agus Naomh Muire agus -le 30 leaba nua nua a chur ar fáil</li> </ul>
Géarchúraim Ospidéil		
<p><b>Sláinte Leanaí Éireann (CHI)</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Co. Bhaile Átha Cliath: Suiteáil an dara MRI (trí shocrú ar léas), mar aon le spás tacaíochta, chomh maith le hobair chun líon na spásanna réamh agus iar-ainéistíseach a mhéadú i Sláinte Leanaí Éireann, Cromghlinn.</li> </ul> <p><b>Grúpa Ospidéal Oirthear na hÉireann</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Co. Bhaile Átha Cliath: Tógáil bloc barda 112 leaba in Ospidéal Mater Misericordiae, san áireamh, 94 seomra singil en-suite, 16 leaba cúraim chriticiúil agus 2 sheomra do ghalair thógálacha</li> <li>Co. na Mí: Uasghrádú ar an Marbhlann in Ospidéal Mhuire san Uaimh lena n-áirítear saoráidí iarbháis agus seomra féachana</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Co. Bhaile Átha Cliath: Soláthar 3 Bhá Tráma, CT, Raideolaíocht Idirghabhála (Céim 1a), chun freastal ar an méadú a mheastar a bheidh ar riachtanais tráma sa Lárionad Mórthráma – Ospidéal Mater Misericordiae</li> </ul> <p><b>Grúpa Cúram Sláinte Ollscoile Saolta</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Co. Mhaigh Eo: Uasghrádú agus athchumrú HSSD. Feistiú arna mhaoiniú ón gClár Náisiúnta um Athsholáthar Trealaimh</li> </ul> <p><b>Grúpa Ospidéal an Deiscirt / Iardheiscirt</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Co. Chorcaí: Athchóiriú agus uasghrádú ar dhá obrádlann chun aistriú um Máinliacht Oftalmach ó Ospidéal Ollscoile Chorcaí (CUH) a éascú.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Co. Chorcaí: Cóiríocht reatha ROS (OPD) a athrú chun spás cóireála péidiatraiceach tiomnaithe agus spás tacaíochta le dul leis a ullmhú, scartha amach ón spás do dhaoine fásta, in OOC (CUH). Oibreacha breise chun spás péidiatraiceach folamh a athrú go spás mearmheasúnaithe agus cóireála do dhaoine fásta. Tacaíocht don tionscadal ó Charthanacht OOC.</li> <li>Co. Chorcaí: Athsholáthar Barda Leighis in Ospidéal Ginearálta Mhala (Céim 1) – 48 leaba san iomlán</li> <li>Co. Chiarraí: Síneadh ingearach agus athchóiriú ar an tsaotharlann phaiteolaíochta in Ospidéal na hOllscoile, Chiarraí chun seirbhísí bainistithe a éascú</li> </ul>

## Moill curtha ar chríochnú na dTionscadal seo go dtí tráth éigin i ndiaidh 2023

Cúram Sláinte Pobail		
<p><b>Cúram Sláinte Pobail</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Co. na Gaillimhe: Ionad Cúraim Phríomhúil nua i bPort Omna trí chomhaontú léasa</li> <li>Co. na Gaillimhe: Athchóiriú ar fhoirgneamh reatha FnaSS sa Chaisleán Nua chun spás clínicíúil a sholáthar do chóiríocht eatramhach um chúram pobail feabhsaithe i gCathair na Gaillimhe – Mol 4</li> <li>Co. Thiobraid Árann: Ionad cúraim príomhúil nua i Ros Cré trí chomhaontú léasa</li> <li>Co. Chorcaí: Mol cóiríochta don Fhoireann um chúram pobail feabhsaithe i mBaile an Chollaigh</li> <li>Co. Bhaile Átha Cliath: Uasghrádú ar an bhfoirgneamh reatha chun tacú le seachadadh seirbhísí cúraim drugaí atá sábháilte agus oiriúnach i ndáil le halcól agus drugaí i gClinic Shráid an Chaisleáin, Baile Átha Cliath 2</li> <li>Co. na hIarmhí: Ionad Cúraim Phríomhúil nua i gCill Bheagáin</li> <li>Co. Bhaile Átha Cliath: Feistiú an fhoirgnimh ar léas i gCarraig Mhaighin chun Ionad Cathartha Bhré a fháil réidh le húsáid mar ionad um chúram pobail feabhsaithe – Mol 18</li> <li>Co. Bhaile Átha Cliath: Feistiú an spáis ar léas in Ospís Mhuire, Crois Araíld le cóiríocht eatramhach a sholáthar don fhoireann um chúram comhtháite do dhaoine aosta – Mol 19</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Co. Bhaile Átha Cliath: Síneadh le Aonad 3, Gort na Silíní (Céim 2 den obair) chun freastal ar fhoirne um chúram pobail feabhsaithe – Mol 20</li> <li>Co. Chill Dara: Feistiú Foirgneamh Hawthorn ar léas, an Nás chun seirbhísí neamhchliniciúla a aistriú ó Osp. Naomh Muire, chun cúram pobail feabhsaithe, cúram comhtháite do dhaoine aosta agus foirne um bainistithe galar ainsealach a éascú – Mol 22</li> <li>Co. Chill Dara: Athchóiriú agus athrú a dhéanamh ar chóiríocht reatha in Ospidéal Naomh Muire, an Nás, (ag brath ar ullmhú d'aistriú) – Mol 22</li> <li>Co. Bhaile Átha Cliath: Síneadh ar Ionad Russell, CSP a fheistiú chun freastal ar sheirbhísí um chúram pobail feabhsaithe – Mol 21</li> <li>Co. Bhaile Átha Cliath: Ionad Cúraim Phríomhúil nua trí chomhaontú léasa i Sráidbhaile Chluain Dolcáin / Páirc an Mhóinteáin / Bóthar na Mainistreach (Bóthar an Bhútaigh)</li> <li>Co. Bhaile Átha Cliath: Athchóiriú ar an Ionad Cúraim Phríomhúil atá i gCill Bharróg</li> </ul> <p><b>Seirbhísí do Dhaoine Aosta</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Co. Thiobraid Árann: Cóiríocht nua agus athsholáthar in Aonad Altranais Pobail Naomh Conlon, An tAonach ag cur 50 leaba ar fáil</li> <li>Co. Luimnigh: Athchóiriú agus síneadh le hAonad Altranais Pobail Naomh Íde, An Caisleán Nua, ag cur 66 leaba ar fáil san iomlán</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Co. Chorcaí: Athchóiriú agus síneadh le hOspidéal Pobail Naomh Seosamh, Sráid an Mhuilinn</li> <li>Co. Chorcaí: Athchóiriú agus síneadh le hOspidéal Pobail Naomh Pádraig, Mainistir Fhear Maí</li> <li>Co. Chorcaí: Iar-áitreabh óstáin a cheannach sa Bhlarina lena athrú go cóiríocht chónaithe 50 leaba do Réigiún Sláinte an Iardheiscirt</li> <li>Co. Chill Dara: Athchóiriú ar iar-íoclann ag Mainistir Eimhín chun cóiríocht a chur ar fáil do Sheirbhísí Lae do Dhaoine Aosta agus do Sheirbhísí Cúraim Phríomhúil</li> <li>Co. Chill Dara: Athchóiriú ar spás barda atá ann cheana in Ospidéal Naomh Uinseann, Baile Átha Í chun Ionad Cúraim Lae a chur ar fáil</li> <li>Co. Bhaile Átha Cliath: Oibreacha uasghrádaithe leictreachais le freastal ar Ospidéal Pháirc Bhaile na Lobhar</li> </ul> <p><b>Seirbhísí Meabhairshláinte</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Co. Chill Chainnigh: Cóiríocht do sheirbhísí meabhairshláinte pobail do leanaí agus d'ógánaigh in Ospidéal Naomh Cainneach, Cill Chainnigh</li> <li>Co. Bhaile Átha Cliath: Cóiríocht a sholáthar do Sheirbhísí Speisialaithe um Neamhord Itheacháin ag Ospidéal Chnoc Cairmeil</li> </ul>

## Aguisín 4: Bonneagar Caipitil

Moill curtha ar chríochnú na dTionscadal seo go dtí tráth éigin i ndiaidh 2023 ar lean

Ospidéal Ghéarchúraim		
<p><b>Grúpa Ospidéal Bhaile Átha Cliath, Lár tíre</b></p> <ul style="list-style-type: none"><li>Co. na hIarmhí: Síneadh ar Rannóg Raideolaíochta in Ospidéal Réigiúnach an Mhuilinn gCearr chun freastal ar Sheirbhís MRI ó Sholáthraí 3ú Páirtí</li><li>Co. Bhaile Átha Cliath: Áiseanna saotharlainne eatramhacha nua don tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála Ailse in Ospidéal na mBan sa Choim – athchóiriú ar an bhfoirgneamh atá ann cheana</li><li>Co. Bhaile Átha Cliath: Córas nua braite dóiteáin agus aláiraim, chomh maith le hoibreacha éighníomhacha sábháilteachta dóiteáin in Ospidéal Naomh Lúcas, Ráth Garbh</li><li>Co. Laoise: Oibreacha uasghrádaithe meicniúla ar chórais aerála atá ann cheana a fhreastalaíonn ar obrádlanna agus ar réimsí um chúraim criticiúil othar in Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre, Port Laoise</li></ul> <p><b>Grúpa Ospidéal Oirthear na hÉireann</b></p> <ul style="list-style-type: none"><li>Co. Chill Chainnigh: Uasghrádú bonneagair leictreach in Ospidéal Ginearálta Naomh Lúcas Ceatharlach Cill Chainnigh chun trealamh cúltaca agus seasmhacht a fheabhsú</li><li>Co. Chill Chainnigh: Scanóir CT nua in ionad an chinn atá ann cheana in Ospidéal Ginearálta Naomh Lúcas Ceatharlach, Cill Chainnigh</li></ul>	<p><b>Grúpa Ospidéal RCSI</b></p> <ul style="list-style-type: none"><li>Co. Bhaile Átha Cliath: Suiteáil sainchórais aerála chun riosca Aspergillus d’othair le himdhíon-lagaithe, a mhaolú le linn na gcéimeanna tógála atá beartaithe ar champas Ospidéal Beaumont</li></ul> <p><b>Grúpa Cúraim Sláinte Ollscoile Saolta</b></p> <ul style="list-style-type: none"><li>Co. Shligigh: Soláthar áiseanna páirceála agus oibreacha cumasaithe a bhaineann leis chun forbairt a dhéanamh ar bhloc bardaí nua ag Ospidéal Ollscoile Shligigh</li></ul> <p><b>Grúpa Ospidéal an Deiscirt / Iardheiscirt</b></p> <ul style="list-style-type: none"><li>Co. Chorcaí: Aerchóiriú meicniúil a sholáthar agus a shuiteáil in Ospidéal Máithreachais na hOllscoile, Corcaigh</li><li>Co. Phort Láirge: Athsholáthar MRI agus oibreacha uasghrádaithe dóiteáin agus bonneagair in Ospidéal na hOllscoile, Port Láirge. Trealamh maoinithe trí Chlár Athsholáthair Trealamh</li><li>Co. Chorcaí: Athsholáthar cumhdach i bhFoirgneamh an Ionaid Chairdiach Duán, OOC (CUH)</li></ul>	<p><b>Grúpa Ospidéal OL (UL)</b></p> <ul style="list-style-type: none"><li>Co. Luimnigh: Athchóiriú an Aonaid Nuabhairthe in Ospidéal Máithreachais na hOllscoile, Luimneach chun 23 cliabhán a sholáthar</li><li>Co. Luimnigh: Uasghrádú sábháilteachta dóiteáin (Céim 2), lena n-áirítear suiteáil aláiraim dóiteáin agus córais soilsithe éigeandála ag Ospidéal na hOllscoile, Luimneach</li><li>Co. Luimnigh: Feistiú cóiríochta le haghaidh feidhmeanna tacaíochta gnó do Ghrúpa Ospidéal Ollscoil Luimnigh ag Halla Houston, An Ráithín, Luimneach</li></ul> <p><b>An tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna</b></p> <ul style="list-style-type: none"><li>Co. na Gaillimhe: Athchóiriú ar an ionad sláinte atá ann cheana sa Sraith Salach, chun bunáit dhinimiciúil imlonnaithe a chur ar fáil i gConamara</li></ul>

# Aguisín 5: Tuairisc de réir cheanglais Alt 55 den Acht Sláinte 2004 (Gearáin)

## Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

(Níl ospidéal agus gníomhaireachtaí deonacha san áireamh)

Ní dhéantar a lán teachtaireachtaí molta a fhaightear a thaifeadh agus táthar ag leanúint leis an obair chun an fhoireann a spreagadh le teachtaireachtaí molta a thaifeadh mar go dtugann siad eolas dúinn faoi na gnéithe dearfacha inár seirbhís agus foghlaim as sin na nithe atá ag oibriú go maith. I 2023, fuair Foireann um Ghearáin maidir le Rialachas agus Foghlaim 16,691 teachtaireacht mholta.

Taifeadh 4,608 gearán foirmeálta, Céim 2 ar an gCóras Bainistíochta Gearán i 2023 agus rinne Oifigeach Gearáin, sannta Do Sheirbhís Do Bharúil faoin *Acht Sláinte 2004* (arna leasú,scrúdú orthu laistigh den amscála reachtúil de 30 lá oibre). Cuireadh 447 díobh seo as an áireamh faoin bpróiseas gearán Do Sheirbhís Do Bharúil, nó tarraingíodh siar iad. As na 4,161 gearán eile a bhí fágtha, réitigh oifigeach gearán 2,526 nó 61% díobh faoin bpróiseas foirmiúil bainistithe gearán mar atá leagtha amach i mbeartas *Do Sheirbhís Do Bharúil: Bainistíocht FnaSS ar Aiseolas ó Úsáideoirí na Seirbhísí, maidir le Ráitis, Gearáin agus Teachtaireachtaí Molta 2017*.

### Gearáin fhoirmiúla a fuair FnaSS agus an % ar déileáladh leo laistigh de 30 lá oibre

	Líon na nGearán a fuarthas	Líon agus % ar déileáladh leo, laistigh de 30 lá oibre
2023	4,161	2,526 (61%)
2022	5,408	2,860 (53%)
2021	5,415	2,989 (61%)
2020	5,394	2,916 (57%)
2019	5,938	3,398 (65%)
2018	6,610	3,695 (56%)

Foinse Sonraí: Rialachas Náisiúnta um Ghearán agus Foghlaim

## Ospidéal agus Gníomhaireachtaí Deonacha

Taifeadh 13,483 teachtaireacht mholta i 2023. Chomh maith leis sin, rinne eagraíochtaí deonacha 10,211 gearán a thaifeadh agus rinne oifigigh gearán scrúdú orthu. As líon iomlán na ngearán a fuarthas, fiosraíodh 9,811. Cuireadh as an áireamh nó tarraingíodh siar an 400 eile. Díobh siúd a fiosraíodh, réitigh oifigigh ghearáin 7,551 nó 77% díobh trí imscrúdú foirmiúil laistigh de 30 lá oibre.

### Gearáin Fhoirmiúla a fuarthas i 2023, de réir chatagóirí

Catagóir	FnaSS (gan ospidéal agus gníomhaireachtaí deonacha san áireamh)		Ospidéal agus Gníomhaireachtaí Deonacha	
	2022	2023	2022	2023
Rochtain	1,451	1,200	2,829	2,186
Dínit agus meas	306	465	1,468	1,386
Cúram sábháilte agus éifeachtach	1,390	1,878	3,452	3,482
Cumarsáid agus faisnéis	480	1,321	4,025	3,087
Rannpháirtíocht	42	47	126	119
Príobháideachas	27	30	143	139
Feabhas ar Shláinte	62	29	124	95
Cuntasacht	1,989	270	957	383

## Aguisín 5: Tuairisc de réir cheanglais Alt 55 den Acht Sláinte 2004 (Gearáin)

Catagóir	FnaSS (gan ospidéal agus gníomhaireachtaí deonacha san áireamh)		Ospidéal agus Gníomhaireachtaí Deonacha	
	2022	2023	2022	2023
Breithiúnas cliniciúil	81	0	157	191
Gearáin chráiteacha	0	0	75	48
Tithe Altranais / cúram cónaitheach (do dhaoine os cionn 65)	0	0	48	39
Tithe Altranais / cúram cónaitheach (aois 64 agus faoina bhun)	0	0	22	11
Seirbhís Chigireachta Réamhscoileanna	0	0	598	2
Muinín as an gcúram	0	0	390	48
Tús Áite do Leanáí	0	0	49	64
Cosaint daoine leochaileacha	0	0	317	341

Foinse sonraí: Rialachas Náisiúnta um Ghearáin agus Foghlaim

Nóta: Bíonn roinnt gnéithe éagsúla ag baint le cuid de na gearáin agus, mar sin, d'fhéadfaidís a bheith liostaithe i níos mó ná catagóir amháin.

### Gearáin faoi Chuid 2 den Acht um Míchumas 2005

Fuarthas 1,505 gearán i 2023 faoi Chuid 2 den Acht um Míchumas 2005 maidir le measúnú riachtanas leanaí i gcomhair seirbhísí míchumais, ar dú 68% ar 2022.

### Oifig an Fhaighteora Rúnda

Is seirbhís náisiúnta atá saor in aisce í Oifig an Fhaighteora Rúnda, a fheidhmíonn mar ghuth neamhspleách agus a thugann tacaíocht do dhaoine fásta leochaileacha atá faoi mhíchumas / nó daoine aosta atá ag fáil cúraim ó sheirbhísí atá maoinithe ag FnaSS. Faigheann an oifig gearáin / agus nó ábhair imní ar nós líomhaintí mí-úsáide, faillí, drochíde nó droch-chleachtas chúraim i dtithe cúraim chónaithe do dhaoine faoi mhíchumas agus daoine aosta, ina measc seirbhísí lae do dhaoine aosta agus aonaid altranais pobail. Ina theannta sin, faigheann an oifig ábhair imní agus / nó gearáin a bhaineann le seirbhísí pobail, ina measc, seirbhísí meabhairshláinte, seirbhísí cúraim phríomhúil agus, uaireanta, gearáin a bhaineann le daoine fásta atá ina n-othar cónaitheach in aonaid mheabhairshláinte agus i dtithe cúraim chónaithe.

Tá an oifig neamhspleách ar FnaSS agus soláthraíonn sí comhairle, tacaíocht agus abhcóideacht de mheon macánta d'othair, d'úsáideoirí na seirbhísí, do theaghlach, don fhoireann, do ghairmithe eile agus don phobal ar fud na tíre. Dhéileáil an oifig le breis is 1,428 ábhar imní foirmeálta agus / nó gearán ó gach cearn den tír ó bunaíodh í, i mí na Nollag 2014.

I 2023, fuair an Faighteoir Rúnda 146 ábhar imní / agus nó gearán foirmeálta, méadú de 37 ar 2022. I measc na gcineálacha imní a cuireadh in iúl, bhí gearáin líomhnaithe maidir le faillí agus easnaimh chúraim, mí-úsáid fhisiciúil, eagraíochtúil agus mí-úsáid institiúideach, cearta an duine, pleanáil cúraim dírithe ar an duine, mí-úsáid cumhachta gairmiúla, droch-chaidheáin ghairmiúla, easpa rannpháirtíochta agus trédhearcachta, scor seirbhísí, easpa soláthair seirbhíse lae agus socrúcháin faoisimh, pleanáil cúraim fhadtéarmaigh agus soláthar cúram i socrúcháin cúraim cónaitheach, socrúcháin mí-oiriúnach d'úsáideoirí na seirbhísí i dtithe altranais do dhaoine faoi bhun 65 bliain d'aois agus easpa tacaíochta le hiarratas a dhéanamh ar shocrú maidir le comhaontú tacaíochta, i measc nithe eile.

Chomh maith leis sin, i 2023, dhéileáil Oifig an Fhaighteora Rúnda le 227 comhairliúchán, 74 fiosrúchán ospidéal, 15 fiosrúchán thithe altranais príobháideacha, 39 fiosrúchán um chosaint pobail agus d'éascaigh an Oifig 25 cur i láthair maidir le ról agus feidhm an Fhaighteora Rúnda d'úsáideoirí na seirbhísí agus d'fhoirne i seirbhísí atá maoinithe ag FnaSS.



## An tSeirbhís Náisiúnta Achomharc

Cuireann an tSeirbhís Náisiúnta Achomharc próiseas athbhreithnithe neamhspleách neamhchlaonta ar fáil d'iaratasóirí nach bhfuil sásta le cinntí a rinne FnaSS maidir lena dteidlíochtaí faoi scéimeanna áirithe. I measc na n-achomharc seo, bhí an Scéim Reachtuil Tacaíochta Tithe Altranais (NHSS) agus Tuarascáil um Chóimheasúnacht Achomair a bhaineann leis, agus scéimeanna riaracháin na Seirbhíse Aisíocaíochta Cúraim Phríomhúil (PCRS) (m.sh. cártaí leighis / cártaí cuairte Dochtúra), Tuarascáil Chóimheasúnacht, Liúntas Leasa na nDall, Liúntas Luaineachta agus Ranníocaíochtaí Cothabhála agus Cóiríochta do na Seirbhísí Tacaíochta Cónaithe.

Is seirbhís phoiblí don phobal í an tSeirbhís Náisiúnta Achomharc agus is cuid lárnach í den tsamhail um sheirbhís do chustaiméirí chun an pobal a threorú chuig na seirbhísí cuí sláinte agus cúraim shóisialta atá in oiriúint dá gcúinsí ar leith chomh maith le tacú leis an bpobal rochtain a fháil ar na tacaíochtaí sláinte agus airgeadais chuí. Bíonn tionchar díreach agus follasach ag an tSeirbhís Náisiúnta Achomharc ar eispéireas sláinte úsáideoirí na seirbhísí. Réitítear 38% de chásanna ag an leibhéal castachta is ísle, trí úsáid a bhaint as próiseas athbhreithnithe cáis (réamh-achomharc).

Déanann an tSeirbhís Náisiúnta Achomharc athbhreithniú ar achomhairc ó limistéir thíreolaíoch uile FnaSS. Soláthraíonn an próiseas achomharc measúnú iomlán i dtaobh comhsheasmhachta sna caighdeáin atá á gcur i bhfeidhm ar fud FnaSS agus tugann sé léargas ar na fadhbanna a bhíonn ag úsáideoirí na seirbhísí agus iad ag iarraidh rochtain a fháil ar thacaíochtaí sláinte agus airgeadais, a chuirtear ar fáil trí na scéimeanna agus samhail na n-aisíocaíochtaí. Déantar athbhreithnithe agus cinntí ar chásanna achomhairc de réir na reachtaíochta, na rialachán agus na dtreoirí ábhartha do na scéimeanna seo. Cruthaíonn an próiseas “féachaint siar” seo cosaint do FnaSS maidir le riaradh scéimeanna agus maidir le ceanglais FnaSS faoi Acht Sláinte 2004 agus cinntíonn an ceart maidir le hachomhairc go ndéantar na scéimeanna a riaradh ar bhealach cothrom. Faigheann an tSeirbhís Achomharc Náisiúnta tuiscint agus foghlaimítear ceachtanna maidir le heispéireas úsáideoirí na seirbhísí agus roinneann sí aiseolas le bainisteoirí scéimeanna chun comhsheasmhacht a fheabhsú agus feabhas leanúnach dheimhniú i riarachán na scéimeanna. Is cuid lárnach de chultúr an fheabhsaithe leanúnaigh agus na foghlama atá i gceist le héisteacht le hachomharcóirí agus anailís a dhéanamh ar phatrúin a thugtar faoi deara i riaradh na scéimeanna.

I 2023, próiseáladh 1,704 achomharc agus ceadaíodh ina n-iomláine nó go páirteach 37.2 % de na hachomhairc.

### Achomhairc a fuarthas agus a ceadaíodh

Cineál achomhairc	Faighte	Próiseáilte	Ceadaithe	Ceadaithe go páirteach	% Ceadaithe / ceadaithe go páirteach
Cárta leighis / cárta cuairte Dochtúra (Scéim Ghinearálta)	812	810	190	149	41.9%
Cárta leighis / cárta cuairte Dochtúra (Scéim do dhaoine os cionn 70)	85	79	17	4	26.6%
Cárta leighis / cárta cuairte Dochtúra do dhaoine ó 16 go 25 bliain d'aois	153	158	61	17	49.4%
Scéim tacaíochta na dTithe Altranais	524	483	57	87	29.8%
Tuarascáil ar Chóimheasacht Achomair	60	59	23	0	39.0%
Liúntas Leasa na nDall	13	17	7	2	52.9%
Liúntas Luaineachta	2	5	0	1	20.0%
Ranníoc Cóiríochta agus Cothabhála i gcomhair Seirbhísí Tacaíochta Cónaithe	25	25	5	0	20.0%
Eile*	30	30	0	0	0%
<b>Iomlán</b>	<b>1,704</b>	<b>1,666</b>	<b>360</b>	<b>260</b>	<b>37.2%</b>

*Nóta: Seo achomhairc a fuarthas sa tréimhse 01.01.2023-31.12.2023. Rinneadh próiseáil freisin ar chásanna a tugadh ar aghaidh ó 2022.*

*Nóta: \*Achomhairc a bhaineann leis na scéimeanna seo a leanas: Íocaíocht Drugaí, Breoiteacht Fadtéarmach, Earraí – nach ar Chárta, Optúil, Ortódóntach, Cosliacht, Cúnamh Baile.*

I 2024, tá sé beartaithe go gcuirfidh an tSeirbhís Náisiúnta Achomharc feidhm achomharc ar fáil don Scéim Cóireála Thar Lear, don Scéim um Threoir Chúram Sláinte Trasteorann agus do Scéim Chúram Sláinte Pleanáilte Thuaisceart Éireann.

# Aguisín 6: Tuarascáil Bhliantúil – Nochtaí Cosanta 2023

## Réamhrá

Fáiltíonn FnaSS roimh dhuine ar bith aon údar imní a bheadh acu a chur in iúl agus táthar tiomanta maidir le cultúr a chruthú ina mothaíonn fostaithe agus oibrith eile sábháilte agus iad ag labhairt amach agus go mbeadh siad muiníneach go dtabharfar aird dáiríre ar a n-údar imní. Tugann an próiseas seo deis don eagraíocht ábhair imní áirithe a d'fhéadfadh a bheith ann a aithint agus dul i ngleic le haon riosca a bheadh ann don eagraíocht. Cinnteoidh FnaSS go dtabharfar na cosaintí a fhoráiltear faoin *Acht um Nochtadh Cosanta 2014* (arna leasú 2022) dóibh siúd a nochtann aon ábhar den chineál seo.

Tá duine údaraithe ag FnaSS as a bheith freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chreat um nochtaí cosanta FnaSS agus as measúnú a dhéanamh ar na húdair imní, as nochtadh cosanta a chur ar aghaidh lena scrúdú agus lena fhiosrú, as monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar thorthaí an fhiosraithe agus as comhlíonadh an chreata. I 2022, bhunaigh FnaSS Oifig Náisiúnta um Nochtadh Cosanta (NOPD) chomh maith atá freagrach as bainistiú cásanna um nochtaí cosanta ó thús go deireadh. D'oibrigh an NOPD le comhghleacaíthe ar fud FnaSS i rith 2023 chun nochtadh cosanta a thabhairt chun críche go cuí, agus ag an am céanna tugadh cosaint dóibh siúd a rinne nochtaí.

Tá an tuarascáil roinnte i dhá chuid:

- **Cuid a haon** cuireann sé sonraí ar fáil do FnaSS maidir le raon feidhme na gníomhaíochta agus torthaí na nochtaí a rinneadh faoin *Acht um Nochtadh Cosanta 2014*, arna leasú (an tAcht)
- **Cuid a dó** comhlíonann sé ceanglais tuairiscithe reachtúla an Achta.

## 1. Nochtaí cosanta agus FnaSS

### 1.1 Réamhrá

Cuirtear cuntas ar fáil anseo maidir le hábhair a bhain le nochtaí cosanta chuig FnaSS i 2023.

### 1.2 Ag déanamh nochtadh cosanta

Faoin *Acht um Nochtadh Cosanta 2014* tig le hoibrith nochtadh den sórt seo a dhéanamh le haon bhainisteoir agus freisin le páirtithe eile, ina measc, Airí Rialtais ábhartha, comhlachtaí forordaithe agus páirtithe eile. Tuairiscíonn oibrith faisnéis ar tháinig siad air agus a bhaineann lena bhfostaíocht agus i dtuairim réasúnach an oibrí, go raibh éagóir ábhartha amháin nó níos mó i gceist.

Cé nach mbíonn a fhios ag formhór na nochtóirí céard é an ceanteideal ábhartha lena mbaineann a n-údar imní, de ghnáth bíonn na húdair imní laistigh de na réimsí seo a leanas:

1. Gur cuireadh sláinte nó sábháilteacht duine i mbaol, nó go bhfuil nó gur dócha go gcuirfear sláinte nó sábháilteacht duine i mbaol
2. Gur baineadh, nó go bhfuiltear ag baint, nó gur dócha go mbainfear úsáid neamhdhleathach nó míchuí as cistí nó acmhainní de chuid comhlacht poiblí, nó as airgead poiblí eile
3. Go bhfuil gníomh nó neamhghníomh arna déanamh ag comhlacht poiblí nó thar ceann comhlachta poiblí atá leatromach, leithchealach nó mórfhaillíoch nó go bhfuil drochbhainistíocht as cuimse i gceist
4. Meascán de na ceanteidil thuas.

### 1.3 Nochtaí cosanta a rinneadh chuig FnaSS i 2023

Ó thús na bliana 2023, déanann oifig NOPD measúnuithe tosaigh ar thuairiscí um nochtadh do FnaSS. Má mheasann aon bhainisteoir go bhfuil nochtadh cosanta faighte acu, ní mór dóibh an t-ábhar a bhaineann leis sin a chur ar aghaidh chuig an NOPD le logáil. Ansin déantar teagmháil leis an duine a thuairisc an t-ábhar faoi mar a fhoráiltear an reachtaíocht. Déantar measúnú tosaigh agus atreorú cuí leis an ábhar a fhiosrú.

Déantar measúnú ar gach tuairisc a fhaightear de réir an Achta agus lorgaítear faisnéis bhreise ón duine a thuairisc an t-ábhar, más gá. Bhí siad seo a leanas i measc na gcúiseanna a measadh nach raibh sé cuí tuairiscí um nochtadh a chur ar aghaidh i gcomhair fiosraithe faoi nósanna imeachta um nochtadh cosanta FnaSS (ní nochtadh cosanta iad):

- Níor leor an fhaisnéis le measúnú iomlán a dhéanamh, níor fhan an té a sholáthar an t-ábhar i dteagmháil nó níor sholáthair sé / sí tuilleadh faisnéise ar iarratas
- Níorbh fhostaí de réir an Achta a bhí sa té a rinne an tuairisciú
- Níorbh bhain an t-eolas lena bhfostaíocht
- B'ionann an fhaisnéis agus casaoid phearsanta san ionad oibre
- B'ionann an fhaisnéis agus díospóid le fostóir an oibrí maidir lena chonradh fostaíochta.

Tugann na táblaí thíos níos mó sonraí maidir leis na nochtáí cosanta a fuarthas i rith 2023, lena n-áirítear anailís ar an nochtadh de réir éagóir líomhnaithe.

**Tábla 1: Líon iomlán nochtáí cosanta 2023**

<b>Líon tuairiscí 2023</b>	
Líon a fuarthas	98
Líon a ndearnadh measúnú orthu	95
<b>Iomlán:</b> á measúnú ag deireadh na bliana	3
<b>Cinntí i ndiaidh measúnaithe</b>	
<b>Iomlán:</b> Nach nochtadh cosanta iad	46
<b>Iomlán:</b> Nochtadh cosanta	49
<b>Líon iomlán na nochtáí cosanta i 2023</b>	<b>49</b>
Cásanna curtha i gCrích	32
<b>Líon nochtáí cosanta sscailte ag deireadh na bliana</b>	<b>17</b>

**Tábla 2: Nochtáí cosanta de réir chatagóir éagóra líomhnaithe i 2023**

Sláinte agus sábháilteacht duine ar leith curtha i mbaol	21
Dualgas dlíthiúil	5
Cion	2
Leatrom / leithcheal / mórfhailí / drochbhainistíocht as cuimse	8
Úsáid neamhdhleathach / Mí-úsáid as Acmhainní	12
Dochar don timpeallacht	1
<b>Iomlán na nochtáí cosanta i 2023</b>	<b>49</b>

**Tábla 3: Achoimre ar na bearta a ghlac FnaSS i dtaobh gach tuairisc a fuarthas i 2023**

Measúnú Tosaigh	Measadh gur nochtadh cosanta	Measadh nár nochtadh cosanta
Fuarthas <b>98</b> tuairisc agus rinneadh measúnú iomlán ar <b>95</b> chun cinneadh a dhéanamh: an nochtáí cosanta a bhí iontu de réir bhrí an Achta. I go leor cásanna chuathas i dteagmháil go díreach leis an duine a rinne an tuairiscíú. Bhí measúnú á dhéanamh ar 3 tuairisc fós ag deireadh na bliana.	Tar éis measúnú a chur i gcrích, cinneadh gur nochtadh cosanta a bhí i <b>49</b> de na 98 tuairisc. Cuireadh na tuairiscí sin ar aghaidh ansin chuig an duine cuntasach sinsearach ábhartha sa réimse ar tharla an éagóir líomhnaithe, i gcomhair scrúdaithe / fiosraithe breise	Tar éis measúnú a chur i gcrích, cinneadh nach nochtadh cosanta a bhí i gceist i <b>46</b> de na 98 tuairisc. Cuireadh gach ceann de na tuairiscí seo ar aghaidh ansin chuig an duine cuntasach sinsearach ábhartha i gcomhair athbhreithnithe agus gníomh cuí lasmuigh den chreat um nochtadh cosanta. Mar mhalairt air sin, cuireadh an té a rinne an tuairiscíú ar aghaidh chuig cleachtais ní b'oiriúnaí, nuair ba chúf.

Is é an bealach is díri d'oibrí chun nochtadh cosanta a dhéanamh chuig FnaSS ná tuairiscíú díreach chuig an NOPD. I gcás ina ndéantar nochtadh do dhaoine eile seachas an NOPD, áfach, cuirtear an t-ábhar ar fáil don NOPD, mar an oifig atá sonraithe chun tuairiscí um nochtáí cosanta a ghlacadh agus a mheasúnú. Léiríonn an tábla thíos na bealaí éagsúla a ndearnadh tuairiscí chuig an NOPD i 2023.

## Aguisín 6: Tuarascáil Bhliantúil – Nochtaí Cosanta 2023

Tábla 4: Bealaí a ndearnadh Nochtaí Cosanta i 2023

Bealach chuig NOPD	Oscailte ar 31 Nollaig 2023	Críochnaithe i 2023
Oifig an POF (CEO)	1	5
Díreach ó oibrithe	12	14
Trí choimisinéirí um NC (PD)	1	8
Trí Cheannasaí / bainisteoir seirbhíse um NC	3	5
<b>Iomlán</b>	<b>17</b>	<b>32</b>

Nóta: Rinne Oifig an Choimisinéara um Nochtadh Cosanta (OPDC) 14 ábhar a atreorú chuig FnaSS i 2023, cinneadh gur nochtaí cosanta a bhí i naoi gcinn díobh tar éis measúnaithe.

### 1.4 Tuairiscí leantacha

Bhí FnaSS fós ag plé agus ag fiosrú 166 cás i rith 2023, a bhain leis na 49 cás leantach a osclaíodh i 2023 agus na 117 cás a osclaíodh sna blianta roimhe sin, a bhí fós oscailte ag tús 2023. Cuireadh críoch le 126 cás i 2023. Bhí 40 cás fós oscailte ag FnaSS ag deireadh 2023.

De na cásanna leantacha a bhí fós oscailte i 2024, bhí 17 acu ar oscailt ar feadh tréimhse níos lú ná bliain amháin, bhí 16 ar oscailt ar feadh tréimhse idir bliain amháin agus trí bliana, bhí ceithre cinn ar oscailt idir trí agus cúig bliana, agus bhí trí cinn ar oscailt níos mó ná cúig bliana.

### 1.5 Nithe ar leanadh á bhfiosrú

Osclaíodh 49 fiosrú leantach i 2023 a bhain le 77 líomhain sna 49 tuairisc i ndáil le héagóir.

Tábla 5: Éagóirí líomhnaithe

Éagóir líomhnaithe	Líon
Cion coiriúil	4
Sárú oibleagáidí dlíthiúla	14
Iomrall ceartais	0
Sláinte agus sábháilteacht á chur i mbaol	23
Dochar don timpeallacht	1
Úsáid neamhdhleathach / Mí-úsáid as Acmhainní	19
Go bhfuil gníomh nó neamhghníomh arna déanamh atá leatromach, leithchealach nó mórfhailloch nó gur drochbhainistíocht as cuimse atá i gceist.	12
Sárúithe ar dhlíthe an AE laistigh de raon feidhme Airteagal 2 de Threoir (AE) 2019 / 1937 (an Treoir um Sceithreacht)	0
Faisnéis faoi aon cheann de na héagóirí thuas a cheilt nó a scriosadh	4

### 1.6 Torthaí na bhfiosruithe leantacha

De na 126 fiosrú leantach a dúnadh i 2023, dúnadh 73 go hiomlán toisc nár aimsíodh aon éagóir nó nár aimsíodh dóthain fianaise i ndáil le héagóir. Seasadh leis an éagóir i 26 cás agus seasadh leo go páirteach i 23 cás. Dúnadh ceithre fhiosrú mar thuiriscí dúblacha chuig OPDC.

Sna 49 cás thuas, inar seasadh go hiomlán leis an éagóir, glacadh na bearta seo a leanas chun dul i ngleic leis na hábhair ar seasadh leo.

**Tábla 6: Gníomhartha a rinneadh chun dul i ngleic leis na héagóreacha ar seasadh leo**

Bearta a rinneadh de réir catagóire	Líon
Rinneadh breis fiosraithe nó gearradh pionós	14
Cuireadh ar aghaidh chuig foras eile i gcomhair fiosrú leantach	2
Aisghabháil airgid	1
Athruithe ar bheartais / cleachtais	9
Chuathas i ngleic le roinnt ábhar de réir na mbeartas reatha	23
<b>Iomlán na mbeart a rinneadh</b>	<b>49</b>

Nithe ar láimhseáladh iad laistigh de bheartais agus / nó nósanna imeachta reatha a bhaineann le cinntiú go gcoítear le beartas nó le soláthar oiliúna srl. Fuarthas €3.7m ar ais de bharr fiosrú leantach um nochtadh cosanta amháin.

### 1.7 Tuairiscí gan ainm

De na 98 tuairisc um nochtadh cosanta a fuair FnaSS i 2023, fuarthas 35 gan ainm. As na 49 fhiosrú leantach a osclaíodh i 2023, bhí 15 mar fhreagra ar thuiriscí gan ainm. Níor chuir aon duine a rinne tuairisc gan ainm é féin in aithne do FnaSS ina dhiaidh sin.

### 1.8 Nochtaí cosanta a bhí fós ar oscailt ar an 31 Nollaig 2023

Fuair FnaSS 366 tuairisc faoin gcreat um nochtadh cosanta idir 2017 agus 2022. Cé gur dúnadh 68% de na tuairiscí a fuarthas roimh an 31 Nollaig 2022, bhí 117 díobh fós oscailte ar 1 Eanáir 2023. Ar an 31 Nollaig 2023, bhí an uimhir seo laghdaithe go 23. Osclaíodh 49 tuairisc um nochtadh cosanta breise i 2023 agus dúnadh 32 díobh sin, mar sin tugadh 40 tuairisc ar aghaidh go dtí 2024.

**Tábla 7: Nochtaí cosanta oscailte ar an 31 Nollaig 2023**

	2017	2018	2019	2020	2021	2022	2023	Iomlán
Tuairiscí um nochtadh a fuarthas	78	52	61	54	65	56	<b>49</b>	366
Iomlán oscailte ag deireadh 2022	2	7	8	23	31	46	<b>N/A</b>	117
<b>Iomlán oscailte ag deireadh 2023</b>	<b>0</b>	<b>3</b>	<b>0</b>	<b>4</b>	<b>9</b>	<b>7</b>	<b>17</b>	<b>23</b>
<b>Iomlán 2017-2022</b>	<b>23</b>						<b>40</b>	<b>Iomlán</b>

### 1.9 Tosaíocht ONNC (NOPD) i 2024

Is í an NOPD an lárphointe neamhspleách rochtana agus speisialtóireachta anois. Tá cur chuige caighdeánaithe i NOPD agus sna seirbhísí araon chun comhlíonadh na reachtaíochta a chinntiú agus chun seirbhís dea-chleachtais a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha. Is iad seo a leanas príomhthosaíochtaí NOPD, do 2024:

- **Córais mhonatóireachta agus tuairiscithe:** Córais mhonatóireachta, taifeadta agus tuairiscithe éifeachtacha a fhorbairt maidir le nochtadh cosanta mar fhreagra ar na ceanglais tuairiscithe breise faoin Acht. Tacóidh sé seo freisin lenár gcumas an méid a fhoghlaimítear ó nochtadh cosanta a thuiscint agus a roinnt
- **Tuairisc ar thorthaí:** Tá faisnéis á bailiú ar thorthaí imscrúduithe agus tá próisis á gcur i bhfeidhm acu chun na ceachtanna a foghlaimíodh ó na tuairiscí um nochtadh a roinnt
- **Cumarsáid agus faisnéis:** Doiciméid treorach atá soiléir agus simplí a ullmhú do gach oibrí
- **Fiosrúcháin:** Leanúint le próisis a fhorbairt chun éagóreacha ábhartha a imscrúdú i gceart.

### 2. Faisnéis ar an reachtaíocht faoi réir alt 22 (5) den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 (arna leasú)

#### 2.1 Ráiteas faoi réir alt 22(5)(a) den Acht

Deimhníonn FnaSS, mar chomhlacht poiblí, go bhfuil bealach agus nós imeachta tuairiscithe inmheánach i bhfeidhm aige chun nochtheadh cosanta a fháil agus a bhainistiú a chomhlíonann an tAcht.

#### 2.2 Faisnéis a chuirtear ar fáil don Aire

Ceanglaíonn alt 22(5)(b) den Acht nach mór do FnaSS an fhaisnéis a chuirtear ar fáil don Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe a fhoilsiú ar leithligh de bhun alt 22(1) den Acht. Soláthraíodh an fhaisnéis a cuireadh ar fáil don Aire san fhoirm a d'ordaigh an tAire in dhá thuarascáil:

- PDA-1 Tuairiscí um nochtheadh cosanta a fuair FnaSS trí bhealach tuairiscithe inmheánach, atá ar fáil ag an nasc seo a leanas: [PDA-1 Disclosure reports](#)
- PDA-2 Tuairiscí um nochtheadh a chuir OPDC chuig FnaSS sa chás gur chinn an OPDC go raibh FnaSS oiriúnach de bhun alt 10C(1)(a)(ii) nó 10D(1)(b)(i)(l) den Acht (ar fáil ag an nasc seo a leanas: [PDA-2 Disclosure reports](#)).

*Tabhair faoi deara le do thoil go bhfuil difríocht idir na sonraí seo agus na sonraí a thuiriscítear i gCuid 1 den tuarascáil seo mar go mbaineann na sonraí a éilíonn an tAire faoi alt 22(1) den Acht le fo-thacair na sonraí atá ar fáil don FnaSS. Ina theannta sin, níltear ag súil go mbeidh na táblaí ar aon dul leis na hiomláin de bharr na gcineálacha ceisteanna a chuirtear sa treoir reachtaíochta agus reachtúil.*

**Nochtadh a dhéanamh i FnaSS:** Is féidir tuairiscí ar éagóir líomhnaithe a sheoladh faoi rún chuig Oifig an Duine Údaraithe, FnaSS, Ospidéal an Dr Steevens, Baile Átha Cliath 8, D08 W2A8, nó trí ríomhphost chuig. [protected.disclosures@hse.ie](mailto:protected.disclosures@hse.ie). Is féidir teagmháil tosaigh agus treoir a fháil ar an nguthán, Teil: 01 635 2202 (Uaireanta oifige: 10rn go 1in agus 2rn go 5in Luan go hAoine). Is féidir eolas breise a fháil maidir le tuairisciú agus faoi Nósanna Imeachta FnaSS maidir le Nochtadh Cosanta ag [hse.ie](http://hse.ie)

# Aguisín 7: Tuarascáil um Bainistiú Riosca

## Bainistiú riosca agus ár gcuspóirí a bhaint amach

Mar sheirbhís sláinte, baineann ár gcuspóirí lenár misean maidir le seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta den chaighdeán is airde a chur ar fáil do mhuintir na hÉireann ó lá go lá, agus chomh maith leis sin is í ár n-uaimhian níos fadtéarmaí freagairt do na héilimh bhreise atá ar ár gcóras cúram sláinte, ag cinntiú go mbeidh ár gcuid seirbhísí níos fearr, agus de thoradh air sin, go mbeidh taithí na ndaoine atá ag feitheamh le cúram sláinte, nó atá ag fáil cúraim sláinte, níos fearr chomh maith. Is í an éiginnteacht faoin todhchaí an chonstaic is mó maidir lenár gcuspóirí laethúla agus fadtéarmacha a bhaint amach.

Tá Bord FnaSS agus an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin (EMT) tiomanta bagairtí ar bith a d'fhéadfadh cur isteach ar na cuspóirí atá leagtha amach sa Phlean Corparáideach agus sa Phlean Seirbhíse Náisiúnta bliantúil (NSP), a aithint, a bhainistiú agus a mhaolú an oiread agus is féidir. Táthar ag tabhairt tús áite d'fhorbairt um chumas bainistíochta riosca FnaSS chun tacú leis an gcuspóir seo.

## Rialachas um phróisis Rioscaí Corparáidacha

Mar atá leagtha sonraithe i gCód Rialachais FnaSS, comhlíonann an Bord príomhfheidhmeanna i leith FnaSS, ina measc an beartas um bainistiú riosca agus leibhéal inghlacthachta riosca a cheadú. Is é an Coiste Iníúcháireachta agus Riosca (ARC) atá freagrach thar ceann an Bhoird as creat riosca foriomlán FnaSS. Tá an Príomhoifigeach Riosca (CRO) freagrach as éascú a dhéanamh maidir le monatóireacht agus tuairisciú riosca chuig FBF (EMT) FnaSS, CIR (ARC) agus Coistí Boird eile.

## Próiseas um Rioscaí Corparáideacha FnaSS a fheabhsú; Príomhfhorbairtí

D'aontaigh an PR (CRO) leis an EMT, leis an ARC agus leis an mBord go ndéanfaí athbhreithniú bunúsach ar ár rioscaí corparáideacha agus, chomh maith leis sin, ar ár gClár Rioscaí Corparáideacha (CRR). Rinneadh an t-athbhreithniú i roinnt céimeanna le ceardlanna, seisiúin fhaisnéise agus cruinnithe le comhaltaí EMT, a bhfoirne riosca, saineolaithe maidir le riosca, san áireamh agus le Coistí Boird.

Tuigtear go dtagann athrú ar na cineálacha rioscaí a mbíonn orainn dul i ngleic leo. Rangaigh an CRR nua rioscaí faoi dhá cheannteideal, Príomhrioscaí 'Oscailte' atá faoi bhainistiú gníomhach agus rioscaí 'atá á bhfaire'. Is rioscaí suntasacha fadtéarmacha iad na rioscaí atá á bhfaire, d'fhéadfadh na rioscaí seo teacht ó lasmuigh de FnaSS (m.sh. athrú aeráide) agus ní bheadh FnaSS ábalta mórán smachta nó smacht ar bith a bheith acu orthu, nó ar nithe tromchúiseacha iad nach dtarlaíonn ach go hannamh(m.sh. paindéim).

Bhreithnigh an FBF an CRC (CRR) nua ag cruinniú speisialta ar an 25 Eanáir 2024, agus ceadaíodh an dréacht deiridh ar an 13 Feabhra 2024.

Sheol FnaSS *Beartas agus Nósanna Imeachta um Bainistiú Riosca Fiontraíochta 2023*, i ndiaidh faomhadh an Bhoird. Leagann an cháipéis seo amach an polasaí agus na nósanna imeachta maidir leis an dóigh a ndéanann FnaSS riosca a bhainistiú. Tá an cur chuige ag teacht le *ISO 31000:2018 Treoirlínte – Bainistiú Riosca*.

I measc na dtionscnamh eile a cuireadh chun cinn, bhí:

- Feidhmiú córais faisnéise riosca chun an CRR a thaifeadadh
- Nuashonrú ar Ráiteas um Inghlacthacht Riosca FnaSS
- Neart rannpháirtíochta leis an bhfoireann maidir le seoladh an bheartais agus na nósanna imeachta nuashonraithe
- Ullmhaíodh modúl oiliúna bainistíochta riosca ríomhfhoghlama ar líne a bhfuil rochtain ag gach ball foirne air.

## Forléargas ar Phríomhrioscaí FnaSS

Taifeadann Clár na Rioscaí Corparáideacha (CRR) FnaSS príomhrioscaí na heagraíochta atá aitheanta ag an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin (EMT). Sanntar gach riosca do bhall den EMT mar chomhordaitheoir an riosca sin, agus sanntar gach riosca chomh maith do cheann de choistí an Bhoird a dhéanann maoirseacht ar rioscaí straitéiseacha FnaSS.

Déantar athbhreithniú ar Chlár na Rioscaí Corparáideacha (CRR) gach ráithe agus déanann an FBS (EMT) athbhreithniú bliantúil níos cuimsithí ar an gClár. Déanann Bord FnaSS athbhreithniú bliantúil ar na rioscaí agus aontaítear príomhrioscaí FnaSS. Déanann FnaSS athbhreithniú freisin ar an CRC (CRR) agus ar thuarascálacha riosca le linn phróiseas ullmhúcháin an Phlean Corparáidigh, an PSN (NSP) agus an bhuiséid bhliantúil.

## Aguisín 7: Tuarascáil um Bainistiú Riosca

Tábla 1: Bearta a rinneadh chun rioscaí a mhaolú

Réimse an Riosca	Bearta a rinneadh chun an riosca a mhaolú	Rátáil Iarmharach
<p><b>1. Soláthar cúraim</b></p> <p>Ardú tobann agus eisceachtúil éilimh ar sheirbhísí cúraim éigeandála</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Bearta monatóireachta um Fheidhmíocht Oibriúcháin FnaSS agus próiseas rialaithe i bhfeidhm, ina measc, an Grúpa Náisiúnta Maoirseachta Feidhmíochta agus Scórchárta Straitéiseach míosúil an Bhoird</li> <li>Córas rialachais agus cuntasachta maidir le monatóireacht, maoirseacht feidhmíochta agus soláthar seirbhísí Cúraim Phráinne agus Éigeandála</li> </ul>	12
<p><b>2. Caighdeán um sábháilteacht</b></p> <p>Teip thromchúiseach i ndáil le caighdeán chúraim, sábháilteacht othar, úsáideoirí na seirbhísí nó na foirne</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Beartas um Bainistiú Riosca Fiontair (ERM), Creat Bainistíochta Teagmhais, Córas Náisiúnta um Bainistiú Teagmhais agus anailís ar shonraí teagmhais agus faisnéis faireachais (téamaí agus treocharaí chun tacú le gníomhaíochtaí um bainistiú riosca)</li> <li>Bailiú sonraí trí shuirbhéanna an Chláir Eispéiris Chúraim Náisiúnta agus suirbhéanna teaghlaigh</li> <li>Painéal Náisiúnta Athbhreithnithe Neamhspleách agus Faighteoir Rúnda FnaSS</li> <li>Tá sraith Treoirínte Cliniciúla Náisiúnta i bhfeidhm maidir le sábháilteacht othar</li> <li>Tá sraith de bheartais agus nósanna imeachta sláinte agus sábháilteachta i bhfeidhm bunaithe ar Ráiteas Sábháilteachta Corparáideach FnaSS agus cuirtear oiliúint ar fáil don fhoireann ar fad faoi bheartais, nósanna imeachta, prótacail agus treoirínte sábháilteachta.</li> </ul>	10
<p><b>3. Teagmhas suaiteach</b></p> <p>Cuir isteach as cuimse ar sheirbhísí cúraim sláinte criticiúla</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Creat Beartais ERM, Bainistíocht Teagmhais agus Bainistíocht Éigeandála</li> <li>Oibríonn FnaSS i gcomhpháirt le hÚdarás Inniúla Lárnacha, faoi IR 209 de Rialachán Seveso 2015 chun mórthionóscí a bhaineann le substaintí contúirteacha a chosc.</li> <li>Comhaontuithe i bhfeidhm idir FnaSS agus na Ceardchumann chun gníomhaíochtaí um chaidreamh tionsclaíochta ar scála mór a bhainistiú</li> </ul>	9
<p><b>4. Ionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte</b></p> <p>Méadú suntasach agus leanúnach ar an ráta ionfhabhtuithe a bhaineann le Cúram Sláinte (HCAI) agus frithsheasmhacht ábhar fhrithmhiocróbach i suíomhanna cúram sláinte FnaSS</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Socruithe rialachais agus maoirseachta lena n-áirítear an grúpa forfheidhmithe <i>um Rialú ar Ionfhabhtuithe a bhaineann le frithsheasmhacht ábhar fhrithmhiocróbach</i> (AMRIC) agus Oibríochtaí AMRIC</li> <li>Faireachas agus rabhadh luath agus Suirbhé bliantúil um Phoncleitheadúlacht chun monatóireacht a dhéanamh ar HCAI agus iad a bhrath</li> <li>Feidhmiú ag leibhéal náisiúnta agus áitiúla na dtreoirínte um Chosc agus Rialú ionfhabhtaithe (IPC) agus maoirseachta frithmhiocróbach (AMS).</li> <li>Cláir oideachais agus oiliúna chun na scileanna riachtanacha a thabhairt don fhoireann chun a ról agus a bhfreagrachtaí a chomhlíonadh maidir le IPC agus AMS</li> </ul>	15
<p><b>5. Bainistíocht Airgeadais</b></p> <p>Ní leor an maoiniú airgeadais a cuireadh ar fáil do FnaSS chun na leibhéil ghníomhaíochta atá leagtha amach sa PSN a chur ar fáil</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Creat Feidhmíochta agus Cuntasachta</li> <li>Córas Bainistíochta Airgeadais Comhtháite</li> <li>Rialachán Airgeadais Náisiúnta (NFR)</li> <li>Rannpháirtíocht leis an Roinn Sláinte (DoH) / An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe trí chruinnithe an Ghrúpa Maoirseachta um Buiséad Sláinte</li> <li>Grúpa Oibre FnaSS chun cur i bhfeidhm éifeachtach an Chreata Airgeadais agus Chlár Bainistíochta Caiteachais FnaSS a chinntiú</li> </ul>	8



Réimse an Riosca	Bearta a rinneadh chun an riosca a mhaolú	Rátáil Iarmharach
<p><b>6. Mórbonneagar</b></p> <p>Teip maidir le tionscadaíl um bonneagar criticiúil a chur i gcrích</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Lámhleabhar do Thionscadaíl Chaipitil agus Formheas Prótacail rialachais i bhfeidhm</li> <li>Déantar tionscadaíl a bhainistiú de réir an Chreata Oibreacha Caipitil Náisiúnta ag teacht leis an gCód Caiteachais Poiblí</li> <li>Measúnú agus bainistiú leanúnach ar fheidhmíocht tionscadaíl an Phlean Chaipitil</li> <li>Cuirtear maoiniú ar fáil i bPlean Caipitil FnaSS 2024 i gcomhair chlár sonracha tosaíochta bonneagair</li> <li>Clár dearbhaithe d'Ospidéal Náisiúnta na Leanaí</li> </ul>	16
<p><b>7. Cibear-shlándaíl</b></p> <p>Cibir-ionsaí a chuirfeadh isteach go mór ar na seirbhísí</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Táirgí cosanta cibear-shlándaíla (rialuithe frith-urscair / frithvíreas / balla dóiteáin / modhanna fíordheimhneithe ilfhachtóiríula / braiteoireacht agus freagairt bainistithe níos fearr) curtha i bhfeidhm. Rialuithe i bhfeidhm maidir le bainistiú fabhtaimsiithe, aimsí ionraidh, monatóireacht cuntais, rialú rochtana agus slándaíl bogearraí feidhmchláir</li> <li>Tá cibearshlándaíl agus leasúchán oidhreacht san áireamh sna pleananna caipiteal agus cibear-chlaochlaithe bliantúla mar chuid den phlean seirbhíse bliantúil</li> <li>Beartas cúltaca i bhfeidhm le córais agus sonraí cúltacaithe, stóráilte lasmuigh den láthair, go fisiciúil nó go digiteach</li> <li>Tá feachtas ionsamhlaithe fioscaireachta san áireamh i gclár oiliúna éigeantach um Fheasacht Chibearshlándaíla FnaSS</li> <li>Córas scagtha agus coraintín ríomhphoist</li> </ul>	16
<p><b>8. Na Réigiúin Sláinte</b></p> <p>Moill ar fheidhmiú Réigiúin Sláinte FnaSS agus leasuithe i ndáil le FnaSS láir agus ní bhfaighfear na buntáistí</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li><i>Plean Forfheidhmithe um Athchóiriú Eagraíochtúil do Réigiúin Sláinte FnaSS</i> agus Grúpa Maoirseachta Réigiúin Sláinte i bhfeidhm</li> <li>Creat Athraithe FnaSS i bhfeidhm</li> <li>Dearadh um Réigiúin Sláinte agus FnaSS láir críochnaithe, earcaíodh Oifigigh Feidhmiúcháin Réigiúnacha</li> <li>Clár rannpháirtíochta le cumainn ionadaíochta foirne, comhpháirtithe othar, gníomhaireachtaí maoinithe, an Roinn Sláinte / An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus páirtithe leasmhara eile i bhfeidhm</li> </ul>	9
<p><b>9. Comhlíonadh</b></p> <p>Teip ar mhórscaála i ndáil le hoibleagáid suntasach reachtúil nó rialála a chomhlíonadh</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Stór Lárnach de bheartais, cleachtais, prótacail, treoirínte agus treoirínte cliniciúla náisiúnta inmheánacha</li> <li>Próiseas Tuairiscithe um Dhearbhú Rialaithe Bliantúla</li> <li>Rialacháin agus caighdeáin náisiúnta ábhartha lena n-áirítear caighdeáin cliniciúla</li> <li>NFR agus clár oiliúna a bhaineann leis</li> <li>Ráiteas Sábháilteachta Corparáideach</li> <li>Iníúcháireacht inmheánach, iniúchtaí cliniciúla agus cigireachtaí rialála</li> </ul>	12
<p><b>10. Cosaint Sonraí</b></p> <p>Mórchaillteanas, goid, úsáid mhídhleathach nó neamhúdaráithe i ndáil le sonraí pearsanta úsáideoir na seirbhísí, fostaithe agus comhpháirtíochtaí (ar pháipéar agus digiteach)</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Clár oiliúna Ginearálta um Chosaint Sonraí i bhfeidhm do gach duine</li> <li>Plean Cumarsáide an Oifigigh Náisiúnta um Chosaint Sonraí chun feasacht na foirne fheabhsú maidir leis an mbealach le sárúithe sonraí a chosc</li> <li>Próiseas Measúnaithe Tionchair ar Chosaint Sonraí feabhsaithe i bhfeidhm</li> <li>Anailís ar theagmhais sárúithe sonraí chun: bunchúiseanna a aithint, eolas a chur ar fáil i ndáil le gníomhartha maolaithe riosca agus caighdeáin a fheabhsú</li> </ul>	12

Is féidir uas-scór de 25 a bheith i gceist le riosca, ag baint úsáide as scála 1 go 5 maidir le dóchúlacht agus tionchar. Ón scór riosca seo, cuirtear rátáil ard (dearg), meánach (ómra) nó íseal (glas) i bhfeidhm. Léiríonn an teasléaráid, tábla 2, rátáil iarmharach na rioscáí 'Oscailte' ar an CRR.

## Aguisín 7: Tuarascáil um Bainistiú Riosca

Tábla 2: Teasléaráid um rátáil rioscaí iarmharach CRC (CRR)

		RÁTÁIL IARMHARACH				
		Fánach	Mion	Measartha	Mór	Millteanach
DEALRAITHÉACHT	Beagnach cinnte					
	Dóchúil				6 7	
	Féidearthach			3 8	1 9 10	4
	Ní dócha				5	2
	Annamh					
TIONCHAR						

### Rioscaí sa tSeirbhís Sláinte

Tá gach duine ar leith i ngach réimse de na seirbhísí sláinte freagrach as riosca a bhainistiú agus tá sé mar bheartas ag FnaSS go ndéanfaí riosca a bhainistiú ag an leibhéal a mbeifí ag súil lena leithéid de riosca. Cé go ndéantar príomhrioscaí straitéiseacha na heagraíochta a thaifeadadh ar CRC (CRR), tá rioscaí á mbainistiú gach lá agus á dtaifeadadh i gcláir rioscaí ar fud na seirbhíse sláinte. Dá bhrí sin, ní bhíonn na rioscaí ar fad a bhaineann le FnaSS san áireamh ar CRC (CRR), agus ní gá go mbeadh rioscaí atá taifeadta ar CRC níos tábhachtaí ná rioscaí eile.

# Aguisín 8: Sceideal – Tinreamh, Táillí agus Costais an Bhoird agus na gCoistí

## An Bord

De réir Sceideal 2, alt 2A den Acht Sláinte 2004, (arna leasú le hAlt 32(b) den Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas) 2019), ceanglaítear ar an mBord cruinniú amháin ar a laghad a thionól i ngach ceann de 11 mí sa bhliain.

Bhí 11 cruinniú míosúil agus seacht gcruinniú breise ag an mBord idir Eanáir agus Mí na Nollag 2023. Tá an tinreamh maidir leis na cruinnithe Boird le feiceáil sa tábla thíos.

Comhalta Boird	Cruinnithe Míosúla										Cruinnithe Breise						Lion na gCruinnithe ar ar freastalaíodh	Iocaíocht €	Costais €		
	27/01/2023	24/02/2023	31/03/2023	26/04/2023	31/05/2023	30/06/2023	28/07/2023	29/09/2023	25/10/2023	24/11/2023	15/12/2023	13/01/2023	20/02/2023	03/03/2023	23/05/2023	13/09/2023				28/09/2023	20/12/2023
Ciarán Devane (Cathaoirleach)	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	17	80,000	5,523
Deirdre Madden (Leaschathaoirleach)	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓				✓	✓	✓		15	N/A	1,278
Fergus Finlay	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	18	14,963	-
Aogán Ó Fearghail	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓		✓		✓		✓	✓		15	14,963	1,514
Sarah McLoughlin	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓		✓	✓	✓		✓	✓	✓		16	14,963	712
Fergus O'Kelly	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓		✓	✓	✓	✓	✓		17	14,963	-
Brendan Lenihan	✓	✓										✓	✓	✓					5	3,453	282
Yvonne Traynor	✓	✓	✓	✓	✓		✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓			16	14,963	387
Tim Hynes	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓		✓	✓	✓	✓			✓	✓		15	14,963	449
Anne Carrigy	✓	✓	✓	✓	✓		✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓		17	14,963	279
Brendan Whelan	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓		18	14,963	1,061
Michelle O'Sullivan	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓		18	14,963	-
Matt Walsh					✓	✓	✓	✓	✓	✓					✓	✓	✓		10	9,496	-

### Nótaí:

- Ní fhaigheann an tOllamh Deirdre Madden táille as a bheith ina comhalta ar Bhord FnaSS faoin rialail duine amháin, tuarastal amháin; áfach, tugtar íocaíocht choibhéiseach do Choláiste na hOllscoile, Corcaigh maidir le hailíonadh a poist
- D'éirigh Brendan Lenihan as mar chomhalta den Bhord ar an 25 Márta 2023
- Ceapadh Matt Walsh mar chomhalta den Bhord ar an 15 Bealtaine 2023.

## Aguisín 8: Sceideal – Tinreamh, Táillí agus Costais an Bhoird agus na gCoistí

### An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

Comhalta den Choiste Iniúcháireachta agus Riosca	10/02/2023	24/03/2023	12/05/2023	16/06/2023	14/07/2023	15/09/2023	13/10/2023	17/11/2023	08/12/2023	Líon na gCruinnithe ar ar freastalaíodh	Íocaíocht €
Brendan Lenihan (Cathaoirleach)	✓	✓								2	Comhalta Boird
Brendan Whelan (Cathaoirleach)			✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	7	Comhalta Boird
Fergus Finlay	✓	✓		✓	✓		✓	✓	✓	7	Comhalta Boird
Michelle O'Sullivan	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓			7	Comhalta Boird
Ann Markey	✓	✓								2	570
Colm Campbell	✓	✓		✓						3	855
Pat Kirwan	✓	✓	✓	✓	✓	✓		✓	✓	8	N/A
Martin Pitt	✓									1	285
John Moody						✓	✓	✓	✓	4	1,140
Sharon Keogh						✓	✓	✓	✓	4	1,140
Éimear Fisher						✓	✓			2	570

#### Nótaí:

- Ní fhaigheann Pat Kirwan táille as a a bheith ina chomhalta den Choiste Iniúcháireachta agus Riosca faoin rial duine amháin, tuarastal amháin
- D'éirigh Brendan Lenihan as mar chomhalta den Choiste ar an 25 Márta 2023
- Ceapadh Brendan Whelan mar chathaoirleach ón 19 Aibreán 2023
- D'éirigh Martin Pitt as mar chomhalta den Choiste ar an 25 Márta 2023
- D'éirigh Ann Markey as mar chomhalta den Choiste ar 31 Aibreán 2023
- D'éirigh Colm Campbell as mar chomhalta den Choiste ar an 24 Meitheamh 2023
- Ceapadh John Moody, Sharon Keogh agus Éimear Fisher mar chomhaltaí den Choiste ar an 15 Meán Fómhair 2023.

### An Coiste Daoine agus Cultúir

Comhalta den Choiste Daoine agus Cultúir	13/01/2023	10/03/2023	12/05/2023	13/07/2023	25/09/2023	20/11/2023	Líon na gCruinnithe ar ar freastalaíodh	Íocaíocht €
Yvonne Traynor (Cathaoirleach)	✓	✓	✓	✓	✓	✓	6	Comhalta Boird
Aogán Ó Fearghail	✓	✓	✓		✓	✓	5	Comhalta Boird
Sarah McLoughlin	✓	✓	✓		✓	✓	5	Comhalta Boird
Brendan Whelan	✓	✓	✓	✓	✓	✓	6	Comhalta Boird
Michelle O'Sullivan	✓		✓	✓	✓		4	Comhalta Boird
Matt Walsh				✓	✓	✓	3	Comhalta Boird
Deirdre Cullivan	✓		✓	✓	✓	✓	5	1,425
Bernie O'Reilly	✓	✓	✓	✓	✓	✓	6	1,710

#### Nótaí:

- Ceapadh Matt Walsh mar chomhalta den Choiste ar an 15 Bealtaine 2023.

### An Coiste Pleanála agus Feidhmíochta

Comhalta den Choiste Pleanála agus Feidhmíochta	25/01/2023	17/02/2023	22/03/2023	21/04/2023	25/04/2023	26/05/2023	23/06/2023	21/07/2023	22/09/2023	20/10/2023	17/11/2023	08/12/2023	14/12/2023	Líon na gCruinnithe ar ar freastalaíodh	Íocaíocht €
Fergus Finlay (Cathaoirleach)	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	13	Comhalta Boird
Brendan Whelan	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	13	Comhalta Boird
Anne Carrigy	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓			✓	11	Comhalta Boird
Sarah McLoughlin	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓		✓	✓	12	Comhalta Boird
Sarah Barry	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓		✓	✓	✓	✓	12	1,710
Joan Johnston		✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	12	1,710

**Nótaí:**

- Ceapadh Joan Johnston mar chomhalta den Choiste ar an 27 Eanáir 2023.

### An Coiste Sábháilteachta agus Cáilíochta

Comhalta den Choiste Sábháilteachta agus Cáilíochta	20/01/2023	08/02/2023	10/02/2023	24/03/2023	25/04/2023	19/05/2023	16/06/2023	14/07/2023	08/09/2023	20/10/2023	16/11/2023	13/12/2023	Líon na gCruinnithe ar ar freastalaíodh	Íocaíocht €
Deirdre Madden (Cathaoirleach)	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	12	Comhalta Boird
Fergus O'Kelly	✓	✓	✓		✓		✓	✓	✓		✓	✓	9	Comhalta Boird
Yvonne Traynor	✓	✓	✓	✓	✓		✓				✓	✓	8	Comhalta Boird
Anne Carrigy	✓	✓	✓	✓	✓		✓	✓	✓	✓	✓	✓	11	Comhalta Boird
Margaret Murphy	✓	✓	✓			✓	✓	✓			✓	✓	8	1,710
Cathal O'Keeffe	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓		✓	✓	✓	✓	11	N/A
Jacqui Brown	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓		11	1,710
Anne Kilgallen	✓		✓	✓	✓	✓			✓	✓	✓	✓	9	1,710
Mary Culliton		✓	✓	✓	✓	✓	✓		✓	✓	✓	✓	10	1,710

**Nótaí:**

- Ní fhaigheann Cathal O'Keeffe táille as a bheith ina chomhalta den Choiste Sábháilteachta agus Cáilíochta faoin rial duine amháin, tuarastal amháin.

## Aguisín 8: Sceideal – Tinreamh, Táillí agus Costais an Bhoird agus na gCoistí

### An Coiste Teicneolaíochta agus Trasfhoirmithe

Comhalta den Choiste teicneolaíochta agus Trasfhoirmithe	19/01/2023	03/02/2023	13/04/2023	09/06/2023	12/09/2023	06/10/2023	01/12/2023	Líon na gCruinnithe ar ar freastalaíodh	Íocaíocht €	Costais €
Tim Hynes (Cathaoirleach)	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	7	Comhalta Boird	-
Brendan Whelan		✓	✓	✓			✓	4	Comhalta Boird	-
Fergus O'Kelly	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	7	Comhalta Boird	-
Barry Lowry	✓	✓		✓		✓	✓	5	N/A	-
Martin McCormack	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	7	1,710	-
Rosaleen Killalea	✓	✓	✓		✓	✓	✓	6	1,710	144
Derick Mitchell	✓	✓	✓		✓	✓	✓	6	1,710	108

#### Nótaí:

- Ní fhaigheann Barry Lowry táille as a bheith ina chomhalta den Choiste Teicneolaíochta agus Trasfhoirmithe faoin rial duine amháin, tuarastal amháin.

# Aguisín 9: Comhlíonadh Reachtach

## Ceanglais Reachtach maidir leis an Tuarascáil Bhliantúil

Acht Reachtach
An tAcht Sláinte 2004
Alt 37. – (2) Beidh na nithe seo a leanas i dTuarascáil Bhliantúil:
Ráiteas ginearálta ar na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a chuir an Fheidhmeannacht ar fáil i rith na bliana roimhe sin nó na seirbhísí a cuireadh ar fáil thar a ceann (i gcomhréir le comhaontú faoi Alt 8 nó le socrú faoi Alt 38) agus ar na gníomhaíochtaí a rinne an Fheidhmeannacht an bhliain sin.
Tuarascáil a chur ar fáil ar fheidhmiú an phlean chorparáidigh i rith na bliana
Tuarascáil a chur ar fáil ar fheidhmiú an phlean seirbhíse i rith na bliana
Tuarascáil a chur ar fáil ar fheidhmiú na bpleananna caipitil i rith na bliana
Cuntas ar na socrúithe atá ag an bhFeidhmeannacht chun a cód rialachais a chur i bhfeidhm agus a chinntiú go gcloífead i gcónaí leis
Tuarascáil a cheanglaítear faoi Alt 55 (gearáin), agus
Cibé faisnéis eile dar leis an bhFeidhmeannacht a bheith cuí nó a shonróidh an tAire.

## Aguisín 10: Gluais Téarmaí

Acrainm	
ABF	Maoiniú bunaithe ar Ghníomhaíocht
ADM	Cinnteoireacht Chuidithe
AHR	Atáirgeadh Daonna Cuidithe
AITI	Comhlach d'Institiúid Chánach Éireann
AMRIC	Frithsheasmhacht Ábhar Frithmhiocróbach agus Rialú Ionfhabhtuithe
AMS	Maoirseacht um Ábhar Frithmhiocróbach
ARC	An Coiste um Iniúcháireacht agus Riosca
AYA	Ógánaigh agus Daoine Fásta Óga
BSS	Scórchárta Straitéiseach an Bhoird
C&AG	An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
CAMHS	Seirbhísí Meabhairshláinte Phobail do Leanáí agus d'Ógánaigh
CAWT	Comhoibriú agus Obair le Chéile
CCO	Príomhoifigeach Cliniciúil
CDM	Bainistiú um Ghalair Ainsealacha
CEDIY	Leanáí, Comhionannas, Míchumas, Lánpháirtíochta agus Óige
CEO	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
CH CDLMS	Cúram Sláinte Pobail an Chabháin, Dún na nGall, Liatroim, Muineachán, Sligeach
CHI	Sláinte Leanáí Éireann
CHN	Líonra Cúraim Sláinte Pobail
CHO	Eagraíocht Cúraim Sláinte Pobail
CI	Ionchuimsiú Pobail
COO	Príomhoifigeach Oibriúcháin
COVID	Galar Coróinvírís
CRO	Príomhoifigeach Riosca
CRR	Clár Rioscaí Corparáideacha
CST	An Fhoireann Speisialtóirí Pobail
CT	Scanadh Tomagrafaíoch Ríomhairithe
CUH	Ospidéal Ollscoile Chorcaí
DCEDIY	An Roinn Leanáí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
DEXA	Dual Energy X-ray Absorptiometry
DNA	Níor fhreastail
DNA-CPR	Ná déan iarracht athbheochan
DoH	An Roinn Sláinte
DSGBV	Foréigean Baile, Gnéis, agus Inscne



Acrainm	
ECC	Cúram Pobail Feabhsaithe
ECHO	Macallagram
ED	An Rannóg Éigeandála
EMCC	Comhairle Meantóireachta agus Cóitseála Eorpach
EMT	Foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin
ERHA	Údarás Sláinte Réigiúnach an Oirthir
ERM	Bainistiú um Riosca Fiontraíochta
EU	An tAontas Eorpach
FCA	Comhlach de chuid na gCuntasóirí Cairte
FCCA	Comhalta de Chomhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte
FIT	Teiripe Idirghabhála Anbhainne
GHG	Gás Ceaptha Teasa
GI	Gastraistéigeach
GP	Dochtúir Teaghlaigh
HCAI	Ionfhabhtú Bainteach le Cúram Sláinte
HCID	Galar ionfhabhtaithe le hiarmhairtí tromchúiseacha
HDU	Aonad Ard-Spleáchais
HIQA	An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte
HIV	Víreas easpa imdhíonachta daonna
HPV	Papalómaivíreas Daonna
HR	Acmhainní Daonna
HSCP	Gairmithe Cúraim Shláinte agus Sóisialta
HSE	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
HSeLanD	Seirbhísí ríomhFhoghlama agus Forbartha Sláinte
HSSD	Rannóg Seirbhísí Steiriúla Ospidéal
ICCMS	Córas Comhtháite Pobail um Bainistiú Cásanna
ICGP	Coláiste Dhochtúirí Teaghlaigh Éireann
ICPCD	Clár Chúraim Comhtháite do ghalair Ainsealach
ICPOP	Cláir Cúraim Comhtháite do Dhaoine Aosta
ICT	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
ICU	Aonad Dianchúraim
ID	Míchumas Intleachtúil
IHCP	Pacáistí Dianchúraim Baile
InterRAI	Uirlis Idirnáisiúnta um Measúnú Cónaitheoirí

## Aguisín 10: Gluais Téarmaí

Acrainm	
IPC	Cosc agus Rialú Ionfhabhtuithe
ISBN	Leabharuimhir Caighdeánach Idirnáisiúnta
ISD	Soláthar Comhtháite Seirbhísí
IT	Teicneolaíocht na Faisnéise
ITIL	Leabharlann bonneagair um Theicneolaíocht na Faisnéise
KPI	Príomhtháscaire Feidhmíochta
MBA	Máistreacht i Riaradh Gnó
MCRN	Líonra Athshlánúcháin Chliniciúil Bainistithe
MMR	Bruitíneach, Leicneach, Bruitíneach Dhearg
MMUH	Ospidéal na hOllscoile Mater Misericordiae
MRI	Íomháu Athshondais Mhaighnéadaigh
MSc	Máistreacht in Eolaíochtaí
MSK	Matánchnámharlach
NAS	An tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna
NCCP	An Clár Náisiúnta um Rialú Ailse
NCHD	Dochtúir Neamhchomhairleach Ospidéil
NCIS	Córas Faisnéise Náisiúnta maidir le hAilse
NDHR	Stiúrthóir Náisiúnta Acmhainní Daonna
NFR	Rialacháin Airgeadais Náisiúnta
NGO	Eagraíocht Neamhrialtasach
NHS	An tSeirbhís Náisiúnta Sláinte
NHSS	Scéim Tacaíochta na dTithe Altranais
NIMS	Córas um Bainistíocht Teagmhas
NOPD	An Oifig Náisiúnta um Nochtadh Cosanta
NOSP	An Oifig Náisiúnta um Chosc Féinmharaithe
NSP	Plean Seirbhíse Náisiúnta
NT-proBNP	Peptíd natríuretic cineál N-cineál pro-B
OGD	Éasafaga-Gastra-Dúidéineascópacht
OPD	Rannóg na nOthar Seachtrach
OPDC	Oifig an Choimisinéara um Nochtadh Cosanta
PD	Nochtadh Cosanta
PEPA	Pleanáil, Cumasú, Bainistiú Feidhmíochta agus Dearbhaithe
PhD	Doctor of Philosophy
PHN	Altra Sláinte Poiblí

Acrainm	
PPI	Páirteachas Pobail agus Othar
PPPG	Beartais, Cleachtais, Prótacail, Treoirlínte
PrEP	Próifíolacsas réamhnochta
PSUE	Eispéiris Othar agus Úsáideoirí na Seirbhísí
REO	Oifigeach Feidhmiúcháin Réigiúnach
SEAI	Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
SIA	Measúnú Tionchair Inbhuanaitheachta
STI	Ionfhabhtú Gnéas-Tarchurtha
TILDA	Staidéar Fadaimseartha ar Aosú in Éirinn
TOGAF	Creat um Ghrúpa Oscailte Ailtireachta
ToR	Téarmaí Tagartha
UCD	An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
UEC	Cúram Práinneach agus Éigeandála
UK	An Ríocht Aontaithe
UL	Ollscoil Luimnigh
WLAP	Plean Gníomhaíochta Liostaí Feithimh
WTE	Coibhéis Lánaimseartha



## 6 Rialachas Airgeadais

Forléargas ar Fheidhmíocht agus Airgeadas 2023

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Tuarascáil  
le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Ráitis Airgeadais

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Aguisíní



# Forléargas ar Fheidhmíocht agus Airgeadas 2023

## Réamhrá

Fuair FnaSS ioncam agus maoiniú caipitil de €24.5bn ón Roinn Sláinte (RS) agus ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (DCEDIY) i 2023. Is í seo an chéad bhliain a fuarthas maoiniú ó dhá roinn Rialtais ar leith, i ndiaidh feidhmeanna maidir le seirbhísí míchumais a bheith aistrithe chuig an RLCMLÓ.

Cuirimid fáilte roimh mhórinfheistíochtaí an Rialtais, go háirithe le trí bliana anuas, agus thug siad seo tacaíocht dúinn ionas go mbeadh ar chumas ár gcuid seirbhísí freagairt do bhrúna leanúnacha, ina measc an phaindéim dhomhanda, agus bhí ar ár gcumas chomh maith líon ní b'airde seirbhísí a chur ar fáil. Mar sin féin, ní mór a rá go raibh dúshlán ag baint le feidhmiú a lán de na seirbhísí, (m.sh. an méid othar a bhí sna hospidéal) le blianta fada anuas, de réir mar a sháraíonn an t-éileamh an cumas, atá méadaithe anois, chun freagairt do riachtanas na n-othar.

Ar an 5 Bealtaine 2023, chuir an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (WHO) deireadh leis an stádas éigeandála domhanda maidir le COVID-19 agus moladh gur cheart COVID-19 a bhainistiú anois, díreach mar a dhéantar i gcás galar tógalach eile. Ina theannta sin agus de bharr na héiginnteachta a bhaineann leis an gcogadh san Úcráin agus i Gaza, agus mar thoradh ar bhrú boilsicthe agus fórsaí an mhargaidh saothair, tá brú ollmhór airgeadais ar an maoiniú atá ar fáil dúinn don bhliain.

Bunaíodh Foireann Chlár na Réigiúin Sláinte de chuid FnaSS go luath i 2023 chun maoirseacht a dhéanamh ar dheardh agus ar chur i bhfeidhm an struchtúir nua réigiúnach agus ar an tsamhail oibriúcháin, i gcomhairle leis na príomhpháirtithe leasmhara ar fud na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta, ina measc, othair agus úsáideoirí na seirbhísí, eagraíochtaí deonacha, lucht acadúil agus lucht déanta beartas.

Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le feidhmiú na *Straitéise um Fheidhmiú Plean Gníomhaíochta Sláintecare 2021-2023* agus cuireadh Conradh na nDochtúirí Comhairleacha Poiblí Amháin de chuid *Sláintecare* i bhfeidhm i mí an Mhárta 2023. Foilseofar Creat *Sláintecare* don tréimhse 2024 go 2027 tar éis ceadaithe ón rialtas.

## Comhthéacs Straitéiseach

Meastar go bhfuil os cionn 5.3m duine ina gcónaí in Éirinn faoi láthair, tháinig méadú de 1.9% (i.e. 97,600) ar an daonra sa bhliain go dtí mí Aibreáin 2023. Tháinig ardú de 666,900 duine ar an daonra nó 14.5%, sna 10 mbliana idir 2013 agus 2023. Ba í Éire an tríú tír ba mhó ar tháinig fás ar an daonra, i measc 27 tír de chuid an Aontais Eorpaigh (AE27) (14.4%) (AE27), idir 2013 agus 2023, i ndiaidh Mhalta (28.3%) agus Lucsamburg (23.0%). Ar an iomlán, tháinig méadú 1.7% ar dhaonra an AE27.

Tá an fás daonra is mó i measc na n-aoisghrúpaí is sine. Mhéadaigh an céatadán den daonra atá 65 bliana d'aois nó níos sine ó 12.3% i 2013 go 15.3% i 2023 (ardú os cionn 240,000 duine). Tig linn a fheiceáil go bhfuil daonra na hÉireann ag dul in aois le 10 mbliana anuas, mar gur mhéadaigh céatadán na ndaoine atá 45 bliain d'aois nó níos sine ó 35.4% i 2013 go 40.6% i 2023.


I 2021, ba 80.5 bliain an t-ionchas saoil i measc na bhfear in Éirinn ag tráth a mbreithe, agus bhí sé seo 3.3 bliana ní b'airde ná an meán i.e. 77.2 bliain, san AE27. I 2021, ba 84.3 bliain an t-ionchas saoil i measc na mban ag am a mbreithe, agus bhí sé seo 1.4 bliana níos airde ná an meán i.e. 82.9 bliain san AE27. Is ionann ionchas saoil sláintiúil agus an líon blianta ar féidir le duine a bheith ag súil le maireachtáil i ríocht sláintiúil. I 2021, bhí ionchas saoil sláintiúil ag am a mbreithe de 68.0 bliain i measc na mban in Éirinn, an tríú ceann ab airde san AE27. Bhí sé 3.8 bliain ní b'airde ná an meán de 64.2 bliain san AE27. I 2021, bhí ionchas saoil sláintiúil de 66.4 bliana i measc na bhfear in Éirinn i 2021, an ceathrú ceann ab airde san AE27.

Is rátaí laghdaithe básmhairéachta ó mhórghalair, ar nós, galair an chórais imshruthaithe agus roinnt ailsí, an chúis is mó atá leis an ardú in ionchas saoil anseo. Tá daoine in Éirinn anois ag maireachtáil níos faide agus tá siad níos sláintiúla ná go leor daoine eile ar fud tíortha na hEorpa ach mar sin féin, tá dúshlán ag baint le stíl mhairéachála ina údar imní ó thaobh sláinte in Éirinn, ina measc, an tionchar a bhíonn ag caitheamh tobac agus murtall agus tá níos mó daoine buailte le galar ainsealach amháin nó níos mó. Tá dúshlán mór ag baint leis na hathruithe seo ó thaobh daonra de do phleanáil na seirbhísí sláinte agus cuireadh isteach ar phleanáil arís i mbliana de bharr Covid-19 agus an ghéarchéim san Úcráin agus i Gaza. De bharr an mhéadú atá ag teacht ar an daonra agus daoine ag maireachtáil níos faide, tá sé rithábachtach go bpleanálann na seirbhísí sláinte go héifeachtach do riachtanais um chúram sláinte sa toadhcháil.

Leithdháileadh os cionn €23.5bn do sheirbhísí sláinte poiblí na hÉireann i 2024, ach mar atá léirithe sa Phlean Seirbhíse Náisiúnta 'sáróidh an costas a bhaineann le soláthar ár seirbhísí reatha ag na leibhéil reatha thar an dá mhí dhéag atá romhainn an maoiniú iomlán a bheidh ar fáil don tseirbhís sláinte i 2024'.

I 2022, ba \$4,700 in aghaidh an duine an caiteachas sláinte poiblí in Éirinn, rud a chiallaíonn gur chaith rialtas na hÉireann \$4,700 ar an meán ar chúram sláinte do gach duine sa stáit. Tá sé seo níos airde ná meánchaiteachas sláinte poiblí na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD) (\$3,900 in aghaidh an duine) ach i bhfad níos ísle ná mar a caitheadh in a lán tíortha comparáideacha, ar nós, an Ghearmáin a chaith beagnach \$7,000 in aghaidh an duine. Léiríonn an graf thíos caiteachas sláinte poiblí i 2012-2022 mar US\$ per capita d'Éirinn, don Ghearmáin agus do mheán an ECFE:

## Caiteachas ar Shláinte Poiblí 2012-2022 – US\$ per Capita



Léiríonn an ráta méadaithe ar chaiteachas sláinte poiblí le 10 mbliana anuas gur tháinig méadú 50% ar chaiteachas na hÉireann, ráta méadaithe a bhí i bhfad ní ba lú ná an meán san ECFE (méadú 110%) nó sa Ghearmáin (méadú 76%). I ndáiríre, le bliain anuas, ní raibh ach méadú 3% ar chaiteachas sláinte poiblí in aghaidh an duine in Éirinn, agus bhí meánmhéadú de 6% ar fud an ECFE (agus 8% sa Ghearmáin). Ciallaíonn sé seo go bhfuil an leibhéal infheistíochta i seirbhísí sláinte poiblí na hÉireann le tamall anuas i bhfad níos ísle ná an infheistíocht a rinneadh i bhformhór na dtíortha ECFE.

## Forléargas ar Airgeadas

### Anailís ar Ioncam

Ag tús 2023, fuair FnaSS ciste ioncaim €21.7bn via an Plean Seirbhíse Náisiúnta chun seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a sholáthar. Ag deireadh 2023, léiríonn na ráitis airgeadais ioncaim iomlán de €24.5bn ón RS agus RLCMLÓ. San áireamh anseo, bhí €1.2bn de mhaoiniú aonuaire a cuireadh ar fáil mar mheastachán forlíontach i gcomhair 2023 agus b'ionann é sin agus méadú €1 billiún (4.4%) den mhéid a fuarthas i 2022.

Tábla 1 Anailís ar ioncam iomlán FnaSS i 2023 agus 2022

Sruth Ioncaim (léirithe €'000)	BA 2023	BA 2022	% Difear
Deontas ón Roinn Sláinte	20,750,200		
Deontas ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige	2,720,918	22,482,176	4.40%
“An Chéad Mhuirear”	(185,163)	(195,034)	-5.1%
Ioncam Othar Príobháideach	333,018	370,839	-10.2%
Ioncam Aoisliúntais ón bhfoireann	165,618	159,225	4.0%
Tobhach Pinsin	240,109	226,102	6.2%
Ioncam Eile	149,691	134,999	10.9%
<b>Ioncam Iomlán de reir AFS</b>	<b>24,174,391</b>	<b>23,178,307</b>	<b>4.30%</b>

# Forléargas ar Fheidhmíocht agus Airgeadas 2023 (ar lean)

## Anailís ar Chaiteachas agus Torthaí

Ag deireadh 2023, tá FnaSS ag tuairisciú easnamh ioncain thar chaiteachas de €574.6m nó 2.3% d'ioncam iomlán FnaSS. Tá an chéad mhuirear de mhéid €185m ó 2022 san áireamh sna figiúirí don bhliain 2023.

Is é an caiteachas iomlán a tuairiscíodh do 2023 ná €24.47bn, 6% níos airde ná an caiteachas i 2022.

## Seirbhísí in Ospidéal Ghéarmhíochaine

I measc na seirbhísí a chuirtear ar fáil in ospidéal ghéarmhíochaine, tá cúram sceidealaithe (cúram pleanáilte), cúram neamhsceidealaithe (cúram neamhphleanáilte / éigeandála), seirbhísí diagnóiseacha, seirbhísí speisialtóra (galair neamhchoitianta ar leith nó réimsí an-speisialaithe, ar nós, cúram criticiúil agus seirbhísí aistrithe orgán), seirbhísí ailse, seirbhísí tráma, seirbhísí máithreachais agus leanaí, chomh maith leis an gcúram éigeandála réamh-ospidéal agus idirmheánach a chuireann an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna ar fáil.

D'fhreastail níos mó daoine ná riamh ar RÉ i míonna an gheimhridh i 2022, an leibhéal ab airde riamh ó thosaigh taifid FnaSS agus tháinig méadú ar an leibhéal seo i 2023. Maidir le cúram sceidealta, i 2023, tháinig ardú ar an líon othar seachas a d'fhreastail i 2022 ar fud na réimsí go léir agus tháinig laghdú ar liostaí feithimh dá bharr seo.

Tá méadú tagtha ar chostais oibriúcháin go háirithe costas drugaí, soláthairtí liachta agus máinliachta agus saotharlainne, a léiríonn breis gníomhaíochta sna réimsí seo, agus tá brúnna nach bhfuil costas leo i gceist chomh maith, m.sh. líon níos mó daoine agus breis bearta coiscthe ionfhabhtaithe i ndiaidh COVID.

De bharr Acht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha) (Uimh.2) 2022, cuireadh deireadh leis an muirear €80 sa lá d'othar cónaitheacha, muirear i gcás cásanna lae ina measc, do leanaí faoi 16 bliain d'aois i ngach ospidéal poiblí. Tháinig an fhoráil seo i bhfeidhm ar an 21 Meán Fómhair 2022 agus ina dhiaidh sin cuireadh deireadh le muirear i gcás gach othar cónaitheach agus cásanna lae. Tháinig an fhoráil seo i bhfeidhm ar an 17 Aibreán 2023.

## Seirbhísí do Dhaoine Aosta

Soláthraíonn na seirbhísí do dhaoine aosta réimse leathan seirbhísí, ina measc, tacaíocht baile, cúram lae, tacaíochtaí pobail i gcomhpháirtíocht le grúpaí deonacha agus cúram idirmheánach chomh maith le cúram cónaitheach fadtéarmach nuair nach bhféadfaidh an duine aosta fanacht sa bhaile a thuilleadh (Scéim Tacaíochta Tithe Altranais). Tá aon trian de dhaoine fásta os cionn 75 bliain d'aois in Éirinn leochaileach. Ní mór dúinn leanúint ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta dóibh seo ionas go mbeidh ar a gcumas fanacht ina gcónaí sa bhaile, ina bpobal féin, chomh neamhspleách agus is féidir chomh fada agus is féidir.

## Seirbhísí Meabhairshláinte

Cuimsíonn an réimse seirbhísí meabhairshláinte a chuireann FnaSS ar fáil, nó a chuirtear ar fáil thar ceann FnaSS seirbhísí speisialaithe d'othair chónaitheacha, ospidéal lae, seirbhísí lae agus seirbhísí cónaithe. San áireamh chomh maith, tá seirbhísí meabhairshláinte a chuirtear ar fáil i suíomhanna pobail agus i gcúram príomhúil, chomh maith le tacaíochtaí agus seirbhísí neamhspeisialaithe, a gcuirtear a lán díobh ar fáil i gcomhar lenár n-eagraíochtaí comhpháirtíochta maoinithe. Tá fadhb mhór ann maidir le foireann oilte a earcú sna seirbhísí meabhairshláinte agus sáraíonn an t-éileamh an méid atá ar fáil i gcomhthéacs náisiúnta agus idirnáisiúnta araon agus chomh maith leis sin tá oibríthe oilte, go háirithe oibríthe níos óige, ag baint leasa as deiseanna fostaíochta lasmuigh d'Éirinn. Mar thoradh air seo, bítear ag brath go leanúnach ar ghníomhaireachtaí cliniciúla agus ragobair, agus bíonn costas as cuimse i gceist leo seo.

## Seirbhísí Cúram Príomhúil

Cuireann seirbhísí cúram príomhúil cúram agus tacaíochtaí ar fáil do dhaoine gar do bhaile, ar feadh a saoil. Is cur chuige pobalbhunaithe atá i gceist agus tá cúram dochtúra teaghlaigh (DT) agus seirbhísí DT lasmuigh d'uaireanta oibre i gceist, chomh maith le réimse leathan seirbhísí diagnóiseacha, cóireála agus tacaíochta, ina measc, fiacloireacht, éisteolaíocht, oifailmeolaíocht, síceolaíocht leanaí agus seirbhísí teiripe.

De bharr líon na n-ionad cúram príomhúil atá oscailte le blianta beaga anuas, tá brú breise i gceist, de bharr an chostais a bhaineann le feidhmiú cúram príomhúil. Is cuid lárnach den bhonneagar iad na saoráidí seo atá riachtanach chun seirbhísí cúraim phríomhúil a sholáthar do dhaoine atá ag dul in aois agus tá siad riachtanach chun go mbeadh rath ar an aistriú seirbhísí chuig cúram príomhúil, chun rochtain níos fearr ar chúram sláinte a chinntiú, ina dtugtar deis do dhaoine aonair agus do theaghlaigh teacht ar réimse leathan seirbhísí cúraim phríomhúil in aon áit amháin ina gceantar féin. Thosaigh naoi n-ionad cúraim phríomhúil nua ag feidhmiú i 2023, agus anois tá 174 ionad cúraim phríomhúil ag feidhmiú.



## Seirbhísí Míchumais

Aistríodh seirbhísí míchumais chuig an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige i mí an Mhárta 2023. Chuir RLCMLÓ *Plean Gníomhaíochta do Sheirbhísí Míchumais 2024-2026* i gcrích i Mí Iúil 2023 agus cheadaigh an rialtas é. Cuireann an plean seo chomh maith leis an *Treochlár le Seirbhísí a Fheabhsú 2023-2026*, *Seirbhísí Míchumais do Leanaí agus Daoine Óga* teimpléad solúbtha dírithe ar an todhchaí ar fáil chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar sheirbhísí míchumais. Léiríonn siad seo tiomantas soiléir an Rialtais maidir le tacú le FnaSS, le soláthraithe agus le teaghlaigh dul i ngleic leis na heasnamh shuntasacha reatha sna seirbhísí chomh maith le riachtanais a thiocfaidh chun cinn sa todhchaí.

## Tionscnaimh a Bhain le hAirgeadas

Tacaíonn an rannán Airgeadais Náisiúnta leis an eagraíocht chun infheistíocht uasta chuí inár seirbhísí sláinte a chinntiú agus cuntas a thabhairt ar an infheistíocht sin, ag cinntiú go gcuirtear seirbhísí ar ardchaighdeán ar fáil agus go léirítear an luach is fearr ar an airgead a chaitear. Táthar ag cur bainistíocht airgeadais níos láidre chun cinn, mar aon le dea-chleachtas i ndáil le soláthar, timpeallacht láidir rialachais agus rialaithe agus feabhas leanúnach ar chórais airgeadais agus soláthair, pleanáil, tuairisciú, costáil agus buiséadú chun luach ar airgead a chinntiú agus a léiriú.

Príomhréimsí ina ndearnadh dul chun cinn i 2023:

- Thosaigh an Córas Bainistíochta Airgeadais agus Soláthair comhtháite aonair ag feidhmiú i mí Iúil 2023 chun tacú le tuairisciú airgeadais níos fearr, anailís agus réamhaisnéis san áireamh. Tugadh rochtain do bheagnach 4,000 úsáideoir ar an gcóras, i.e. iad siúd a bhí sa chéad chúig ghrúpa inár feidhmíodh an córas
- Rinneadh dul chun cinn ar chur i bhfeidhm *Phlean Forfheidhmithe an Chláir ABF 2021-23*, forbairt ar Chlár Clinicí Othar Seachtrach atá bunaithe ar TF san áireamh, agus cuireadh clár píolótach bailithe RÉ ar éirigh go maith leis i gcrích
- Rinneadh dul chun cinn maidir le feidhmiú *Phlean Corparáideach Soláthair FnaSS 2022-2024* agus san áireamh anseo cuireadh prótacail um Sholáthar Glas i bhfeidhm
- Tar éis seoladh na Rialachán Airgeadais Náisiúnta athnuaite atá éasca le húsáid, cuireadh sraith seimineáir, oiliúint agus acmhainní a bhaineann leo ar fáil. Tá cúig cinn de na sé shruth oibre den chlár feabhsúcháin ar rialuithe inmheánacha trí bliana i bhfeidhm anois agus táthar ag súil go gcríochnófar an ceann deireanach i 2024
- Cuireadh Clár Tairfead Comhtháite Foirne agus Párolla i bhfeidhm i réigiún an deiscirt agus cuireadh 18,500 fostaí breise leis an gClár. Cuireadh tús le caidreamh le FSnaS an Iarthair agus an Oirthuaiscirt chun feidhmiú an chláir a chur chun cinn agus tá cás gnó á fhorbairt anois ionas go gcuirfeadh an clár i bhfeidhm i ngach gníomhaireacht Alt 38.

## An Dealramh atá ar Chúrsaí don Bhliain 2024

Foilsíodh an Plean Seirbhíse Náisiúnta (NSP) ar an 14 Feabhra 2024 ina leagtar amach na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a chuirfeadh ar fáil laistigh de bhuiséad de €23.520bn a chuirfeadh ar fáil. Tá €2.8bn den €23.520bn seo curtha ar fáil ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige chun seirbhísí speisialaithe míchumais a chur ar fáil agus tá €20.7bn den iomlán curtha ar fáil ag an Roinn Sláinte. Is méadú de €997.5m nó 4.6% é seo ar mhéid an bhuiséid a cuireadh ar fáil do na seirbhísí seo i 2023, le €918.7m breise curtha ar fáil mar mhaoiniú aonuaire.

Cuirimid fáilte roimh an infheistíocht seo ach in ainneoin sin, áfach, beidh an costas a bhainfidh le soláthar ár seirbhísí reatha ag na leibhéil reatha thar an dá mhí dhéag amach romhainn ina dhúshlán mór i gcomhthéacs an mhaoinithe iomláin a bheidh ar fáil don tseirbhís sláinte i 2024. Déanfaidh muid gach iarracht na heasnamh airgeadais a thiocfaidh chun cinn a choinneáil chomh híseal agus is féidir trí dhírú ar ár rialuithe airgeadais a fheabhsú, go háirithe, maidir le leibhéil foirne, na leibhéil seirbhísí reatha a choinneáil agus leibhéil seirbhísí a mhéadú i réimsí ina bhfuil maoiniú sonrath faighte ina leith, déanfar coigilteas, agus cuirfeadh feabhas ar tháirgiúlacht.

Is €1,234.3m an buiséad caipitil iomlán i gcomhair 2024, agus beidh €23m de á chur ar fáil ag an RLCMLÓ agus an chuid eile ón Roinn Sláinte. Is ionann sin agus méadú de 11.5% ar an mbunmhaoiniú seachas an staid deiridh i 2023. Tabharfar tús áite do riosca bonneagair, trealamh agus athsholáthar otharcharranna agus clár gníomhaíochta aeráide, tar éis leithdháileadh an mhaoinithe chun gach gealltanas conartha a bheith comhlíonta.

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Léiríonn an Ráiteas seo ar Rialú Inmheánach an staid don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2023. Leagtar amach ann an cur chuige agus freagracht Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte maidir le Bainistiú Riosca, Rialuithe Inmheánacha agus Rialachas.

Le linn 2023 aistríodh an fhreagracht as beartas, feidhmeanna agus maoiniú a bhaineann le seirbhísí míchumais ar an 1 Márta 2023 ón Roinn Sláinte (RS) go dtí an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ).

## 1. Freagracht maidir leis an gCóras Rialaithe Inmheánaigh

Is éard atá i gceist le rialú inmheánach ná comhtháthú gníomhaíochtaí, pleananna, dearcadh, polasaithe agus iarrachtaí na foirne a oibríonn le chéile chun dearbhú réasúnta a thabhairt go mbaineann FnaSS a misean amach.

Thar ceann Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FnaSS), dearbhaím freagracht an Bhoird as a chinntiú go gcothaítear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh. Chomh maith le timpeallacht rialaithe, atá eacnamúil, éifeachtúil agus éifeachtach agus a thacaíonn le luachanna uile FnaSS. Ullmhaíodh an ráiteas seo de réir an cheanglais atá leagtha amach sa *Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)* de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe (DPENDPDR).

Tá foráil déanta san *Acht Sláinte 2004* arna leasú le *hAcht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas) 2019* do bhord a bhunú (an "**Bord**"), arbh é bord rialaithe FnaSS é, agus údarás aige, in ainm FnaSS, a fheidhmeanna a chomhlíonadh. Tá an Bord cuntasach don Aire Sláinte as comhlíonadh a chuid feidhmeanna. Tá foráil san Acht leasaithe 2004 freisin maidir le Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) atá cuntasach don Bhord. Ní mór don Bhord é féin a shásamh go bhfuil córais chúil rialaithe inmheánaigh curtha i bhfeidhm.

Ceanglaítear ar an mBord athbhreithniú a dhéanamh ar na rialuithe agus na nósanna imeachta atá glactha ag FnaSS d'fhonn dearbhú réasúnta a thabhairt dó féin go bhfuil siad seo sásúil chun go mbeidh ar chumas FnaSS a cuid oibleagáidí reachtúla agus rialachais a chomhlíonadh. Tá an Bord freagrach as rialachas, maoirseacht agus feidhmíocht a neartú. Tá taithí agus saineolas leordhóthanach ag comhaltaí an Bhoird maidir le hábhair a bhaineann le feidhmeanna FnaSS, chun go mbeadh ar a gcumas cur go mór le feidhmíocht éifeachtach agus éifeachtúil na bhfeidhmeanna sin. Foráiltear leis an Acht leasaithe 2004 freisin go mbunófaí Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) agus cibé coistí nó fochoistí eile a mheasann an Bord a bheith riachtanach chun cabhrú leis chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh.

Tá cúig choiste bunaithe ag an mBord chun maoirseacht níos mionsonraithe a sholáthar ar réimsí ar leith mar a shainmhínítear i dtéarmaí tagartha na gcoistí éagsúla. Is iad seo a leanas na coistí sin:

- An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca
- An Coiste Feidhmíochta agus Pleanála
- An Coiste Sábháilteachta agus Cáilíochta
- An Coiste Daoine agus Cultúir
- An Coiste Teicneolaíochta agus Trasfhoirmithe.

Tá na téarmaí tagartha atá ag Coistí an Bhoird foilsithe ar shuíomh gréasáin FnaSS agus déantar athbhreithniú orthu ar bhonn tréimhsiúil.

Bhí 18 cruinniú ag Bord FnaSS i rith 2023, bhí 11 cruinniú míosúil agus 7 gcruinniú eile ag an mBord.

Rinneadh éilimh mhóra arís i 2023 ar fhoireann FnaSS de bharr brú a bheith ar ár seirbhísí, mar thoradh ar síor-ardú ar líon na n-othar agus ar éilimh ar sheirbhísí, ach mar sin féin tugtar tús áite i gcónaí don chóras rialaithe a neartú. Rinneadh a lán dul chun cinn ó thaobh forbairtí agus feabhsuithe próisis i rith 2023 sna réimsí TF, Soláthar, Bainistíocht Riosca, Rialachas, Pá agus Airgeadais i measc nithe eile.

Rinneadh athbhreithniú agus measúnú ar ár rialuithe ar bhealaí éagsúla chun fianaise a sholáthar i gcomhair athbhreithniú bliantúil maidir le héifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

## 2. Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh leagtha amach ionas go mbeifear in ann rioscaí a bhainistiú agus a mhaolú seachas fáil réidh le rioscaí go hiomlán, agus mar sin tá an t-athbhreithniú ar an gcóras rialaithe inmheánaigh leagtha amach chun dearbhú réasúnta, ach ní dearbhú iomlán a thabhairt maidir le héifeachtacht. Tá an córas rialaithe inmheánaigh leagtha amach lena chinntiú go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh mar is cú, agus go gcoisctear nó go mbraitear earráidí agus mírialtachtaí go pras.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha freisin chun a chinntiú go bhfuil prótacail agus beartais chúil i bhfeidhm agus ag feidhmiú go héifeachtach i gcomhthéacs sábháilteachta cliniciúla agus othar.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, atá de réir na dtreoirilínte a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe (DPENDPDR), i bhfeidhm i FnaSS don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2023, agus go dtí an dáta ar faomhadh na ráiteas airgeadais, seachas i gcás na gceisteanna rialaithe atá sonraithe thíos i gCuid 11.

### 3. Cumas maidir le Rioscaí a Láimhseáil

Is é an Bord comhlacht rialaithe FnaSS, agus mar sin tá sé freagrach go hiomlán as an gcóras rialaithe inmheánaigh agus as an gcreat bainistíochta riosca. Is féidir leis an mBord coistí a bhunú chun cúnaimh agus comhairle a chur ar fáil i dtaca le feidhmíocht a dhualgas agus a fheidhmeanna.

Bunaíodh an **Coiste Iniúcháireachta agus Riosca** i gcomhréir le forálacha Acht 2019 agus reachtaíocht eile ina dhiaidh sin. Tá ceathrar comhalta seachtrach agus triúr comhalta de chuid Bhord FnaSS ar an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca. Measann an Bord go bhfuil na scileanna agus an taithí ábhartha ag gach comhalta chun feidhmeanna an Choiste a chomhlíonadh, ina measc gairmithe airgeadais le saineolas agus cáilíochtaí i réimse an airgeadais.

Rinne an Bord ceapachán an Uasal Brendan Whelan a fhaomhadh mar Chathaoirleach an Choiste ar an 26 Aibreán 2023, de réir Chuid 15(2) den *Acht Sláinte 2004*.

Tá na freagrachtaí seo a leanas ar an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca:

- Comhairle a thabhairt don Bhord agus don Phríomhfheidhmeannach faoi chúrsaí airgeadais agus tuairisciú a dhéanamh ar nithe a bhaineann le hairgeadas, lena n-áirítear tuairisciú maidir le comhlíontacht chuig an mBord agus an Aire Sláinte mar is cuí
- Athbhreithniú a dhéanamh ar chuibhiúlacht bheartais chuntasaíochta FnaSS, na ráitis airgeadais bhliantúla (AFS), an tuarascáil bhliantúil agus dearbhuithe rialachais chorparáidigh riachtanacha agus aon ábhair agus comhairle i dtaobh mholadh sásúil a chur faoi bhráid an Bhoird maidir leis na cúrsaí seo
- Maoirseacht a dhéanamh ar an dóigh a bhfuil rialuithe inmheánacha FnaSS ag feidhmiú agus, go háirithe, comhairle a thabhairt maidir le cuibhiúlacht, éifeachtacht agus éifeachtúlacht nósanna imeachta FnaSS maidir le soláthar poiblí agus fáil, coinneáil agus diúscairt sócmhainní
- Maoirseacht agus comhairle a chur ar fáil maidir le feidhm Iniúcháireachta Inmheánaí FnaSS
- Maoirseacht agus comhairle a chur ar fáil maidir le feidhmiú chreat Bainistíochta Rioscaí FnaSS agus gníomhaíochtaí a bhaineann leis seo i ndáil le feidhm bhainistíochta rioscaí (faoi réir athruithe comhaontaithe ar an réimse feidhme a bhaineann le rioscaí um shábháilteacht othar agus cáilíochta)
- Maoirseacht agus comhairle a chur ar fáil maidir le beartais fhrithchaloise, maoirseacht ar oibriú na mbeartas agus na bpróiseas um nochtáil faoi chosaint, agus socruithe i gcomhair imscrúduithe speisialta; conarthaí a scrúdú chomh maith le beartaíocht maoinne agus feidhm na n-eastát; maoirseacht ar fheidhmeanna comhlíontachta
- Athbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe agus ar thorthaí na hiniúcháireachta inmheánaí agus seachtrach agus ar fhreagra na bainistíochta maidir leis na moltaí agus na pointí a eascraíonn astu seo
- Ról agus freagrachtaí ar bith eile atá curtha faoi chúram an Choiste ag Bord FnaSS.

Tá réimse leathan ábhar airgeadais, reachtúil, comhlíontachta agus rialachais san áireamh i bhfeidhmeanna an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca mar atá leagtha amach sa reachtaíocht.

Feidhmíonn an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca de réir Chairt chomhaontaithe a leagann amach go sonrach ról, dualgais agus údarás an Choiste. Tá sé de cheangal ar an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca teacht le chéile ceithre huair sa bhliain, ar a laghad. I 2023, bhí 9 gcruinniú ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca.

Díríonn FnaSS go sonrach ar bhagairtí i ndáil le soláthar seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a réamh-mheas agus a laghdú agus aithnítear an tábhacht a bhaineann le cur chuige réamhghníomhach a ghlacadh i leith bainistíocht riosca chun tacú le cuspóir na heagraíochta a bhaint amach chomh maith leis na ceanglais rialachais a chomhlíonadh. Tá Beartas um Bainistíú Riosca Fiontraíochta FnaSS i bhfeidhm ag FnaSS agus déantar rioscaí a thaifeadadh i gClár na Rioscaí Corparáideacha (CRC) FnaSS. Má aimsítear agus má dhéantar monatóireacht ar rioscaí corparáideacha, tig leis an mBord agus le Foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin (EMT) príomhrioscaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn a mheas agus a bhainistiú.

Ba mhian le FnaSS a chinntiú go bhfeictear go bhfuil an dualgas ar gach duine rioscaí a réamh-mheas agus a bhainistiú, agus tá sé curtha san áireamh mar chuid den ghnáthghnó laethúil chomh maith le go gcuirtear riosca san áireamh mar pháirt den phróiseas pleanála, tosaíochta agus feidhmíochta straitéiseach agus oibriúcháin.

Tacaíonn an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca agus Coistí Boird eile leis an mBord mar cuireann siad torthaí a n-athbhreithnithe maidir le rioscaí in iúl don Bhord. Faigheann an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca tuarascálacha rialta freisin ar bhainistíocht riosca ón bPríomhoifigeach Riosca agus seiceálann sé an dul chun cinn atá á dhéanamh i gcomparáid le pleananna gníomhaíochta comhaontaithe chun rioscaí a aimsítear a bhainistiú. Tá ról maoirseachta ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca maidir leis an obair seo.

Tá **Rannán um Iniúcháireacht Inmheánach** ag feidhmiú i FnaSS ina bhfuil pearsanra leis an oiliúint chuí acu agus feidhmíonn an rannán seo de réir cairte i scríbhinn atá ceadaithe ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca faoin gCreat Idirnáisiúnta um Chleachtais Ghairmiúla do Ghairmithe a bhíonn ag cleachtadh iniúcháireacht inmheánach.

Tuairiscíonn Stiúrthóir Náisiúnta um Iniúcháireacht Inmheánach don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca agus don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus tá an stiúrthóir seo ina bhall d'Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin (FBF) FnaSS agus bíonn sé freagrach as Iniúcháireacht Inmheánach amháin.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach (ar lean)

Is é feidhm na Rannóige Iniúcháireachta Inmheánaí ná dearbhú neamhspleách a thabhairt go bhfuil rialachas, bainistíocht riosca, córais rialaithe agus nósanna imeachta ag feidhmiú go héifeachtach agus de réir na mbeartas agus na rialachán ar leith. Déantar moltaí maidir le feabhas a chur ar rialuithe agus nósanna imeachta nuair a aimsítear easnaimh, agus athbhreithníonn iniúcháireacht inmheánach feidhmiú na moltaí sin agus déanann siad monatóireacht orthu. Clúdaíonn scóip na feidhme Iniúcháireachta Inmheánaí gach córas agus gníomhaíocht ar fud FnaSS, ina measc, comhlachtaí seachtracha a fhaigheann maoiniú iomlán nó i bpáirt ó FnaSS. Déanann an CIR (ARC) clár oibre riosca-bhunaithe bliantúil na hiniúcháireachta inmheánaí a aontú agus a mhaoirsiú.

I rith 2023, d'eisigh an Rannóg Iniúcháireachta Inmheánaí 164 tuarascáil iniúcháireachta maidir le FnaSS agus a gníomhaireachtaí maoinithe. Bhreithnigh an CIR, an Coiste Sábháilteachta agus Cáilíochta agus an FBF torthaí na dtuarascálacha seo.

I gcás gach iniúchadh, tugtar tuairim iomlán bunaithe ar thorthaí an iniúchta, maidir leis an leibhéal dearbhaithe is féidir a sholáthar don CIR agus don bhainistíocht shinsearach maidir le sásúlacht agus éifeachtacht an chórais rialachais, na bainistíochta riosca agus rialuithe inmheánacha atá i bhfeidhm sna réimsí atá san áireamh i raon feidhme na hiniúcháireachta. Sainmhínítear na leibhéil dearbhaithe mar seo a leanas:

Cineál rátála na Tuairime Foriomlán	Sainmhíniú
1. Sásúil	Ar an iomlán, tá córas sásúil, éifeachtach rialachais, bainistíochta riosca agus rialaithe i bhfeidhm. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le roinnt feabhsuithe chun leordhóthanacht agus / nó éifeachtacht an chórais a fheabhsú.
2. Measartha	Tá laigi sa chóras rialachais, bainistíochta riosca agus rialaithe agus dá bharr seo tá riosca measartha ann nach mbainfidh an córas a spriocanna amach. Tá gá le gníomh chun leordhóthanacht agus / nó éifeachtacht an chórais a fheabhsú.
3. Teoranta	Tá laigi sa chóras rialachais, bainistíochta riosca agus rialaithe agus dá bharr seo tá riosca suntasach ann nach mbainfidh an córas a spriocanna amach. Tá gá le gníomh chun leordhóthanacht agus / nó éifeachtacht an chórais a fheabhsú.
4. Míshásúil	Tá laigi sa chóras rialachais, bainistíochta riosca agus rialaithe agus dá bharr seo tá riosca tromchúiseach agus suntasach ann nach mbainfidh an córas a spriocanna amach. Tá gá le gníomh práinneach chun leordhóthanacht agus / nó éifeachtacht an chórais a fheabhsú.

Thug an Stiúrthóir Náisiúnta um Iniúcháireacht Inmheánach tuairim fhoriomlán don CIR bunaithe ar thorthaí na ngníomhaíochtaí um Iniúcháireacht Inmheánach a tuairiscíodh i 2023, i.e. dearbhú teoranta maidir le rialachas, bainistíocht riosca agus rialuithe atá i bhfeidhm sna réimsí a ndearnadh iniúchadh orthu.

Bunaíodh an **Coiste Pleanála agus Feidhmíochta** chun comhairle a thabhairt don Bhord maidir le gach ábhar a bhaineann le feidhmíocht sa tseirbhís sláinte chun a chinntiú go bhfeabhsófar feidhmíocht an oiread agus is féidir sna réimsí atá san áireamh i Scórchartha Straitéiseach an Bhoird chun taithí níos fearr a chinntiú d'othair agus d'úsáideoirí na seirbhísí.

Tugann an **Coiste Sábháilteachta agus Cáilíochta** comhairle don Bhord maidir le saincheistanna a bhaineann le Sábháilteacht agus Cáilíocht Othar.

Tugann an **Coiste Daoine agus Cultúir** comhairle don Bhord maidir le gach ábhar a bhaineann le pleanáil foirne agus fórsa oibre.

Bunaíodh an Coiste Teicneolaíochta agus Trasfhoirmithe chun maoirseacht a chur ar fáil don Bhord maidir leis an gClár ríomhShláinte, TF agus Cibear-Thrasfhoirmiú FnaSS agus chun a chinntiú go mbíonn rioscaí TF agus cibearshláindála ag teacht leis an leibhéal inghlacthachta riosca atá sonraithe. Déanfaidh an Coiste maoirseacht ar an trasfhoirmiú chun soiléire a sholáthar don Bhord agus dá réir go mbeidh ar a gcumas níos mó smachta agus cinnteoireachta a chur i bhfeidhm.

Bíonn cruinnithe rialta ag gach Coiste de chuid FnaSS, de réir a gcairteacha sonracha agus comhlíonann siad ról monatóireachta breise thar ceann Bhord FnaSS.

### 4. An Creat Riosca agus Rialaithe

Mar sheirbhís sláinte, tá sé mar chuspóir againn seirbhísí cúram sláinte agus sóisialta den chaighdeán is airde a chur ar fáil do mhuintir na hÉireann ag teacht lenár misean laethúil. Chomh maith leis sin tá sé d'aidhm againn ar bhonn níos fadtéarmaí go gcuirfí feabhas mór ar na seirbhísí agus ar thaitní na ndaoine atá ag fanacht leo, nó a bhfuil cúram á fháil acu. Is í an éiginnteacht faoin todhchaí an chonstaic is mó maidir lenár gcuspóirí laethúla agus fadtéarmacha a bhaint amach.

Tuigeann FnaSS an tábhacht a bhaineann le cur chuige réamhghníomhach a ghlacadh maidir le bainistíocht riosca ionas go mbeifeair in ann na cuspóirí atá againn a bhaint amach chomh maith leis na ceanglais rialachais a chomhlíonadh. Tá FnaSS tiomanta do chinntiú go bhfeictear go bhfuil freagracht ar gach duine maidir le bainistíú riosca agus tá sé curtha san áireamh mar chuid den ghnáthghnó laethúil agus cinntítear go mbíonn riosca mar pháirt den phróiseas pleanála, tosaíochta agus feidhmíochta straitéiseach agus oibríúcháin.

I mí Aibreán 2023, sheol FnaSS Beartas agus Nósanna Imeachta um Bainistíú Riosca Fiontraíochta 2023, i ndiaidh dó a bheith ceadaíte ag an mBord. Sa cháipéis seo leagtar amach an beartas agus na nósanna imeachta a fheidhmiú FnaSS maidir le rioscaí. Tá an cur chuige seo ag teacht le Treoirlínte um Bainistíocht Riosca ISO 31000:2018.

## Freagracht maidir le Bainistiú Rioscaí

Mar atá sonraithe i gCód Rialachais FnaSS, comhlíonann an Bord príomhfheidhmeanna FnaSS, ina measc, beartais agus nósanna imeachta um bainistiú riosca. Tá Coiste Iníúcháireachta agus Riosca (ARC) FnaSS freagrach as maoirseacht agus comhairle a chur ar fáil maidir le feidhmiú na mbeartas agus na nósanna imeachta um bainistiú riosca FnaSS agus gníomhaíochtaí eile a bhaineann leis an bhfeidhm um bainistiú riosca. Déanann Coistí Boird eile maoirseacht ar phríomhrioscaí sonracha FnaSS, de réir mar a chuir Cathaoirleach an CIR (ARC) faoina gcúram.

Tá an FBF (EMT), faoi cheannas an Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin freagrach as cinnteoireacht i FnaSS. Mar sin, tá siad seo freagrach as beartas bainistithe riosca agus nósanna imeachta a bhaineann leis seo a chur i bhfeidhm agus a chinntiú go gcloítear leo.

Tá cúram leagtha ar an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (SCA) as bainistiú éileamh a thagann as teagmhais chliniciúla agus oibríochtaí faoin Scéim Slánaíochta Cliniciúil (CIS) agus faoin Scéim Slánaíochta Ginearálta (GIS) i gcomhréir leis an *Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú) 2000*. Soláthraíonn an GÉS (SCA) sainchomhairle agus bainistiú riosca do FnaSS chomh maith, agus tacaíonn NIMS, an córas leictreonach tuairiscithe ar bhainistiú teagmhas náisiúnta, leis sin.

Tá an (POR) CRO freagrach as monatóireacht agus tuairisciú riosca éascaíocht a dhéanamh maidir le tuairisciú chuig FBF, chuig CIR agus Coistí Boird FnaSS, ionas go mbeidh ar a gcumas siúd tuairiscí a chur faoi bhráid an Bhoird. Is éard atá i gceist leis seo, i measc freagrachtaí eile, feacht a chothú maidir le réimse na bainistíochta riosca fiontraíochta, rannpháirtíocht sa bpróiseas pleanála corparáidí, tacú le measúnú ar rioscaí féideartha nó rioscaí atá ag teacht chun cinn, tuairisciú rioscaí imheánacha, lena n-áirítear 'CRC FnaSS', agus tuairisciú rioscaí seachtracha i gcás páirtithe leasmhara seachtracha. Leagtar amach i CRC FnaSS na príomhrioscaí a d'fhéadfadh cur isteach ar an bhfeidhmeannacht maidir le cuspóirí eagraíochta a bhaint amach, Sa chlár freisin, sonraítear ár bpleananna maolaithe riosca agus na príomhbhearta rialaithe atá i bhfeidhm.

## Clár na Rioscaí Corparáideacha

Breathnaíonn FnaSS ar na rioscaí a tháifeadtar ar an gClár Rioscaí Corparáideacha agus sna tuarascálacha riosca le linn dóibh a bheith ag ullmhú an Phlean Corparáideach, an Phlean Seirbhíse Náisiúnta (NSP) agus an Bhuiséid Bhliantúil. Tá sé mar aidhm ag an bpróiseas bainistíochta riosca a chinntiú go ndéantar príomhrioscaí FnaSS a aimsiú, a bhainistiú, a mhaoirsiú agus a thuairisciú go comhsheasmhach ar leibhéal náisiúnta. Déanann an FBF athbhreithniú ar Rioscaí Corparáideacha agus bíonn siad páirteach sa bplé a dhéanann an CIR agus an Bord ar an ábhar seo. Déanann an FBF athbhreithniú ar na Rioscaí Corparáideacha go léir agus na pleananna gníomhaíochta gaolmhara mar chuid de phróiseas athbhreithnithe ar bhonn míosúil, nó uair sa ráithe ag brath ar an gcineál riosca atá i gceist.

Rinneadh athbhreithnithe ráithiúla eile i mí an Mheithimh, Meán Fómhair agus i mí na Nollag. I dteannta an phróiseas athbhreithnithe ráithiúil, féadfaidh an POR tuairisciú ar bhonn míosúil trí eisceacht, má tharlaíonn aon athruithe suntasacha níos tromchúisí ar rioscaí corparáideacha sa tréimhse idir na hathbhreithnithe ráithiúla.

Ní mór cláir rioscaí a bheith ar fud na heagraíochta. Déantar na príomhrioscaí a bhaineann le FnaSS a tháifead. Ba cheart go mbeadh na cláir rioscaí mar stór lárnach faisnéise maidir leis an riosca ar leith (i.e. bearta / rialuithe maolaithe riosca, rialuithe breise a bhfuil gá leo chomh maith le plean chun iad sin a fhorbairt. Dáiltear na tascanna sin ar dhaoine ar leith agus sonraítear amscálaí maidir leis an obair seo a chur i gcrích, ag tomhas leibhéal an riosca de réir rátáil an riosca sin agus de thoradh air seo, is féidir monatóireacht a dhéanamh ar cé chomh rathúil agus atá na bearta maolaithe riosca chun an riosca a mhaolú).

## Creat Rialuithe

Tá creat rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm ag FnaSS, ar a ndéantar monatóireacht lena chinntiú go bhfuil cultúr éifeachtach rialaithe inmheánaigh ann. Tá **Cód Rialachais** FnaSS a le fáil ar [www.hse.ie](http://www.hse.ie) agus tá na nithe seo a leanas san áireamh ann:

- Léiríonn an Cód Rialachais na caighdeáin iompraíochta, na beartais agus na nósanna imeachta reatha atá le cur i bhfeidhm ag FnaSS san eagraíocht agus sna gníomhaireachtaí atá á maoiniú ag FnaSS chun seirbhísí a sholáthar thar a ceann
- Soláthraíonn an Cód Rialachais soiléireacht maidir le róil agus na freagrachtaí rialachais a bhaineann leis an Aire Sláinte agus a chuid oifigeach sa RS, le Bord FnaSS agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin FnaSS agus le foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin FnaSS
- Tugtar cuntas mionsonraithe sa Chreat Feidhmíochta agus Cuntasachta ar na modhanna a úsáidfead chun bainisteoirí sa tseirbhís sláinte, iad siúd sna hEagraíochtaí Cúraim Sláinte Pobail (CHO) agus i nGrúpaí Ospidéal san áireamh, a thabhairt chun cuntais i leith a gcuid feidhmíochta maidir le soláthar seirbhísí, cáilíocht agus sábháilteacht othar, airgeadas agus an fórsa oibre.
- Tá creat nósanna imeachta riaracháin i bhfeidhm, a shonraíonn deighilt dualgas, córas tarmilgín agus cuntasachta, córas údaraithe caiteachais agus tuairisciú rialta ó bhainisteoirí
- Tá Rialacháin Airgeadais Náisiúnta FnaSS mar chuid lárnach den chóras rialaithe inmheánaigh agus dearadh iad le go mbeidís ag teacht leis na riachtanais reachtúla agus lena chinntiú chomh maith go mbeifí ag comhlíonadh na dtreoirilínte eárnála poiblí, a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe (DPENDPDR). Rinneadh na rialacháin a athnuachan le déanaí agus foilsíodh iad i mí Eanáir 2023. Déanann coiste um athruithe rialuithe athbhreithniú orthu seo ar bhonn rialta ar mhaithe le dea-chleachtas agus lena chinntiú go gcomhlíontar gach riachtanas dlí agus reachtúil

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach (ar lean)

- Tá córas buiséid déabhlóidithe bliantúil i bhfeidhm i FnaSS, agus gach bliain déanann an tAire Sláinte an Plean Seirbhíse Náisiúnta (NSP) a fhaomhadh go foirmiúil. Socraítear teorainneacha cuntasachta ar leith agus déantar monatóireacht orthu thar ceann an POF
- Tá réimse leathan beartas, nósanna imeachta, prótacail agus treoirínte scríofa i bhfeidhm i FnaSS maidir le rialuithe oibríocháin agus airgeadais
- Déanann FnaSS athbhreithniú cuimsitheach bliantúil ar an gcóras rialaithe inmheánaigh, agus tugtar mionchuntas air sin níos faide ar aghaidh sa tuarascáil seo
- Tá córais agus rialuithe ann, atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide i FnaSS, a chinntiú. Tugtar tús áite dó seo i FnaSS i bhfianaise na ndúshlán a bhaineann le córais iomadúla a bhainistiú ar fud FnaSS ar fad. Tá forbairtí leanúnacha ar siúl chun slándáil a fheabhsú agus chun a chinntiú go bhfuil an leibhéal cuí acmhainní agus scileanna ag FnaSS chun sláine an chórais a chosaint, lena chinntiú go ndéantar sonraí agus faisnéis a chosaint.

Ina theannta sin, ní mór do na bainisteoirí sinsearach uile ag Grád VIII nó os a chionn Ráiteas um Dhearbhú Rialuithe (CAS) a chur i gcrích. De réir an ráitis seo, is gá do bhainisteoirí a dhearbhu go bhfuil siad eolach ar na príomhrialuithe airgeadais agus an cód rialachais atá i bhfeidhm i FnaSS, agus go bhfuil siad á gcomhlíonadh. Foilsítear torthaí mionsonraithe an athbhreithnithe seo sa Tuarascáil ar Éifeachtúlacht an Chórais Athbhreithnithe Rialaithe Inmheánaigh i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, a chuirtear i gcrích gach bliain.

### 5. Soláthar

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm i FnaSS chun comhlíonadh a chinntiú maidir leis na rialacha agus treoirínte reatha soláthair. Nuair a bhíonn earraí agus seirbhísí á soláthar, caithfidh gach réimse laistigh de FnaSS cloí leis na nósanna imeachta ábhartha soláthair atá leagtha síos go sonrath i Rialacháin Náisiúnta Airgeadais FnaSS.

Tugtar cuntas faoi cheannteideal 11, Ceisteanna um Rialú Inmheánach ar gach ábhar a bhaineann le rialuithe soláthair.

### 6. Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don Bhord agus don bhainistíocht shinsearach. Deimhním go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- Aithníodh príomhrioscaí agus na rialuithe a bhain leo agus tá próiseas i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar an dóigh a bhfuil na rialuithe sin ag obair
- Tá socrúithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal maidir le gach réimse inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais
- De réir an Chomhaontú Maoirseachta, bíonn cruinniú ag an Aire Sláinte, Cathaoirleach an Bhoird chomh maith leis an POF le chéile go rialta chun cúrsaí feidhmíochta, rialachais, cúrsaí a bhaineann le leasuithe agus dul chun cinn maidir leis an PSN a phlé agus a athbhreithniú
- Déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais, a léiríonn feidhmíocht FnaSS i gcomparáid le buiséid / réamhaisnéisí
- Déanann an Roinn Sláinte athbhreithnithe rialta ar fheidhmíocht FnaSS i dtéarmaí buiséid agus pleananna seirbhíse chomh maith le príomhthuarascálacha neamhairgeadais, ar nós, phleanáil an fhórsa oibre
- Déanann an RLCMLÓ athbhreithnithe rialta ar fheidhmíocht FnaSS i dtéarmaí buiséid agus pleananna seirbhíse, go sonrath maidir le seirbhísí míchumais atá á maoiniú anois ag an Aire sa RLCMLÓ
- Bíonn cruinniú ag an POF leis an FBF (EMT) ar a laghad dhá uair sa mhí
- Bíonn cruinnithe míosúla Boird ann ar a bhfreastalaíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus baill den FBF
- Buailteann gach Coiste de chuid an Bhoird le chéile go rialta chun athbhreithniú a dhéanamh ar réimsí atá faoina gcúram agus chun comhairle agus aiseolas a sholáthar don Bhord
- Leanann an Bord, na coistí agus an Fhoireann Bainistíochta Shinsearach ag breithniú ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag paindéim eile, cásanna eisceachtúla agus an baol go mbeadh cibear-ionsaithe sa todhchaí, ar gach réimse de FnaSS, cúrsaí maoinithe san áireamh, chomh maith le cúrsaí rialaithe agus riosca agus socrúithe rialachais. Tá an Oifig Náisiúnta um Bainistíocht Éigeandála ag forbairt plean i láthair na huair a fhéachann ar gach réimse de bhainistiú oibríochta um paindéim.

Tá freagracht ar an nGrúpa Maoirseachta na Feidhmíochta Náisiúnta GMFN (NPOG) as feidhmíocht a mhaoirsiú de réir an Plean Seirbhíse Náisiúnta, mar chuid den phróiseas cuntasachta i gcoitinne.

Bíonn cruinniú míosúil ag baill GMFN chun athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht i gcomparáid leis an bPlean Seirbhíse Náisiúnta. Ullmhaítear tuarascáil mhíosúil ar fheidhmíocht don POF, ina n-áirítear sonraí maidir le haon fhadhbanna feidhmíochta tromchúiseacha a dteastaíonn gníomh a dhéanamh ina leith, ar bhonn práinne.

Cuireann an POF nuashonrú maidir le feidhmíocht ar fáil don Bhord gach mí agus cuirtear na tuairiscí ón GMFN i láthair.

Ina theannta sin, mar a luadh i gCuid 3, tá coistí cuí ceaptha ag an mBord chun comhairle a chur ar an mBord maidir lena chuid feidhmeanna a chur i gcrích mar is cuí.

Tá obair na hIníúcháireachta Inmheánaí ina cuid thábhachtach den mhonatóireacht ar an gcóras rialaithe inmheánaigh i FnaSS. Bíonn plean oibre bliantúil na hIníúcháireachta Inmheánaí bunaithe ar anailís ar na príomhrioscaí atá ann do FnaSS agus déanann an Coiste Iníúcháireachta agus Riosca an plean oibre seo a fhaomhadh. Freastalaíonn an Stiúrthóir Náisiúnta um Iníúcháireacht Inmheánach ar gach cruinniú den Choiste Iníúcháireachta agus Riosca. Bíonn cruinnithe rialta duine le duine aige le Cathaoirleach an Choiste Iníúcháireachta agus Riosca, atá ina chomhalta de Bhord FnaSS. Ina theannta sin, bíonn cruinnithe rialta duine le duine ag an Stiúrthóir Náisiúnta um Iníúcháireacht Inmheánach leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin. Déantar monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtacht rialuithe inmheánacha FnaSS bunaithe ar eolas ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (C&AG), chomh maith. Déanann an Bord, FBF (EMT) agus an Coiste Iníúcháireachta agus Riosca athbhreithniú ar thuairimí agus moltaí a dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litreacha bainistíochta, ina dheimhnithe iniúcháireachta nó ina thuarascálacha bliantúla, agus déantar bearta chun na moltaí sin a chur i bhfeidhm.

## 7. Trealamh Cosanta Pearsanta (PPE) agus Bainistiú Stoic

Mar a tharla le blianta beaga anuas, ba sholáthraithe Éireannacha a chuir an chuid is mó den Trealamh Cosanta Pearsanta ar fáil do FnaSS i rith 2023, ag teacht le gealltanais a rinne an Rialtas roimhe seo.

Meastar gur €41m an costas iomlán TCP a ghearrfar ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais, mar atá luaite i Nóta 1(b) de na Ráitis Airgeadais Bhliantúla.

Ar an 31 Nollaig 2023, thuairiscigh FnaSS go raibh €28.4 milliún de stoc TCP ina seilbh nár úsáideadh roimh dheireadh na bliana. (BA 2022: €37.3 milliún).

## 8. Vacsainí agus Antaiginí

Chun a dheimhniú go mbítear ag cosaint an phobail ar bhonn leanúnach, tá sé de dhualgas ar FnaSS a chinntiú go mbíonn dóthain Vacsainí COVID-19 ann lena chinntiú go dtabharfar deis do gach saoránach incháilithe vacsaín a fháil.

Mar a tharla an bhliain seo caite, tháinig laghdú ar an líon daoine a ghlac na vacsaíní agus mar thoradh air sin, léiríonn ráitis airgeadais FnaSS díscríobh breise de €64.5m i 2023(2022: €33.7m). Baineann an díscríobh seo le stoic vacsaíní atá imithe in éag mar go raibh dáta éaga an déantóra thart agus stoic nach raibh oiriúnach le dáileadh a thuilleadh, bunaithe ar threoir ón bPríomhoifigeach Leighis.

Ina theannta sin léiríonn ráitis airgeadais FnaSS soláthar vacsaíní atá ag dul as feidhm de luach €22m (2022: €60.7m) i ndáil le stoic a bheidh as dáta faoi R2 de 2024.

Ag deireadh na bliana 2023, thuairiscigh FnaSS chomh maith go raibh soláthar de thástálacha antaiginí de luach €12.5m le dul as feidhm toisc nach dócha go n-úsáidfear iad roimh an dáta éaga.

## 9. Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht an Chórais um Rialú Inmheánach

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm i FnaSS chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta maidir le bainistiú riosca agus rialaithe.

Tá monatóireacht agus athbhreithniú FnaSS ar an gcóras rialaithe inmheánaigh bunaithe ar obair na hIníúcháirí inmheánacha agus Seachtracha, an Choiste Iníúcháireachta agus Riosca agus na mbainisteoirí sinsearach i FnaSS, atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh.

Dearbhaím gur chuir FnaSS athbhreithniú bliantúil i gcrích maidir le héifeachtúlacht na Rialuithe Inmheánacha don bhliain 2023 inar cuireadh na gnéithe seo a leanas san áireamh:

- Miontuairiscí agus tuarascálacha an Choiste Iníúcháireachta agus Riosca
- Tuarascáil Bhliantúil Stiúrthóir Náisiúnta na hIníúcháireachta Inmheánaí, le torthaí agus moltaí na dtuarascálacha iniúcháireachta inmheánaí, san áireamh
- Torthaí an Cheistneora maidir le Rialú Inmheánach (ICQ) agus Ráitis um Dhearbhu Rialaithe (CAS)
- Stádas na moltaí a d'eascair as tuairiscí na mblianta roimhe seo i dtaca le hAthbhreithniú ar Éifeachtacht an Chórais Rialaithe Inmheánaigh
- Moltaí ó litreacha bainistíochta an ARC&C (C&AG)
- Clár iniúcháireachta 2023 an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, agus go háirithe na rioscaí iniúcháireachta a saináithníodh sa chlár
- Tuarascálacha an Choiste Cuntas Poiblí
- Miontuairiscí an Bhoird agus an FBF
- Miontuairiscí an ghrúpa stiúrtha / an ghrúpa oibre / na ngrúpaí forfheidhmithe srl

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach (ar lean)

- Athbhreithnithe seachtracha a rinne FnaSS chun fadhbanna maidir le rialú inmheánach a aimsiú agus beartais agus próisis ghnó leasaithe a chur i bhfeidhm
- Déantar athbhreithniú ar Chlár Rioscaí Corparáideach FnaSS gach ráithe agus déanann an POR (CRO) maoirseacht ar an bpróiseas seo. Ní mór Clár Rioscaí a bheith i bhfeidhm i bpríomhréimsí na heagraíochta, agus déantar na príomhrioscaí do FnaSS a thaifead ar na clár seo
- Torthaí ag eascairt as na socruithe monatóireachta um chomhlíonadh le gníomhaireachtaí Alt 38 agus Alt 39
- Athruithe ar an timpeallacht oibre agus cianobair agus bealaí nua oibre
- Tionchar na n-aistrithe foirne go háirithe i bpríomhréimsí faoi phribhléid mar fheidhmeanna Párolla, Cuntais Iníochta agus Baincéireachta agus Cistíochta
- Athbhreithniú ar cheanglais agus feasacht i ndáil le RNA (NFR)
- Athbhreithniú ar phríomhphleananna, ar nós, Plean Geimhridh FnaSS, Plean Seirbhíse Náisiúnta agus tionchar an mhaoinithe bhreise
- Staid maidir le dul chun cinn gach ceann de na sé shruth oibre a aithníodh mar chuid den chlár feabhsúcháin trí bliana ar rialuithe a rinne FBF (EMT) a fhaomhadh, i 2022.

Éilíonn FnaSS go bliantúil ar gach ball foirne sinsearach ábhartha ag Grád VIII (nó a chomhionann) agus os a chionn ceistneoir rialaithe inmheánaigh (ICQ) a chomhlánú, atá leagtha amach chun aiseolas riachtanach a sholáthar maidir le príomhréimsí rialaithe agus riosca. Cuireann sé seo ar chumas FnaSS monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na bpríomhrialuithe agus gníomhaíocht ceartúcháin a stiúradh, nuair is gá.

Tháinig méadú 18% breise ar an líon daoine a ghlac páirt sa cheistneoir i 2023. Léiríonn sé seo an tuiscint atá ag fás i measc fhoireann FnaSS ar fad, ag gach leibhéal, maidir leis an tábhacht a bhaineann le dea-rialuithe agus na rialuithe sin a chomhlíonadh.

D'fhostaigh FnaSS comhlacht iniúcháireachta neamhspleách trí phróiseas iomaíoch, agus rinne siad seo athbhreithniú ar 6% de na daoine a ghlac páirt in ICQ, agus léiríodh leibhéal dearbhairthe an-ard maidir le hionracas na bhfreagraí.

Déanann an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus FBF (EMT) agus Bord FnaSS athbhreithniú bliantúil ar an tuarascáil um athbhreithniú ar an gcóras rialaithe inmheánaigh.

Léiríonn torthaí an athbhreithnithe go bhfuil fianaise ann maidir leis na nithe seo:

- Ghlac FnaSS sraith de bheartais agus nósanna imeachta inmheánacha, atá mar bhunús leis an gcreat rialaithe inmheánaigh
- Nuair a aithníodh rioscaí ardleibhéil, cuireadh rialuithe maolaithe / cúitimh i bhfeidhm, de ghnáth
- Fuarthas amach go raibh roinnt mhaith cásanna ann nár comhlíonadh na beartais agus na nósanna imeachta seo ar ghlac FnaSS leo, agus dá bharr seo cuireadh an eagraíocht i mbaol ó riosca ábhartha
- Áfach, Tá feabhsuithe leanúnacha próisis agus rialaithe le feiceáil i go leor réimsí
- Tháinig méadú ar an bhfeasacht maidir leis an ngá atá le rialuithe inmheánacha agus cuntasacht le linn 2023, agus tháinig méadú 18% go 4,220 ar líon na mball foirne a chríochnaigh suirbhé ICQ, rud atá an-suntasach i gcomhthéacs na n-éileamh breise atá á ndéanamh ar an bhfoireann. Chomh maith leis sin tháinig méadú de 31%, sin 2,046 den fhoireann chliniciúil a ghlac páirt sa suirbhé, is ionann sin agus leath nach mór den líon foirne a ghlac páirt sa suirbhé
- Tugann anailís le fios go bhfuil tuiscint agus feasacht an-ard ag formhór na mbainisteoirí maidir lena bhfreagracht i dtaca le rialuithe inmheánacha. Mar sin féin, tá tuilleadh oibre le déanamh chun a chinntiú go mbeidh cur chuige comhsheasmhach agus ag na bainisteoirí go léir agus go dtuigfidh siad an tábhacht atá ag baint le feabhas breise a chur ar an timpeallacht rialaithe inmheánaigh
- Mheas an t-athbhreithniú go bhfuil dearbhú réasúnta ann maidir leis an gcóras rialuithe inmheánaigh, go bhfuil sé in ann na príomhrioscaí bunúsacha a d'fhéadfadh gníomhaíochtaí a chur i mbaol, a mhaolú agus / nó a bhainistiú. Mar sin féin, de bharr na laigí a aithníodh agus an méid a léirigh an Stiúrthóir Náisiúnta um Iniúcháireacht Inmheánach, is féidir a rá go bhfuil an dearbhú seo teoranta. Tá líon suntasach laigí fós i rialuithe inmheánacha FnaSS, mar is follasach ón líon sárúithe a tharlaíonn. Ba cheart a rá, mar sin féin, gur tugadh tús áite do rialuithe agus comhlíonadh agus rinneadh feabhsuithe i ndáil le cúrsaí rialaithe i gcásanna áirithe
- Tá fianaise ann go bhfuil feasacht agus tuiscint ag bainisteoirí FnaSS ar an ngá atá le cuntasacht agus freagracht chun córas láidir rialaithe inmheánaigh a chinntiú. Mar sin féin, cé go bhfuil feabhas ag teacht ar na cúrsaí seo bliain i ndiaidh bliana, tá fianaise ann go fóill go bhfuil easpa tuisceana áirithe maidir leis na príomhthreoirilínte agus na beartais ábhartha ar fud na heagraíochta. Díriodh go sonrach ar sheisiúin oiliúna bainistíochta agus foirne mar chuid lárnach de phleananna feabhsúcháin rialaithe i 2023 agus d'fhreastail beagnach 4,500 ball foirne ar oiliúint maidir le rialú i rith 2023. Tabharfar tús áite do chlár oiliúna nua a fhorbairt, agus rinneadh modúl deimhnithe RNA (NFR) a fhorbairt ar HseLanD i 2023 i gcomhar le Aurion agus foilsíodh é seo níos luaithe an mhí seo.

Tríd is tríd, is féidir dearbhú teoranta seachas cinnteacht iomlán a shonrú maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh reatha chun príomhrioscaí bunúsacha, a bhaineann le gníomhaíochtaí airgeadais neamhchosanta, a mhaolú agus / nó a bhainistiú. De bharr na gcásanna nach raibh ag cloí leis na rialuithe, tá an leibhéal dearbhairthe is féidir a sholáthar teoranta. Leanfaidh FnaSS ag díriú go mór ar rialuithe atá á reáchtáil ar fud na heagraíochta, an clár feabhsúcháin um rialú inmheánach san áireamh.

Tá cuntas tugtha ar na laigí rialaithe, a aimsíodh san athbhreithniú, i gCuid 11 – Fadhbanna um Rialú Inmheánach mar aon leis an ngníomh bainistíochta atá á dhéanamh chun dul i ngleic leis na fadhbanna seo.



## 10. Plean Feabhsúcháin um Chreat Rialaithe Inmheánaigh

Leanadh le cur chun cinn an Chláir Feabhsúcháin um Rialuithe Inmheánacha i 2023, faoi cheannas oifig an Phríomhoifigigh Airgeadais (CFO). Tá ceithre cinn as sé shruth oibre críochnaithe anois agus san áireamh sa phróiseas laethúil agus tá na forbairtí eile le cur i gcrích de réir mar a bhí leagtha amach, agus tús le cur lena bhfeidhmiú i 2024.

Díríonn an plean seo ar shé mhórshruth oibre mar seo a leanas, a chuideoidh le tacú le rialuithe láidre ar fud na bpríomhréimsí uile de chuid FnaSS.

Meastar go mbeidh na sruthanna oibre go léir mar chuid de ghnáthghníomhaíochtaí ag tús 2024 agus go mbeidh tionchar suntasach acu chun feabhas a chur ar chóras iomlán um rialú inmheánach FnaSS. De réir mar a chuirtear chun cinn iad.

**Sruth Oibre 1** Tá athbhreithniú agus athscríobh ar Rialacháin Náisiúnta Airgeadais FnaSS, curtha i gcrích. Seoladh creat Rialacháin Náisiúnta Airgeadais (NFR), nua ar an 31 Eanáir 2023 agus réachtáladh clár oiliúna i rith na bliana ar fud na heagraíochta.

Ina theannta sin, ullmhaíodh clár oiliúna deimhnithe maidir le RNA (NFR) i rith 2023 agus seoladh ar ardán oiliúna HSeLanD é i mí Feabhra 2024.

**Sruth Oibre 2** Tá an sruth seo, a bhaineann le cumarsáid agus oiliúint, forbartha go maith agus i bhfeidhm go príomha. Gach bliain, cuirtear sceideal iomlán craoltaí agus seimineáir oiliúna ar fáil ar ar líne maidir le hábhair rialaithe éagsúla, iad siúd a léirigh iniúchadh a rinneadh le déanaí mar ábhair imní ó thaobh rialaithe de chomh maith le torthaí CARP.

D'fhreastail nach mór 4,500 ball foirne de chuid FnaSS ar na seisiúin oiliúna ar líne agus ar chainéil dhigiteacha mar YouTube agus ardán oiliúna HseLanD.

**Sruth Oibre 3** Tá sé seo anois mar pháirt de ghnáthghnó na heagraíochta agus is éard atá i gceist ná bunachar sonraí a bhaineann le rialuithe a chuireann feabhas ar tuairisciú agus monatóireacht i dtaca le torthaí rialaithe ionas gur féidir leis an mbainistíocht cinneadh a dhéanamh go héasca maidir leis na fadhbanna rialaithe ar gá dóibh dul i ngleic leo ina réimsí freagrachta féin.

Cuirtear na tuairiscí rialuithe seo ar fáil gach ráithe (ina measc, tuairisc ó Phróiseas Athbhreithnithe um Dhearbhú Rialuithe (CARP). Tugann na tuairiscí seo forléargas don bhainistíocht shinsearach ar na príomhúdair imní maidir le rialú, ina réimsí féin, a aimsíodh le linn na bPróiseas Athbhreithnithe um Dhearbhú Rialuithe (CARP), Iniúchóireacht Inmheánach chomh maith le torthaí ó thuairisc an ARC&C. Chomh maith leis sin aontaítear pleananna gníomhaíochta gach bliain bunaithe ar thorthaí CARP agus déantar monatóireacht maidir le dul chun cinn sa réimse seo.

Tá feabhas curtha ar an mbunachar sonraí de bharr go bhfuil uirlis shaincheaptha stórála sonraí agus tuairiscithe forbartha, a laghdóidh an méid oibre a dhéantar de lámh agus a thabharfaidh deis d'ilúsáideoirí rochtain bheo, ach slán, a fháil ar thuarascálacha agus freagairtí níos tapúla a chur i bhfeidhm.

Baineann **Sruth Oibre 4** le creat rialaithe a fhorbairt a chuirfidh ar chumas gach Réigiún agus Rannán Sláinte, tagarmharcáil a dhéanamh ar a rialuithe inmheánacha agus athbhreithniú mionsonraithe a dhéanamh ina réimsí féin, maidir le gach ceannteideal rialaithe airgeadais.

Cuireadh clár píolótach i gcrích agus tá athphleanáil á dhéanamh anois chun athbhreithniú a dhéanamh ar aiseolas agus ceachtanna atá foghlamtha chun feabhas a chur ar an bpróiseas.

Baineann **Sruth Oibre 5** le bainistiú feidhmíochta.

Mar atá luaite i Sruth Oibre 3, tá tuarascálacha maidir le feidhmíocht Rialuithe i bhfeidhm anois a thugann forléargas don bhainistíocht shinsearach ar na príomhúdair imní maidir le rialú, ina réimsí féin, a aimsíodh le linn na bPróiseas Athbhreithnithe um Dhearbhú Rialuithe (CARP), san Iniúchóireacht Inmheánach chomh maith le torthaí an ARC&C.

Baineann **Sruth Oibre 6** le feabhas a chur ar an dara líne chosanta de chuid FnaSS trína chinntiú go bhfuil dóthain acmhainní ar fáil chun tacú leis an mbainistíocht i dtaca le seiceálacha rialta a dhéanamh chun a chinntiú go bhfuil rialuithe inmheánacha sásúla i bhfeidhm.

Tá acmhainní suntasacha breise faighte ag na príomhréimsí Rialachais agus Comhlíontachta Náisiúnta, Soláthar maoirseacht AD (Acmhainní Daonna) maidir le ró-íocaíochtaí párolla, agus bunaíodh Aonaid Tacaíochta um Bainistiú Conarthaí (CMSU) i ngach eagraíocht pobail chun cabhrú le rialachas deontas do ghníomhaireachtaí seachtracha.

## 11. Fadhbanna um Rialú Inmheánach

Tá cuntas ar na laigí a aimsíodh luaite anseo thíos.

### I. Easpa Córas Comhtháite Bainistithe Airgeadais agus Soláthair (IFMS)

Níl aon chóras aonair airgeadais agus soláthair ag FnaSS. De bharr nach bhfuil a leithéid de chóras i ag FnaSS, cruthaíonn sé dúshlán bhreise maidir le hoibriú éifeachtach an chórais um rialú inmheánach airgeadais. Tá athdhearbhú déanta ag a lán athbhreithnithe seachtracha go bhfuil lucht airgeadais FnaSS den tuairim nach bhfuil na córais airgeadais reatha oiriúnach don fheidhm.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach (ar lean)

Ós rud é nach bhfuil aon chóras aonair náisiúnta ann, tá gá an-chuid oibre a dhéanamh de láimh chun a chinntiú go bhfuil na córais airgeadais áitiúla agus an Réiteach um Thuairisciú Náisiúnta Airgeadais sioncronaithe agus go réitíonn siad lena chéile. Tá an cur chuige seo ag éirí níos dúshlánaí i bhfianaise na n-athruithe ar an struchtúr eagraíochtúil agus de bharr go bhfuil córais ag dul in aois.

Is í an phríomhsprioc atá ag an gClár um Athchóiriú Airgeadais ná córas aonair náisiúnta comhtháite um bainistiú airgeadais agus soláthair, nó IFMS, a chur i bhfeidhm, bunaithe ar shraith de phróisis airgeadais agus soláthair caighdeánacha comhaontaithe, Cairt Náisiúnta Cuntas aonair agus Struchtúr Náisiúnta Fiontraíochta, chomh maith le Samhail Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte nua.

Cuirfidh an Creat Bainistíochta Airgeadais dlús le tionscadal um chóras aonair náisiúnta comhtháite um bainistiú airgeadais agus soláthair, (IFMS) mar leagann an Creat amach an próiseas, an rialachas agus na rialuithe a theastaíonn chun cleachtas éifeachtach bainistíochta airgeadais a chur i bhfeidhm ar fud an chórais sláinte. Is cáipéis bheo é an Creat a athbhreithnítear ar bhonn rialta agus rinne Coiste Stiúrtha an Chláir Athchóirithe Airgeadais (FRP) é a fhaomhadh i mí Eanáir 2020. Leanfar le forbairt an chreata agus na straitéisí a bhaineann leis, de réir mar a théann an clár ar aghaidh.

### Na Buntáistí a bhaineann le córas aonair náisiúnta comhtháite um bainistiú airgeadais (IFMS)

Sa mheántearma, déileálfar le teorainneacha agus srianta reatha maidir le feidhmiúlacht um thuairisciú na gcóras airgeadais reatha i FnaSS, nuair a thiocfaidh IFMS i bhfeidhm, cuirfear an córas ar fáil ar bhonn céimnithe do na heagraíochtaí deonacha móra atá ar conradh agus maoinithe ag FnaSS chun seirbhísí a sholáthar thar a cheann faoi Alt 38 agus Alt 39 den *Acht Sláinte 2004* (arna leasú). I measc na seirbhísí seo a chuireann eagraíochtaí deonacha ar fáil, tá ospidéal ghéarmhíochaine, seirbhísí míchumais, seirbhísí do dhaoine aosta, cúram maolaitheach agus seirbhísí meabhairshláinte.

Cuirfidh an fheidhmiúlacht tuairiscithe feabhsaithe seo, lena n-áirítear ioncam agus caiteachas, tuairisciú bunaithe ar airgead tirim agus clár comhardaithe / caipiteal oibre tuairiscí ar fáil ag leibhéal ghrúpaí cúraim agus faoi sin, mar a shonraítear i struchtúr fiontair mionsonraithe IFMS. Tá feidhmiú céimneach an IFMS ag teacht le feidhmiú tionscadal straitéiseach eile i FnaSS sna réimsí Airgeadais agus réimsí gaolmhara lena n-áirítear, soláthar an Chláir Náisiúnta um Thaifid Foirna agus Pá (NISRP) atá ar siúl cheana féin agus feidhmiú an Mhaoinithe Bunaithe ar Ghníomhaíochtaí (ABF) sa chóras ospidéal ghéarmhíochaine agus cuirfear ABF ar fáil ar bhonn céimnithe le himeacht ama sna seirbhísí pobail.

### Nithe a chuir isteach ar Sceideal an Tionscadail

Cuireadh tús leis an IFMS beo ar an sceideal Dé Luain 3 Iúil 2023 agus tá sé i bhfeidhm ar fud na réimsí seirbhíse go léir i nGrúpa Forfheidhmithe 1 – FnaSS, réigiún an Oirthir (seirbhísí Náisiúnta agus Corparáideacha, an Lárionad Dáileacháin Náisiúnta, an tSeirbhís Aisíocaíochta Cúraim Phríomhúil, san áireamh) agus Tusla. Mar sin féin, bhí go leor dúshlán ann, a chuir isteach ar ghníomhaíochtaí maidir le tús a chur leis an tionscadal agus bhí deacrachtaí móra ag baint le hoibríochtaí láraithe éagsúla agus le réimsí seirbhíse áitiúla.

Mar a tharlaíonn i gcás aon mhórchlár claochlaithe atá chomh mór agus chomh casta le IFMS, tá sé ag tógáil am ar FnaSS dul i gcleachtadh ar na hathruithe. I gcás roinnt de na fadhbanna a bhain le tús a chur leis an IFMS, tugadh faoi deara go raibh tacaíocht bhreise agus fócas níos fadtéarmaí ag teastáil ó fhoireann tionscadail IFMS ná mar a bhíodas ag súil leis. Dhírigh foireann tionscadail IFMS le linn agus i ndiaidh Hypercare (FnaSS agus Suimeálaí an Chórais) go leanúnach ar an bpróiseas chun tacú le gnó agus úsáideoirí deiridh. Ina theannta sin, díríodh acmhainní Suimeálaí an chórais (SI) ar optamú leanúnach maidir leis an bpróiseas teicniúil, i ndiaidh dó tosú chun éifeachtachtaí a uasmhéadú bunaithe ar aiseolas ó ghnó agus úsáideoirí.

Cuireadh isteach ar an bplean tionscadail chun clár IFMS a thabhairt chun críche, agus cuireadh moill shuntasach ar ghníomhaíochtaí IG2 a bhí beartaithe i gcomhthráth le IG1. Thug Rialachas na gClár cead i bprionsabal dul ar aghaidh le hullmhú plean nua mionsonraithe i Meán Fómhair 2023.

Sular cuireadh an plean nua i gcrích i mí Dheireadh Fómhair 2023, tharla dhá rud thábhachtacha:

- i. Chuir baill den cheardchumann Fórsa tús le gníomhaíocht thionsclaíoch ón 6 Deireadh Fómhair 2023 go dtí an 7 Feabhra 2024
- ii. Chuir an Roinn Sláinte maoiniú breise de €40m ar fáil i Litir Chinnidh FnaSS 2024, ionas go gcuirfí dlús le feidhmiú IFMS.

Bhí gá le plean nua dá bharr seo chun dul ar aghaidh ar bhonn sceidil feidhmithe níos tapúla, le comhaontú maidir le hathrú ar chonradh SC(SI). Cuireadh an t-athphlean mionsonraithe seo, a bhfuil sé mar aidhm aige IFMS a chur i bhfeidhm ar an gcóras sláinte reachtúil faoi lár na bliana 2025, faoi bhráid Rialachas na gClár i mí Feabhra 2024 agus faomhadh é.

### Comhréiteach le Príomhchláir Straitéiseacha

Tá tionscadal IFMS ag obair ar bhealach ilréimsiúil le foirne tionscadail ó Acmhainní Daonna agus Párolla maidir le roinnt tionscnamh atá ailínithe go straitéiseach. Ina measc seo tá, An Clár Comhtháite Náisiúnta um Thaifid agus Pá Foirne (NISRP) Sláinte Leaná Éireann (CHI) agus na Réigiúin Sláinte.

## II. Comhlíontacht maidir leis na Rialacha Soláthair

I 2023, measann FnaSS go mbeidh caiteachas de thuairim is €4.2bn i gceist ar earraí agus seirbhísí faoi réir na rialachán soláthair atá leagtha amach go sonrach i Rialacháin Náisiúnta Airgeadais FnaSS agus atá bunaithe ar Threoir 2014 / 24 an AE agus na Treoirínte um Sholáthar Poiblí i gcomhair Earraí agus Seirbhísí. De réir an leagain athbhreithnithe den chód cleachtais chun comhlachtaí stáit a rialú, agus de réir an chreata beartais um sholáthar poiblí, tá sé de cheanglas ar FnaSS a dheimhniú, i gcás gach aon chonradh go ngnóthaítear na conarthaí sin ar bhonn iomaíoch de réir na riachtanas i dtaca le soláthar poiblí, agus tá ar FnaSS freisin tuairisciú a dhéanamh ar aon leibhéal neamhchomhlíontachta a aimsítear.

Léiríonn torthaí an athbhreithnithe ar éifeachtúlacht chóras rialaithe inmheánaigh FnaSS go bhfuil leibhéal feasachta agus comhlíontachta maidir le rialacháin soláthair sách maith ionas gur féidir dearbhú réasúnta a thabhairt maidir le rialaithe ar fud FnaSS ach go bhfuil tuilleadh oibre le déanamh chun leibhéal oiliúna agus feasachta a fheabhsú. Léiríonn an t-athbhreithniú chomh maith go bhfuil feasacht ag feabhsú maidir le tacaíochtaí soláthair éagsúla, ar nós, suíomh gréasáin eolais maidir le conarthaí soláthair FnaSS [www.hsepass.ie](http://www.hsepass.ie). Ba cheart do gach sealbhóir buiséid úsáid a bhaint as an suíomh seo agus iad ag soláthar earraí agus seirbhísí thar ceann FnaSS. Tá clár oiliúna soláthair agus feasachta beartaithe mar chuid den chlár 2024 chun rialú a fheabhsú.

Tá dúshlán fós ann maidir le feasacht a fheabhsú maidir le cúrsaí um chomhlíonadh agus neamh-chomhlíonadh a thuairisciú de réir Cód agus ciorcláin na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Seachadta an Phlean Seirbhíse Náisiúnta agus Athchóirithe (DPENDR) agus lena chinntiú go gcomhlíontar ceanglais maidir le soláthar agus foinsiú i ndáil le conarthaí bailí atá i bhfeidhm cheana féin.

I rith 2023, rinne FnaSS athbhreithniú féinmheasúnaithe ar a caiteachas a bhaineann le soláthar ina iomláine maidir le caiteachas ar bith os cionn €25,000 in aghaidh na ráithe chun an leibhéal comhlíontachta a fháil amach. Eisíodh 28,966 sonrasc i gcomhair athbhreithnithe agus rinneadh measúnú ar 25,081 sonrasc arb ionann é agus 87% den iomlán. Measadh go raibh 88% ag teacht leis na rialuithe soláthair agus maidir leis an 12% eile a measadh a bheith neamhchomhlíontach, táthar ag fiosrú 76% de na cúiseanna a bhí leis an neamh-chomhlíonadh faoin bplean um sholáthar corparáideach (CPP). Is é an caiteachas iomlán measta ar shonrasc os cionn €25,000 eisithe le haghaidh féinmheasúnaithe PACT ná thart ar €1.584bn (28,996 sonrasc) arb ionann é agus 38% de chaiteachas infhaighte FnaSS i 2023. Ní mór do gach sealbhóir mórghuiséid tuairisceán féinmheasúnaithe a líonadh chun an leibhéal soláthair neamhiomaíoch agus neamhchomhlíontach a dhéanamh amach.

Tá sé deimhnithe ag bailíochtú seachtrach neamhspleách a rinneadh ar an bpróiseas athbhreithnithe féinmheasúnaithe le 3 bliana anuas go bhfuil an próiseas beacht.

Tuigeann FnaSS go bhfuil an t-athbhreithniú teoranta mar nach bhfuil caiteachas níos lú ná €25,000 san áireamh faoi láthair. Measann FnaSS gur dócha go bhfuil an neamh-chomhlíonadh níos airde i ndáiríre, go háirithe, i bhfianaise nár breathnaíodh ar bhearta caiteachais ní ba lú ná €25,000.

Is eol do FnaSS go bhfuil gá le hobair leanúnach chun an leibhéal soláthair neamhiomaíoch a fheabhsú agus táthar fós tiomanta maidir le clár bunathraithe athchóirithe a chur chun cinn chun tacú leis na Seirbhísí cloí le rialacháin soláthair poiblí agus chun úsáid na gconarthaí arna mbronnadh ag FnaSS agus an OGP a mhéadú. Ina theannta sin, beidh ar FnaSS oibriú i gcomhar leis an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP) chun clár níos leithne conarthaí comhlíontacha a chur ar fáil do na seirbhísí sláinte. I gcomhthéacs na ndúshlán a bhaineann leis an gcóras soláthair reatha agus na ndúshlán acmhainne atá ag FnaSS, glactar leis go dtógfaidh sé roinnt blianta chun dul i ngleic go hiomlán le fadhbanna comhlíontachta soláthair. Idir an dá linn, áfach, tá FnaSS ag forbairt struchtúir agus ag soláthar acmhainní chun planáil soláthair ilbhliantúil a fheabhsú, mar aon le comhlíontacht níos fearr a chothú agus acmhainneacht a fhorbairt.

Tá *Plean Soláthair Corparáideach (2022-2024)* curtha i gcrích ag FnaSS, de réir cheanglais an *Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)* agus rinne Bord FnaSS an Plean a fhaomhadh. Díróinn an Plean Soláthair Corparáideach ar roinnt príomhchuspóirí a bhfuil achoimre tugtha orthu thíos faoi na príomh-cheannteidil:

### Foinsiú agus Conarthaí:

- Tá comhordú agus comhoibriú déanta le heagraíochtaí FnaSS ar fad chun Plean Soláthair Ilbhliantúil (MAPP) a aontú i dtaca le Plean Soláthair Chorporáidigh FnaSS a fheidmiú sna gníomhaireachtaí earnála sláinte Alt 38 agus 39. Bhíothas ag tuar go méadóidh MAPP de 68% an méid caiteachais de chuid FnaSS a bheidh faoi bhainistíocht (SUM), faoi dheireadh 2023; rinneadh níos fearr ná an sprioc sin agus tá an céatadán ag 75% anois. Is í an sprioc faoi dheireadh 2024 ná 85%
- Tá FnaSS tar éis cur le rannpháirtíocht Ghnóthais Bheaga agus Mheánmhéide (SME) trí chóras MAPP FnaSS, i ndáil le tairiscintí atá le teacht agus a fhoilseofar gach ráithe ar shuíomh Gréasáin FnaSS chun SME agus Mícreaghnóthais a chur ar an eolas faoi dheiseanna atá le teacht roimh fhoilsiú na tairisceana
- Déanfar clár oiliúna “Treoir um Sholáthar do Shealbhóirí Buiséid” a fheidmiú i R3 2024 ar HSeLanD a bheidh inrochtana ag FnaSS agus ag gníomhaireachtaí maoinithe
- Tá tús curtha le hobair chun Lár-Sheirbhís um Fhoinsiú Cuidithe a chur i bhfeidhm chun tacú le foilsiú gach deis tairisceana de luach níos mó ná €50,000 ar shuíomh Gréasáin eTenders an Rialtais [www.eTenders.gov.ie](http://www.eTenders.gov.ie)

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach (ar lean)

- Tá plean soláthair corparáideach saincheaptha (CPP) / Clár um Fheabhsú Comhlíontachta Soláthair ullmhaithe ag an rannán soláthair i gcomhar le gach eagraíocht seirbhíse sláinte atá rannpháirteach sa chóras chun cabhrú le gach eagraíocht seirbhíse sláinte cloí le hoibleagáidí na mbeartas dlí agus rialála agus rialachais chorparáidigh
- Táthar ag tacú i gcónaí le Trasfhoirmiú Digiteach agus Nuálaíochta FnaSS, agus le Mol Nuálaíochta Sláinte Éireann, chun saineolas agus Nósanna Imeachta Caighdeánacha Oibriúcháin a fhorbairt chun an leas is fearr agus is féidir a bhaint as na deiseanna a eascraíonn as tionscnaimh réamhthráchtálacha agus tionscnaimh um nuálaíocht sláinte
- Tá caighdeán de 5% curtha san áireamh ag FnaSS i 2023. Tá sé beartaithe againn an bunráta céatadán a ardú go 10% faoi R4 2024 i gcritéir dhámhachtana i gcomhair Soláthar Glas i ngach catagóir caiteachais. Leanfar de chlár oibre leanúnach chun an leibhéal cuí maidir le céatadán na gcritéir dhámhachtana a léiriú mar is cuí maidir le catagóir chaiteachais ar leith. Bhí roinnt caidreamh ó thaobh margaidh de ag Rannán Soláthar FnaSS, ina measc, cruinnithe duine le duine agus seónna trádála chun cur chuige níos inbhuanaithe a fhorbairt d'fhonn tacú le nuálaíocht, ionchuimsiú sóisialta agus tosaíochtaí inbhuanaitheachta eacnamaíocha agus timpeallachta.

### Forbairt an Chórais:

- Rinneadh SAP Ariba a chur i bhfeidhm go rathúil in ilionad chostais sular cuireadh tús le feidhmiú beo IFMS ar an 3 Iúil 2023 agus beifear á chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach, de réir mar is gá
- Tá na córais nua ina bhfuil cumas ó thaobh soláthar acu, ar nós Córas Faisnéise na nEastát Náisiúnta, ag teacht go hiomlán agus comhsheasmhach leis an tSamhail Oibriúcháin Airgeadais nua agus le Spriocshamhail Oibriúcháin IFMS. Tá rialachas agus nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh a chinntiú m.sh Foinsiú Straitéiseach um Punann Digiteach Sláinte agus Cleachtas Oibriúcháin Caighdeánach (SOPs) lena n-áirítear ceanglas maidir le comhéadan / idir-inoibritheacht leis an IFMS agus riachtanas i gcomhair faomhadh an Rialtais maidir le hAonad Maoirseachta Digiteach. Tá inneall um chomhtháthú (Eagrúchán Próisis SAP san áireamh sa chóras IFMS chun comhéadain a chumasú le cruthú ar chórais tríú páirtí. Seo a leanas cuid de na córais a chomhtháthaíonn IFMS: Acmhainn Daonna agus Párolla, réitigh Soláthair, Córais Riaracháin Othar (PAS), Córas Claimsure, Eastáit, córais Bhainc
- Tá uirlisí leictreonacha níos fearr forbartha chun tacú le hidirghníomhú agus comhlíonadh, le hinfeictheacht agus le pleanáil agus tuairisciú um sholáthar corparáideach
- Cuireadh Microsoft Dynamics 365 i bhfeidhm go rathúil (3 Iúil 2023) chun tacú le hOibríochtaí um Dheasc Chabhrach IFMS. Is cuid lárnach de phleananna oibre an fhorbairt leanúnach atá ar siúl maidir le cleachtais fheabhsaithe agus úsáid teicneolaíochtaí i ndáil leis na próisis soláthair atá cumasaithe go digiteach.

### Forbairt Lóistíochta agus Fardal:

- Cuireadh tús le feidhmiú dhá Ionad Dáileacháin Náisiúnta (NDC) i rith 2023 agus cuireadh 250 ionad costais nua méadaithe ar bun. I measc na bPleananna eile tá sé beartaithe IDN (NDC) a chur ar fáil in Ospidéal reachtúla, chomh luath agus a bheidh acmhainn ar fáil ag FnaSS agus nuair a bheidh trádastóras ar fáil
- IFMS – Bainistíocht Trádastórais Breisithe (EWM) curtha i bhfeidhm san NDC, agus IFMS curtha i bhfeidhm i réimsí Lóistíochta sa ghrúpa IG1
- Sa bhliain 2024, leanfar ar aghaidh le pleananna chun forbairt bhreise a dhéanamh maidir le straitéis / samhail den tSeirbhís Dáileacháin Náisiúnta chun freastal ar riachtanais na gcliant ag teacht le *Sláintecare*
- Tacú leis an gClár Sláinte Domhanda mar a gheall FnaSS chun tacú le forbairt agus le feabhsú na gcóras sláinte i dtíortha ísealioncaim agus meánioncaim, m.sh. an Úcráin, i dtíortha na hAfraice agus sa gCianoirthear mar chuid de chur chuige an rialtais sa réimse seo
- Inbhuanaitheacht agus Dícharbónú – Tá ár suíomh i mBaile Cúlann neodrach ó thaobh carbóin de. Maidir leis an NDC, tá an méid leictreachais a úsáideadh laghdaithe 30% ó 2018. Athraíodh an soilsíú ar fad laistigh agus lasmuigh agus cuireadh 45 meaisín a oibrítear le ceallraí isteach. Tá amadóirí ar gach luchttaire ionas go bhféadfar luchtú a dhéanamh idir 11in agus 8rn ag cur le héifeachtacht
- TCP – déantar 3.8 milliún píosa a dháileadh in aghaidh na seachtaine faoi láthair agus leanfar leis an riachtanas seo a chomhlíonadh i rith 2024 de réir mar is gá.

### Forbairt na hEagraíochta:

Tá Plean Soláthair Corparáideach 3 bliana i bhfeidhm chun tacú le struchtúir nua a chur i bhfeidhm chun an Clár Rialtas agus an creat beartais *Sláintecare* a éascú. Is iad na cuspóirí ná:

- Tuiscint níos fearr ar rialacháin soláthair agus oibleagáidí aonair a chothú
- Tacú le leathnú amach IFMS ar bhonn leanúnach, iad seo a leanas san áireamh: soláthar féinseirbhíse do cheannacháin faoi €50,000; agus Seirbhísí Comhroinnte Soláthair d'fhoinsíú straitéiseach do cheannacháin os cionn €50,000
- Leanúint leis an tsamhail rannpháirtíochta idir Rannán Soláthar FnaSS agus Cliant FnaSS, gníomhaireachtaí Alt 38 agus Alt 39 agus an Oifig Soláthair an Rialtais (OGP)

- Samhail chumarsáide i gcomhair soláthair a chur i bhfeidhm atá ag teacht leis an tsamhail rannpháirtíochta, lena n-áirítear an chaol a gcuirtear stádas conartha agus ábhair fhógraíochta, i gcomhair feasachta maidir le rialacháin soláthair in iúl
- Feabhas a chur ar an suíomh Gréasáin soláthair agus ar cháipéisí a bhaineann leis chun é a dhéanamh níos fusa rochtain agus tuiscint a fháil ar sheirbhís soláthair FnaSS ó thús go deireadh, ag gach céim ó fhoinsiú go bainistiú lóistíochta agus fardail
- Leanúint le seachadadh an chláir acadúil chreidiúnaithe atá ag teacht leis an gCreat Inniúlachta Eorpach do Cheannaitheoirí Poiblí agus a forbraíodh i gcomhpháirtíocht le hOllscoil maidir le cúrsaí Leibhéal 7 Teastais agus Leibhéal 7 Dioplóma um Bainistiocht Slabhra Soláthair agus Soláthar Poiblí (Sámhaitheas maidir le Slabhra Soláthair an tSoláthair Phoiblí (PPSCE).

### Monatóireacht ar an bPlean um Sholáthar Corparáideach

Déanfar monatóireacht ar an bPlean um Sholáthar Corparáideach trí nuashonraithe a chur ar fáil don Roinn Sláinte agus an RCPSPFNA (DPENDPDR). Beidh ról athbhreithnithe agus monatóireachta ag Coiste Iniúcháireachta agus Riosca agus ag Bord FnaSS maidir leis seo.

### III. Rialuithe Párolla agus AD

Thug torthaí athbhreithniú FnaSS ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh laigí faoi deara, ina measc:

- Bearnaí i maoirseacht bainistíochta agus teip maidir le ag cloí leis an bpróiseas riaracháin in am
- Athbhreithnithe neamhréireacha maidir le hathbhreithniú ar thuairisciú pearsanra rannáin
- Easpa fianaise maidir le príomhrialuithe párolla agus Acmhainní Daonna agus easpa feasachta agus comhlíontachta maidir le próisis ábhartha
- Cur isteach ar shláine an phárolla de bharr moill maidir le hiarratais a chur isteach, chomh maith le sonraí míchruinne agus cleachtais éagsúla
- Méadú ar leibhéal na ró-íocaíochtaí párolla.

### Clár Náisiúnta um Thaifid Foirne agus Pá (NiSRP)

Tá Clár Comhtháite Náisiúnta um Thaifid Foirne agus Pá (NiSRP) á chur i bhfeidhm ag FnaSS ó lár na bliana 2019. Is é cuspóir an NiSRP ardán teicniúil aonair AD / Táifid Foirne a chur i bhfeidhm ionas go mbeidh na sonraí go léir a bhaineann le gach duine i FnaSS ar fáil in áit amháin, ag baint úsáide as SAP Acmhainní Daonna (AD). Ciallaíonn sé, chomh maith, go mbeidh ardán teicniúil aonair Párolla do na fostaithe ar fad i FnaSS, ag baint úsáide as Párolla SAP. Beifear ábalta próisis chuí foirne a uathobriú trí fhéinseirbhís d'Fhostaithe agus do Bhainisteoirí a thabhairt isteach.

Cuireadh tús le feidhmiú chlár NiSRIP beo i réigiún an Deiscirt i mí an Mhárta 2023, agus de thoradh air seo tá 82,000 ball foirne ar an gcóras agus na próisis nua, i gceantair FnaSS, an Oirthir, Oirdheiscirt, Lárlathair, IarThuaiscirt, Iár Tíre agus anois sa Deisceart. In ainneoin an dóigh ar chuir gníomhaíocht tionsclaíocht isteach ar chúrsaí i rith 2023, rud a laghdaigh rannpháirtíocht áitiúil go mór, táthar tiomanta an Clár a fheidhmiú beo i gceantar FnaSS an Iarthair i mí na Bealtaine 2024, agus táthar ag ullmhú dó seo le tacaíocht ón rannán Rialachais. Cuirfear réitigh ar fáil do thart ar 96,000 fostaí. Bhí sé beartaithe an chuid deiridh den chlár a chur i bhfeidhm i gceantar FnaSS an Oirthuaiscirt ag tús mhí Mheán Fómhair 2024, ach toisc Obair de réir Rialach a chuir moill ar an gClár, táthar ag pleanáil sceideal nua i gcomhar le páirtithe leasmhara chun an córas a chur i bhfeidhm (sa tréimhse ama idir mí Dheireadh Fómhair i mbliana go Bealtaine 2025). Ina theannta sin, tá an NiSRP ag cur Cás Gnó le chéile don Roinn Sláinte faoi láthair leis an gcóras a chur i bhfeidhm in eagraíochtaí Alt 38, i ndiaidh athbhreithniú a rinne FnaSS. Táthar ag súil go gcuirfeadh tús leis seo i 2025.

Maolódh feidhmiú céimneach iomlán an NiSRP rioscaí calaoise párolla agus neamhrialtachta trí shreabhadh na hoibre a uathobriú, rialuithe córais ionsuite agus caighdeánú próisis. Cuireann na cáipéisí NFR athnuaithe seo treoir ar fáil maidir le rialuithe párolla láidre a choinneáil (B3 go sonrach) agus ullmháidh iad le hionchur agus cúnaimh ó shaineolaithe ábhair AD (HR), Párolla agus NiSRP. Tá seicliosta le gach Rialachán Airgeadais (NFR) a thugann treoir agus cúnaimh do na hoibríthe i limistéir áitiúla chun a nósanna imeachta áitiúla féin a bhunú agus a chinntiú go bhfuil rialachas cuí i bhfeidhm. Tá físeán oiliúna ar leith ar cháipéis NFR maidir le riarachán agus párolla fostaithe ar fáil don fhoireann ar fad ar líne. Ina theannta sin, réachtáiltear seimineáir oiliúna ar rialuithe párolla sonracha mar pháirt dár gclár oiliúna bliantúil.

### Párolla agus Ró-íocaíochtaí :

Bhí Seirbhís Comhroinnte Airgeadais Párolla ag obair i gcomhar leis an gClár NiSRP agus táthar i ndiaidh sraith chuimsitheach de phróisis chaighdeánacha a chomhaontú i dtaca le gníomhaíochtaí a bhaineann le Párolla Comhlán go Glan, atá faoia ag leibhéal Rialachais NiSRP.

Is é an cuspóir atá ag Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais (FnaSS) maidir le párolla ná a chinntiú go gcuirtear na próisis seo i bhfeidhm agus go gcloítear leo trí:

- Réiteach SAP Párolla AD atá á chur ar fáil ag an gClár NiSRIP a chur i bhfeidhm ó thús go deireadh
- Straitéis Párolla FnaSS comhaontaithe a chur i bhfeidhm, a chomhdhlúthóidh na láithreacha próiseála párolla atá ann faoi láthair ionas go mbeidh níos lú láithreacha próiseála ann. Beidh rialuithe feabhsaithe agus próisis chaighdeánaithe i bhfeidhm de bharr na mol seo agus tacóidh siad le struchtúir nua FnaSS
- Tá COC (SOP) riachtanacha aimsithe agus nasctha leis na próisis comhaontaithe agus táthar á bhforbairt faoi láthair

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach (ar lean)

- Is gné lárnach de Straitéis Phárolla FnaSS comhaontaithe, ná forbairt a dhéanamh ar chumas comhlíonta inmheánach i ndáil le Párolla FnaSS
- Cinnteoidh bainistiú aonair ar bhonn náisiúnta, i ndáil le rialachas agus maoirseacht ar ghníomhaíochtaí párolla comhlán go glan FnaSS, arna seachadadh ag Párolla FSS de chuid FnaSS chomh maith le feidhmiú na straitéise párolla go mbainfear leas as na buntáistí seo
- I 2023, cuireadh bunachar sonraí nua i ndáil le ró-íocaíochtaí i bhfeidhm. Éascaíonn an stór aonair seo i ndáil le ró-íocaíochtaí FnaSS próiseas ró-íocaíochta níos éifeachtaí do Phárolla FSS de chuid FnaSS. Leanfar le feidhmiú Chéim 2 i rith 2024 agus cuirfear sraith tuarascálacha breise ar fáil a chabhróidh le bainistiú oibríochtúil agus próiseáil aisíocaíochtaí i ndáil le ró-íocaíochtaí.

Chun stop a chur le méadú ró-íocaíochtaí a bhaineann le pá, tá roinnt tionscnamh á gcur chun cinn ag an Aonad Comhlíonta Pá de chuid AD (HRPCU, iad seo a leanas ina measc:

- Tuairiscíodh an méadú i ndáil le ró-íocaíochtaí párolla i gcás gach Grúpa Ospidéal agus ESP mar Phríomhtháscaire Feidhmíochta (KPI) ag cruinnithe GMFN (NPOG)
- Úinéir gnó náisiúnta a cheapadh le freagracht as oibríochtaí maidir le hAm agus Tinrimh i FnaSS. Níl aon úinéir gnó náisiúnta maidir le hAm agus Tinrimh i FnaSS
- Tá athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ag Lárionad Sármhaitheasa SAP (CoE) maidir le fostaí a bhaint den phárolla nuair a fhaightear fógra go bhfuil an fostaí éirí as
- In éagmais tuairisc rialaithe a bheith ar fáil do Bhainisteoirí Líne chun pá fostaíthe a bhailíochtú, beidh HRPCU i gcomhar le SAP CoE ag ullmhú próiseas i ndáil le tuarascálacha a bhaineann le Pá Bunúsach go Comhlán
- Tabharfar cuairt ar shuíomhanna agus déanfar seiceáil maidir le comhlíonadh agus déanfar monatóireacht leanúnach ar ghníomhartha agus moltaí
- Déanfar Ró-íocaíochtaí sistéamacha a shainnint agus déanfar bearta leantacha i réimsí ábhartha chun fadhbanna a thuiscint agus chun a dheimhniú go gcuirfear rialuithe cuí i bhfeidhm lena n-áirítear cruthú / uasdátú NFR / beartaí de réir mar is infheidhme
- Tionscnaimh fheasachta a chur chun feidhme, ina measc, feasacht maidir le foirmeacha AD a bhaineann le pá. Eiseofar meabhrúcháin rialta chuig réimsí á gcur ar an eolas maidir leis na foirmeacha ba chearta a úsáid, spriocdhátaí maidir le hiarratais ar íocaíocht a chur isteach agus seoltaí ríomhphoist le hiarratais ar íocaíocht a chur isteach
- Tuairiscíú Eisceachtaí, ag díriú ar shainréimsí chun aimhrialtachtaí a aimsiú ionas go bhféadfar beart a dhéanamh ina leith agus réiteach a fháil m.sh. dátaí deiridh conartha
- Cruthú, soláthar agus uathobriú tuarascálacha sainiúnaíthe i ndáil le ró-íocaíochtaí agus iad seo a chur ar fáil i limistéir / réimsí FnaSS chun feabhas a chur ar chúrsaí feasachta agus cuntasachta chomh maith le hathbhreithniú ar an dream a fhaigheann na cáipéisí seo, chun a dtionchar a fheabhsú an oiread agus is féidir
- Rannpháirtíocht le SAP CoE maidir le hathruithe cumraíochta atá beartaithe maidir le SAP AD chun scor d'íocaíocht ar dhul in éag do chonarthaí
- Leathanach gréasáin comhlíonta pá a cruthú chun gach fostaí de chuid FnaSS a chur ar an eolas faoina róil agus a bhfreagrachtaí maidir le ró-íocaíochtaí pá a sheachaint, chomh maith le naisc / cáipéisí úsáideacha a chur ar fáil chun cabhrú leis sin.

### Athbhreithniú maidir le Fostaithe ar Ardioncam

Fuarthas amach san athbhreithniú Iniúchta Inmheánaigh a rinneadh i 2022 go raibh roinnt cásanna ann nach raibh íocaíochtaí a rinneadh leis na Dochtúirí Comhairleacha seo ag teacht leis an mbeartas.

I 2022, bhunaigh an Príomhoifigeach Oibríochtaí próiseas athbhreithnithe agus d'fhaomh FBF FnaSS plean gníomhaíochta chun dul i ngleic leis na fadhbanna a sainníníodh maidir le pá dochtúirí comhairleacha. Cuireadh grúpa oibre le chéile agus comhaontaíodh plean ardleibhéil, a leag amach sraith gníomhartha chun cúrsaí rialaithe a fheabhsú. Rinneadh iad seo a leanas i measc nithe eile:

- Tá Clár um Shocruithe Áitiúla i bhfeidhm anois in ospidéal aonair agus ESP (CHO)
- Tá monatóireacht ar chomhlíonadh san áireamh i bpróisis athbhreithnithe feidhmíochta
- Tá naisc bunaithe le príomhchlár agus tionscnaimh straitéiseacha, ina measc:
  - An Clár Athchóirithe Earcaíochta agus Acmhainní
  - Clár Náisiúnta um Oiliúint Dochtúirí
- Cuirtear nuashonruithe rialta ar fáil don Fhoireann Shinsearach Oibríochtaí Náisiúnta (NOST) agus CIR FnaSS maidir le Fostaithe ar Ardioncam
- Tuarascálacha ardleibhéil a fhorbairt chun monatóireacht na bliana sin a éascú ag leibhéal náisiúnta, na nGrúpaí Ospidéal agus ESP (CHO)
- Athdhearadh tuarascálacha monatóireachta chun athruithe ar chumraíochtaí an Ghrúpa Ospidéal agus CHO sna Réigiúin Sláinte nua a léiriú
- Cruinnithe leis an bhfoireann Earcaíochta, Athchóirithe agus Acmhainní chun cabhrú le heolas a thabhairt maidir le straitéisí earcaíochta agus athbhreithnithe.

Tá FnaSS ag díriú go leanúnach ar an réimse seo seo chun breis trédhearcachta maidir leis na socrúithe íocaíochta do chomhairleoirí a léiriú. De bharr na gcineálacha conartha agus acmhainní atá i gceist, tá líon beag comhairleoirí fós ag fáil íocaíochtaí breise agus táthar ag coimeád súil orthu seo i gcónaí.

Tá sochair iomlána fostaithe i mbandaí de €10,000 ó €60,000 suas le fáil i Nóta 7 de réir Imlitir DPENDR 13 / 2014.

#### IV. Rialachas ar Dheontais do Gníomhaireachtaí Seachtracha

I 2023, bhain €6.74 billiún de chaiteachas iomlán FnaSS le deontais do gníomhaireachtaí seachtracha. Tá cur síos in *Acht Sláinte 2004* ar an gcreat dlíthiúil faoina dtugann FnaSS maoiniú deontais do gníomhaireachtaí. Gach bliain, maoiníonn FnaSS breis is 1,820 gníomhaireacht, réimse leathan eagraíochtaí, idir ospidéal mhóra dheonacha a fhaigheann níos mó ná €500m agus gníomhaireachtaí pobalbhunaithe a fhaigheann suimeanna chomh beag le €500. Tá creat rialachais FnaSS ag teacht leis na socrúithe bainistíochta agus cuntasachta maidir le deontais ó mhaoiniú ciste mar atá leagtha amach sa treoir a d'éisigh an RCPSPFNA (DPENDPDR) i mí Mheán Fómhair 2014, le heisceacht amháin, a bhaineann le socrúithe réamh-mhaoinithe.

Mar thoradh ar an gcineál socrúithe maoinithe le gníomhaireachtaí Alt 38 agus Alt 39, is gá do FnaSS a chinntiú go fóill go ndéantar maoiniú in am, go háirithe i ndáil le costais maidir le pá conartha agus foirne, arb ionann iad agus 80% den chaiteachas iomlán.

Sula ndéantar aon socrú maoinithe, cinneann FnaSS an t-uasmhéid maoinithe atá beartaithe a chur ar fáil, chomh maith leis an leibhéal seirbhíse atá le soláthar mar chúiteamh ar an maoiniú sin. I gcás gníomhaireachtaí móra, tugann aonad cistíochta FnaSS airgead amach bunaithe ar phróifíil airgid comhaontaithe.

Déanann Iniúchóireacht Inmheánach athbhreithniú ar an gcóras rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm i ngníomhaireachtaí maoinithe ar leith, ar bhonn samplach.

Tá dhá chineál comhaontuithe conartha ag FnaSS leis na gníomhaireachtaí seo atá oiriúnaithe chun an leibhéal maoinithe a chuirtear ar fáil a léiriú.

- Socrú Seirbhíse (SA), do gníomhaireachtaí sláinte a fhaigheann maoiniú os cionn €250,000
- Comhaontú Deontais i gCabhair (GA), maidir le gníomhaireachtaí sláinte a fhaigheann maoiniú níos lú ná €250,000.

Ó thaobh na ngníomhaireachtaí de, braitheann an riachtanas i dtaca le tuarascálacha airgeadais agus tuairisceáin foirne a chur ar fáil, agus an riachtanas i dtaca le cruinnithe monatóireachta a eagrú, ar mhéid an mhaoinithe a tugadh don gníomhaireacht.

I rith 2023, in ainneoin fócas leanúnach ar an réimse seo, m.sh. bunú ATBC (CMSU); Athbhreithnithe Rialachais; tuairiscíú sonraithe maidir le leibhéil chomhlíonta, aimsíodh laigí rialaithe i bpróiseas athbhreithnithe rialaithe inmheánaigh bhliantúil FnaSS, go háirithe, maidir le cur i bhfeidhm na bpróiseas a bhaineann le monatóireacht agus maoirseacht roinnt gníomhaireachtaí.

Léirigh iniúchtaí:

- Tá dúshlán fós ag baint le moill i dtabhairt chun críche GC / GA sínithe
- Tá roinnt bearnaí i socrúithe rialachais agus tá fadhbanna ag baint le leibhéil chomhlíonta um cheanglais go fóill
- Aithníodh srianta acmhainní sna CMSU le linn tuarascálacha Iniúchta Inmheánaigh i rith 2023 a chuir isteach ar phríomhnithe, ar nós, cruinnithe athbhreithnithe rialta, moill ar athbhreithnithe maidir le hIniúchadh RAB (AFS) agus Tuairisceáin Bhliantúla Monatóireachta Airgeadais (AFMS).

Tá na céimeanna atá glactha ag FnaSS chun dul i ngleic leis na laigí seo sonraithe thíos. Chuir na bearta seo ar chumas FnaSS, ar leibhéal réasúnta, a bheith sásta go bhfuil struchtúir agus nósanna imeachta i ndáil le rialachais chuí i bhfeidhm sna gníomhaireachtaí seo.

Ag deireadh 2023, bhí 83.4% den mhaoiniú faoi Shocrú Seirbhíse (SA) agus Comhaontú Deontais i gCabhair (GA) curtha i gcrích. Tá sé beartaithe ag FnaSS a chinntiú go dtiocfaidh feabhas ar an leibhéal comhlíontachta i 2024.

#### Aonaid Tacaíochta do Bhainistiú Conarthaí

De réir Chreat Feidhmíochta agus Cuntasachta FnaSS, is iad Príomhfheidhmeannaigh na nGrúpaí Ospidéal agus Príomhoifigigh ESP (CHO) na hoifigigh atá cuntasach as a réimsí freagrachta féin. Tá freagracht orthu seo a chinntiú go bhfuil Socrúithe Seirbhíse (SA) agus Comhaontuithe Deontas i gCabhair (GA) i bhfeidhm maidir leis an maoiniú ar fad a thugann an Grúpa Ospidéal nó ESP do gníomhaireachtaí Alt 38 agus Alt 39.

Maidir le comhlíonadh na bhfreagrachtaí seo, tá Aonaid Tacaíochta do Bhainistiú Conarthaí (CMSU) bunaithe ag FnaSS i ngach ceann de na naoi ESP (CHO) chun cabhrú le bainisteoirí na seirbhísí gach gné den chaidreamh le gníomhaireachtaí Alt 38 agus Alt 39 a bhainistiú agus a dhoiciméadú.

De bharr na n-acmhainní tiomnaithe seo sna naoi ESP (CHO), a chuireann maoiniú ar fáil d'fhormhór na ngníomhaireachtaí, is féidir díriú ar fheidhmiú an Chreata Rialachais (An Creat) ag leibhéal áitiúil. Chomh maith leis sin, tá ar a laghad ball foirne amháin i ngach Aonad Tacaíochta do Bhainistiú Conarthaí (CMSU) a bhfuil cáilíocht airgeadais ghairmiúil aige / aici agus feidhmíonn an duine seo mar Anailísí Airgeadais maidir le RAS (AFS) agus Tuairisceáin Bhliantúla um Monatóireacht Airgid a chuireann na Gníomhaireachtaí isteach (AFMRs). Tá na hAonaid Tacaíochta do Bhainistiú Conarthaí (CMSU) ar fad ag feidhmiú anois i ngach ESP agus beidh na haonaid seo á gcomhtháthú sna Réigiúin Sláinte nua, i 2024.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach (ar lean)

Is iad seo a leanas na príomhchúraimí atá ar ATBC (CMSU):

- Go gcomhlánaítear agus go gcríochnaítear Socruithe Seirbhísí (SA) agus Deontais i gCabhair (GA) in am
- Go bhfaightear agus go n-athbhreithnítear Ráitis Airgeadais Bhliantúla (AFS) agus Tuairisceáin Bhliantúla um Monatóireacht Airgeadais (AFMR)
- Go bhfuil córas i bhfeidhm i ngach ESP (CHO) lena chinntiú go mbíonn cruinnithe athbhreithnithe feidhmíochta ar siúl de réir na dtreoirlínte um monatóireacht feidhmíochta
- Go bhfaightear príomhcháipéisí, ar nós, Ráiteas an Chathaoirligh, Cuntais Bhainistíochta agus Sonraí Gníomhaíochta agus go ndéantar athbhreithniú orthu, mar is cuí
- Go ndéantar bunachar sonraí Rialachais Soláthraithe Seirbhísí (SPG) a uasdátú go cruinn beacht.

Ba cheart a rá, go n-oibríonn an tAonad Comhlíonta le Bainisteoirí ATBC, nuair is gá, ionas go réitítear aon fhadhbanna a thagann chun cinn maidir leis an gCreat laistigh de ESP ar bhealach caighdeánach.

In ainneoin na bhfadhbanna a léiríodh i roinnt Iníuchtaí Inmheánacha i rith 2023, tá FnaSS tiomanta maidir leis na ATBC a fhorbairt agus leanfar den fhócas ina thaobh seo i 2024.

### Tuairisciú

Chomh maith le bunú na ATBC (CMSU), cuireann an tAonad um Chomhlíonadh tuarascálacha monatóireachta ar fáil faoi dhó sa mhí do na hoifigigh chuntasacha go léir maidir le dhá ghné ríthábhachtacha den Chreat Rialachais, is iad sin, (1) SA / GA a chur i gcrích agus (2) AFS / AFMR a fháil agus a athbhreithniú. Ina theannta sin, tionótar cruinnithe agus déantar teagmháil dhíreach ar bhonn rialta le hionadaithe na n-oifigeach cuntasach chun a chinntiú go bhfuil an Creat Rialachais do ghníomhaireachtaí maoinithe á chur i bhfeidhm ina réimsí cúraim.

Maidir leis an bpróiseas chun athbhreithniú a dhéanamh ar Ráitis Airgeadais Bhliantúla (AFS) agus Tuairisceáin Bhliantúla Monatóireachta Airgeadais (AFMR), ba cheart rá go ndearna an tAonad um Chomhlíonadh uasdátú ar an doiciméadú go léir a theastaíonn chun tacú le hathbhreithnithe ar na Ráitis Airgeadais Bhliantúla (AFS) agus Tuairisceáin Bhliantúla Monatóireachta Airgeadais (AFMR) i rith 2022 agus déantar athbhreithniú ar na próisis sin go rialta chun a chinntiú go ndéanann na hAnailísithe Airgeadais sna ATBC (CMSU) na hathbhreithnithe agus doiciméadú ar bhealach caighdeánach.

### Rialachas Gníomhaireachtaí

Ba cheart a rá go bhfuil na ceithre mheicníocht seo a leanas i bhfeidhm ionas go mbeidh ar chumas FnaSS a chinntiú go bhfuil an caighdeán rialachais sna gníomhaireachtaí maoinithe ar chaighdeán cuí:

1. Cuireann gach gníomhaireacht dheonach a fhaigheann breis agus €3m de mhaoiniú Ráitis Airgeadais Bhliantúla (AFS) ar fáil
2. Ionchorpraíonn Tuairisceáin Bhliantúla Monatóireachta Airgeadais (AFMR) soláthar dearbhuithe foirmiúla maidir le rialuithe airgeadais agus cuireann gach gníomhaireacht a fhaigheann breis agus €250,000 iad seo ar fáil
3. Cuireann Cathaoirligh na ngníomhaireachtaí go léir a bhfuil SA i bhfeidhm acu le FnaSS Ráiteas an Chathaoirligh ar fáil
4. Déantar Athbhreithnithe Seachtracha ar Rialachas sna gníomhaireachtaí ábhartha.

Maidir leis na hathbhreithnithe Seachtracha seo, tá tús curtha le Céim II den phróiseas um Athbhreithnithe Seachtracha ar Rialachas ag leibhéal Boird agus Feidhmeannais agus tá sé faoi stiúir chomhlacht Mazars. Nuair a bhíonn na hathbhreithnithe seo críochnaithe, ceanglaítear ar Bhoird na ngníomhaireachtaí ábhartha uasdátú a chur ar fáil i ndáil le gníomhartha a d'eascair as na hathbhreithnithe seo.

Ba cheart an méid seo a rá faoi Céim II:

Gníomhaireachtaí Alt 38 : Tá cúig athbhreithniú curtha i gcrích ag Mazars agus tá obair ar siúl maidir le dhá ghníomhaireacht eile.

Gníomhaireachtaí Alt 39: Tá naoi ndrúcht-thuairisc faighte ag FnaSS agus tá tús curtha le sé athbhreithniú eile. Cuirfear tús go luath le dhá athbhreithniú eile ar ghníomhaireachtaí Alt 39.

### Athbhreithniú ar Cháipéisí SA

Tá ceithre chineál éagsúla SA ann, is iad sin: Alt 38, Alt 39, Gníomhaireacht Bhrabúis agus cinn a bhaineann le ceantair Lasmuigh den Stát. Déantar breis is 99% den mhaoiniú ar fad a chuirtear ar fáil do ghníomhaireachtaí neamhrechtúla ar bhonn conartha trí SA. Dá bharr sin, tá doiciméadú an SA mar bhunchloch an Chreata Rialachais do ghníomhaireachtaí Maoinithe. Rinneadh athbhreithniú deireanach ar dhoiciméid SA i 2015, agus i 2023 chuir an tAonad Comhlíonta tús le próiseas chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhoiciméid SA. Is iad príomhchuspóirí an athbhreithnithe ó thaobh FnaSS de (1) a dheimhniú go léiríonn an doiciméadú struchtúir nua FnaSS ó thaobh bhunú na Réigiúin Sláinte nua agus athruithe ar FnaSS láir, (2) a chinntiú nach bhfuil aon dúbláil neamhriachtanach ann idir Páirteanna 1 agus 2,(3) a chinntiú, nuair is féidir, go ndéantar an doiciméadacht a shimpliú, (4) a chinntiú go ndéantar an doiciméadacht a nuashonrú chun aon easnaimh a d'aimsigh an próiseas athbhreithnithe deiridh a leigheas agus (5) a chinntiú go mbíonn an doiciméadacht slán ó thaobh ceangal conartha de. Diríodh i rith 2023 ar chuspóirí (1), (2) agus (3) agus de thoradh air sin, i 2024, déanfar doiciméadú nuashonraithe SA a phiólótú i ndáil le gach gníomhaireacht Alt 38 agus Alt 39 a



sholáthraíonn seirbhísí meabhairshláinte agus cúraim mhaolaithigh. Déanfar measúnú ar shamhail SA i rith 2024 agus tá sé beartaithe é a chur i bhfeidhm i ngach grúpa cúraim i 2025. Mar fhocal scoir, ba cheart a rá go bhfuil an t-athbhreithniú seo á dhéanamh i gcomhar lenár nGníomhaire Dlí, agus beidh sé ar an bpríomhthionscadal don Aonad um Chomhlíonadh i rith 2024.

## V. Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide (TFC)

Soláthraíonn an rannán ríomhShláinte seirbhísí agus tacaíocht teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) ar fud FnaSS, ag éascú comhtháthú laistigh agus i measc seirbhísí pobail, ospidéal, agus soláthraithe sainchúraim eile. I rith 2023, cuireadh roinnt forbairtí chun cinn, ina measc:

- Ag tógáil ar chríochnú rathúil Chéim 1 den chlár O365, i gCéim 2, cuireadh uirlisí comhoibrithe agus soghluaisteachta atá sábháilte, nua-aimseartha, ar fáil do bhreis agus 80% dár bhfórsa saothair digiteach, agus anois i 2023, tá 54,600 ball foirne ceangailte anois le Office 365 agus Microsoft Exchange Online
- Leanadh le leathnú amach agus le hathshlánú an chláir ascnamh digitigh, HealthIRL atá mar bhunchloch don bhunathrú digiteach agus don chibearshláindáil feabhsaithe. I 2023, ceanglaíodh 59,100 úsáideoir de chuid FnaSS le haitheantas sábháilte ar an néalchóras (HealthIRL)
- Seoladh *Treochlár Teileshláinte FnaSS 2024-2027: Building Blocks for the Embedding & Expansion of Telehealth*, a leagann amach an treochlár chun todhchaí cúram sláinte a athrú ó bhonn trí thorthaí, taithí agus sábháilteacht othar agus foirne a fheabhsú
- Leanadh den obair chun dul i ngleic le torthaí an athbhreithnithe iar- theagmhais i ndiaidh chibirionsaí coiriúil Conti. Leanadh le feidhmiú céimneach i ndáil le slándáil agus seasmhacht an bhonneagair rithábachtach náisiúnta a fheabhsú, mar aon le feachtas a neartú i ndáil le bagairtí cibearshláindála ar fud na heagraíochta agus cuirtear ceardlanna i dtaobh freagairt do chibear-theagmhais ar fáil. Chomh maith le cibearchosaint, díreann go príomha ar infheistíocht a dhéanamh i nuachóiriú an eastáit teicneolaíochta chun na rioscaí gnó agus cibearshláindála a mhaolú i ndáil le teicneolaíocht oidhreacht a óstáil
- Cuireadh an Córas Faisnéise Náisiúnta Ailse (NCIS) ar fáil sna suíomhanna seo a leanas – An Otharlann Theas, Ospidéal Ollscoile Victoria, Ospidéal Uí Chonghaile, Ospidéal Ginearálta an Chabháin, Ospidéal Ollscoile na Trócaire, Ospidéal Mhuire Lourdes, Ospidéal Ginearálta Naomh Lúcas, Cill Chainnigh agus Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann
- Leanadh le feidhmiú na Seirbhísí Cúraim Speisialaithe – Taifead Sláinte Leictreonach (EHR) an Chórais Bhainistíochta Cliniciúil (SCSCMS) chomh maith leis an Ospidéal Náisiúnta Meabhairshláinte Fóiréinsí
- Tá soláthar críochnaithe ag Sláinte Leanaí Éireann (CHI) maidir le formhór na bpríomhbhearta, ina measc, Bonneagar Chroí—Líonra Core, Inneall Comhtháthaithe, Córas Oideachais Othar agus Teileafónaíocht, líonra chun tacú le gníomhaíochtaí tógála (Córas Bainistíochta Foirgnimh (BMS) a shuiteáil). Tugadh plean tionscadail EHR Shláinte Leanaí Éireann chun críche agus earcaíodh pearsanra agus tugadh oiliúint dóibh chun tús a chur leis an bplean forfheidhmithe
- Rinneadh dul chun cinn ar fheidhmiú an Chórais Chomhtháite um Chás-bhainistiú Pobail chun tuilleadh eolais a chur ar fáil maidir le pleanáil seirbhísí, chomh maith le measúnú riachtanas, meastóireacht agus cinntí cothromaithe acmhainní ar fud na seirbhísí
- Cuireadh IFMS i bhfeidhm i nGrúpa 1 (FnaSS an Oirthir) agus tá obair ar siúl ar láithreacha Ghrúpa 2.

Ba cheart a rá gur cuireadh moill ar a lán tionscadal de bharr obair de réir rialach an cheardchumainn, Fórsa, ar cuireadh tús leis ar an 9 Deireadh Fómhair 2023, agus cuireadh moill de chineál éigin ar chlár amháin as gach ceithre chlár. Ina theannta sin, bhí tionchar ag an ngníomh seo ar thuiriscíú sonraí agus ar bhaint amach PTF (KPI) / spriocanna inseachadta i réimsí ar nós tuarascálacha airgeadais agus tuairiscíú clár.

Ina theannta sin – tharla roinnt moille maidir le forbairtí agus pleananna cibearshláindála le linn 2023:

- Níor éirigh le FnaSS dualgais i dtaca le hoibreoir um sheirbhísí riachtanacha (OES) faoin Treoir um Shláindáil Líonra agus Faisnéise 2016 / 1148 a chomhlíonadh. Tá trí cinn de na 36 gníomh neamhchomhlíonta fós nach bhfuil curtha i gcrích, ach tá pleananna le cur i gcrích maidir leis na trí cinn sin
- Níor thug FnaSS conarthaí Airteagal 32 chun rialtacht trí sholáthar. Níor tharla sé seo i 2023 toisc nach bhfuil tairiscintí CISO 1-3 curtha i gcrích go fóill agus tá sintí á gcur go fóill le conarthaí Airteagal 32. Cuirfear iad seo i gcrích anois i 2024
- Ní bhfuair an Cibear-Chlár agus TFC soiléireacht maidir leis an gcur chuige chun eastát na bhfeidhmchlár oidhreacht a FnaSS a fheabhsú. Leanfaidh an Clár ag obair leis an gClár Nuachóirithe Feidhmchlár chun cur chuige tosaíochta a shainiú.

## Pleananna do 2024

I 2024, beidh maoiniú caipitil de €155m, buiséad oibriúcháin de €259m agus €55m i gcomhair bhearta cibearshláindála á gcur ar fáil don rannán ríomhShláinte. Táthar ag súil go gclúdóidh an maoiniú ár dtionscadail caipitil TFC, an Plean Cibear-Chlaohlaithe, agus an buiséad oibriúcháin chun costais phá a mhaoiniú don tírdhreach teicneolaíochta is mó sa stát, chomh maith le roinnt tionscnamh eile maoinithe ar nós an chláir O365.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach (ar lean)

Tá níos mó ná 50% den lucht oibre atá ar fáil dúinn i mbun chothabhála, oibriú agus cúraim slán sábháilte a dhéanamh dár n-eastát ollmhór gléasanna, suíomhanna líonraíthe, úsáideoirí agus sonraí. Tá an chuid eile dár bhfostaithe ag obair go príomha ar chur chun feidhme na bpleananna straitéiseacha digiteacha mar a leagtar amach sa Phlean Caipitil RíomhShláinte agus TFC 2024, de réir na sé ghníomh seo a leanas:

1. Rochtain níos fearr a thabhairt d'othair ar a gcuid faisnéise sláinte agus ar roghanna maidir le cúram, chomh maith le rannpháirtíocht, neamhspleáchas agus rogha níos fearr a thabhairt d'othair maidir lena gcúram sláinte
2. Tacú leis an tseirbhís sláinte trí fhórsa saothair a bhfuil scileanna digiteacha agus tacaíthe acu agus a mbeidh uirlisí digiteacha cuí agus cumas nascachta acu a chur ar fáil a thabharfaidh deiseanna comhoibríthe, chun cur le héifeachtúlacht agus inrochtaineacht níos fearr na n-othar ar sheirbhísí cúram sláinte
3. Córais dhigiteacha sláinte agus cúraim shóisialta atá nasctha agus comhordaithe a chur ar fáil ionas go mbeidh ar chumas na foirne cinnteoireacht chomhoibríoch a chur i gcrích go tapa, bunaithe ar fhianaise, agus dá bharr seo go mbeidh torthaí níos fearr i gceist d'othair. Leanfar le feidhmiú céimneach na teicneolaíochta físe comhairliúcháin teileasláinte chun cur ar chumas na foirne cliniciúla comhairliúcháin a bheith acu le cliaint, lena n-áirítear clinicí duine le duine agus clinicí fíorúla
4. Feabhas a chur ar rochtain ar fhaisnéis agus ar anailísíocht chun meastóireacht a dhéanamh ar phleanáil seirbhísí agus ar bhainistíú acmhainní chun feabhas a chur ar chúram othar, lena n-áirítear sonraí um chúram sláinte stairiúla agus reatha a úsáid chun léargais inghníomhaithe a chur ar fáil, chomh maith le cinnteoireacht a fheabhsú agus torthaí den scoth a bhaint amach d'othair
5. An treoir, na huirlisí agus na hacmhainní is gá a sholáthar chun othair agus an lucht saothair ar fud an éiceachórais cúram sláinte a chumasú i dtaca le rochtain a fháil ar réitigh nuálacha a fheabhsóidh taithí othar agus na foirne araon. San áireamh, bheadh rannpháirtíocht i dtionscail phíolótacha agus teicneolaíochta fréamhshamlacha i réimsí na Faisnéisíochta Sláinte (córais fhaisnéise sláinte agus bonneagair), i gceist, a thacóidh le nuálaíocht oscailte agus forbairt éiceachórais
6. Rialachas soiléir, cultúr tacúil, cumasú an aistriú go Réigiún Sláinte a chinntiú, chomh maith le bonneagar slán a bheidh seasmhach i gcoinne thosca seachtracha, agus ag teacht le caighdeán agus reachtaíocht trí ailtireacht, dearadh seirbhíse, cibearshláindáil, seachadadh gasta, agus innealtóireacht sonraí a leabú inár seirbhísí sláinte.

Tá roinnt clár bunaithe a sholáthroidh mórathruithe agus cumas nua i rith na 12+ mí atá romhainn san áireamh iontu siúd atá luaite thuas:

- Infheistíocht Ospidéal na Leanáí €34.5m i gcórais dhigiteacha i 2024 faoinár bplean
- Infheistíocht Córas Airgeadais Aonair Sláinte €11.5m
- Infheistíocht Diagnóisic Íomháu Digiteach €10.8m
- Déanfar infheistíocht de €11.3m i Saotharlanna Leighis

I dteannta na n-infheistíochtaí móra atá beartaithe tá go leor clár, a dteastóidh infheistíocht níos ísle ina leith, ach tá siad fós fórtábhachtach do FnaSS agus don Roinn Sláinte; mar shampla:

- Cuirfidh an Feidhmchlár Digiteach Sláinte ar chumas othair agus saoránaigh rochtain a fháil ar chúram, coinní a chealú nó a athsceidealú agus iad féin a chur in aithne do chúramóirí ar bhealach sábháilte
- Cabhróidh Bardaí Fíorúla le rochtain ar chúram agus tacóidh siad leis an bpróiseas chun liostaí feithimh a laghdú
- Cuirfidh teicneolaíochtaí i dtaca le cleachtas oidis go mór le sábháilteacht an chleachtais seo
- De bharr rochtain Enterprise Wireless / WiFi in a lán suíomhanna pobail, ionaid ghéarchúraim agus ionaid chorparáideacha cumasófar othair agus a dteaghligh, agus cumasóidh sé freisin soghluaisteacht foirne ar fud na sé Réigiún Sláinte ar fad.

### VI. Bainistíú Riosca

I mí Aibreáin 2023, sheol FnaSS *Beartas agus Nósanna Imeachta um Bainistíú Riosca Fiontraíochta 2023*, i ndiaidh don Bhord é a fhaomhadh. Leagann an doiciméad seo amach an polasaí agus na nósanna imeachta trína ndéanann FnaSS bainistíocht ar rioscaí. Tá an cur chuige ag teacht le Treoirínte Bainistíochta ISO 31000:2018

Is éard atá i gceist le beartas um bainistíú riosca FnaSS ná rioscaí a d'fhéadfadh bac a chur ar an eagraíocht a cuid cuspóirí a bhaint amach a aithint ar bhealach réamhghníomhach, chomh maith le bearta rialaithe éifeachtacha a chur i bhfeidhm chun na rioscaí seo a mhaolú go leibhéal inghlacthachta. Leagann an polasaí amach an próiseas bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus sonraíonn sé an fhreagracht atá ar na bainisteoirí agus ar an bhfoireann ar fad ag gach leibhéal i FnaSS.

I 2023 chomh maith, d'aontaigh POR (CRO) i gcomhar leis an FBF (EMT), leis an CRI (ARC) agus leis an mBord go ndéanfaí athbhreithniú bunúsach ar ár rioscaí corparáideacha agus, dá réir sin, athbhreithniú ar an CRC (CRR). Rinneadh an t-athbhreithniú i roinnt céimeanna le ceardlanna, seisiúin fhaisnéise agus cruinnithe le comhaltaí FBF, a bhfoirne riosca, saineolaithe riosca, ina measc, cliniceoirí agus Coistí Boird. Ba é toradh an athbhreithnithe ná go ndearnadh nuashonrú ar Rioscaí Corparáideacha FnaSS. Ina theannta sin, nuashonraíodh formáid an CRC (CRR) agus anois tá struchtúr agus cur chuige nua maidir le tuairiscí riosca curtha san áireamh, chomh maith le tuairiscí ar phríomhríoluithe agus gníomhartha maidir le riosca agus tá ráiteas ar straitéis maolaithe riosca curtha san áireamh chomh maith.

Chomh maith leis na dea-chleachtais a cuireadh ar bun le blianta beaga anuas, cuireadh roinnt tionscnamh eile chun cinn, lena n-áirítear:

- Córas faisnéise a fheidmiú riosca chun an CRC (CRR) a thaifeadadh
- Cheadaigh CIR (ARC) nuashonrú ar an gcórad Ráiteas um Inghlacthacht Riosca, thar ceann an Bhoird
- A lán rannpháirtíochta leis an bhfoireann, á gcur ar an eolas faoi sheoladh an bheartais agus na nósanna imeachta nuashonraithe
- Forbraíodh an modúl oiliúna ríomhfhoghlama um bainistiú riosca ar líne a mbeidh rochtain ag gach ball foirne air
- A lán seisiún oiliúna feasachta riosca agus faisnéise

Rinneadh a lán oibre i rith 2023 chun monatóireacht a dhéanamh ar na rioscaí atá ann cheana féin agus leanadh ag feabhsú an réimse iomlán um bainistiú riosca i FnaSS. Cé go bhfuil dul chun cinn déanta i FnaSS láir, tá obair ag leanúint ar aghaidh le dul chun cinn a dhéanamh chun cultúr láidir bainistíochta riosca a chur i bhfeidhm ar fud na heagraíochta i gcoitinne.

### Gníomhaíocht Phleanáilte

I ndiaidh don Bheartas athbhreithnithe a bheith ceadaithe, tabharfar tús áite d'fhorbairt agus do sholáthar oiliúna agus cumarsáid fheabhsaithe i dtaca le rioscaí. Díreofar chomh maith ar an gcóras faisnéise riosca a chur i bhfeidhm i suíomhanna pólótacha aitheanta ar fud na heagraíochta. Is ionann an (CRC) CRR nua agus athrú bunúsach ar an gcaoi a ndéanaimid ár rioscaí corparáideacha a thaifeadadh agus a thuairisciú. D'aithin an t-athbhreithniú nach mór do FnaSS Príomhtháscairí Riosca (KRI) inchainníochtúil a bhunú chun bonn eolais a chur faoin rátáil riosca. Leanfar den obair chun iad seo a aithint i rith an chéad leath de 2024. Beifear in ann athbhreithniú a dhéanamh ar threochtaí sna réimsí a saináithníodh trí úsáid a bhaint as PTR (KRI) sa mheántearma agus san fhadtéarma agus d'fhéadfadh sé seo eolas tábhachtach a thabhairt maidir le treocht rioscaí.

Beidh tionchar ag na hathruithe eagraíochtúla i 2024 ar an gcaoi a ndéanaimid bainistíocht ar an CRC (CRR). Faoi láthair tá baill FBF ainmnithe mar úinéirí riosca i ndáil le rioscaí corparáideacha aonair. Caithear bealach eile a aimsiú chun úinéireacht a léiriú, chun teacht leis an struchtúr nua.

### VII. Sócmhainní Seasta

Tá sé tugtha le fios sa tuarascáil ar an athbhreithniú ar éifeachtacht an Chórais Rialaithe Inmheánaigh i FnaSS agus i dtorthaí iniúchta 2023 an ARC&C go bhfuil roinnt fadhbanna rialaithe i mbainistiú Sócmhainní Seasta FnaSS. Ina measc seo, tá:

- Easpa feasachta maidir le riachtanais na Rialachán Náisiúnta Airgeadais (NFRS)
- Neamhréireacht i gcur i bhfeidhm próiseas i réimsí de FnaSS
- Neamhréireachtaí agus earráidí a aimsíodh i gClár na Sócmhainní Seasta
- Neamhréireachtaí i gcur i bhfeidhm an bheartais dímhéasa.

Tá sé beartaithe ag FnaSS dul i ngleic leis na fadhbanna seo trí ghrúpa oibre um Shócmhainní Seasta a bhunú a mbeidh sé mar aidhm aige:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar an mBeartas um Shócmhainní Seasta Reatha agus RNA (NFRS) agus soiléiriú a dhéanamh nuair is gá
- Deiseanna a aithint chun próiseas a chaighdeánú
- Clár oiliúna a fhorbairt
- Oibriú in éineacht le foireann tionscadail IFMS chun a chinntiú go mbaineann FnaSS leas as feidhmiúlacht uasghrádaithe an chórais SAP4Hana.

### VIII. Fiacha Othar

Tuairiscíonn Nóta 17 leis na ráitis airgeadais 2023 thart ar suim de €102m. maidir le fiacha othar. San áireamh anseo meastar go bhfuil €51m ag baint le héilimh inar gá don FnaSS gníomh nó aontú a dhéanamh ina leith, agus nár cuireadh faoi bhráid na n-árachóirí príobháideacha iad go fóill i gcomhair forchúitimh. Tuigean FnaSS gur féidir le moill, maidir le billí othar a chur faoi bhráid árachóirí príobháideacha, cur leis an mbaol nach n-íocfar na sonraisc agus go bhféadfadh go mbeadh orthu iad seo a dhíscríobh mar dhrochfhíacha dá bharr seo. Tá an riosca is mó maidir le drochfhíacha i gceist i gcás árachóir sláinte príobháideach amháin (PHI). Measann FnaSS go raibh leibhéal na n-éileamh a forghéilleadh agus a ndearnadh soláthar dóibh i 2023 thart ar €3.5m, arb ionann é agus timpeall 10% de dhíscríobh féichiúnaithe ioncaim othar i 2023 agus is ionann é agus 3.5% de ghlanféichiúnaithe othar.

Cuireann FnaSS tuairisciú míosúil ar fhíacha othar ar fáil chomh maith le héilimh atá i mbaol forghéillte i gcás na nOspidéal go léir chun aird a tharraingt ar na rioscaí sin agus pléitear na bunchúiseanna le moill, dá leithéid seo, le gach Ospidéal chun tacú le hospidéal maidir leis na rioscaí sin a mhaolú.

### 12. Conclúid

Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca FnaSS scrúdú ar an tuarascáil ar Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht an Chórais um Rialú Inmheánach i FnaSS agus thug siad comhairle ina leith seo thar ceann an Bhoird.

Tá a lán athruithe suntasacha ag tarlú i FnaSS agus ag an am céanna tá an Fheidhmeannacht ag déanamh gach iarracht freastal ar na riachtanais agus ar éilimh ar na seirbhísí atá go sioraí ag dul i méid. Tá córais rialaithe FnaSS fós ag brath go pointe áirithe ar sheanchleachtais na gcóras airgeadais a bhí i bhfeidhm ach de réir a chéile cuirfear córas aonair airgeadais agus soláthair comhtháite náisiúnta ar fáil, mar a sonraíodh i Mír 11.

Bhí obair de réir rialach ar bun i FnaSS, ar cuireadh tús leis i mí Dheireadh Fómhair 2023 agus nár réitíodh go dtí mí Feabhra 2024. Mar thoradh ar an obair de réir rialach seo, cuireadh moill mhór ar thuairisciú um dheireadh na míosa sa bhliain 2024 agus is sa chomhthéacs seo a scríobhadh an Ráiteas um Rialú Inmheánach.

Léirigh an t-athbhreithniú, maraon le dearbhú teoranta an Stiúthóra Náisiúnta um Iniúchadh Inmheánach ar an gcóras rialaithe inmheánaigh go bhfuil fadhbanna agus laigí tugtha faoi deara i gcóras rialaithe inmheánaigh FnaSS. Mar sin féin, sna cásanna ar aimsíodh na laigí seo, tá fianaise shoiléir ann gur ullmhaíodh pleananna maolaithe agus / nó pleananna bainistíochta gníomhaíochta chun na rioscaí ar leith a mhaolú agus atá sásúil ó thaobh na Ráiteas Airgeadais Bliantúla. Glacfaidh roinnt de na pleananna maolaithe agus / nó gníomhaíochta roinnt blianta chun dul chun cinn iomlán a dhéanamh, ach tá fianaise ann go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh i bpríomhréimsí mar atá aitheanta sa cháipéis seo. Cé go léiríonn an t-athbhreithniú dearbhú teoranta, tá FnaSS sásta go bhfuil fianaise ann go bhfuil timpeallacht rialaithe chuí i FnaSS agus go bhfuil sé tábhachtach go n-aithnítear laigí agus go gcomhaontaítear gníomhartha maolaithe.

Tuigeann FnaSS go bhfuil sé riachtanach comhlíontacht maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh a fheabhsú, agus tá an bhainistíocht shinsearach ag díriú air seo. Is údar dóchais é, áfach, gur léirigh athbhreithniú 2023 go raibh feasacht ní b'fhearr maidir le cuntasacht agus freagracht ag foireann FnaSS ag gach leibhéal, agus léiríodh rannpháirtíocht ní ba láidre i dtaca leis an bpróiseas dearbhaithe rialuithe i 2023.

Tuigeann an Bord go bhfuil freagracht iomlán air as an gcóras rialaithe inmheánaigh i FnaSS agus leanfaidh sé ag déanamh monatóireachta agus ag tacú le tuilleadh forbartha ar rialuithe. Déanfar an dul chun cinn a athmheas in Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht an Chórais Rialaithe Inmheánaigh i 2024. System of Internal Control.



**Ciarán Devane**  
*Cathaoirleach an Bhoird*

28 Meitheamh 2024

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

### Tuairim ar na Ráitis Airgeadais

Tá ráitis airgeadais Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte iniúchta agam don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2023 mar a éilítear faoi fhorálacha Alt 36 Acht Sláinte 2004. Is éard a chuimsítear leis na ráitis airgeadais ná

- an ráiteas ioncaim agus caiteachais
- an ráiteas ioncaim agus caiteachais chaipitiúil
- an ráiteas ar athruithe sna cúlchistí
- an ráiteas ar staid airgeadais
- an ráiteas ar shreabhadh airgid, agus
- na nótaí bainteacha, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

I mo thuairimse, i gcás na ráiteas airgeadais

- Is léiriú fíor iad ar staid ghnóthaí Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte amháil ar an 31 Nollaig 2023 agus ar a hioncam agus caiteachas don bhliain 2023, agus
- ullmháid i gceart iad de réir na gcaighdeán cuntasaíochta atá sonraithe ag an Aire Sláinte, i gcomhairle leis an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais Lánpháirtíochta agus Óige, mar atá leagtha amach sa chuid maidir le bunús ullmhúcháin na gcuntas sna beartais chuntasaíochta.

### Bunús na Tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISA) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Tá cur síos déanta san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin. Táim neamhspleách ar Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus ba de réir na gcaighdeán céanna a chomhlíon mé na freagrachtaí eitiúla eile atá orm.

Creidim gur leor agus cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé chun bonn a thabhairt do mo thuairim.

### Tuairisc ar fhaisnéisí eile seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Chuir Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte faisnéis áirithe eile i láthair in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn an fhaisnéis sin an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais, tuarascáil na gcomhaltaí Boird agus an ráiteas faoi rialú inmheánach agus dhá aguisín. Tá cur síos déanta san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm tuairisc a thabhairt ar fhaisnéis den sórt sin agus ar ábhair eile ar a dtuairiscim de réir eisceachta.

#### 1 Caillteanas a bhain le Covid-19

##### Vacsainí as feidhm

Áirítear sa chuntas ioncaim agus caiteachais muirir ar luach €86.5 milliún san iomlán a bhaineann le stoic vacsainí Covid-19 a díscríobhadh de bharr nár úsáideadh iad roimh dháta éaga (€64.5 milliún) agus cuireadh €22 milliún san áireamh maidir le vacsainí Covid-19 a mheastar go sroichfidh siad dáta éaga sula bhféadfar iad a úsáid. Ba €94.4 milliún an muirear comhionann i ráitis airgeadais 2022. (Féach Nóta 1(b) leis na ráitis airgeadais).

Ba é an caiteachas iomlán ar cheannachán vacsainí Covid-19 suas go dtí an 31 Nollaig 2023 ná €449 milliún. Is ionann díscríobhadh diffeidhmeachta go dtí an dáta sin — ar luach iomlán de €181 milliún — agus 40% den iomlán a caitheadh.

##### Tástálacha antaigine as feidhm

Ar an 31 Nollaig 2023, bhí stoic de thástálacha antaiginí ar chostas €12.5 milliún ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus meastar go sroichfidh siad dáta éaga an déantóra sula bhféadfar iad a úsáid. Tá soláthar iomlán déanta ina leith seo (€9 milliún i 2022 agus €3.5 milliún eile i 2023).

##### Costais stórála trealamh cosanta pearsanta atá as feidhm

I 2023, thabhaigh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte costais de €2.3 milliún maidir le trealamh cosanta pearsanta (PPE) a stóráil agus cinneadh go raibh an trealamh seo as feidhm. Chosain sé thart ar €500,000 chun cultacha cosanta, agus €500,000 eile chun ábhair éagsúla eile a bhain le TCP a stóráil chomh maith le costas €1.3 milliún chun stoc mór glóthach láimhe a stóráil. Ba é an costas carnach a bhain leis an ábhar seo ar fad atá as feidhm a stóráil le trí bliana anuas ná €5.25 milliún.

## 2 Caillteanas maidir le muirir othar príobháideach

Nochtann Alt 11 (VIII) den ráiteas ar rialú inmheánach gur dhiúltaigh árachóir príobháideach i rith 2023, éilimh árachais sláinte, arbh fhiú €3.5 milliún measta iad, ó ospidéal Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a íoc ar an mbonn nár cuireadh i gcrích iad laistigh den amscála sonraithe maidir le héilimh den chineál seo.

Ar leithligh, nochtar i nóta 25 leis na ráitis airgeadais gur thángthas ar shocrú idir Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus árachóir sláinte príobháideach. Baineann an socrú le héileamh ón árachóir maidir le táillí cóireála othar príobháideach a cuireadh i bhfeidhm. Áirítear muirear de €30 milliún i leith an tsocraithe sa chuntas ioncaim agus caiteachais do 2023. Seo muirear atá le híoc ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i gceithre thráthchuid chothroma bliantúla de €7.5 milliún, ó 2024 go 2027 (an dá bhliain sin san áireamh).

## 3 Neamh-chomhlíonadh maidir le Soláthar

Tá aird tarraingthe agam arís agus arís eile ar an bhfadhb maidir le neamh-chomhlíonadh soláthair i mo thuarascálacha bliantúla ar iniúchtaí na ráiteas airgeadais de chuid FnaSS. Léirítear i gCuid 11(II) den ráiteas ar rialú inmheánach go bhfuil fadhbanna fós maidir le neamh-chomhlíonadh na rialacha soláthair i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

Ba é caiteachas iomlán measta Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar earraí agus ar sheirbhísí atá faoi réir rialacháin soláthair ná thart ar €4.2 billiún i 2023. Rinne an Fheidhmeannacht féinmheasúnú chun leibhéal an tsoláthair neamh-chomhlíontach a chinntiú maidir le ceannachán ar cuireadh isteach sonraisc de luach €25,000 nó os a chionn. Thug an próiseas féinmheasúnaithe le fios gur 12% an ráta soláthair neamhchomhlíontach i 2023.

I mo thuairim, ní léiríonn an ráta measta maidir le soláthar neamhchomhlíontach go cruinn an ráta soláthar neamhchomhlíontach i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, ar dhá phríomhchúis.

- Ní raibh dhá thrian de sholáthar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (i.e. soláthairtí dar luach €25,000 nó níos lú an ceann) san áireamh sa bhféinmheasúnú a rinneadh. (B'ionann agus €1.6 billiún luach na sonraisc, sin 38% de chaiteachas na Feidhmeannachta a bhí san áireamh sa chleachtas féinmheasúnaithe)
- Níor críochnaíodh measúnú comhlíontach maidir le 13% den chaiteachas soláthair a bhí san áireamh i raon feidhme an fhéinmheasúnaithe, toisc nárbh fhéidir an bainisteoir atá freagrach as an gcaiteachas a aithint go héasca, nó toisc gur theip ar na bainisteoirí sainaitheanta páirt a ghlacadh sa bhféinmheasúnú.

Glacann an Fheidhmeannacht leis go bhfuil an t-athbhreithniú a rinne siad teoranta agus deir siad gur dócha go bhfuil an ráta neamhchomhlíontachta níos airde i gcás suimeanna faoi €25,000. Leagtar amach sa ráiteas ar rialú inmheánach na céimeanna atá á nglacadh ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun dul i ngleic le neamh-chomhlíonadh rialacha soláthar, ach dearbhaítear arís go dtógfaidh sé roinnt blianta chun dul i ngleic go hiomlán leis na fadhbanna a bhaineann le comhlíontacht soláthair.

## 4 Monatóireacht agus maoirseacht easnamhach maidir le deontais do ghníomhaireachtaí seachtracha

I 2023, chuir Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte maoiniú de €6.8 billiún ar fáil do ghníomhaireachtaí seachtracha (eagraíochtaí alt 38 agus alt 39). Léiríonn Mír 11 (IV) den ráiteas ar rialú inmheánach laigí i gcóras maoirseachta agus monatóireachta Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte maidir le deontais do na gníomhaireachtaí seo. Ba cheart go mbeadh maoiniú deontais do na gníomhaireachtaí seo clúdaithe faoin bhfoirm ábhartha um chomhaontú conartha i.e. Socruithe Seirbhíse (SA) (os cionn €250,000) agus Comhaontuithe Deontas i gCabhair (níos lú ná €250,000). Faoi dheireadh na bliana 2023, ní raibh ach 83.4% den mhaoiniú a tugadh do ghníomhaireachtaí alt 38 agus 39 clúdaithe ag comhaontú conartha.

## 5 Laigí maidir le rialuithe na sócmhainní seasta

Nochtann Alt 11 (VII) den ráiteas ar rialú inmheánach fadhbanna a bhaineann le bainistíocht agus cuntasaiocht na sócmhainní seasta. Cé go raibh mé sásta de bharr an iniúchta a rinne mé gur muirearaíodh caiteachas caipitiúil i gceart sa chuntas ioncaim agus caiteachais, thug mé faoi deara neamhréireachtaí ar fud Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte maidir le feidhmiú rialacháin náisiúnta airgeadais, cásanna ina raibh sócmhainní nach bhfuil in úsáid a thuilleadh fós ar chláir sócmhainní agus tionscadail chaipitil nár cuireadh costais a bhain leo san áireamh ar chláir sócmhainní. Nochtann an ráiteas ar rialú inmheánach go bhfuil sé beartaithe ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte grúpa oibre a bhunú chun dul i ngleic leis na fadhbanna seo.

## 6 Íocaíochtaí d'fhostaithe ar ardioncam

Déanann Nóta 7 leis na ráitis airgeadais anailís ar luach saothair phearsanra Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte de réir banda pá. Tugann sé seo le fios go bhfuair deichniúr fostaithe os cionn €500,000 an duine i 2023.


Fuair an duine ab airde a fuair pá i 2023 beagnach €1 milliún luach saothair iomlán. B'ionann seo agus thart ar €700,000 i dtáillí glaoh amach chun cóireáil leighis a chur ar othair lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre an fhostaí. Forálann conradh an fhostaí d'íocaíochtaí breise i leith gach othar aonair a gcuirtear cóireáil orthu le linn tréimhse scithe an fhostaí. Mar shampla, le linn glao amach oíche ag an deireadh seachtaine i 2023, íocadh an fostaí de réir ráta pá sé huair an chloig pá in aghaidh an othair, do gach ceann den cheathrar othar ar cuireadh cóireáil orthu laistigh de thréimhse amháin 60 nóiméad .i.e. os cionn €2,800 don ghlaoh amach seo.

Léirítear i Mír 11(III) den ráiteas ar rialú inmheánach gur aimsigh athbhreithniú ar iniúchadh inmheánach maidir le híocaíochtaí d'fhostaithe ar ardioncam roinnt bearnaí rialaithe inmheánaigh féideartha maidir le híocaíochtaí a rinneadh le roinnt dochtúirí comhairleacha in ospidéal faoi shocruithe áitiúla. Tá plean gníomhaíochta á chur i bhfeidhm ag an bhFeidhmeannacht chun dul i ngleic leis na fadhbanna seo.

## 7 Socruithe i gcás fostaíochta

Léirítear i Nóta 6 leis na ráitis airgeadais gur íoc Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte sochar foirceanta fostaíochta de €1.69 milliún san iomlán i leith trí chás.

Bhain ceann de na trí chás a socraíodh le foirceannadh fostaíochta de luach €1.6 milliún. San áireamh anseo, bhí €1.37 milliún i gcomhair cailteanas tuillimh phríobháideacha ionchasacha le linn na tréimhse a raibh an t-iarfhostaí ar fionraí (tréimhse trí bliana agus ocht mí); suim ex gratia de €200,000; agus €30,000 i leith dochar do chlú an fhostaí. Bhí an fostaí ag fáil tuarastal iomlán agus é ar fionraí.



**Seamus McCarthy**

*An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste*

28 Meitheamh 2024

## Aguisín leis an tuairisc

### Freagrachtaí an Bhoird

Tá na comhaltaí freagrach as

- ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhoirm atá sonraithe in Alt 36 den Acht Sláinte 2004 agus caighdeáin chuntasaíochta atá sonraithe ag an Aire Sláinte
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh chun a dheimhniú cibé an bhfuil sé cuí nó nach bhfuil úsáid a bhaint as bonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta, agus
- cibé rialú inmheánach a chinneann siad atá riachtanach le gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is í an fhreagracht atá orm ná ráitis airgeadais Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a iniúchadh agus tuairisciú orthu de réir Alt 36 den *Acht Sláinte 2004* agus na tuairiscí sin a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíríteas ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní deimhniú é go n-aimseoidh iniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISA míráiteas ábhartha i gcónaí, i gcás gur ann dá leithéid. Is féidir le míráiteas eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ina n-aonar nó le chéile, go bhféadfaidís tionchar a bheith acu ar chinntí eacnamaíochta na n-úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISA, bíim proifisiúnta i mo chuid breithiúnais agus cloim le hamhras proifisiúnta le linn an iniúchta. Cuireann an méid seo ar mo chumas,

- Na rioscaí míráitis ábhartha, bíodh sin mar thoradh ar chalaos ná earráid, a shainiú agus a mheas; nósanna imeachta iniúchta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm, atá in ann déileáil leis na rioscaí sin; agus fianaise iniúchta a fháil, atá sásúil agus cuí le bheith mar bhonn is taca ag mo chuid tuairimí. Tá an riosca a bhaineann le míthuirisc ábhartha a thagann ó chalaos agus gan í a aithint níos airde ná an riosca a bhaineann le míthuirisc a thagann ó earráid, mar is féidir le claonpháirtíocht, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois
- Gnóthaím tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh, ionas gur féidir liom nósanna imeachta a dhearadh a oireann do na cúinsí, ach ní chun críche tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáideadh agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus aon nochtadh a bhaineann leo
- Críochnaím ar oiriúnacht úsáid bhonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta, agus ar bhunús na fianaise iniúchta atá faighte, ar cibé an bhfuil ná nach bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann maidir le teagmhais nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Más é an tátal a bhainim as an scéal ná go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha i gceist, tá de cheanglas orm aird a dhíriú i mo thuairisc ar an nochtadh a bhaineann leis seo sna ráitis airgeadais, nó mura leor an nochtadh sin, mo thuairim a athrú. Tá mo chuid tátal bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas chomh fada le dáta mo thuairisce. D'fhéadfadh go stopfadh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ag feidhmiú mar ghnóthas leantach, áfach, mar thoradh ar theagmhais nó coinníollacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn amach anseo.

Bíim i mbun plé leo siúd atá freagrach, i measc rudaí eile, as rialachas maidir le scóip phleanáilte agus tráthúlacht an iniúchta, chomh maith le haon easnaimh shuntasacha i dtaca le rialú inmheánach a aimsím le linn m'iniúchta.

Tuairiscím de réir eisceachta más rud é, i mo thuairim,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin go léir a theastaigh uaim i gcomhair m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus i gceart, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.



### Eolas eile seachas na ráitis airgeadais

Ní chuimsíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an t-eolas eile atá curtha i láthair i dteannta na ráiteas sin, agus ní chuirim aon chineál tátail dearbhaithe in iúl maidir leis an eolas sin.

I ndáil le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá de cheanglas orm faoi na ISA, aon eolas eile a chuirtear i láthair a léamh agus, é sin déanta, machnamh a dhéanamh ar aon mhírír ábhartha a d'fhéadfadh a bheith san eolas eile le hais na ráiteas airgeadais nó le hais an eolais a fuarthas le linn an iniúchta, nó ar aon mhíríteas ábhartha eile a d'fhéadfadh a bheith i gceist. Ar bhunús na hoibre atá déanta agam, má bhainim tátal as an scéal go bhfuil míráiteas ábhartha ann i gcás an eolais eile seo, tá de cheanglas orm an méid sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar ábhair eile

Cuirim m'iniúchadh i gcrích de réir tagairt do na saintosca a bhaineann le comhlachtaí Stáit a fhaigheann maoiniú substaintiúil ón stát, i dtaca lena mbainistiú agus a bhfeidhmiú. Má tá cúrsaí ábhartha a bhaineann leis an gcaoi ar cuireadh gnó poiblí i gcrích, déanaim iad sin a thuairisciú.

Féachaim le fianaise a fháil ar rialtacht idirbhearta airgeadais le linn iniúchtaí. Más ann d'aon chás ábhartha nár baineadh leas as airgead poiblí le haghaidh na húsáide a bhí ceaptha dó, nó i gcás go raibh idirbhearta ann nár chomhlíon na húdaráis arna rialú, déanaim an méid sin a thuairisciú.


# Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2023

	Nótaí	2023 €'000	2022 €'000
<b>Ioncam</b>			
Deontas Ioncaim na Roinne Sláinte	3(a)	20,750,200	22,482,176
Deontas Ioncaim na Roinne Leanáí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige	3(a)	2,720,918	–
Easnamh ar Ioncam agus Caiteachas tugtha ar aghaidh	3(b)	(185,163)	(195,034)
		<b>23,285,955</b>	<b>22,287,142</b>
Ioncam othar	4	333,018	370,839
Ioncam eile	5	555,418	520,326
		<b>24,174,391</b>	<b>23,178,307</b>
<b>Caiteachas</b>			
Pá agus Pinsin			
Cliniciúil	6 & 7	5,356,980	4,911,191
Neamhchliniciúil	6 & 7	1,857,534	1,739,687
Seirbhísí eile Cliant / Othar	6 & 7	1,250,500	1,134,638
		<b>8,465,014</b>	<b>7,785,516</b>
Neamhphá			
Cliniciúil	8	2,007,253	2,189,035
Iompar Othar agus Seirbhísí Otharcharranna	8	121,162	108,559
Scéimeanna Cúram Príomhúil agus Cátaí Leighis	8	4,510,297	4,177,680
Seirbhísí eile Cliant / Othar	8	36,100	32,728
Deontais do ghníomhaireachtaí seachtracha	8	6,743,250	6,342,192
Tíos	8	428,196	372,129
Costais Oifige agus Riaracháin	8	1,142,484	1,090,080
Costais Oibriúcháin Eile	8	15,538	12,163
Táillí Fadchónaithe Aisíochta le hOthair	9	(28)	(366)
Scéim Árachais Heipitítis C	10	1,109	840
Íocaíochtaí leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát	11	506,365	482,617
An Scéim Tacaíochta do Thithe Altranais (Fair Deal) – Tithe Altranais Príobháideacha amháin	12	772,263	770,297
		<b>16,283,989</b>	<b>15,577,954</b>
Caiteachas Iomlán		<b>24,749,003</b>	<b>23,363,470</b>
Glaneasnamh Oibriúcháin don Bhliain		<b>(574,612)</b>	<b>(185,163)</b>

Táthar tar éis déileáil leis na gnóthachain agus cailteanais uile seachas iad siúd a bhaineann le dímheas agus amúchadh sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitiúil.

Áirítear an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais, an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitiúil, an Ráiteas ar Athruithe sna Cúlchistí, an Ráiteas ar Staid Airgeadais agus an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid mar chuid de phríomhráitis airgeadais FnaSS.



**Ciaran Devane**  
Cathaoirleach

28 Meitheamh 2024



**Bernard Gloster**  
POF

28 Meitheamh 2024


# Raiteas ar Ioncam agus Caiteachas Chaipitiúil

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2023

	Nótaí	2023 €'000	2022 €'000
<b>Ioncam</b>			
Deontas Caipitil na Roinne Sláinte	3(a)	<b>1,096,695</b>	1,249,150
Deontas Caipitil na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige	3(a)	<b>21,370</b>	–
Easnamh Ioncam agus Caiteachas Caipitiúil tugtha ar aghaidh	3(b)	–	(45,462)
		<b>1,118,065</b>	<b>1,203,688</b>
Maoiniú Ioncaim Leagtha ar Thionscadail Chaipitil		<b>2,481</b>	1,848
Fáltais na nDiúscairtí		<b>1,158</b>	1,442
Ranna Rialtais agus Foinsí Eile	13(c)	<b>1,912</b>	8,097
		<b>1,123,616</b>	<b>1,215,075</b>
<b>Caiteachas</b>			
Caiteachas Caipitiúil ar Thionscadail Chaipitil FnaSS	13(b)	<b>708,944</b>	635,904
Deontais Chaipitiúla do Ghníomhaireachtaí Seachtracha (Aguisín 1)	13(b)	<b>346,792</b>	531,706
		<b>1,055,736</b>	<b>1,167,610</b>
<b>Glanbharrachas Caipitil don Bhliain</b>		<b>67,880</b>	<b>47,465</b>

Táthar tar éis déileáil leis na gnóthachain agus caillteanais uile seachas iad siúd a bhaineann le dímhéas agus amúchadh sa Ráiteas loncaim agus Caiteachais agus an Ráiteas loncaim agus Caiteachais Chaipitiúil.

Áirítear an Ráiteas loncaim agus Caiteachais, an Ráiteas loncaim agus Caiteachais Chaipitiúil, an Ráiteas ar Athruithe sna Cúlchistí, an Ráiteas ar Staid Airgeadais agus an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid mar chuid de phríomhráitis airgeadais FnaSS.



**Ciaran Devane**  
Cathaoirleach

28 Meitheamh 2024



**Bernard Gloster**  
POF

28 Meitheamh 2024


# Ráiteas ar Athruithe sna Cúlchistí

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2023

	Nótaí	Cúlchistí Ioncaim €'000	Cúlchistí Caipitil €'000	Cuntas Caipitlithe €'000	Iomlán €'000
<b>Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2022 (mar a tuairiscíodh roimhe seo)</b>		(1,253,224)	(184,449)	5,675,287	4,237,614
Traschur an (Easnamh) Bharrachais faoi réir <i>Alt 33(3) don Acht Sláinte 2004</i> , arna leasú	3(b)	195,034	45,462		240,496
Glanbharrachas / (Easnamh) don bhliain		(185,163)	47,465		(137,698)
Fáltais Cuntas Diúscartha – athruithe sna cúlchistí	14		34		34
Breiseanna Réadmhaoine, Gléasra agus Trealamh sa bhliain	13(a)			467,399	467,399
Infheistíocht Stáit i Socruithe maidir le Lamháltas Seirbhíse PPP				5,490	5,490
Lúide: Glanluach leabhar na Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh a rinneadh a dhiúscairt sa bhliain				(26,440)	(26,440)
Lúide: Muirear dímhéasa sa bhliain				(276,742)	(276,742)
<b>Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2022</b>		<b>(1,243,353)</b>	<b>(91,488)</b>	<b>5,844,994</b>	<b>4,510,153</b>
<b>Iarmhéid ar 1 Eanáir 2023</b>		(1,243,353)	(91,488)	5,844,994	4,510,153
Caipitliú caiteachas na bliana roimhe seo*	13(a)			13,485	13,485
Traschur an Easnamh / (Barrachas) faoi réir <i>Alt 33(3) don Acht Sláinte 2004</i> , arna leasú	3(b)	185,163	(47,465)		137,698
Glan (Easnamh) / Bharrachas don bhliain		(574,612)	67,880		(506,732)
Fáltais Cuntas Diúscartha – athruithe sna cúlchistí	14		(34)		(34)
Breiseanna Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh sa bhliain	13(a)			475,751	475,751
Infheistíocht Stáit i Socruithe maidir le Lamháltas Seirbhíse PPP				3,847	3,847
Lúide: Glanluach leabhar na Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh a rinneadh a dhiúscairt sa bhliain				(29,113)	(29,113)
Lúide: Muirear dímhéasa sa bhliain	15			(272,339)	(272,339)
<b>Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2023</b>		<b>(1,632,802)</b>	<b>(71,107)</b>	<b>6,036,625</b>	<b>4,332,716</b>

\* Caiteachas a tabhíodh i mblianta roimhe seo ach nár caipitíodh

Áirítear an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais, an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitíúil, an Ráiteas ar Athruithe sna Cúlchistí, an Ráiteas ar Staid Airgeadais agus an Ráiteas ar Shreabhachd Airgid mar chuid de phríomhráitis airgeadais FnaSS.



**Ciaran Devane**  
Cathaoirleach  
28 Meitheamh 2024




**Bernard Gloster**  
POF  
28 Meitheamh 2024

# Ráiteas ar an Staid Airgeadais

Ar an 31 Nollaig 2023

	Nótaí	2023 €'000	2022 €'000
<b>Sócmhainní Seasta</b>			
Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh	15	6,172,651	5,984,866
Sócmhainní Airgeadais		444	271
<b>Iomlán na Sócmhainní Seasta</b>		<b>6,173,095</b>	<b>5,985,137</b>
<b>Sócmhainní Reatha</b>			
Fardail	16	190,191	268,003
Trádáil agus Infháiltais Eile	17	1,272,157	1,214,834
Airgead		237,325	331,570
Creidiúnaithe (méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)	18	(3,299,708)	(3,072,887)
<b>Glandliteanas Reatha</b>		<b>(1,600,035)</b>	<b>(1,258,480)</b>
Creidiúnaithe (méideanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin)	19	(148,627)	(155,730)
Ioncam Iarchurtha	20	(91,717)	(60,774)
<b>Glansócmhainní</b>		<b>4,332,716</b>	<b>4,510,153</b>
Cuntas Caipitlithe		6,036,625	5,844,994
Cúlchistí Caipitil		(71,107)	(91,488)
Cúlchistí Ioncaim		(1,632,802)	(1,243,353)
<b>Caipiteal agus Cúlchistí</b>		<b>4,332,716</b>	<b>4,510,153</b>

Áirítear an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais, an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitiúil, an Ráiteas ar Athruithe sna Cúlchistí, an Ráiteas ar Staid Airgeadais agus an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid mar chuid de phríomhráitis airgeadais FnaSS.



**Ciaran Devane**  
Cathaoirleach

28 Meitheamh 2024




**Bernard Gloster**  
POF

28 Meitheamh 2024

# Ráiteas ar an Staid Airgeadais

Ar an 31 Nollaig 2023

	Nótaí	2023 €'000	2022 €'000
<b>Glan Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin</b>	21	<b>(76,199)</b>	(327,652)
<b>Sreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta</b>			
Íocaíochtaí airgid do chuspóirí Caipitil		<b>(1,049,233)</b>	(1,154,909)
Íocaíochtaí airgid ó Ioncam do chuspóirí Caipitil	13(a)	<b>(33,995)</b>	(36,570)
Ús a fuarthas ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		<b>3,018</b>	61
Infháltais ó dhíolachán réadmhaoine, gléasra agus trealamh (gan trádáil isteach san áireamh)	14	<b>1,125</b>	1,476
<b>Glaneis-sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta</b>		<b>(1,079,085)</b>	<b>(1,189,942)</b>
<b>Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe</b>			
Deontas Caipitil faighte		<b>1,118,065</b>	1,249,150
Fáltais Chaipitil ó fhoinsí eile	13c	<b>1,912</b>	8,097
Infheistíocht Stáit i Socruithe maidir le Lamháltas Seirbhíse		<b>(3,847)</b>	(5,490)
Íocaíocht na heiliminte caipitil den léas airgeadais		<b>(2,481)</b>	(1,848)
Ús íochta ar iasachtaí agus rótharraingtí		<b>(9)</b>	(16)
Ús íochta ar Shocruithe maidir le Lamháltas Seirbhíse		<b>(4,457)</b>	(3,766)
Ús íochta ar léasanna airgeadais		<b>(679)</b>	(752)
Barrachas Caipitil aistrithe chuig an RS	3(a)	<b>(47,465)</b>	0
<b>Glaninsreabhadh airgeadais ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe</b>		<b>1,061,039</b>	<b>1,245,375</b>
Méadú in airgead nó coibhéisí airgid sa bhliain		<b>(94,245)</b>	(272,219)
Airgead nó coibhéisí airgid ag tús na bliana		<b>331,570</b>	603,789
<b>Airgead nó coibhéisí airgid ag deireadh na bliana</b>		<b>237,325</b>	<b>331,570</b>



**Ciaran Devane**  
Cathaoirleach

28 Meitheamh 2024



**Bernard Gloster**  
POF

28 Meitheamh 2024

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## Nóta 1 Beartais Chuntasaíochta

### Ráiteas um Chomhlíonadh agus Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais ar bhonn fabhráithe, de réir choinbhinsiún an chostais stairiúil. Faoi Alt 36(3) den Acht Sláinte 2004, sonraíonn an tAire i gcomhar leis an Aire na caighdeán chuntasaíochta atá le leanúint ag FnaSS. Tá na Prionsabail Chuntasaíochta a nglactar leo in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe (GAAP), FRS 102, glactha ag FnaSS de réir na gcaighdeán cuntasaíochta atá eisithe ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais faoi réir na n-eisceachtaí seo a leanas atá sonraithe ag an Aire:

1. Ní chuirtear dímhéas de mhúirear ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais, ach cuirtear de mhúirear é in aghaidh iarmhéid an Chuntais Chaipitilthe (Cúlchiste). Faoi GAAP ní mór dímhéas a chur de mhúirear ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais
2. Déantar deontais chaipitil a fhaightear ón Stát chun maoin, gléasra agus trealamh a cheannach a tháifeadadh sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas Caipitiúil. Faoi GAAP, déantar deontais chaipitil a tháifeadadh mar ioncam iarchurtha agus amúchta thar shaolré fóna na réadmhaoine, an ghléasra agus an trealamh lena mbaineann, chun cóireáil chuntasaíochta an deontais a mheaitseáil leis an múirear dímhéasa a bhaineann leis. Léirítear caiteachas caipitiúil maidir le sócmhainní seachas iad sin a ceannaíodh trí shocrú lamháiltais seirbhíse sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas Caipitiúil de réir mar a thabhaítear iad. Faoi FRS 102, déantar caiteachas den sórt sin a chaipitliú agus a mhúirear ar ioncam agus ar chaiteachas thar shaolré na sócmhainne
3. Déantar cuntasaíocht i leith pinsin de réir ' mar a úsáidtear iad'. Ní chuirtear forálacha FRS 102 'Alt 28: Sochair Fostaithe' i bhfeidhm agus ní aithnítear sna ráitis airgeadais an dliteanas i leith sochair sa todhchaí a fabhraíodh i rith na bliana
4. Déantar éilimh faoin Scéim Slánaíochta Cliniciúil a íocann FnaSS, agus a riarann an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát ar son FnaSS, a chuntas ar bhonn 'íoc mar a úsáidtear'. Ní chloíonn sé seo le FRS 102 'Alt 21 – Forálacha agus Teagmhais'. Tá sonraí an mhéid a aithnítear sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas i 2023, in éineacht leis an dliteanas sa todhchaí atá measta go hachtúireach agus a bhaineann leis an scéim seo amhail ar an 31 Nollaig 2023, sonraithe i Nóta 11.

Ullmhaítear ráitis airgeadais FnaSS in Euro agus slánaítear iad go dtí an €'000 is gaire.

### Aistriú Feidhmeanna chuig an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

Aistríodh an fhreagracht maidir le beartas, feidhmeanna agus maoiniú ón Roinn Sláinte chuig an Roinn Leanaí Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) ar an 1 Márta 2023. Tá foráil san *Acht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha) 2022* maidir leis an aistriú seo.

### Gnóthas Leantach

Tá an Litir Chinnidh don bhliain 2024 faighte ag FnaSS, a thagann leis an bPlean Seirbhíse Náisiúnta do 2024 agus a dhearbhaíonn go bhfuil tacaíocht Rialtais ag FnaSS chun a chinntiú go bhfuil maoiniú ar fáil chun Seirbhísí Sláinte agus Sóisialta a sholáthar. Tá dúshlán suntasach maidir le maoiniú don bhliain 2024 éilithe sa Phlean Seirbhíse Náisiúnta do 2023. In ainneoin na ndúshlán sin, chinn FnaSS go ndéanfaí na ráitis airgeadais seo do 2023 a ullmhú go cuí ar bhonn Gnóthas Leantach, bunaithe ar na príomhchinntí seo a leanas:

- Chuir an tAire Cistiú Ioncaim agus Caipitil de €21.9bn ar fáil do 2024
- Chuir an tAire Leanaí Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige Cistiú Ioncaim agus Caipitil de €2.8bn ar fáil do 2024
- Tá cistiú iomlán de €24.7bn i gcistiú ioncaim agus caipitil curtha ar fáil ag FnaSS don bhliain 2024
- Tá Plean Seirbhíse Náisiúnta faofa do 2024 eisithe ag FnaSS a shonraíonn méid na seirbhísí atá le cur ar fáil i 2024
- Ní mór don Stát leanúint ag cur seirbhísí sláinte agus cúraim ar fáil, níl aon fhianaise ann go dtiocfaidh deireadh le seirbhísí cúram sláinte ina n-iomláine, rud atá ina phríomhghné maidir le gnóthas leantach
- Tá an Rialtas tiomanta aistriú chuig struchtúr rialachais an LSR (RHA) chun tacú le cúram comhtháite sa todhchaí
- Tá struchtúr LSR á gcur i bhfeidhm ag FnaSS faoi láthair agus tá seisear Oifigeach Feidhmiúcháin Réigiúnacha ceaptha a thuirisceoidh go díreach do Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin FnaSS.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## Aitheantas Ioncaim

### Ioncam agus Deontas Caipitil

Tagann an t-airgead ón Roinn Sláinte chun an tseirbhís sláinte a mhaoiniú faoi Vóta 38. Cuireann an Roinn Sláinte deontais ar fáil do FnaSS i dtaca le seirbhísí riaracháin, caipitil agus neamhchaipitil.

Ón 1 Márta 2023, tá seirbhísí míchumais á maoiniú faoi vótáil na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (Vóta 40). Tá maoiniú seirbhísí neamhchaipitil agus caipitil san áireamh anseo.

Forálann *Alt 33(1) den Acht Sláinte 2004*, arna leasú, go n-eiseoidh an tAire Litir Chinnidh chuig FnaSS gach bliain ina leagtar amach an t-uaschaiteachas a fhéadfaidh sé a thabhtú sa bhliain airgeadais ábhartha. Fuarthas an Litir Chinnidh dheireanach i dtaca le 2023 ar an 8 Bealtaine 2024.

Forálann *Alt 30B(1) den Acht Sláinte 2004*, arna leasú, go n-eiseoidh an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige Litir Chinnidh chuig FnaSS gach bliain ina leagtar amach an t-uaschaiteachas a fhéadfaidh an Fheidhmeannacht a thabhtú sa bhliain airgeadais ábhartha. Fuarthas Litir Chinnidh deiridh RLCMLÓ maidir le 2023 ar an 19 Feabhra 2024.

De réir na gcaighdeán cuntasaióchta atá sonraithe ag an Aire, déanann FnaSS cuntas ar dheontais ar bhonn fabhráithe. Dá réir sin, an méid atá sonraithe sa dá Litir Chinnidh don bhliain airgeadais ábhartha, áirítear é mar ioncam sa bhliain sin.

Tugtar cuntas ar ioncam deontais i leith seirbhísí riaracháin agus neamhchaipitil:

1. Sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas nuair a chuirtear i bhfeidhm é ar réimsí caiteachais neamhchaipitil;
2. Sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas Caipitiúil faoin gceannteideal *'Maoiniú Ioncaim arna chur i bhfeidhm ar Thionscadail Chaipitiúla'* nuair a úsáidtear airgead deontais neamhchaipitil chun caiteachas caipitil a mhaoiniú'.

Tugtar cuntas ar ioncam deontais i leith seirbhísí caipitil sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas Caipitiúil.

Ceanglaíonn *Alt 33(3) den Acht Sláinte 2004*, arna leasú, ar FnaSS seirbhísí a bhainistiú agus a sheachadadh ar bhealach atá de réir Plean Seirbhíse ceadaithe agus de réir litir chinnidh a d'eisigh na hAíre. Forálann an tAcht d'aon easnamh a chur de mhuirear ar ioncam agus caiteachas sa chéad bhliain airgeadais eile agus, faoi réir cheadú an Aire Sláinte nó an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, le toiliú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, chun barrachais a chur chun sochair ioncaim agus caiteachais sa chéad bhliain airgeadais eile. I 2023, cuireadh easnamh ó Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais 2022 de mhuirear ar Ráitis Ioncaim agus Caiteachais na bliana seo de réir threoir na Roinne Sláinte.

## Ioncam Eile

- (i) Aithnítear ioncam othar agus seirbhíse ag an am a gcuirtear an tseirbhís ar fáil
- (ii) Aithnítear ranníocaíochtaí aoisliúntais ón bhfoireann nuair a dhéantar an asbhaint (féach polasaí cuntasaióchta pinsin thíos)
- (iii) Aithnítear ioncam ó gach foinse eile nuair a fhaightear é seachas réamhíocaíochtaí i gcomhair táirgí agus seirbhísí sonraithe atá le seachadadh sa todhcháí murar tharla an caiteachas go fóill.

## Deontais do Ghníomhaireachtaí Seachtracha

Tugann FnaSS maoiniú do roinnt soláthraithe seirbhíse agus comhlachtaí chun seirbhísí sláinte agus sóisialta pearsanta a sholáthar thar a ceann, de réir fhorálacha Ailt 38 agus 39 den Acht Sláinte 2004. Sula ndéanann siad socrú den sórt sin, cinneann FnaSS uasmhéid an mhaoinithe atá beartaithe a chur ar fáil sa bhliain airgeadais faoin socrú agus an leibhéal seirbhíse a bhfuil súil aici leo de réir an mhaoinithe sin. Cuirtear an maoiniú seo de mhuirear, sa bhliain chuntais, ar ioncam agus ar chaiteachas ag an uasleibhéal atá socraithe don bhliain, cé go bhféadfadh sé nach n-íocfaí amach méid áirithe den mhaoiniú go dtí an bhliain dár gcionn.

## Léasanna

Léasanna Oibriúcháin – Déileáiltear le cíosanna atá le híoc faoi léasanna oibriúcháin sna Ráitis Airgeadais de réir mar a bhíonn siad dlite. Aithnítear dreasachtaí léasa thar thréimhse an léasa ar bhonn an mhéid chothrom.

Léasanna Airgeadais – Nil cead ag FnaSS dul i mbun oibleagáidí léasa airgeadais faoi Nósanna Imeachta Phoiblí Airgeadais na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, gan ceadú agus toiliú a fháil roimh ré. Sa chás go bhfuarthas sócmhainní ó chomhlachtaí réamhtheachtaí faoi léasanna airgeadais, glactar na léasanna sin anonn arna mbunú. I gcás na léasanna seo, áirítear an eilimint chaipitil den tsócmhainn i sócmhainn seasta agus déantar díluacháil ina leith thar a saolré fóna.

Maidir le haon sócmhainn a cheannaítear trí bhíthin léas airgeadais, luaitear iad, arna n-aithint i dtús báire, ag méid arb ionann é agus luach cóir na maoinne ar léas nó, más ísle, luach reatha na n-íocaíochtaí léasa íosta ag tús an léasa. Ar aitheantas tosaigh, aithnítear dliteanas léasa airgeadais freisin ag méid atá comhionann le luach cóir na maoinne ar léas nó, más ísle, luach reatha na n-íocaíochtaí léasa.

De bhreis ar an ngnáthchóireáil GAAP maidir le sócmhainn a fuarthas faoi léasanna airgeadais, cuirtear costas na sócmhainne de mhuirear ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitiúil agus déantar an Cuntas Caipitilthe (Cúlchiste) a chreidiúnú le suim



choibhíseach. Áirítear an eilimint chaipitil gan íoc atá sna hoibleagáidí léasa leis na creidiúnaithe. Úsáidtear an modh glanráta úis chun ús a ríomh agus cuirtear de mhúirear é ar ioncam agus caiteachas thar thréimhse an léasa.

## Deontais Chaipitil

Déantar maoiniú ó dheontais chaipitil a thaifeadadh sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitiúil. Chomh maith le maoiniú ó Dheontais Chaipitil, maoinítear roinnt mionchaiteachas caipitil ó ioncam. Déantar méid an mhaoinithe ioncaim seo a chaitear sa bhliain maidir le mionchaipiteal a chur de mhúirear go hiomlán ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais. Tarlaíonn an cleachtas cuntasáiochta seo, nach gcomhlíonann na príonsabail chuntasáiochta a nglactar leo go ginearálta, mar thoradh ar na heisceachtaí ó na príonsabail chuntasáiochta a nglactar leo go ginearálta, mar atá sonraithe ag an Aire.

## Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh agus Cuntas Caipitlithe

Luacháil – San áireamh faoi Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh, tá Talamh, Foirgnimh, Obair idir lámha, Trealamh agus Mótarfheithiclí.

- Cuimsíodh luachanna tugtha anonn na sócmhainní a ghlac FnaSS ar láimh ó chomhlachtaí réamhtheachtaí ar an gclár comhardaithe tosaigh ar an lá ar bunaíodh an eagraíocht ar 1 Eanáir 2005, ag a mbunchostas / luacháil. Áiríodh iarmhéid an chuntais dímheasa comhiomlán a bhain leis seo sa Ráiteas tosaigh ar an Staid Airgeadais, chomh maith. Nuair a bunaíodh FnaSS, áiríodh talamh na gcomhlachtaí réamhtheachtaí ag luacháil bunaithe ar rátaí in aghaidh an heicteáir / méadar cearnach a chuir an Roinn Sláinte agus Leanaí ar fáil tar éis dul i gcomhairle leis an Oifig Luachála. Rinneadh nuashonrú ar na luachálacha seo den uair dheireanach i 2002. Leanann FnaSS ag luacháil talún a glacadh ar láimh ó chomhlachtaí réamhtheachtaí ag baint úsáide as na rátaí seo. Is ceart a rá go bhfuil na tailte atá faoi úinéireacht FnaSS coinnte chun seirbhísí sláinte agus sóisialta pearsanta a sholáthar.
- Sonraítear aon bhreiseanna réadmhaoin, gléasra ná trealamh a fuarthas ón 1 Eanáir 2005 ag an gcostas stairiúil, lúide dímheas cantha.

Caiteachas Caipitiúil a Aithint - De réir na gcaighdeán cuntasáiochta atá ordaithe ag an Aire, cuirtear caiteachas ar bhreiseanna réadmhaoin, gléasra agus trealamh de mhúirear ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais nó ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas Caipitiúil, ag brath ar cibé an bhfuil an tsócmhainn maoinithe le maoiniú caipitil nó maoiniú ioncaim.

Beartas Caipitiúil - Déantar sócmhainní maoinithe caipitil agus sócmhainní maoinithe ag ioncam a chaipitliú má sháraíonn an costas €10,000. Tá sé seo ag teacht leis an gcleachtas i Ranna an Rialtais Láir le héifeacht ón 1 Eanáir 2022. Déantar breiseanna sócmhainne atá faoin tairseach de €10,000 agus a mhaoinítear ó ioncam a dhíscríobh i mbliain a gceannaigh. Áirítear breiseanna sócmhainní faoi bhun na tairisí nua seo atá maoinithe ó chaipiteal i Nóta 13(b) faoi *'Caiteachas ar thionscail FnaSS nach bhfuil breiseanna Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh mar thoradh orthu'*. Tugtar miondealú ar bhreiseanna sócmhainní de réir foinse maoinithe i Nóta 13(a) leis na cuntais.

Rinneadh Ionaid Chúraim Phríomhúil a fuarthas faoi shocruithe lamháltais seirbhíse na Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí (CPP) a chaipitliú agus a chuntas ag baint úsáide as an tsamhail dliteanais bunaithe ar léasa airgeadais.

Aithnítear luach shócmhainn an Ionaid Chúraim Phríomhúil agus an dliteanais lamháltais seirbhíse mar shócmhainní agus dliteanais sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais ag méideanna arb ionann agus luach cóir na réadmhaoin ar léas nó, más ísle, luach reatha na n-íosíocaíochtaí léasa, ar socraíodh gach ceann díobh nuair a cuireadh tús leis an léas. Ríomhtar íosíocaíochtaí léasa na todhchaí ar bhunús na n-íosíocaíochtaí muirir aonadaigh atá leagtha amach sa chonradh, atá le déanamh go díreach ag FnaSS. Úsáidtear an chuid réadmhaoin de mhúirear aonadach móide aon chuid caipitil d'íosíocaíochtaí oibríúcháin, agus an chuid sin tomhaiste go hiontaofa, mar bhunús do na híosíocaíochtaí léasa sa todhchaí.

Baintear leas as an gCur Chuige Infheistíochta Caipitiúla chun cuntasáiocht a dhéanamh ar shocruithe maidir le lamháltas seirbhíse PPP i gcuntais FnaSS. Soláthraíonn an cur chuige seo do chnádha luacha chaipitiúil, a léiríonn cothromas an Stáit i sócmhainní réadmhaoin CPP. Nuair a úsáidtear an cur chuige seo, aithnítear an gealltanas caipitiúil PPP sa Chuntas Caipitlithe (Cúlchiste) ag méid arb ionann é agus an dliteanas léasa airgeadais a bhaineann leis. Thar shaolré an lamháltais, déantar an laghdú ar an dliteanas léasa airgeadais atá gan íoc a amúchadh go bliantúil tríd an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas Caipitiúil agus déantar iontráil chomhfhreagrach sa Chuntas Caipitlithe (Cúlchiste).

Dímheas – De réir na gcaighdeán cuntasáiochta atá sonraithe ag an Aire Sláinte, ní chuirtear dímheas san áireamh sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais thar shaolré fóna na sócmhainne. Léirítear dímheas sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais sa chuntas cúlchiste. Is ionann an iontráil cúlchistí seo (sa Chuntas Caipitlithe) agus an iontráil chómhálartach maidir le Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh. Cuirtear dímheas de mhúirear ar an gCuntas Cúlchiste Caipitlithe thar shaolré fóna eacnamaíoch na sócmhainne.

Ní dhéantar sócmhainní a dhímheas sa chás go bhfuarthas nó má bhainistítear iad faoi shocruithe maidir le lamháltas seirbhíse CPP mar go gcinntíonn na socruithe seo saolré fóna iarmharach agus cumas oibríúcháin ag deireadh an téarma lamháltais, arb ionann é agus saolré fóna iarmharach agus cumas oibríúcháin na sócmhainne nuair a coimisiúnaíodh í don chéad uair. I gcás sócmhainní seasta eile, áit a bhfuil siad faoi réir dímheasa, déantar iad a dhímheas de réir bliana amháin sa bhliain a bhfaightear iad.

Is éard atá sa luach iarmharach ná an méid measta a gheofaí faoi láthair ó dhiúscairt sócmhainne, tar éis costais mheasta na diúscairthe a asbhaint, dá mbeadh an tsócmhainn in aois agus sa riocht a mbeifí ag súil leis ag deireadh a saolré fóna.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

Ríomhtar dímheas ar gach réadmhaoin, gléasra agus trealamh eile chun bunchostas / luacháil gach sócmhainne ar leith thar a saolré eacnamaíoch fóna a dhíscríobh ar bhonn an mhéid chothroim ag na rátaí seo a leanas:

- Talamh: ní dhéantar talamh a dhímheas
- Foirgnimh: dímheasta ag 2.5% sa bhliain
- Foirgnimh modúlacha (i.e. foirgnimh réamhdhéanta): dímheasta ag 10% sa bhliain
- Obair idir lámha: ní dhéantar aon dímheas
- Trealamh – ríomhairí agus córais TFC: dímheasta ag 33.33% sa bhliain
- Trealamh – eile: dímheasta ag 10% sa bhliain
- Mótarfheithiclí: dímheasta ag 20% sa bhliain.

Nuair a dhéantar sócmhainn sheasta a dhíuscáirt, déantar an Cuntas Réadmhaoinne, Gléasra agus Trealamh agus an Cuntas Caipitlithe araon a laghdú de réir ghlanluach leabhar dhíuscáirt na sócmhainne. Tá anailís ar athruithe sa Chuntas Chaipitlithe curtha ar fáil i Ráiteas ar Athruithe sna Cúlchistí.

Déanann Litir Cheada le haghaidh Caipitil foráil do liúntas chun fáltais díola sócmhainní seasta suas le €1.5 milliún i 2022 a athinfeistiú (2023: €1.5 milliún). Tá na fáltais ó dhíol sócmhainní i Ráiteas Airgeadais Bhliantúil (AFS) 2023 faoi bhun na tairsí €1.5 milliún seo, agus mar sin ní mheastar gur Fáltas Bhreise Státchiste (EER) iad agus i 2023, tá siad léirithe faoi Chaipiteal agus Cúlchistí.

### Socruithe maidir le Lamháltas Seirbhíse Comhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí

Tá comhpháirtíocht príobháideach poiblí (CPP) nó comhaontú lamháltais seirbhíse déanta ag FnaSS le heinteachas san earnáil príobháideach chun sócmhainní bonneagair a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a chothabháil ar feadh tréimhse ama sonraithe (tréimhse lamháltais). Is conradh aonair CPP é seo chun ceithre Ionad Cúraim Phríomhúil déag (PCC) a sholáthar.

Is í FnaSS a stiúran agus a rialaíonn céard iad na seirbhísí nach mór don oibreoir a sholáthar ag baint úsáide as sócmhainní bonneagair an PCC, chomh maith le cé dó a dtabharfar na seirbhísí, agus cén costas a bheidh orthu; agus rialaíonn FnaSS an leas iarmharach sna sócmhainní nuair a thagann deireadh le téarma na tréimhse lamháltais.

Le linn shaolré an lamháltais, déanann FnaSS íocaíochtaí chun sócmhainní bonneagair PCC a thógáil, a mhaoiniú, a oibriú, a chothabháil agus a athnuachan chomh maith le seirbhísí atá i gceist sa lamháltas.

Cuirtear an conradh i bhfeidhm ar bhonn cumas soláthair, agus tá tréimhse seirbhíse 25 bliain ón dáta tosaigh i gceist maidir le gach PCC, agus tá íocaíocht le déanamh ar bhunús muirear aonadach bliantúil. Tá an muirear aonadach faoi réir asbhaintí le haghaidh tréimhsí nach féidir na sócmhainní a úsáid.

Léirítear gnéithe de mhuirear seirbhíse de na híocaíochtaí muirear aonadach mar chaiteachas sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas Caipitil. I Nóta 22 leis na ráitis airgeadais, pléitear na hoibleagáidí i dtaca le híocaíochtaí oibriúcháin.

### Pinsin

Tá fostaithe incháilithe FnaSS ina mbaill de scéimeanna aoisliúntais éagsúla le sochar sainithe. Íocann FnaSS pinsin le hiarfhostaithe. Faigheann FnaSS maoiniú ón Roinn Sláinte chuige seo ar bhonn 'íoc-mar-a-úsáidtear'. Tá maoiniú ón Roinn Sláinte i dtaca le pinsin curtha san áireamh mar ioncam. Léirítear íocaíochtaí pinsin faoi na scéimeanna ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais nuair a íoctar iad mar a leanas:

- (i) Tugtar cuntas ar aoisliúntas a íoctar le fostaithe FSS atá ar scor laistigh den aicme phá (féach Nóta 6)
- (ii) Tugtar cuntas ar aoisliúntas a íoctar le pinsinéirí ó sholáthraithe na seirbhíse sláinte deonaí faoi dheontais do ghníomhaireachtaí seachtracha laistigh den aicme neamhphá (féach Nóta 8 agus Aguisín 1).

Déantar ranníocaíochtaí ó fhostaithe atá ina mbaill de na scéimeanna seo a chur do shochar ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais nuair a fhaightear iad. Déantar ranníocaíochtaí ó fhostaithe na soláthraithe seirbhíse sláinte deonaí, ar bhaill den scéim iad a choimeád, mar ioncam an tsoláthraí seirbhíse sláinte.

Níl aon fhoráil déanta i dtaca le sochair phinsin a shaothraíonn fostaithe agus atá iníoctha i mblianta amach romhainn faoin scéim pinsin, ag teacht leis an gcóireáil chuntasaíochta sna blianta roimhe seo. Seo é an socrúchán atá fós i bhfeidhm ag FnaSS de thoradh na sonraíochtaí cuntasaíochta a fuarthas ón Aire.

Tháinig an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ("Scéim Aonair") i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2013, de réir fhorálacha an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Tá gach ball foirne nua de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, a ceapadh san Eanáil Phoiblí, ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin, ina mbaill den Scéim Aonair. Íoctar ranníocaíochtaí ball na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

## Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Bhreise (ASC)

Tugadh RAB (ASC) isteach agus cuireadh i bhfeidhm é ó 1 Eanáir 2019 agus thainig sé in ionad na hAsbhainte a Bhaineann le Pinsin (PRD). Is beart sealadach éigeandála a bhí sa PRD, ach is ranníocaíocht bhuan pinsin atá san ASC. Tá sonraí na suimeanna a bailíodh trí ASC leagtha amach i Nóta 5(a) leis na Ráitis Airgeadais.

## Fardail

Luaitear fardail ag an gcostas luacha nó ag an nglanluach athsholáthair, cibé acu sin is ísle. Go stairiúil, tá foráil ag FnaSS in aghaidh fardal vacsaíne áirithe, agus aon díscríobh nó coigeartuithe eile i dtaca le dífheidhmeacht. Cuirtear de mhúirear a leithéid seo sa bhliain reatha in aghaidh ioncaim agus caiteachais.

## Maoin Phearsanta Othar

Coimeádtar suimeanna airgid a thugann othair do FnaSS nó a thugtar do FnaSS thar ceann othar le go gcuirfead in áit shábháilte iad, i gcuntais ar leith atá deighilte ó chuntais FnaSS féin. Tugtar cuntais Mhaoine Príobháidí Othar ar chuntais den sórt sin. Tá FnaSS freagrach as riar na gcuntas seo. Ós rud é nach maoin de chuid FnaSS an t-airgead seo, áfach, ní áirítear é le Ráiteas ar Staid Airgeadais FnaSS. Gníomhaíonn FnaSS mar iontaobhaí na gcistí. Déantar iniúchadh neamhspleách ar chuntais Mhaoine Príobháidí othar gach bliain.

## Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla Cuntasaíochta

In ullmhú na ráiteas airgeadais, ní mór don FnaSS breithiúnais agus meastacháin shuntasacha a dhéanamh a mbeidh tionchar acu ar na suimeanna a bheidh tuairiscithe do shócmhainní agus dliteanais ar dháta an Ráitis ar Staid Airgeadais agus a bheidh tuairiscithe d'ioncam agus caiteachas ioncaim i rith na bliana. Ach sin ráite, ciallaíonn an cineál meastacháin atá i gceist go bhféadfadh na torthaí fóra a bheith difriúil ó na meastacháin sin. Ba ag na breithiúnais agus na meastacháin seo a leanas a bhí an tionchar ba mhó ar shuimeanna a aithníodh sna Ráitis Airgeadais i 2023.

## Cuntasaíocht i leith Díscríobhanna

Tá díluacháil iomlán de €86.5m, maidir le vacsaíní COVID-19, san áireamh sna Ráitis Airgeadais, is ionann seo agus múirear ábhartha i 2023. Tá na díscríobhanna seo bunaithe ar stoic a bheidh as dáta ag deireadh mhí na Nollag agus iad siúd atá le bheith as dáta nó a mheastar a bheith as feidhm i rith 2024. Chomh maith leis sin, tá díscríobh de €12.5 milliún déanta i ndáil le tástálacha antaiginí de bharr measúnú a rinneadh maidir leis an dóchúlacht nach n-úsáidfidh iad seo.

## Cuntais ar Dhrochfhiacha agus Fiacha Amhrasacha

Déantar drochfhiacha atá ar eolas a dhíscríobh sa tréimhse ina n-aithnítear iad. Déantar foráil shonrach d'aon suim a meastar a bheith amhrasach. Cirtear fiach othar atá gan íoc le breis is bliain san áireamh anseo.

## Pá Saoire Fabhráithe

Déantar tuarastail, pá agus buntáistí a bhaineann le fostaíocht a aithint sa tréimhse ina bhfaightear an tseirbhís ó fhostaithe. I gcás costas saoire atá tuillte ag fostaithe ach nár thóg siad, aithnítear ag deireadh na bliana é seo sna ráitis airgeadais sa mhéid go bhfuil cead ag fostaithe saoire bhliantúil gan íoc a thabhairt anonn chuig an gcéad bhliain eile. Déantar na toimhdí a bhíonn mar bhunús leis an bhfabhrú ar phá saoire, a mbíonn suimeanna aitheanta ina leith sna ráitis airgeadais, a áireamh (próifíilí fostaithe agus patrún na saoire atá tógtha san áireamh) bunaithe ar na coinníollacha Reatha.

## Cionroinnt costais – RLCMLÓ

Tá anailís ar chaiteachas FnaSS i ndáil le seirbhísí míchumais atá maoinithe anois ag RLCMLÓ in Aquisín 3 de na Ráitis Airgeadais Bhliantúla. Fuarthas an fhaisnéis in aquisín 3 ó ionaid chostais míchumais ar leith ar fud na gcóras oidhreacht go léir agus cuireadh san áireamh í mar chuid de RAB (AFS) 2023. Tá leibhéal meastachán san áireamh i ndáil le roinnt catagóirí caiteachais neamhphá a d'eascair as sean-socruithe i réimsí éagsúla de chuid FnaSS. Ní mheastar é seo a bheith tábhachtach i gcomhthéacs an chaiteachais fhoriomláin ar mhíchumas nó caiteachas FnaSS i gcoitinne. Ina theannta sin tá FnaSS á maoiniú i gcomhair chostais bhainistíochta láir ar leith trí Vóta an Aire Sláinte.

## Ionaid Chúraim Phríomhúla: Luacháil, Dímhéas, Luachanna Iarmharacha agus Íosíocaíochtaí Léasa sa todhchaí

Úsáidtear an tsamhail dliteanais bunaithe ar léas airgeadais, chun Ionaid Chúraim Príomhúil (PCC) a ceannaíodh mar thoradh ar shocruithe maidir le lamháltas seirbhíse Comhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí (PPP), a chaipitliú agus cuntasaíocht a dhéanamh ina leith.

Aithnítear luach na sócmhainne PCC agus an dliteanais maidir le lamháltas seirbhíse mar shócmhainní agus dliteanais sa Ráiteas ar Staid Airgeadais ag méideanna arb ionann iad agus luach reatha na n-íosíocaíochtaí léasa.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

Tugtar sócmhainní ar bith a fhaightear faoi chomhaontuithe maidir le lamháltas seirbhíse ar ais do FnaSS, de réir oibleagáidí conarthacha sonracha sna comhaontuithe sin, ag deireadh na tréimhse lamháltais le saolré fóna arb ionann iad agus saolré na sócmhainne nuair a coimisiúnaíodh don chéad uair í. Déantar feidhmíocht na bhforálacha 'tabhairt ar ais' a dheimhniú trí choinneáil airgid agus pionóis airgeadais shuntasacha a bhfuil foráil déanta lena n-aghaidh sna comhaontuithe lamháltais. De bharr na bhforálacha sin, ní ghearrann FnaSS dímhéas ar na sócmhainní seo. Ríomhtar íosiocaíochtaí léasa na todhchaí ar bhunús na n-íocaíochtaí muirir aonadaigh atá leagtha amach sa tsamhail airgeadais a bhaineann leis an gconradh tógála, agus tá na híocaíochtaí seo le déanamh ag FnaSS go díreach. Úsáidtear na codanna réadmhaoine den mhúirear aonadach, móide aon chuid caipitil d'íocaíochtaí oibríúcháin, agus an chuid sin tomhaiste go hiontaofa, mar bhunús do na híosiocaíochtaí léasa sa todhchaí. Ag teacht le FRS 102, baintear úsáid as an nglanráta úis le lascaine a thabhairt do na dliteanais amach anseo a bhaineann le tógáil, ag eascairt as comhaontuithe deonaithe. Roghnaigh FnaSS ráta lascaine de 3.32% tar éis dul i gcomhairle leis an nGníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais (N DFA), ar an mbonn go léiríonn sé ráta cuí i ndáil le sócmhainní bonneagair factéarmacha.

Tá FnaSS tar éis saolréanna na sócmhainní agus luachanna iarmharacha bainteacha na nIonad Cúram Sláinte Príomhúil a athbhreithniú agus an tátal a bhain siad as an athbhreithniú ná go bhfuil saolréanna na sócmhainní agus na luachanna iarmharacha oiriúnach.

### Nóta 1(b) COVID-19

#### Nóta COVID-19 do na RAB (AFS)

Chuir an Roinn Sláinte agus an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánphairtíochta agus Óige maoiniú sonracha de €662 milliún ar fáil i gcomhair dul i ngleic le Covid-19.

Cuireadh an €662 milliún ar fáil chun a chinntiú go raibh maoiniú cuí ar fáil do straitéis FnaSS i ndáil le COVID-19 agus ag deimhniú ag an am céanna go gcuirtear seirbhísí sláinte agus míchumas mar is cuí ar fáil agus muid faoi bhagairt go fóill ag na dúshláin a bhaineann le COVID-19.

#### Díscríobhanna Stoic Vacsaíní agus Foráil maidir le Dul as Feidhm i RAB (AFS) i 2023 (€86.5m)

Tá díluacháil iomlán de €86.5 m maidir le vacsaíní COVID-19 san áireamh i RAB 2023, is muirear ábhartha atá i gceist anseo don bhliain 2023. (BA 2022:€94.4m)

San áireamh sa mhúirear seo de €86.5m, tá díscríobh de €64.5m sa bhliain maidir le stoic COVID-19 atá imithe in éag, .i. e. tá dáta éaga an déantóra caite agus níl oiriúnach a thuilleadh le tabhairt amach.

Tá soláthar de €22m de mhúirear déanta i 2023 chomh maith maidir le vacsaíní COVID-19 a measadh gur dócha go rachaidh siad in éag i 2024 agus nach n-úsáidfear iad agus dá bhrí sin ceanglaítear ar FnaSS measúnú cuí a dhéanamh ar luach na stoc seo sna RAB do 2023.

#### Díscríobhanna Stoic Antaiginí i RAB (AFS) 2023 (€12.5m)

Ag deireadh 2023, thuairiscigh FnaSS chomh maith go raibh soláthar de €12.5m déanta i ndáil le tástálacha antaiginí a measadh a bheadh as feidhm de bharr go mbeadh an dáta éaga caite sula n-úsáidfí iad.

#### Costas Threalamh Cosanta Pearsanta (PPE)

Meastar gurb é an caiteachas iomlán do 2023 ná €41 milliún (2022: €146 milliún).

Léiríonn an muirear i 2023 margadh níos cobhsaí agus murab ionann, agus blianta roimhe seo, níl aon mhór-díscríobh maidir le praghsanna stoic.

#### Achoimre de na Príomhréimsí Caiteachais a bhain le COVID-19 i 2023

- Meastar gur chosain Clár Vacsaínithe COVID-19 €221 milliún (2022:€425m), tá sé seo taifeadta sa chuntas ioncain agus caiteachais. (Tá na díscríobhanna vacsaíní agus na forálacha atá luaite thuas san áireamh.)
- Meastar gur caiteachas de €68 milliún a bhí i gceist leis an gclár tástála agus rianaithe i 2023 (2022:€408m)
- Meastar gur €523m an costas a bhain le COVID-19 in Ospidéal Ghéarmhíochaine agus i suíomhanna Pobail, lena n-áirítear suim de €173m a bhain le bearta liostaí feithimh agus €68m a bhain le tástáil agus rianú chomh maith le €39m a bhain le ciste cúraim. (2022:€598m)
- Is é an caiteachas iomlán ar TCP (PPE) ná suas le €41m
- Díscríobhanna Stoic Antaiginí ar chaiteachas de €12.5m.

Chuir FnaSS tionchar COVID-19 san áireamh agus cinneadh á dhéanamh acu an mbeadh sé cuí na Ráitis Airgeadais Bhliantúla seo a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh. I bhfianaise an mhaoinithe ollmhóir a thug an Stát do FnaSS agus dá cuid seirbhísí le linn 2023, mar a shonraítear thuas, mar aon le go bhfuil maoiniú daingnithe do 2024 chomh maith leis an bplean *Sláintecare* níos factearmaí do sholáthar seirbhísí sláinte amach anseo, tá sé deimhnithe ag FnaSS gur ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais Bhliantúla seo ar bhonn ghnóthais leantaigh.

Déantar an t-athbhreithniú agus an tionchar ar thimpeallacht rialachais agus rialuithe FnaSS a mheas sa Ráiteas ar Rialú Imheánach.

## Nóta 2 Barrachas Oibriúchain

	2023 €'000	2022 €'000
Ríomhtar glanbharrachas don bhliain taréis na dtáillí seo a mhuirear:		
Táillí Iniúcháireachta	707	707
Luach Saothair POF*	356	490

\* Fuair an POF eatramhach (1 Eanáir 2023 go 5 Márta 2023) íocaíocht iomlán de €64,929 mar bhunphá dá phost. Fuair an POF Eatramhach costais de €58 do 2023.

Fuair an POF (6 Márta 2023 go 31 Nollaig 2023) íocaíocht iomlán de €290,972. Ba bhuníocaíocht de €290,972 a bhí anseo. Ní bhfuair an POF aon liúntais ná sochair comhchineáil (BIK) . Fuair an POF costais de €2,519 i 2023. Tá an POF ina bhall de scéim phinsin FnaSS agus níl sé i dteideal ach amháin an pinsean céanna a bhaineann le scéim na hearnála poiblí.

	2023 €	2022 €
<b>Costais chomhaltaí an Bhoird*</b>		
Ciarán Devane	5,523	4,083
An tOllamh Deirdre Madden	1,278	739
Fergus Finlay	0	0
Michelle O'Sullivan	0	0
Aogán Ó Fearghail	1,514	461
An Dr Yvonne Traynor	387	131
Tim Hynes	449	262
An tOllamh Fergus O'Kelly	0	0
An Dr Sarah McLoughlin	712	131
Brendan Lenihan ( <i>d'éirigh sé as ar an 25 Márta 2023</i> )	282	592
Anne Carrigy	279	255
Brendan Whelan	1,061	511
Matt Walsh ( <i>ceapadh é ar an 15 Bealtaine 2023</i> )	0	0
	<b>11,485</b>	<b>7,165</b>

\* Bunaíodh Bord FnaSS ar an 28 Meitheamh 2019 mar chomhlacht rialaithe FnaSS de réir an Achte um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas) 2019. Forálann an tAcht do Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin a cheapadh atá cuntasach don Bhord ach nach comhalta Boid é. Íoctar táillí le comhaltaí Boid.

## Nóta 3 Deontais Ioncaim agus Caipitil ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

### 3(a) Deontas Ioncaim agus Caipitil na Roinne Sláinte

	2023 €'000	2022 €'000
Glanioncam maoinithe a tugadh do FnaSS	21,846,895	23,706,949
Lúide: Maoiniú Caipitil na Roinne Sláinte 2023	(1,096,695)	(1,249,150)
Glanioncam maoinithe a tugadh do FnaSS	20,750,200	22,457,799
Lúide: Maoiniú aonuaire iarchurtha go 2022*	0	24,377
<b>Deontas Maoinithe na Roinne Sláinte</b>	<b>20,750,200</b>	<b>22,482,176</b>

### 3(a) Deontas Ioncaim na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

	2023 €'000	2022 €'000
Glanioncam maoinithe a tugadh do FnaSS	2,742,288	0
Lúide: Maoiniú Caipitil 2023	(21,370)	0
<b>Deontas Ioncaim don Óige ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige</b>	<b>2,720,918</b>	<b>0</b>

Aistríodh an fhreagracht maidir le beartas, feidhmeanna agus maoiniú ón Roinn Sláinte chuig an Roinn Leanaí Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) ar an 1 Márta 2023. Tá sonraí maidir le maoiniú agus caiteachas maidir le seirbhísí míchumais in Aghuisín 3.

#### Léiríonn an tábla thíos anailís bhreise ar mhaoiniú a fuarthas ón Roinn Sláinte.

	2023 €'000	2022 €'000
Iarmhéid Tosaigh Deontas Ioncaim dlite ón Roinn Sláinte ar 1 Eanáir 2023	530,930	92,737
Deontas Ioncaim – Leithdháileadh maoinithe ón Roinn Sláinte	20,750,200	22,482,176
Lúide: Íocaíochtaí ón Roinn Sláinte idir 1 Eanáir agus 31 Nollaig	(20,748,308)	(22,019,606)
Lúide ioncam iarchurtha ón Roinn Sláinte ó 2021 a scaoileadh	0	(24,377)
Iarmhéid Ioncaim dlite ón Roinn Sláinte (suas go Leithdháileadh Faofa) amhail 31 Nollaig	532,822	530,930
Deontas Caipitil tosaigh dlite don Roinn Sláinte ar 1 Eanáir 2023	(67,406)	(67,406)
Deontas Caipitil – Leithdháileadh maoinithe ón Roinn Sláinte	1,096,695	1,249,150
	1,029,289	1,181,744
Lúide: Íocaíochtaí ón Roinn Sláinte idir 1 Eanáir agus 31 Nollaig	(1,096,695)	(1,249,150)
Lúide: Astarraingt Ioncaim Chéad Bharrachais 2022 go dtí an Roinn Sláinte	(47,465)	0
Deontas Caipitil dlite don Roinn Sláinte ar an 31 Nollaig	(114,871)	(67,406)
<b>Deontas Ioncaim agus Caipitil Iomlán Dlíte ón Roinn Sláinte, suas go Leithdháileadh Faofa ar 31 Nollaig (Nóta 17)</b>	<b>417,951</b>	<b>463,524</b>

**Léiríonn an tábla thíos anailís bhreise ar mhaoiniú a fuarthas ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.**

	2023 €'000	2022 €'000
Iarmhéid Tosaigh Deontas Ioncaim dlíte ón RLCMLÓ ar 1 Eanáir 2023	0	0
Deontas Ioncaim – Leithdháileadh maoinithe ón RLCMLÓ	2,720,918	0
Lúide: Íocaíochtaí ón RLCMLÓ idir 1 Eanáir agus 31 Nollaig	(2,720,400)	0
Iarmhéid Deontas Ioncaim Dlíte ón RLCMLÓ 2023 (suas go Leithdháileadh Faofa)	518	0
Iarmhéid Tosaigh Deontas Caipitil dlíte ón RLCMLÓ ar 1 Eanáir 2023	0	0
Deontas caipitil – Leithdháileadh maoinithe ón RLCMLÓ	21,370	0
Lúide: Íocaíochtaí ón RLCMLÓ idir 1 Eanáir agus 31 Nollaig	(15,387)	0
Deontas Caipitil dlíte ón RLCMLÓ ar 31 Nollaig	5,983	0
<b>Deontas Ioncaim agus Caipitil Iomlán Dlíte ón RLCMLÓ suas go Leithdháileadh Faofa ar 31 Nollaig (Nóta 17)</b>	<b>6,501</b>	<b>0</b>

**3(b) Traschur an (Easnaimh) / Bharrachais de réir Alt 33(3) d'Acht Sláinte 2004, arna leasú**

I 2022, thairfead an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Neamh-Chaipitil easnamh de €185.2m don bhliain agus thairfead an Cuntas Caipitil Ioncaim agus Caiteachais barrachas de €47.5 milliún. Léiríodh na heasnaimh sin i gCúlchistí FnaSS amhail an 31 Nollaig 2022. De réir Alt 33 den Acht Sláinte (arna leasú), d'ordaigh an tAire gur cheart do FnaSS na méideanna sin a thabhairt ar aghaidh i gcoinne Ioncaim agus Caiteachais don bhliain 2023 agus gan an barrachas Caipitil a thabhairt ar aghaidh i gcoinne Ioncam agus Caiteachas 2023.

I 2023, bhí na híocaíochtaí iomlána a eisíodh ón Vóta Sláinte chuig FnaSS €1.89 milliún níos lú ná an méid a leagadh amach i litir chinnidh bliantúil an Aire. Tá barrachas Caipitil ó 2022 de €47.5m fritháirithe ag an RS i gcoinne fhéichiúnaí na Roinne Sláinte agus mar sin is é an iarmhéid glan atá dlíte do FnaSS ná €417.95m do 2023.

I 2023, bhí maoiniú iomlán ó Vóta RLCMLÓ chuig FnaSS €6.5m níos lú ná an méid a bhí leagtha amach i Litir Chinnidh an Aire.

## Nóta 4 Ioncam Othar

	2023 €'000	2022 €'000
Muirir Phríobháideacha	214,114	239,605
Muirir na nOthar Cónaitheach	8,231	24,613
Muirir na Rannóga Éigeandála	18,128	17,320
Muirir a bhain le Taismí Bóthair	4,912	4,104
Muirir Fhadchónaithe	82,169	77,634
Ioncam AE – Éilimh E111	5,464	7,563
	<b>333,018</b>	<b>370,839</b>

## Nóta 5 Ioncam Eile

### (a) Ioncam Eile

	2023 €'000	2022 €'000
Ioncam Aoisliúntais	<b>165,618</b>	159,225
Asbhaintí Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Bhreise (ASC) ó fhoireann FnaSS	<b>169,878</b>	156,849
Asbhaintí Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Bhreise (ASC) ó sholáthraithe seirbhísí	<b>70,231</b>	69,253
Asbhaintí Párolla eile	<b>9,867</b>	9,617
Aisghabhálacha Pá a bhain le Daoine ar lasacht (Secondment)	<b>17,121</b>	18,126
Gníomhaireacht / Seirbhísí – curtha ar fáil d'Údaráis Áitiúla agus d'eagraíochtaí eile	<b>6,032</b>	7,037
Fáltais Cheaintín	<b>12,610</b>	10,199
Ioncam i leith Teastas agus Clárú	<b>11,748</b>	12,255
Páirceáil	<b>9,607</b>	7,510
Aisiocaíochtaí	<b>13,338</b>	13,546
Ioncam Cíosa	<b>5,818</b>	4,460
Tabhartais	<b>1,636</b>	1,226
Costais Díl faighte ar ais	<b>3,951</b>	31
Ioncam ó Ghníomhaireachtaí eile (Féach Nóta 5(b) anailís thíos)	<b>41,710</b>	39,146
Ioncam Ilghnéitheach	<b>16,253</b>	11,846
	<b>555,418</b>	<b>520,326</b>



**(b) Ioncam ó Ghníomhaireachtaí Eile\***

	2023 €'000	2022 €'000
An Roinn Gnóthaí Eachtracha & Trádála – Cúnamh Éireann: clár d'fhorbairtí thar lear	272	148
Cairde Naomh Lúcas Ráth Garbh	433	1,270
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán – Seirbhísí Héileacaptair	334	249
DCEDIY - Create II, Thalidomide Deontas maoinne AMIF	586	169
Pobal / <i>Sláintecare</i>	1,076	231
Ionad Náisiúnta um Iniúchóireacht Chliniciúil / <i>SláinteCare</i>	420	810
Trialacha Cliniciúla Éireann – Trialacha Taighde Cliniciúla	393	535
Ioncam AE – tionscadail éagsúla	724	3,988
Iontaobhas Genio (Tionscadail Mheabhairshláinte)	926	2,353
Boird Oideachais agus Oiliúna / Solas	919	790
Tascfhórsa Réigiúnach Drugaí	0	245
Maoiniú Ilghníomhaireachta IAEMO (Deisceart)	156	92
Fondúireacht Katherine Howard – Cothú	49	157
An Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála	29,186	25,130
Jigsaw (Tionscadal Meabhairshláinte)	0	589
Trialacha Cliniciúla Oinceolaíochta Choláiste Ollscoile Chorcaí (UCC)	734	482
Trialacha Cliniciúla Ospidéal Phort Láirge	108	154
Bord Altranais agus Cnámhseachais Éireann	286	218
Trialacha Cliniciúla Merck Sharp Dohme	443	448
Trialacha Cliniciúla Aimmune Therapeutics UK Ltd (IQVIA Ltd.)	139	5
Trialacha Cliniciúla Ospidéal na hOllscoile Gaillimh	966	118
Taighde Pharma	48	160
Tabhartas MaryMount	1,600	0
Deontas forbartha NEIC	153	267
Fáltais Scaireanna Raidió Galway Bay	1,112	0
Cairde Ospidéal Loch Garman	0	138
DoH other special Projects	647	0
Tabhartas Ospíse Chiarraí	0	400
	<b>41,710</b>	<b>39,146</b>

\* Ní léirítear ach ioncam os cionn €100,000 ó ghníomhaireachtaí i gceachtar den dá bhliain. Léirítear ioncam ó Ghníomhaireachtaí Eile nach raibh níos mó ná €100,000 i gceachtar den dá bhliain i Nóta 5(a) faoi Ioncam Ilghnéitheach. Dá réir sin, tá comparáidí le 2022 athluaithe thuas, nuair is cuí.

## Nóta 6 Pá agus Caiteachas Pinsin\*

	2023 €'000	2022 €'000
<b>Foireann Chliniciúil FnaSS</b>		
Leigheas / Fiaclóireacht	1,303,821	1,155,644
Altranas	2,209,068	2,012,078
Gairmí Cúram Sláinte agus Sóisialta	887,997	799,677
Aoisliúntas	633,095	550,545
	<b>5,033,981</b>	<b>4,517,944</b>
<b>Foireann Chliniciúil – Gníomhaireachtaí</b>		
Leigheas / Fiaclóireacht	136,508	119,164
Altranas	149,508	130,032
Gairmí Cúram Sláinte agus Sóisialta	37,920	44,896
	<b>323,936</b>	<b>294,092</b>
<b>Foireann Neamhchliniciúil FnaSS</b>		
Bainistíocht / Riarachán	1,030,811	922,544
Foireann Tacaíochta Ginearálta	423,694	411,246
Aoisliúntas	228,574	217,977
	<b>1,683,079</b>	<b>1,551,767</b>
<b>Foireann Neamhchliniciúil – Gníomhaireachtaí</b>		
Bainistíocht / Riarachán	80,671	100,906
Foireann Tacaíochta Ginearálta	93,784	87,014
	<b>174,455</b>	<b>187,920</b>
<b>Foireann eile FnaSS – Seirbhísí Cliant / Othar</b>		
Cúram eile Cliant agus Othar	965,351	880,854
Aoisliúntas	136,303	129,549
	<b>1,101,654</b>	<b>1,010,403</b>
<b>Foireann eile – Seirbhísí Cliant / Othar – Gníomhaireachtaí</b>		
Cúram eile Cliant agus Othar	148,846	124,235
	<b>148,846</b>	<b>124,235</b>
<b>Íocaíocht Speisialta Aitheantais i ndáil leis an bPaidéim**</b>		
Foireann FnaSS	2,088	85,888
Foireann Gníomhaireachtaí	(3,025)	13,267
	<b>(937)</b>	99,155
<b>Caiteachas Iomlán Pá</b>	<b>8,465,014</b>	<b>7,785,516</b>

\* I 2023, rinneadh athbhreithniú ar ghrádchóid i réimsí áirithe, agus dá bharr seo rinneadh athrangú ar chatagóirí pá

\*\* Tá íocaíocht Speisialta Aitheantais i ndáil leis an bPaidéim san áireamh sa Phá Chliniciúil sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais.

## Nóta 6 Anailís Achomair ar Chostais Phá

	Clínicíúil 2023 €'000	Neamh- chliniciúil 2023 €'000	Seirbhísí eile Othar / Cliant 2023 €'000	Íocaíocht Speisialta um Aitheantais Phaindéime 2023 €'000	Iomlán 2023 €'000	Iomlán 2022 €'000
Bunphá	3,316,936	1,251,353	697,263	0	5,265,552	4,730,778
Líúntais	110,183	7,312	25,959	0	143,454	190,614
Ragobair	235,934	21,098	46,525	0	303,557	276,579
Dualgas oíche	79,395	6,331	26,342	0	112,068	100,741
Deirí Seachtaine	160,214	34,398	78,192	0	272,804	240,057
Ar ghlaodhualgas	81,644	2,812	108	0	84,564	72,126
Riaráistí	10,886	4,102	1,360	0	16,348	5,030
Íocaíocht Speisialta Aitheantais i ndáil leis an bPaindéim	0	0	0	2,088	2,088	85,888
<b>Pá agus Tuarastail</b>	<b>3,995,191</b>	<b>1,327,406</b>	<b>875,749</b>	<b>2,088</b>	<b>6,200,434</b>	<b>5,701,813</b>
ASPC Fostóra	405,695	127,099	89,602	0	622,396	566,118
Aoisliúntas*	633,095	228,574	136,303	0	997,972	898,071
<b>Pá Iomlán FnaSS</b>	<b>5,033,981</b>	<b>1,683,079</b>	<b>1,101,654</b>	<b>2,088</b>	<b>7,820,802</b>	<b>7,166,002</b>
Pá Gníomhaireachtaí	323,936	174,455	148,846	(3,025)	644,212	619,514
<b>Pá Iomlán</b>	<b>5,357,917</b>	<b>1,857,534</b>	<b>1,250,500</b>	<b>(937)</b>	<b>8,465,014</b>	<b>7,785,516</b>

Ní bhaineann na Costais Phá Iomlána thuas ach le seirbhísí FnaSS amháin. Tugtar cuntas ar chostais phá fostaithe san earnáil dheonach faoi Chaiteachas Neamhphá (Deontais Ioncaim do Ghníomhaireachtaí Seachtracha). Féach Nóta 8 agus Aguisín 1.

### Aoisliúntas

Tá foireann incháilithe atá fostaithe san FnaSS ina mbaill de scéimeanna éagsúla aoisliúntais le sochar sainithe.

Íoctar teidlíochtaí aoisliúntais (i.e. pinsin) foirne atá ar scor amach as ioncam reatha agus cuirtear chun dochair ioncaim agus caiteachais iad sa bhliain ina n-íoctar iad. De réir Treorach ón Aire Sláinte, ní dhéantar aon fhoráil sna ráitis airgeadais maidir le sochair phinsin sa todhchaí agus níl aon mhuirear curtha ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais ina leith sin. Déantar ranníocaíochtaí aoisliúntas ó fostaithe atá ina mbaill de na scéimeanna seo a chur do shochar an Ráitis Ioncaim agus Caiteachais nuair a fhaightear iad. Ní dhéantar aon luachálacha achtúireacha foirmiúla ar dhliteanais phinsin FnaSS. Ba é an muirear pinsean ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais i 2023 ná €998m (2022: €898m), a chuimsigh íocaíochtaí i dtaca le snapshuimeanna aonuaire agus íocaíochtaí aisce scoir de luach €171m (2022: €159m).

	2023 €'000	2022 €'000
* Anailís ar Aoisliúntas		
Íocaíochtaí leanúnacha aoisliúntais do phinsinéirí	826,965	739,073
Cnapshuimeanna aonuaire agus íocaíochtaí aisce	171,007	158,998
	<b>997,972</b>	<b>898,071</b>

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### Sochair a bhaineann le Foirceannadh Fostaíochta

	2023 €'000	2022 €'000
Sochair foirceanta curtha de mhúirear ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais	1,692	426
	<b>1,692</b>	<b>426</b>

Baineann na sochair foirceanta thuas le socrú le triúr ball foirne le linn 2023 (2022: beirt bhall foirne amháin).

I dteannta na n-íocaíochtaí atá sonraithe thuas, níor ceadaíodh blianta breise ar fhoirceannadh do bhall foirne ar bith. Ba é luach na socruithe pinsin feabhsaithe ná €0.

Tabhaíodh costais dlí €96,716 (2022: €26,867) chomh maith maidir leis na comhaontuithe foirceanta a chur i gcrích.

### Nóta 7 Fostaíocht

Seo a leanas líon na bhfostaithe ar an 31 Nollaig de réir Earnála agus Grúpa Cúraim, léirithe i gcoibhéisí lánaimseartha (CL):\*

	2023	2022*
Seirbhísí Géarchúraim	44,047	41,114
Meabhairshláinte	10,444	10,023
Cúram Príomhúil	11,868	11,284
Míchumas	4,408	4,200
Daoine Aosta	13,389	13,216
Sláinte agus Folláine Pobail	390	322
Sláinte agus Folláine	636	676
Seirbhísí Otharcharranna	2,321	2,067
Seirbhísí Náisiúnta agus Feidhmeanna Láir**	6,204	5,492
Oibríochtaí ESP	989	833
<b>Iomlán Fostaithe FnaSS</b>	<b>94,696</b>	<b>89,227</b>
Ospideil Ghéarmhíochaine Alt 38	33,210	30,874
Gníomhaireachtaí Deonacha Alt 38	18,079	17,645
<b>Fo-iomlán fostaithe Earnáil Alt 38 ***</b>	<b>51,289</b>	<b>48,519</b>
<b>Iomlán na bhFostaithe san Earnáil Sláinte (CL)</b>	<b>145,985</b>	<b>137,746</b>

Foinse: Áireamh Phearsanra na Seirbhíse Sláinte

